

TODHCHAÍ NA PÓILÍNEACHTA IN ÉIRINN



Meán Fómhair 2018



An Coimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn
Commission on the Future of Policing in Ireland

CLÁR ÁBHAR

BROLLACH	vi
CREAT NUA LE HAGHAIDH NA PÓILÍNEACHTA, NA SLÁNDÁLA AGUS SHÁBHÁILTEACTH AN PHOBAIL	VIII
CUID A HAON – AN CÚRAM AR AN gCOIMISIÚN UM THODHCHAÍ NA PÓILÍNEACHTA	1
Caibidil a hAon – An Coimisiún agus a chuid Oibre	1
Caibidil a Dó – An Comhthéacs, an tAthrú agus an Dúshlán	5
CUID A DÓ – AN PHÓILÍNEACTH AGUS RÓL NA bPÓILÍNÍ	11
Caibidil a Trí – Cearta an Duine mar Bhonn leis an bPóilíneacht	11
Caibidil a Ceathair – Sainmhíniú Nua ar an bPóilíneacht	14
Caibidil a Cúig – Samhail Nua Póilíneachta Ceantair	18
Caibidil a Sé – An Choireacht	21
<i>An Choireacht agus an Eagla roimh an gCoireacht</i>	21
<i>Íospartaigh na coireachta</i>	22
<i>Sonraí Coireachta</i>	22
<i>Straitéisí chun an Choireacht a Laghdú</i>	24
<i>Imscrúdú na Coireachta</i>	27
<i>An Chibearchoireacht</i>	27
Caibidil a Seacht – An Córas Ceartais Choiriúil	29
<i>Cúirteanna agus Ionchúisimh</i>	30
<i>Ionchoisní</i>	31
Caibidil a hOcht – An Trácht agus an tSábháilteacht ar Bhóithre	32
Caibidil a Naoi – Dualgais Neamhlárnacha Phóilíní	34
CUID A TRÍ – AN tSLÁNDÁIL NÁISIÚNTA	36
Caibidil a Deich – Cur Chuige Ilghníomhaireachta le haghaidh Straitéis Slándála Náisiúnta	36
Caibidil a hAon Déag – Formhaoirseacht ar an tSlándáil Náisiúnta	39

CUID A CEATHAIR – FORMHAIRSEACHT AGUS CUNTASACHT	40
<i>Réamhrá – Creat Náisiúnta Comhleanúnach</i>	40
Caibidil a Dó Dhéag – Cuntasacht Pholaitiúil, an tOireachtas agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais	41
<i>An tOireachtas</i>	40
<i>An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais</i>	42
Caibidil a Trí Déag – Coimisiún um Fhormhaoirseacht ar an bPóilíneacht agus ar Shábháilteacht an Phobail	44
<i>Coimisiún nua um Fhormhaoirseacht ar an bPóilíneacht agus ar Shábháilteacht an Phobail (Coimisiún um Fhormhaoirseacht)</i>	44
<i>Ról an Choimisiúin um Fhormhaoirseacht</i>	44
<i>Cuntasacht Póilíneachta Áitiúil – cur chuige nua</i>	46
<i>Comhaltas an Choimisiúin um Fhormhaoirseacht</i>	46
<i>Feidhmeanna agus Cuntasacht a Fheidhmiú</i>	47
Caibidil a Ceathair Déag – Gearáin agus Araíonacht	49
<i>Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána</i>	49
<i>Eagraíocht Nua</i>	50
<i>Sainchúram Nua</i>	50
<i>Bainistíocht Feidhmíochta agus Rialacháin Araíonachta</i>	52
<i>Na rialacháin maidir le rochtain ar dhoiciméid</i>	53
CUID A CÚIG – SEIRBHÍS PÓILÍNÍ DON TODHCHAÍ	55
Caibidil a Cúig Déag – Coimisinéir an Gharda Síochána agus an Fhoireann Ceannaireachta	55
Caibidil a Sé Déag – Bord don Gharda Síochána	58
Caibidil a Seacht Déag – Struchtúr agus Próisis Bhainistíochta Eagraíocht an Gharda Síochána ⁶¹	
Caibidil a hOcht Déag – Méid agus Comhdhéanamh na Seirbhíse Póilíní	65
<i>Soláthar foirne</i>	65
<i>Cláir oibríthe deonacha</i>	67
Caibidil a Naoi Déag – Earcaíocht	69
Caibidil Fiche – An tOideachas, an Oiliúint agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach	71
<i>An tOideachas Earcach</i>	72
<i>An Oiliúint Inseirbhíse</i>	76
<i>Forbairt Ghairmiúil Leanúnach</i>	78

Caibidil Fiche is a hAon – An Nuálaíocht Dhigiteach agus Bainistíocht Faisnéise	79
<i>Straitéis Chuimsitheach le haghaidh Nuálaíocht Dhigiteach</i>	79
<i>Soghluaisteacht Túslíne a Chumasú</i>	80
<i>Rannpháirtíocht an Phobail a Chumhachtú</i>	80
<i>Acmhainn Eagraíochta a Fheabhsú</i>	81
<i>Comhar Idirghníomhaireachta a Éascú</i>	83
<i>Ionad Nuálaíochta Póilíneachta Digití</i>	83
CUID A SÉ – CULTÚR NUA PÓILÍNEACHTA	84
Caibidil Fiche is a Dó – An Cultúr Póilíneachta	84
<i>Freagracht Pobail</i>	84
<i>Cultúr Ceirde agus Cultúr Eagraíochta</i>	85
<i>An Phóilíneacht mar Ghairm</i>	87
Caibidil Fiche is a Trí – Meas a Thabhairt do Bhaill Foirne an Gharda Síochána	89
CUID A SEACHT – TODHCHAÍ FHADTÉARMACH NA PÓILÍNEACHTA IN ÉIRINN	92
Caibidil Fiche is a Ceathair – Eagraíocht Póilíní Oiriúnaitheach don Todhchaí	92
CUID A HOCHT – LUACH AR AIRGEAD	95
Caibidil Fiche is a Cúig – Luach ar Airgead agus Barainneachtaí sa Phóilíneacht	95
<i>Soiléire mhéadaithe maidir le costas na póilíneachta</i>	95
<i>Próisis chinnteoireachta a chúchóiriú</i>	96
<i>Coigiltí agus barainneachtaí a bhaint amach</i>	97
CUID A NAOI – ATHRUITHE A CHUR CHUN FEIDHME	99
Caibidil Fiche is a Sé – Athruithe a chur chun feidhme	99
<i>Na Chéad Chéimeanna Eile</i>	101
IARSCRÍBHINNÍ	103
Iarscríbhinn I – An Coimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn	104
Téarmaí Tagartha	104
Iarscríbhinn II - Rannpháirtíocht agus Comhairliúchán	107

TODHCHAÍ NA PÓILÍNEACHTA IN ÉIRINN



Kathleen O'Toole, Cathaoirleach

An Coimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn

BROLLACH

Obair dhian fairsing is ea an obair ar thug an Coimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn fúithi. D'athbhreithníomar na céadta doiciméad lena mbaineann gach gné d'oibríochtaí agus riarachán an Gharda Síochána. Rinneamar an phóilíneacht in Éirinn a thagarmharcáil in aghaidh na gcleachtas i ndlínsí eile. Rinneamar suirbhéanna agus rinneamar teagmháil leis na mílte duine aonair. Bhuaileamar le ceannairí sinsearach Rialtais, le polaiteoirí ó na páirtithe go léir, le hoifigigh ó lear comhlachtaí rialtais, le daoine léinn in Éirinn agus i dtíortha eile, le hoifigigh ó dhlínsí eile, le Gardaí de gach céim agus le pearsana nach bhfuil faoi mhionn den Gharda Síochána. Baineadh fíorthairbhe as na teagmhálacha sin go léir. Ba iad na teagmhálacha ba mhó léargas, áfach, ná na teagmhálacha le daoine den phobal a chuir in iúl na tuairimí, na hábhair imní agus an fhís atá acu le haghaidh seirbhís athchóirithe athbheoite póilíní. Bhí sé soiléir go ndearnadh damáiste do mhuintir an phobail de dheasca na mbinsí agus na scéalta nuachta a tháinig chun cinn le déanaí. Mar sin féin, leanann formhór na ndaoine in Éirinn ar aghaidh ag tacú leis na póilíní agus tá fonn orthu obair i gcomhpháirt leo chun feabhas a chur ar an tsábháilteacht agus cáilíocht na beatha a bhreisiú ina bpobal. Ábhar misnigh a bhí ansin mar gur cinnte gur cuid bhunriachtanach de phóilíneacht atá nua-aimseartha, éifeachtach agus gairmiúil iad iontaoibh, meas, rannpháirtíocht agus tacaíocht an phobail. Léirítear sa tuarascáil seo an t-ionchur agus an t-aiseolas cuiditheach a gnóthaíodh le linn dhianphróiseas comhairliúcháin an Choimisiúin. Gabhann an Coimisiún buíochas ó chroí díbh as an méid a chuir sibh go léir leis. **Bhur** dtuarascáil is ea an tuarascáil seo – is fíís shoiléir agus treochlár soiléir í le haghaidh an Garda Síochána a neartú agus cur leis an mórchreat náisiúnta le haghaidh na póilíneachta, na slándála agus shábháilteacht an phobail.

Ní ar na socruithe reatha póilíneachta amháin a dhírítear sa tuarascáil seo ach réamh-mheastar dúshlán amach anseo inti freisin, ag féachaint do na hathruithe a bheidh ann ó thaobh na sochaí, na coiriúlachta agus na teicneolaíochta de. Is é príomhfhionnachtain ár n-athbhreithnithe gurb amhlaidh, maidir leis na córais atá i bhfeidhm faoi láthair, mar atá an tseirbhís póilíní í féin agus an mórchreat náisiúnta le haghaidh na póilíneachta, na slándála agus shábháilteacht an phobail, nach mór iad a neartú go suntasach chun déileáil leis na dúshlán atá ann cheana agus chun aghaidh a thabhairt ar éilimh nua amach anseo freisin. Ní bhaineann na heasnaimh le hacmhainní amháin agus ní bhaineann siad le hacmhainní go príomha ach oiread. Is mórfhadhbanna sistéamacha iad atá bainteach le struchtúir, le sásraí cuntasachta, le próisis bhainistíochta agus le cultúr. Ní leor tuilleadh póilíní a earcú ná ceannairí nua póilíní a cheapadh má táthar chun feabhas a chur ar thorthaí póilíneachta in Éirinn. Tá gá práinneach ann le bunathruithe cuimsitheacha. Ba cheart tús áite a thabhairt dó ar leibhéal náisiúnta.

Níor baineadh go leor leasa as tuarascálacha roimhe seo a ndearnadh moltaí iontu a bhí iontaofa agus a raibh a bhformhór sármhaith. D'fhiafraigh roinnt daoine dinn cén fáth a gceapaimid go n-éireoidh níos fearr leis an tuarascáil seo. Thugamar an t-aon fhreagra amháin i gcónaí, is é sin, go bhfuil barraíocht i gcontúirt. Teastaíonn an t-athchóiriú go práinneach. Ní bhfaighidh muintir na hÉireann an tseirbhís a theastaíonn uathu agus a thuilleann siad go dtí go mbunathrófar an córas póilíneachta chun feabhais go cuimsitheach. Ní bheidh ag na

comhaltaí den Gharda Síochána ach oiread na gairmeacha sásúla urramacha a gcláraíonn siad dóibh. Ina theannta sin, leanfaidh fadhbanna póilíneachta leis na leibhéil is airde den rialtas a shroicheadh ar bhonn rómhínic.

Nuair a bunaíodh an Coimisiún sé mhí dhéag ó shin, gheall sé go gcuirfeadh sé faoi bhráid an Rialtais fíis shoiléir le haghaidh na póilíneachta in Éirinn mar aon le moltaí le haghaidh athchóirithe ó bhun a dhéanamh ar an soláthar seirbhísí chun go mbeifí in ann freastal ar na castachtaí agus na héilimh ar leith atá ag pobail na hÉireann. Ba thrédhearcach a bhí an próiseas ar thugamar faoi, ba bharántúil a bhí an teagmháil a rinneamar, agus ba dhian a bhí an t-athbhreithniú a chuireamar i gcrích. Cé gur cuireadh de chúram ar chomhlachtaí eile scrúdú a dhéanamh ar ábhair imní a bhí ann san am atá thart, cuireadh de chúram ar an gCoimisiún seo tús nua a dhearadh. Níor thugamar faoinár gcuid oibre trí aird a thabhairt ar scannail nó ar mhilleáin. Ina ionad sin, ba ar bhealach oibiachtúil straitéiseach a thugamar fúithi. Ba é an t-aon chuspóir amháin a bhí againn ná an cúram sin a chomhlíonadh i gceart. Ba mhór an phribhléid í obair le foireann chomh cumasach sin agus gabhaim buíochas ó chroí le mo chomhghleacaithe. Tá ár gcuid oibre curtha i gcrích againn agus tá sé faoin Rialtas, faoin Oireachtas agus faoin nGarda Síochána anois í a chur i bhfeidhm.

Tír nua-aimseartha dhinimiciúil is ea Éire agus ba cheart an méid sin a léiriú ina seirbhís póilíní. Má chuirtear gach ceann de na moltaí seo chun feidhme, creidimid nach é amháin go dtiocfaidh an phóilíneacht in Éirinn suas leis an bpóilíneacht i ndlínsí póilíneachta eile an athuair, ach beidh sí ar thús cadhnaíochta éabhlóid na póilíneachta ar leibhéal idirnáisiúnta freisin.

Kathleen O'Toole, Cathaoirleach

An Coimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn

Meán Fómhair 2018

CREAT NUA LE hAGHAIDH NA PÓILÍNEACHTA, NA SLÁNDÁLA AGUS SHÁBHÁILTEACHT AN PHOBAIL


01

Bonn agus cuspóir na póilíneachta iad cearta an duine



02

Níl an phóilíneacht agus an tslándáil náisiúnta mar fhreagracht atá ar na póilíní ina n-aonar



03

Ba cheart struchtúir chuntasachta agus fhorghaoirseachta a bheith soiléir agus éifeachtach



04

Ní mór an rialachas inmheánach a bheith láidir agus éifeachtúil



05

Ba cheart dualgais phóilíní a shainiú go soiléir agus ba cheart acmhainní a úsáid dá réir



06

Ba cheart an Garda Síochána a struchtúrú agus a bhainistiú chun tacú leis an bpóilíneacht tú slíne



07

Is iad na comhaltaí den Garda Síochána an acmhainn is fearr atá aige



08

Ní mór an phóilíneacht a bheith treoraithe ag faisnéis



09

Ba cheart breathnú ar an bpóilíneacht mar ghairm



10

Ní mór an phóilíneacht a bheith oiriúnaitheach, nuálach agus cost-éifeachtúil



CREAT NUA LE HAGHAIDH NA PÓILÍNEACHTA, NA SLÁNDÁLA AGUS SHÁBHÁILTEACT AN PHOBAIL

Déantar cur síos sa rannán seo den tuarascáil ar an bhfís atá againn le haghaidh thodhchaí na póilíneachta agus ar na hathruithe nach mór a dhéanamh ar fud an Rialtais uile agus laistigh den tseirbhís póilíní. Eagraítear iad de réir deich n-eochairphrionsabal arb ionann iad i dteannta a chéile agus achoimre ar na moltaí níos mine atá leagtha amach i gcorp na tuarascála.

AN CHÉAD PHRIONSABAL. BONN AGUS CUSPÓIR NA PÓILÍNEACHTA IAD CEARTA AN DUINE.

1. Is é cuspóir na póilíneachta cearta daonna gach duine den tsochaí a chosaint chun go mbeidh siad in ann maireachtáil saor ó fhoréigean, ó mhí-úsáid, ó choireacht agus ó eagla. Cuid dhílis den dualgas atá ar na póilíní freastal ar an tsochaí ina hiomláine agus í a chosaint is ea an bonn cirt atá le cumhachtaí póilíní chun daoine aonair a ghabháil, a chuardach nó a choimeád agus, ar an mbealach sin, na cearta atá acu a shrianadh i gcúinsí áirithe. Ní mór do na póilíní na cumhachtaí sin a fheidhmiú go cuí, go héifeachtach agus ar bhealach atá cóir do chách. Mar sheirbhís phoiblí, ceanglaítear ar na póilíní le dlí na hÉireann cearta an duine a chosaint agus an comhionannas a chur chun cinn. **Ba cheart don Gharda Síochána straitéis um chearta an duine agus aonad um chearta an duine** a bheith i bhfeidhm aige laistigh den eagraíocht chun an straitéis a fhorbairt agus a chur chun feidhme agus chun faireachán a dhéanamh uirthi. Ba cheart dó obair le Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas chun a fhreagrachtaí maidir le cearta an duine agus leis an gcomhionannas a chomhlíonadh. **Ba cheart reachtaíocht lena sainítear na cumhachtaí póilíní chun daoine a ghabháil, a chuardach agus a choimeád a chódú le cóid reachtúla chleachtais.**

AN DARA PRIONSABAL. NÍL AN PHÓILÍNEACT AGUS AN tSLÁNDÁIL NÁISIÚNTA MAR FHREAGRACHT ATÁ AR NA PÓILÍNÍ INA N-AONAR.

2. Is ó bhunú na póilíneachta nua-aimseartha an prionsabal seo. Ba cheart é a léiriú sa chleachtas in Éirinn. Ní mór an-chuid oibre a dhéanamh chun é a chomhlíonadh. Ní chuimsítear go hiomlán in Acht an Gharda Síochána 2005 obair na seirbhíse póilíní ná mórdhúshlán na póilíneachta. Cé gur príomhthosaíocht de chuid na bpóilíní í an choireacht, is ar **dhochar a chosc** a chaitear an chuid is mó d'am na bpóilíní in Éirinn agus in áiteanna eile dáiríre. Baineann sé sin le seirbhís a sholáthar do dhaoine a bhfuil riochtaí meabhairshláinte agus andúile acu, do dhaoine gan dídean, do leanaí, do dhaoine scothaosta agus do dhaoine eile atá i mbaol. Ní mór an mór-choincheap sin de shábháilteacht an phobail a leabú sa reachtaíocht in **Acht nua um Póilíneacht agus Sábháilteacht an Phobail**. Níor cheart na póilíní amháin a chumhdach san Acht. Ba cheart gníomhaireachtaí eile rialtais atá freagrach as daoine i mbaol a chumhdach ann freisin. Áirítear údaráis áitiúla, seirbhísí sláinte, seirbhísí do leanaí agus seirbhísí sóisialta eile leis na gníomhaireachtaí sin agus ba cheart ceangal dlíthiúil a chur orthu obair leis na póilíní chun daoine a chosaint ar dhochar.

3. Ba cheart buntacú le comhar ilghníomhaireachta trí fhaisnéis a chomhroinnt (faoi réir coimircí iomchuí) faoi dhaoine a shaináithnítear a bheith i mbaol agus trí chomhphleananna gníomhaíochta, agus é mar chuspóir aige a chinntiú go bhfuil go leor acmhainne ag na póilíní agus ag gníomhaireachtaí eile lena mbaineann déileáil le géarchéimeanna i gcomhpháirt. Ba cheart **Foirne Idirghabhála Géarchéime** ilghníomhaireachta a bhunú, ar foirne iad a bheadh bunaithe i ngach rannán póilíní agus a mbeadh an acmhainn acu freagairt a thabhairt fud fad an lae. Ba cheart an deis a thapú seirbhísí sóisialta éigeandála a chomhlonnú ar leibhéal rannáin.
4. Ní mór póilíneacht a dhéanamh i gcomhpháirt le pobail. Chun an choireacht a chosc agus daoine a chosaint ar dhochar go héifeachtach, **ní mór do na póilíní obair i gcomhpháirtíochtaí** le heintitis eile, lena n-áirítear scoileanna, eagraíochtaí pobail, eagraíochtaí oibrithe deonacha, gnóthais, eagraíochtaí neamhrialtasacha um chearta an duine, grúpaí óige, grúpaí creidimh, agus eintitis eile. Chonaiceamar dea-eiseamláirí den obair sin ar fud na tíre. Mar sin féin, ba cheart an cleachtas a bheith uilechoiteann agus ba cheart ceannairí póilíní a mheasúnú ar an méid atá ag éirí leo comhpháirtíochtaí den sórt sin a chothú.
5. Gníomhaireachtaí an chórais cheartais choiriúil, lena n-áirítear Seirbhís Phríosúin na hÉireann, an tSeirbhís Phromhaidh, an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus an tSeirbhís Chúirteanna, ba cheart dóibh obair i gcomhar chun tionscnaimh um choireacht a chosc a fhorbairt. Trí **chomhroinnt níos fearr faisnéise** a bheith ann laistigh den chóras ceartais choiriúil, beifear in ann idirghabhálacha éagsúla a dhéanamh ar mhaithe le torthaí níos fearr a bhaint amach agus leis na héilimh ar an gcóras a laghdú.
6. Tá athrú as cuimse tagtha le blianta beaga anuas ar chineál na bagartha ar an tslándáil náisiúnta. Áirítear léi anois cineálacha nua sceimhlitheoireachta idirnáisiúnta, radacú daoine aonair, agus cibearbhagairtí ar bhonneagar náisiúnta criticiúil. Ba cheart don Gharda Síochána bheith freagrach go fóill as oibríochtaí slándála, lena n-áirítear bailiú faisnéise, imscrúduithe, idircheapadh agus gabhálacha. Ba cheart acmhainní cuí a chur ar fáil don chumas inmheánach slándála agus faisnéise laistigh den Gharda Síochána agus ba cheart é a threisiú le sainscileanna breise. **Níor cheart, áfach, an fheidhm slándála náisiúnta a bheith dílsithe go hiomlán don eagraíocht póilíní** agus is gá anois cur le freagracht an Gharda Síochána as oibríochtaí slándála. Ba cheart cur chuige ilghníomhaireachta níos struchtúrtha a bheith ann i leith na slándála agus ba cheart **Ionad Anailíse Bagairtí Straitéiseacha** a bheith ann, agus é bunaithe i Roinn an Taoisigh agus faoi cheannas ag **Comhordaitheoir Slándála Náisiúnta**. Ba cheart gach foinse d'fhaisnéis slándála, lena n-áirítear an Garda Síochána, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála, Óglaigh na hÉireann, an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus aon fhoinsí eile, ba cheart iad a thabhairt le chéile san oifig sin chun nótaí faisnéise agus comhairle a fhorbairt agus a thabhairt don Taoiseach i dtaca le gach ní a bhaineann leis an tslándáil náisiúnta. Ba cheart freagracht a leagan ar an gComhordaitheoir as an straitéis slándála náisiúnta a shioncronú.

AN TRÍÚ PRIONSABAL. BA CHEART STRUCHTÚIR CHUNTASACHTA AGUS FHORMHAOIRSEACHTA A BHEITH SOILÉIR AGUS ÉIFEACHTACH.

7. Ní mór do na póilíní i ndaonlathas bheith **cuntasach do na daoine** agus dá n-ionadaithe tofa. In Éirinn, is é **an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais** a choimeádann na póilíní cuntasach. Tá an tAire cuntasach faoi seach don **Oireachtas**. Tá freagracht ar an nGarda Síochána freisin as obair le coistí ábhartha Oireachtais i dtaca le nithe póilíneachta. **Ba cheart clár breisithe rialta rannpháirtíochta idir an Garda Síochána agus an Comhchoiste Oireachtais um Dhlí agus Ceart agus Comhionannas a thabhairt isteach** chun feabhas a chur ar a éifeachtaí atá an cainéal sin. Is fiú freisin nósanna imeachta a

chuíchóiriú chun dúbláil a sheachaint nó chun comórtas idir coistí difriúla Oireachtais a sheachaint.

8. Ar leibhéal an Rialtais, ba cheart don **Choiste Comh-aireachta** atá freagrach as saincheisteanna ceartais dhá chruinniú ar a laghad sa bhliain a reáchtáil a mbeadh an tAire Sláinte, an tAire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, an tAire Oideachais agus Scileanna, aon airí eile a bhfuil freagracht orthu as **sábháilteacht an phobail agus as folláine** agus Coimisinéir an Gharda Síochána i láthair acu chun a chinntiú go nglacfaidh gach gníomhaireacht freagracht chomhchoiteann as an bpóilíneacht.
9. Ba cheart **idirdhealú follasach a bheith ann idir cuntasacht dhaonlathach agus formhaoirseacht ag comhlachtaí ceaptha. Ba cheart neamhspleáchas oibríochtúil Choimisinéir an Gharda Síochána a bheith follasach sa reachtaíocht.** Ba cheart an fhormhaoirseacht a chuíchóiriú, a dhéanamh níos comhleanúnaí agus a neartú i **gCoimisiún nua um Fhormhaoirseacht ar an bPóilíneacht agus ar Shábháilteacht an Phobail, a ghlacfaidh áit Chigireacht an Gharda Síochána agus an Údaráis Phóilíneachta** agus a ghlacfaidh an chuid is mó dá bhfeidhmeanna mar aon le roinnt feidhmeanna nua. Ba cheart a chur de chúram ar an gCoimisiún um Fhormhaoirseacht ar an bPóilíneacht agus ar Shábháilteacht an Phobail formhaoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht ábhartha na ngníomhaireachtaí go léir a bhfuil baint acu ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal áitiúil araon leis an bpóilíneacht agus le dochar a chosc. Ba cheart dó feidhmíocht póilíneachta a ghrinnscrúdú, cigireachtaí a dhéanamh, caighdeáin ghairmiúla a chur chun cinn, agus tacú le struchtúir áitiúla le haghaidh rannpháirtíocht an phobail leis na póilíní agus na struchtúir sin a chomhordú.
10. Ba cheart an córas le haghaidh gearáin a bhainistiú a ollchóiriú. Ba cheart **comhlacht neamhspleách** a ghlacfaidh áit Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána a bhunú. D'fhéadfaí **Oifig Neamhspleách an Ombudsman Póilíní** a thabhairt air chun a shoiléiriú nach bhfuil sé ina chuid den Gharda Síochána. Ba cheart don Oifig Neamhspleách na gearáin go léir faoin tseirbhís póilíní a fháil, beag beann ar an áit as a bhfaightear iad. Má mheasann sí gur ní **bainistíocht feidhmíochta** é gearán, ba cheart don Oifig Neamhspleách é a tharchur chuig an tseirbhís póilíní lena réiteach. Maidir leis na gearáin go léir nach mbaineann le bainistíocht feidhmíochta agus lena mbaineann **sárúithe líomhnaithe ar chearta an duine nó ar chaighdeáin phóilíneachta a bhfuil glacadh leo**, ba cheart don Oifig Neamhspleách í féin, agus ní na póilíní, iad a imscrúdú agus ba cheart sách acmhainní a chur ar fáil di chun déanamh amhlaidh. Ní mór gach gearán, lena n-áirítear nithe feidhmíochta a ndéileálann an tseirbhís póilíní leo, **a thaifeadadh go cuí** agus ní mór na sonraí a bheith ar fáil don Oifig Neamhspleách. Ba cheart déileáil le gach gearán **go mear** agus **go trédhearcach** chun go mbeidh an gearánach in ann an dul chun cinn a rianú go héasca agus chun go gcoimeádfar ar an eolas na daoine sin atá ina n-ábhar do ghearáin. Ba cheart don tseirbhís póilíní feabhas a chur ar a próisis bhainistíochta feidhmíochta agus ba cheart di idirdhealú a dhéanamh idir nithe araíonachta agus na nithe sin a bhfuil treoir, agus ní pionós, ag teastáil ina leith. **Ba cheart na Rialacháin Araíonachta a athbhreithniú agus a athchóiriú.**
11. Ba cheart socruithe speisialta a dhéanamh chun foráil a dhéanamh do **shásra níos fairsinge níos láidre formhaoirseachta le haghaidh nithe slándála náisiúnta**. Molaimid go mbunófaí **Scrúdaitheoir Neamhspleách** a mbeadh sé i gceist lena ról an reachtaíocht slándála a athbhreithniú, scrúdú a dhéanamh ar imeachtaí oibríochtúla is cúis le himní agus breith a thabhairt ar iarrataí ó na comhlachtaí formhaoirseachta póilíneachta ar fhaisnéis.

AN CEATHRÚ PRIONSABAL. INÍ MÓR AN RIALACHAS INMHEÁNACH A BHEITH LÁIDIR AGUS ÉIFEACTHÚIL.

- 12.** Ba cheart formhaoirseacht sheachtrach a bheith ar leithligh ó rialachas inmheánach na bpóilíní. Níltear ag súil leis go n-éireoidh le haon Choimisinéir nó le haon phríomhfheidhmeannach in eagraíocht ar bith mura dtugtar an rialú dóibh an ról a chomhlíonadh. **Ní mór an chumhacht a thabhairt do Choimisinéir an Gharda Síochána chun bainistiú,** lena n-áirítear **foireann ceannaireachta sinsearaí a bhfuil an saineolas riachtanach aici a cheapadh,** freagracht fhoriomlán a ghlacadh as na próisis lena gcinntear **arduithe céime agus sannacháin, cinní airgeadais a dhéanamh, agus an t-eastát póilíní a bhainistiú.** Ní mór an phríomhfhreagracht a bheith ar an gCoimisinéir as an idirbheartaíocht caidrimh thionsclaíoch ar son na gcomhaltaí go léir den eagraíocht, bíodh siad ina gcomhaltaí faoi mhionn nó ina gcomhaltaí nach bhfuil faoi mhionn.
- 13.** Ba cheart don Choimisinéir tacaíocht a fháil ó **Bhord reachtúil** agus é ag reáchtáil na heagraíochta póilíní. Is annamh a tharlaíonn sé, má tharlaíonn sé ar chor ar bith, go n-ainmnítear mar cheannasaí póilíní póilín gairme a bhfuil an raon iomlán eolais agus saineolais aige ar conas institiúid chasta atá comhdhéanta de 15,000 duine agus a bhfuil buiséad €1.65 billiún aici a reáchtáil. Fiú san earnáil phríobháideach, áit a bhféadfadh go mbeadh roinnt mhaith taithí ábhartha bainistíochta ag príomhfheidhmeannach, is iondúil go mbíonn bord ann atá comhdhéanta de chomhaltaí neamhfheidhmiúcháin a bhfuil cúlraí éagsúla agus taithí éagsúil acu. Baineann an rud céanna leis an gcuid is mó de chomhlachtaí agus gníomhaireachtaí Stáit in Éirinn. I gcás an Gharda Síochána, dá mbunófaí Bord a bhfuil saineolas seachtrach agus **cathaoirleach neamhfheidhmiúcháin** neamhspleách aige, neartófaí **rialachas** na heagraíochta, mar shampla i réimsí amhail bainistíocht acmhainní daonna, caidreamh tionsclaíoch, cumarsáid, soláthar agus buiséadú. Dá mbeadh an Bord sin ann, sholáthrófaí tuilleadh cuntasachta agus thacófaí le soláthar an chláir fhairsing athruithe atá leagtha amach sa tuarascáil seo. Dá réir sin, cruthófar **torthaí** póilíneachta níos fearr agus **luach níos fearr ar airgead.** Bheadh an Bord cuntasach don Rialtas, thacódh sé leis an gCoimisinéir a fheidhmeanna a chur i gcrích agus choimeádfadh sé an Coimisinéir agus an lucht bainistíochta sinsearaí cuntasach as comhlíonadh éifeachtach a bhfreagrachtaí.

AN CÚIGIÚ PRIONSABAL. BA CHEART DUALGAIS PHÓILÍNÍ A SHAINIÚ GO SOILÉIR AGUS BA CHEART ACMHAINNÍ A ÚSÁID DÁ RÉIR.

- 14.** Caitear an chuid is mó d'am póilíní ar dhochar a chosc agus tá sé ina phríomhdhualgas ar na póilíní sa lá atá inniu ann, agus iad ag gníomhú mar thairseach chuig gníomhaireachtaí eile agus mar chomhpháirtí leo. Is iad na póilíní an phríomhghníomhaireacht atá freagrach as an gcoireacht a chosc, a bhrath agus a imscrúdú. Rinne an Chigireacht mionscrúdú sa bhliain 2014 ar phróisis agus acmhainní an Gharda Síochána ó thaobh **imscrúdú na coireachta** de. Tháinig roinnt forbairtí tábhachtacha sna sála ar an tuarascáil sin, lena n-áiríodh Aonaid Seirbhísí Cosantacha a thabhairt isteach. Tríd is tríd, áfach, ní dhearnadh ach beagán dul chun cinn. Ba cheart úsáid a bhaint gan mhoill as an gcóras nua bainistíochta imscrúduithe atá á fhorbairt le tamall anuas. Ní mór freisin feabhas ollmhór a chur ar straitéisí chun **an choireacht a laghdú.** Cuireann **sonraí coireachta** ar ísealchaighdeán bac ar imscrúdú agus ar chosc araon. Teastaíonn córais nua, próisis nua agus oiliúint níos fearr in úsáid na gcóras agus na bpróiseas sin. Teastaíonn freisin acmhainn sholúbtha anailísíochta sonraí atá in ann cabhrú le hoibríochtaí póilíneachta i bhfíor-am.

- 15.** Chuir an pobal, na póilíní agus na polaiteoirí in iúl dúinn gur mhaith leo go mbeadh **níos mó póilíní ar an túslíne**. Aontaímid leis sin. Má bhíonn níos mó póilíní ag obair sa phobal agus leis an bpobal, cabhrófar leis an gcoireacht a chosc agus a bhrath, an eagla roimh an gcoireacht a laghdú, agus daoine i mbaol a chosaint. Faoi láthair, tá a lán póilíní ag comhlíonadh **cúraimí nach bhfuil cumhachtaí póilíní ag teastáil ina leith**. Is cúraimí iad sin ar cheart d'fhostaithe nach bhfuil faoi mhionn iad a chomhlíonadh nó ba cheart a sheachfhoinsiú. Tá dualgais neamhriachtanacha riaracháin ar na póilíní freisin, amhail taifid pháipéir agus taifid leictreonacha araon a choimeád. Ba cheart deireadh a chur leis na dualgais sin. Má ghactar na bearta sin, beifear in ann líon suntasach Gardaí **a ath-implonú chuig dualgais cheantair túslíne**.
- 16.** Tá ag an nGarda Síochána roinnt **sainaeonad tábhachtach** a oibríonn ón gceanncheathrú agus a bhfuil freagrachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta orthu, lena n-áirítear an Biúro Náisiúnta um Choireacht Eacnamaíoch, an Biúro Náisiúnta um Imscrúdú Coiriúil, an Biúro Náisiúnta um Dhrugaí agus Coireacht Eagraithe, an Biúro Náisiúnta Seirbhísí Cosantacha agus an Biúro Náisiúnta Cibearchoireachta. Bíonn an-chuid de na haonaid sin ag déileáil le cineálacha nua coireachta a thrasnaíonn teorainneacha áitiúla agus náisiúnta. Ba cheart acmhainní a chur ar fáil dóibh chun an saineolas saineolaíoch breise atá ag teastáil ina leith a fhorbairt. Bíonn ag méadú go tapa ar an tsracaireacht, ar an gcalaois, ar an bpornagrafaíocht leanaí, ar an teacht i dtír gnéasach agus ar **choireanna cibearchoireachta agus idirlíon-chumasaithe** eile. Níl Éire ina haonar ag streachailt le déileáil leis an mbagairt. Ba cheart dul i ngleic leis an gcibearchoireacht a mheas a bheith ina feidhm lárnach den phóilíneacht agus ba cheart acmhainní a chur ar fáil di dá réir - ar leibhéal atá i bhfad níos airde ná atá amhlaidh faoi láthair.

AN SÉÚ PRIONSABAL. BA CHEART AN GARDA SÍOCHÁNA A STRUCHTÚRÚ AGUS A BHAINISTIÚ CHUN TACÚ LEIS AN bPÓILÍNEACHT TÚSLÍNE.

- 17.** Ba cheart **samhail nua póilíneachta ceantair** a thabhairt isteach chun póilíní ceantair túslíne a chur i **gcroílár na heagraíochta**. Faoi láthair, níl ach líon beag póilíní i ngach ceantar ainmnithe mar "phóilíní pobail". Na baill foirne go léir den Gharda Síochána ar leibhéal ceantair, bíodh siad ina mbaill foirne faoi mhionn nó ina mbaill foirne nach bhfuil faoi mhionn, agus bíodh siad ag obair i bhfreagairt éigeandála nó i rannpháirtíocht sa phobal, ba cheart dóibh obair amach anseo mar fhoireann aonair póilíneachta ceantair chun **fadhbanna a théann i bhfeidhm ar shábháilteacht an phobail a réiteach, chun an coireacht a laghdú agus chun dochar a chosc**. Ba cheart dóibh a **bpleananna póilíneachta ceantair** féin a fhorbairt, agus iad ag dul i gcomhairle le fóraim phobail áitiúil ina leith. Ba cheart cur ar a gcumas gach gnáthsheirbhís póilíneachta a sholáthar, agus iad ag fáil **tacaíocht ón leibhéal rannáin** i dtaca le riarachán agus le sainfheidhmeanna áirithe. Ba cheart an díriú ar an túslíne a léiriú i struchtúr an Gharda Síochána trí struchtúr **atá níos cothroime agus nach bhfuil chomh scoite sin** a thabhairt isteach. **Ba cheart don cheanncheathrú na beartais, an mhórstraitéis, na caighdeáin agus na cuspoirí a shocrú**. Ba cheart d'aonaid phóilíní túslíne a chinneadh conas is féidir leo na cuspoirí sin a chomhlíonadh ar an mbealach is fearr agus bheith cuntasach dá maoirseoirí as na torthaí. Ní mór **leibhéal ard údaráis tharmligthe a bheith ann, agus ní mór maoirseacht áitiúil níos láidre a bheith ag gabháil leis**, go háirithe ar leibhéal an tsáirsint agus ar leibhéal an chigire. Ba cheart an nuálaíocht, an tionscnaíocht agus cineálacha nua cur chuige a spreagadh agus ba cheart rath fianaisebhunaithe a mholadh agus a scaipeadh. **Ba cheart meas agus aitheantas a thabhairt do shármhaitheas ag an túslíne**. Ní gá go bhfuil sé i gceist le hardú céime an Garda a aistriú chuig ceantair nó rannáin eile.

- 18. Ba cheart do rannáin phóilíní bheith mór go leor chun nach mbeadh siad ag brath ar chinn eile** chun aon chríoch riaracháin agus oibriúcháin. Measaimid gurb amhlaidh, maidir leis na 28 Rannán atá ann faoi láthair, go bhfuil an líon sin ró-ard agus go bhfuil na rannáin róbheag. Nílímíid saintreorach faoin struchtúr mar go bhfuilímíid den tuairim dhaingean nach mór deis a thabhairt don Choimisinéir an eagraíocht a bhainistiú, rud a fholaíonn an struchtúr ceart a chinneadh. Táimíid den tuairim, áfach, gur cheart an struchtúr a bheith níos cothroime ná atá sé faoi láthair agus gur cheart an cóimheas bainisteoirí sinsearacha a bheith níos ísle. Bíonn an phóilíneacht ag athrú go tapa agus leanfaidh sí ar aghaidh ag déanamh amhlaidh. Beag beann ar an struchtúr a d'fhéadfadh an Coimisinéir a chinneadh sa bhliain 2019, tá seans maith ann go mbeidh sé riachtanach é a athchumrú sa bhliain 2022 nó sa bhliain 2025. Bheadh sé sin coitianta go leor in eagraíochtaí eile agus ba cheart dó bheith coitianta i seirbhís póilíní.
- 19.** Nílímíid saintreorach faoi mhéid agus comhdhéanamh na seirbhíse póilíní. Maidir leis an sprioc reatha go mbeadh 21,000 ball foirne ann faoin mbliain 2021, agus an líon sin comhdhéanta de 15,000 Garda, 4,000 comhalta nach bhfuil faoi mhionn agus 2,000 comhalta cúltaca, ní rabhamar in ann aon réasúnaíocht mhionsonraithe a fheiceáil taobh thiar di. Beidh an cóimheas comhdhéanta atá réamh-mheasta idir comhaltaí nach bhfuil faoi mhionn agus comhaltaí faoi mhionn i bhfad níos airde ná atá sé faoi láthair ach tá sé íseal fós (21%) i gcomparáid le tíortha eile. Ba cheart an líon ball foirne a theastaíonn sa Gharda Síochána a chinneadh trí **phleanáil níos láidre fórsa saothair** atá bunaithe ar fhaisnéis chruinn faoin éileamh ar sheirbhísí póilíní agus faoin meascán príomhscileanna a theastaíonn chun iad a sholáthar, tar éis deireadh a chur le dualgais neamhlárnacha a chomhlíonann na póilíní faoi láthair.

AN SEACHTÚ PRIONSABAL. IS IAD NA COMHALTAÍ DEN GHARDA SÍOCHÁNA AN ACMHAINN IS FEARR ATÁ AIGE.

- 20.** Sna sé bliana tar éis an thobchliste airgeadais, ní raibh aon earcaíocht ann agus ba bheag oiliúint a cuireadh ar fáil. San am i láthair, is an-ghasta atá luas na hearcaíochta, rud atá ag cur brú ar an gcoláiste oiliúna agus ar acmhainn na heagraíochta earcaigh nua a thógáil isteach agus a mhaoirsiú. Tá céimeanna acadúla ag formhór mór na n-earcach cheana féin agus, mar sin de, ní theastaíonn uathu roinnt de na gnéithe acadúla den bhonnchúrsa reatha d'earcaigh. **Dá bhrí sin, ba cheart d'earcaigh a bhfuil cáilíochtaí céime acu sula dtéann siad isteach san eagraíocht cúrsa níos giorra atá dírithe ar an bpóilíneacht a dhéanamh** sula gcuirfí ar aghaidh iad chuig a seirbhís Garda promhaidh i stáisiúin phóilíní, áit ar cheart maoirseacht a neartú ar leibhéal an tsáirsint, mar atá luaite againn. Is é an toradh a bheidh air sin go laghdófar go mór an costas a bhaineann le hoiliúint a chur ar earcaigh, rud a chabhróidh le hacmhainní a athdhíriú ar an **oiliúint inseirbhíse** agus ar **fhorbairt ghairmiúil**. Is nithe iad sin nár tugadh go leor acmhainní airgeadais dóibh san am atá thart. Is é atá i gceist le fíis nua an Choimisiúin don oideachas ná é a sholáthar trí **institiúidí ardoideachais** agus úsáid níos mó a bhaint as an **ríomhfhoghlaim** agus gan ach scileanna póilíneachta oibríochtúla agus oiliúint i suíomhanna féideartha a theagasc ar an Teampall Mór. I lear gnéithe den oiliúint, ba cheart oiliúint a chur ar chomhaltaí nach bhfuil faoi mhionn agus ar Ghardaí ag an aon am amháin. Ba cheart **Stiúrthóir um Fhoghlaim agus Forbairt** a bheith ann, ar duine é a bheadh ar leithligh ón gceann acmhainní daonna agus a ghlacfadh úinéireacht ar **bhuiséad lárnach tiomnaithe le haghaidh oiliúna**. Ba cheart pleananna **forbartha gairmiúla leanúnaí** a chur ar fáil do gach pearsa.

21. Ba cheart iarracht níos diongbháilte a dhéanamh fórsa saothair níos éagsúla a earcú, idir chomhaltaí nach bhfuil faoi mhionn agus chomhaltaí faoi mhionn, ar fórsa saothair é a bheadh **éagsúil** ó thaobh inscne agus eitneachta de agus ó thaobh cúlra **socheacnamaíoch**, oideachais agus geografach de freisin. Ba cheart **Clár Rochtana ar an nGarda Síochána** a fhorbairt, agus é ailínithe le straitéis an Rialtais maidir le rochtain ar an ardoideachas. Ba cheart bealaí iontrála nua a thabhairt isteach ar gach leibhéal den eagraíocht. **Ba cheart comhaltaí nach bhfuil faoi mhionn a earcú go díreach chuig an nGarda Síochána**, agus ní chuig an státseirbhís ghinearálta, agus ba cheart caitheamh leo mar chomhaltaí a bhfuil meas orthu d'**fhórsa saothair aonair Gardaí** a bhfuil misean comhroinnte aige. Má mhéadaítear go mór an líon comhaltaí nach bhfuil faoi mhionn ar gach leibhéal den eagraíocht, leathnófar a meascán scileanna agus éagsúlacht a dearctha, rud a chuirfidh feabhas ar an gcumas atá aici **torthaí póilíneachta níos fearr** a sholáthar.
22. Ní mór don Gharda Síochána **cúram níos fearr a thabhairt dá fhostaithe**. Gabhann idir dhúshlán fhisiciúla agus dhúshlán mheabhrach don fholláine leis an bpóilíneacht. Teastaíonn ó na póilíní go práinneach **clár réamhghníomhach a bhfuil cistiú tiomnaithe aige chun aghaidh a thabhairt ar an bhfolláine** agus teastaíonn uathu freisin tacaí feabhsaithe amhail mioncheistiú tráthúil agus comhairleoireacht éigeantach tar éis imeachtaí trámacha. Maidir leis an uainchlár reatha, a bhí ina fhadhb agus ina chur isteach ar sheirbhísí póilíní d'íospartaigh dar le formhór na nGardaí ar bhuaileamar leo, ba cheart **uainchlár shaincheaptha** a oireann níos fearr do na póilíní agus do na pobail a bhfreastalaíonn siad orthu a chur ina ionad. Ba cheart d'fhostaithe **na huirlisí, an oiliúint, an éide, na feithiclí agus an trealamh** a theastaíonn uathu chun a bpost a dhéanamh go maith a bheith acu. Ba cheart scor de phróisis oibre atá as dáta agus neamhéifeachtúil agus ba cheart an úsáid is fearr a bhaint as an teicneolaíocht. Ba cheart don Gharda Síochána timpeallacht sábháilteachta síceolaíche a chothú, áit a dtugtar cumhacht agus tacaíocht do dhaoine a dtuairimí a chur in iúl agus a smaointe a chomhroinnt.
23. Formhór na mball foirne faoi mhionn agus na mball foirne nach bhfuil faoi mhionn den Gharda Síochána ar bhuaileamar leo, is léir gur mhaith leo athruithe cuimsitheacha a bheith ann agus is amhlaidh go mbeidh gairm níos sásúla acu tar éis an bhunathraithe chun feabhais agus an athstruchtúraithe a mholaimid. Mar sin féin, níor mhaith le gach duine díobh leanúint le hobair sa Gharda Síochána agus níor cheart aon bhrú a chur ar phearsana fanacht dá mb'fhearr leo an eagraíocht a fhágáil. Ba cheart **rogha scarúna spriocdhírthe aonuaire** a bheith ar fáil don lucht bainistíochta lena húsáid.

AN tOCHTÚ PRIONSABAL. NÍ MÓR AN PHÓILÍNEAcht A BHEITH TREORAITHE AG FAISNÉIS.

24. Tá an prionsabal seo ina chuid dhílis de gach gné den bhunathrú chun feabhais a mholaimid. Bíonn dea-chinnteoireacht ag brath ar fhaisnéis thráthúil chruinn a bheith ar fáil. Tá géarghá ann sa Gharda Síochána le tabhairt isteach a dhéanamh ar **phróisis ghnó níos fearr agus ar chórais níos fearr le haghaidh faisnéis faoi choireanna, faoi theagmhais, faoi ghearáin, faoi airgeadas, faoi acmhainní daonna agus faoi shaincheistean eile bainistíochta a bhailiú, a thaifeadadh, a bhainistiú, a anailísiú agus a scaipeadh**. Ní mór do phóilíní agus do ghníomhaireachtaí comhpháirtíochta faisnéis a chomhroinnt go héifeachtach eatarthu féin agus cumarsáid a dhéanamh le comhpháirtithe pobail. Is féidir an teicneolaíocht a úsáid chun na críche sin, agus í mar chuid de **straitéis chuimsitheach le haghaidh nuálaíocht dhigiteach**. As dáta agus neamhleor atá teicneolaíocht reatha an Gharda Síochána agus déanann sí díobháil do sheirbhísí póilíní a sholáthar go héifeachtach agus d'acmhainní a leithdháileadh go héifeachtúil. **Ba cheart breathnú ar shonraí mar shócmhainn straitéiseach agus mar eochairthoisic i gcinntí**

póilíneachta a dhéanamh. Dá réir sin, ba cheart iad a úsáid chun iomas agus taithí a chomhlánú agus ní chun teacht ina n-ionad. **Is é atá in anailís ghairmiúil ar na sonraí ná uirlis éigeantach sa phóilíneacht nua-aimseartha agus ba cheart í a bheith ar fáil i ngach rannán den Gharda Síochána agus i Seirbhís Anailíse mhéadaithe den Gharda Síochána sa Cheanncheathrú.**

- 25.** Ba cheart do na póilíní **faisnéis a chomhroinnt lena bpobail agus lena gcomhpháirtithe.** Ba cheart do phóilíní ceantair agus do gheallsealbhóirí pobail bheith i dteagmháil lena chéile ar bhonn rialta faoi shaincheisteanna shábháilteacht an phobail ina gceantar, agus úsáid á baint acu as fóin phóca, as aipeanna, as na meáin shóisialta agus as cruinnithe pearsanta díreacha. Cothóidh sé sin iontaobh an phobail agus cruthóidh sé réitigh níos fearr ó thaobh shábháilteacht an phobail de. Trí thrédhearcacht a thabhairt isteach i malartuithe faisnéise le gníomhaireachtaí eile, faoi réir coimircí dlíthiúla iomchuí, beidh cineálacha cur chuige ilghníomhaireachta níos fearr ann i leith fadhbanna shábháilteacht an phobail.

AN NAOÚ PRIONSABAL. BA CHEART BREATHNÚ AR AN bPÓILÍNEACHT MAR GHAIRM.

- 26.** Tá na moltaí sa tuarascáil seo bunaithe ar chreideamh láidir gur cheart do na póilíní a bheith ina **seirbhís ghairmiúil.** Áirítear leo sin feabhsuithe ar an oiliúint, ar an bhfoghlaim agus ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach; údarás cinnteoireachta a tharmligean; an nuálaíocht agus an tionscnaíocht a spreagadh ag an túslíne; éagsúlacht san earcaíocht; saineolaithe a fhostú le haghaidh sainphost; meas ar shonraí mar shócmhainn straitéiseach; oscailteacht i leith smaointe nua; agus dlúthchomhar le gníomhaireachtaí eile agus le comhpháirtithe pobail. Ba cheart an méid sin a léiriú i gcultúr na heagraíochta agus beidh sé riachtanach an teachtaireacht sin a dheimhniú agus a chur in iúl arís is arís eile ón lucht ceannais anuas. Ba cheart spreagadh a thabhairt do phearsana ar gach leibhéal, bíodh siad ina gcomhaltaí faoi mhionn nó ina gcomhaltaí nach bhfuil faoi mhionn, a dtuairimí a chur in iúl, smaointe a chomhroinnt, ceartchreidimh reatha a cheistiú agus tionscnaimh nua a fhorbairt. **Ba cheart foireann gairmithe a bhíonn ag obair le chéile a bheith i gceist leis an gcultúr, in ionad ordlathas a bheith ann ina mbíonn saighdiúirí coise ag fanacht le treoracha ó leibhéil níos airde.** Nuair is féidir, ba cheart teagmháil phearsanta a bheith ag gabháil le cumarsáidí inmheánacha idir an lucht ceannais agus an túslíne, in ionad a bheith ag brath an iomarca ar threoracha scríofa. Ba cheart do cheannairí sinsearacha póilíní cuairt a thabhairt go rialta ar chomhghleacaithe ar leibhéal rannáin agus ar leibhéal ceantair.
- 27.** Tá **eitic ghairmiúil** ina cuid ríthábhachtach de ghairm ar bith agus go háirithe den phóilíneacht, rud atá bunaithe ar an ngá le cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint. Ghlac an Garda Síochána Cód Eitice cuimsitheach le déanaí, rud a bhfáiltímid roimhe. Ba cheart é a chomhtháthú isteach i ngach céim de chleachtais acmhainní daonna na heagraíochta, lena n-áirítear earcaíocht, bainistíocht promhaidh agus feidhmíochta, agus déileáil le gearáin.
- 28.** Ba cheart cultúr nua le haghaidh na póilíneachta a bheith le sonrú lasmuigh den tseirbhís póilíní freisin. Ba cheart don **Rialtas ina iomláine**, dá oifigigh thofa, dá ghníomhaireachtaí agus do phobail áitiúla a aithint gur freagracht chomhroinnte í an phóilíneacht. Ba cheart do na comhlachtaí formhaoirseachta breathnú orthu féin mar chomhlachtaí a bhfuil freagracht orthu, i dteannta na bpóilíní, as seirbhís phoiblí den chéad scoth a chinntiú. Ba cheart do na póilíní glacadh le formhaoirseacht mar ní atá riachtanach agus fóinteach araon. Ba cheart deireadh a chur go deo le cultúr an mhilleáin atá ag dul i bhfeidhm ar an gcaidreamh eatarthu le tamall anuas.

AN DEICHIÚ PRIONSABAL. NÍ MÓR AN PHÓILÍNEACHT A BHEITH OIRIÚNAITHEACH, NUÁLACH AGUS COST-ÉIFEACHTÚIL.

29. Bunathrófar an phóilíneacht in Éirinn chun feabhais leis an gclár athruithe atá leagtha amach sa tuarascáil seo. Níor cheart breathnú ar an gclár mar réiteach críochnaitheach san fhadtéarma, áfach. Leanfaidh dúshláin na póilíneachta ar aghaidh ag athrú agus ní mór don Gharda Síochána agus dá ghníomhaireachtaí comhpháirtíochta uile bheith in ann leanúint le dul in oiriúint dóibh. Rud a bheidh tábhachtach ina leith sin is ea **cultúr nuálach oiriúnaitheach eagraíochta** a bhunú, áit a spreagfar smaointe agus tionscnaíocht ó gach leibhéal den tseirbhís póilíní agus a nglacfar le smaointe ó dhaoine lasmuigh di. Chun go mbeidh an tsolúbthacht riachtanach aici chun freagairt go rathúil do dhúshláin nua, beidh sé riachtanach freisin go mbeidh an phóilíneacht **cost-éifeachtúil**.
30. Ba cheart don Gharda Síochána obair leis an earnáil teicneolaíochta in Éirinn agus le saineolaithe acadúla chun tacú leis na póilíní dul i ngleic leis an gcibearchoireacht agus le dúshláin teicneolaíocht-chumasaithe eile. Dá mbunófaí **Ionad Nuálaíochta Póilíneachta Digití** a dtacódh Fiontraíocht Éireann agus GFT Éireann leis, chuirfí ar chumas an Gharda Síochána agus na hÉireann ina hiomláine rannchuidiú le nuálaíocht teicneolaíochta sa phóilíneacht. Ba cheart aonad atá tiomnaithe go hiomlán do bhreathnú ar aghaidh a bheith ann freisin laistigh den Gharda Síochána. Bhainfeadh sé úsáid as anailísíocht sonraí agus d'oibreodh sé le hollscoileanna, le meithleacha machnaimh agus le seirbhísí póilíní eile chun treochothaí agus dúshláin éiritheacha do na póilíní laistigh den Stát agus lasmuigh di a shainaithint agus chun cabhrú le deachleachtas a fhorbairt ar mhaithe leis na dúshláin sin a shárú. Dá mbunófaí aonad den sórt sin, chuirfí ar chumas **na hÉireann fanacht ar thús cadhnaíochta sa phóilíneacht**.
31. Ag breathnú ar aghaidh ar an mbliain 2040, nuair a bheidh na hearcaigh reatha ar na ceannairí sinsearacha den Gharda Síochána, beidh Éire ina háit dhifriúil. Beidh an daonra cothrom le sé mhilliún duine, figiúr atá 25% níos airde ná atá sa lá atá inniu ann. Beidh an pobal níos sine agus níos éagsúla freisin. Beidh na cathracha níos mó. Cruthóidh sé sin mórfhadhbanna póilíneachta. Ní mór an phóilíneacht a chur san áireamh sa phróiseas pleanála ar dhá chúis: chun a chinntiú go gcuirfear sábháilteacht an phobail san áireamh i bpleananna le haghaidh foirgnimh nua, spásanna poiblí nua agus bonneagar nua; agus chun a riachtanais acmhainní, eastáit agus imlonnaithe féin a dhéanamh amach.

CUR CHUN FEIDHME

32. Tá clár atá uailmhianach agus riachtanach ag an am céanna leagtha amach sa tuarascáil seo. Teastaíonn athruithe go práinneach chun easnaimh sa chóras reatha a réiteach agus chun Éire a ullmhú d'éilimh athraitheacha phóilíneachta amach anseo. Ba cheart tús a chur leis an bpróiseas cur chun feidhme lom láithreach.
33. Chun an phóilíneacht a bhunathrú chun feabhais, beidh ceannaireacht ag teastáil ó na leibhéil is airde den rialtas agus ó Choimisinéir an Gharda Síochána. Beidh formhaoirseacht atá freagrach, láidir agus neamhspleách ag teastáil freisin. Is ionann ár moltaí ina n-iomláine agus bunathrú sistéamach cultúrtha chun feabhais agus ní bhaineann sé leis an tseirbhís póilíní ina haonar. Ba cheart **Grúpa Cur Chun Feidhme um Athchóiriú na Póilíneachta** a bhunú chun a chinntiú go soláthrófar an clár don athrú atá leagtha amach sa tuarascáil seo. Ba cheart don ghrúpa **cathaoirleach neamhspleách a bheith aige agus tacaíocht a fháil ó Oifig Cláir Chur Chun Feidhme**.

- 34.** Ní féidir an mórchlár athchóirithe a mholamar a chur i gcrích lom láithreach. Mar sin féin, ní mór dul chun cinn a dhéanamh air chomh tapa agus is féidir. Ceapaimid go bhfuil **an bhliain 2022 ina spriocdháta réalaíoch le haghaidh an phóilíneacht a bhunathrú chun feabhais go mór.** Tá an bhliain sin tábhachtach ón taobh siombalach de freisin mar gur sa bhliain sin a cheiliúrfar an comóradh 100 bliain ó bunaíodh seirbhís póilíní do Stát na hÉireann. Is féidir anois córas póilíneachta a cruthaíodh do thír nua céad bliain roimhe a athchruthú do shaol nua.

CUID A 1

AN CÚRAM AR AN gCOIMISIÚN UM TODHCHAÍ NA PÓILÍNEACHTA

CAIBIDIL A hAON AN COIMISIÚN AGUS A CHUID OIBRE

1. Ceapadh an Coimisiún i mí na Bealtaine 2017. Chuir an Rialtas de chúram air athbhreithniú fairsing a dhéanamh ar an bpóilíneacht in Éirinn agus moltaí le haghaidh thodhchaí na póilíneachta a chur faoina bhráid faoi mhí Mheán Fómhair 2018. Cuireadh de chúram orainn gach gné den phóilíneacht a chumhdach, lena n-áirítear na struchtúir agus na socruithe bainistíochta le haghaidh na feidhmeanna a gcomhlíonann an Garda Síochána iad faoi láthair a sholáthar ar an mbealach is éifeachtaí. Cuimsítear sna feidhmeanna sin sábháilteacht an phobail, slándáil an stáit agus an inimirce; comhdhéanamh, earcaíocht agus oiliúint; cultúr agus éiteas na póilíneachta; agus struchtúir le haghaidh rialachais, formhaoirseachta agus cuntasachta. .

2. Ba iad seo a leanas na comhaltaí den Choimisiún¹:-

Kathleen O'Toole Uas., Cathaoirleach an Choimisiúin - iar-Cheannasaí ar Roinn Póilíní Seattle, iar-Choimisinéir ar Phóilíní Bostúin agus iar-Phríomhchigire ar Chigireacht an Gharda Síochána.

Noeline Blackwell Uas. - Dlíodóir chearta an duine agus Príomhfheidhmeannach ar Ionad Éigeandála Bhaile Átha Cliath um Éigniú. IarArd-Stiúrthóir ar na hIonaid Chomhairle Dlí Saor in Aisce.

An Dr Johnny Connolly - Scoláire Fiontair de chuid na Comhairle um Thaighde in Éirinn ag an Ionad um Choireacht, Ceartas agus Staidéar Íospartach sa Scoil Dlí in Ollscoil Luimnigh.

An Dr Vicky Conway - Ollamh Comhlach le Dlí in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus iarchomhalta den Údarás Póilíneachta.

An tUas. Tim Dalton - iarArd-Rúnaí ar an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

¹ Bhí an Dr Conor Brady, iarchomhalta de Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána agus iar-Eagarthóir ar *The Irish Times*, ina chomhalta den Choimisiún idir mí na Bealtaine 2017 agus mí Mheán Fómhair 2017.

Sir Peter Fahy - iar-Ardchonstábla ar Phóilíní Cheshire agus iar-Ardchonstábla ar Phóilíní Mhórcheantar Mhanchain.

An Dr Eddie Molloy - Sainchomhairleoir Bainistíochta Neamhspleách.

Tonita Murray Uas. - Sainchomhairleoir Forbartha Póilíní Idirnáisiúnta agus iarArd-Stiúrthóir ar Choláiste Póilíní Cheanada.

An Dr Antonio M. Oftelie - Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar Leadership for a Networked World agus Comhalta den Ionad Teicneolaíochta agus Fiontraíochta in Ollscoil Harvard.

An tOllamh Donncha O'Connell - Ollamh cruthaithe le Dlí sa Scoil Dlí, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus Coimisinéir (páirtaimseartha) ar an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí.

Helen Ryan Uas. - iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Creganna Medical agus comhalta reatha de bhord Fhiontraíocht Éireann agus de bhoird roinnt cuideachtaí nuathionscanta.

Fuair an Coimisiún tacaíocht inár gcuid oibre ó Rúnaíocht thiomnaithe: An tUas. John Ahern; Oonagh Ffrench Uas. (go mí Iúil 2018); an tUas. Owen Garvey; an tUas. Eoin Guilfoyle; Deirdre Meenan Uas. (Leas-Rúnaí); an tUas. Barra Ó Dúill; an tUas. Cairbre O'Fearghail (ó mhí Iúil 2018); Deirdre O'Rourke Uas.; Sinéad Ryan Uas. (Rúnaí) agus an Dr Peter Stafford. D'éascaigh an Ceannfort Bleachtaireachta Aidan McCarthy an teagmháil leis an nGarda Síochána.

Bhaineamar leas freisin as an gcomhairle agus an saineolas a thug an tUas. Bob Peirce, sainchomhairleoir straitéise póilíneachta agus iar-Rúnaí ar an gCoimisiún Neamhspleách um Póilíneacht do Thuaisceart Éireann.

AN GAOL LE TUARASCÁLACHA AGUS MOLTAÍ ROIMHE SEO

3. Tugtar aitheantas inár dtéarmaí tagartha don chlár leanúnach athchóirithe atá ar bun agus bunaithe ar thuarascálacha leantacha ó Chigireacht an Gharda Síochána, lena n-áirítear an Clár um Nua-aoisiú agus um Athnuachan 2016-2021 a bhfuil an tÚdarás Póilíneachta ag déanamh formhaoirseacht air.² Cuireadh de chúram orainn athbheithniú nua bunúsach a dhéanamh ar an bpóilíneacht agus rinneamar amhlaidh. Is é atá i gceist leis an gcreat nua a mholaimid anois go mbeidh sé riachtanach athmheastóireacht a dhéanamh ar thionscadail athchóirithe atá ar siúl laistigh den Gharda Síochána. Ba cheart stop a chur leis na tionscadail sin nach bhfuil ag teacht lenár moltaí nó nach bhfuil ábhartha a thuilleadh. Ba cheart leanúint leis an obair atá ar bun cheana féin agus lena dtacófaí le cur chun feidhme ár moltaí. **Ba cheart an tuarascáil seo, dá bhrí sin, a bheadh ar an meán trína mbreathnófaí ar na moltaí agus na cláir go léir a rinneadh roimhe seo le haghaidh athchóirithe.**
4. Luadh inár dtéarmaí tagartha freisin go leanfadh na comhlachtaí reachtúla ábhartha ar aghaidh ag comhlíonadh a bhfeidhmeanna formhaoirseachta agus cuntasachta agus a bhfeidhmeanna gaolmhara agus go mbeadh a gcuid oibre ina hionchur bunriachtanach

2 Tugaimid faoi deara gur moladh athoibriú an Chláir um Nua-aoisiú agus um Athnuachan sa Chúigiú Tuarascáil ón Údarás Póilíneachta ar chur chun feidhme an Chláir um Nua-aoisiú agus um Athnuachan, a foilsíodh an 8 Lúnasa 2018. Ba é seo an tuairim uaidh ina leith: "beag beann ar na dea-rúin a ghabhann leis, is amhlaidh, má leantar leis an ngníomhaíocht agus an obair atá ar bun faoi láthair, nach soláthrófar an t-athchóiriú bunúsach a beartaíodh sa chinneadh ón Rialtas i mí Iúil 2016."

isteach i bpróiseas an Choimisiúin. Cé go molaimid sa tuarascáil seo go gcuirfí creat nua le haghaidh formhaoirseachta agus cuntasachta i bhfeidhm, tá sé tábhachtach go leanann obair na gcomhlachtaí atá ann cheana ar aghaidh chun aistriú cobhsaí a chinntiú go dtí go rithfear reachtaíocht i leith an chreata nua.












SONRAÍ AGUS FAISNÉIS

5. Tá ár moltaí bunaithe ar an rannpháirtíocht fhairsing agus na comhairliúcháin fhairsinge ar thugamar fúthu, mar atá leagtha amach thíos agus in larscríbhinn II. Tá siad bunaithe freisin ar an taithí chomhchoiteann atá ag comhaltaí an Choimisiúin ar athruithe a sholáthar sa phóilíneacht agus in eagraíochtaí agus seirbhísí eile. Ghlacamar páirt i dtaighde substainteach ar an bpóilíneacht in Éirinn agus i ndlínsí eile freisin. Mar phointe ginearálta, is fiú béim a leagan ar mhórdhúshlán atá ar dhuine ar bith atá ag scrúdú éifeachtacht na póilíneachta in Éirinn faoi láthair, is é sin gur gnách nach mbíonn fáil ann ar shonraí agus faisnéis iontaofa faoi bhainistiú na seirbhíse póilíní. Thug Cigireacht an Gharda Síochána agus an tÚdarás Póilíneachta ráiteas ina thaobh sin i dtuarascálacha leantacha. Cé go bhfacamar roinnt bearta dearfacha a rinneadh chun feabhas a chur air sin le linn ár gcuid oibre, ní mór na cúinsí a athrú ó bhonn chun go mbeifear in ann tacú le bainistiú éifeachtach an Gharda Síochána agus le ceapadh beartais éifeachtach ar leibhéal an Rialtais amach anseo. Rinneamar moltaí sa tuarascáil seo ar cheart go mbeadh tionchar dearfach acu ar an dá réimse sin.

COMHAIRLIÚCHÁN

6. **Inár dtéarmaí tagartha (féach larscríbhinn II), iarradh orainn dul i gcomhairle go fairsing leis an bpobal, leis an tsochaí shibhialta agus le haon comhlachtaí nó daoine aonair eile a mheasamar a bheith cuí. Ón uair a thosaíomar ár gcuid oibre, bhíomar cinnte gur cheart ár bpróiseas comhairliúcháin a bheith láidir agus ionadaíoch, áit a mbeadh plé oscailte fadréimseach ar bun leis an bpobal, le comhaltaí den Gharda Síochána agus leis na heagraíochtaí éagsúla a bhfuil baint acu leis an gcóras póilíneachta chun go mbeadh an Coimisiún in ann éisteacht le raon leathan tuairimí ó phobail ar fud na tíre.**
7. Ba é a bhí i gceist leis na príomhghnéithe dár bpróiseas comhairliúcháin ná cruinnithe déthaobhacha le heagraíochtaí agus le daoine aonair atá ábhartha dár dtéarmaí tagartha, cuireadh chun aighneachtaí scríofa a dhéanamh, clár imeachtaí poiblí i mí na Nollag 2017 agus i mí Eanáir 2018, cuairteanna ar stáisiúin Ghardaí agus ar cheanncheathrú an Gharda Síochána, suirbhé ar phearsana den Gharda Síochána agus fócasghrúpaí le pearsana baineanna den Gharda Síochána.
8. Fuair an Coimisiún 322 aighneacht scríofa ó eagraíochtaí agus ó dhaoine aonair, lena n-áirítear an Garda Síochána, comhlachtaí póilíneachta, páirtithe polaitíochta, eagraíochtaí (reachtúla agus neamhrialtasacha) um chearta an duine, eagraíochtaí um chearta íospartach, eagraíochtaí pobail agus fóraim phóilíneachta, Comhchoistí Póilíneachta, baill foirne ar seirbhís agus ar scor den Gharda Síochána, cumainn ionadaíochta Gardaí, daoine léinn agus ionadaithe polaitíochta.
9. Leis an tsraith imeachtaí poiblí a reáchtáladh i gCorcaigh, i nGaillimh, i mBaile Átha Luain, i Luimneach, i gCarraig Mhachaire Rois, i gCora Droma Rúisc, i bPort Láirge, i Leitir Ceanainn agus i roinnt láithreacha i mBaile Átha Cliath, cuireadh ar chumas na gcomhaltaí den Choimisiún teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an bpobal ar fud na tíre. Chuir 1,665 bhall foirne san iomlán den Gharda Síochána a dtuairimí faoi thodhchaí na póilíneachta in Éirinn in iúl trí shuirbhé a reáchtáil an Coimisiún i mí an Mhárta 2018. Bhíomar i dteagmháil le pearsana den Gharda Síochána sa chuid is mó de na 28 Rannán den Gharda Síochána.
10. Mar chuid dár n-obair thagarmharcála idirnáisiúnta, thugamar faoi chuirteanna staidéir agus rinneamar teagmháil le seirbhísí póilíní idirnáisiúnta i gcruinnithe déthaobhacha agus le linn comhdhálacha póilíneachta agus acadúla.

- 11.** Tuilleadh sonraí faoin bpróiseas comhairliúcháin, lena léirítear méid na rannpháirtíochta agus lena n-áirítear liosta de na geallsealbhóirí a ndeachamar i dteagmháil leo, tá siad faoi iamh in Iarscríbhinn II. Chomh maith leis sin, táimid ag foilsiú anailís chomhghabhálach ar an bpróiseas comhairliúcháin ar www.policereform.ie.
- 12.** Táimid buíoch de na daoine aonair agus na heagraíochtaí go léir a chomhroinn a dtuairimí agus a saineolas go hoscailte agus de mheon macánta ar fud ár gcuid oibre. An toradh atá ar an dua sin is ea an tuarascáil seo, ina leagtar amach creat nua le haghaidh na póilíneachta, na slándála agus shábháilteacht an phobail mar bhonn eolais faoi thodhchaí na póilíneachta in Éirinn.

			
Kathleen O'Toole	Noeline Blackwell	Johnny Connolly	Vicky Conway
			
Tim Dalton	Peter Fahy	Eddie Molloy	Tonita Murray
			
Donncha O'Connell	Antonio Oftelie	Helen Ryan	

CAIBIDIL A DÓ

AN COMHTHÉACS, AN tATHRÚ AGUS AN DÚSHLÁN

1. Bunaíodh an Coimisiún le linn tréimhse a bhí oiriúnach go háirithe d'athbhreithniú cuimsitheach réamhbhreathnaitheach a dhéanamh. Sa bhliain 2022, ceiliúrfaidh an Garda Síochána céad bliain ó bunaíodh seirbhís póilíní Éireannach nua. Tá sé cuí measúnú bunúsach a dhéanamh ar riachtanais amach anseo de réir mar a théann an phóilíneacht isteach sa dara céad bliain. Le céad bliain anuas in Éirinn agus in áiteanna ar fud an domhain, tá athrú as cuimse tagtha ar chineál na póilíneachta agus ar a bhfuil an pobal ag súil leis ó na póilíní. Tá athrú tagtha ar eagraíocht an Gharda Síochána freisin ach tá sé ceart a cheistiú cé acu atá nó nach bhfuil go leor athraithe tagtha ar an bpóilíneacht in Éirinn agus, rud ba thábhachtaí fós, cén dóigh ar cheart í a éabhlóidiú chun freagairt do na hathruithe a bheidh ann amach anseo sna pobail a bhfreastalaíonn sí orthu.
2. Tá Éire ag dul i ngleic le bagairtí slándála de thionscnamh intíre ón uair a rinneadh stát neamhspleách di, tríd is tríd. Chuaigh sé sin i bhfeidhm ar an bpóilíneacht i mórán bealaí, mar shampla ó thaobh acmhainní, eagrúcháin, oibríochtaí, cultúir, agus formhaoirseachta de. Cé go bhfuil grúpaí paraimíleatacha ina mbagairt shuntasach go fóill, tá an comhthéacs slándála atá ann tar éis Chomhaontú Aoine an Chéasta, 1998, an-difriúil lena raibh ann roimhe sin.
3. Athrú eile is ea fás geilleagrach na hÉireann, go háirithe ó na 1980í i leith, agus ar tháinig borradh faoi ó na 1990í i leith le linn tréimhse ar a dtugtar tréimhse “an Tíogair Cheiltigh”. D’ainneoin na géarchéime airgeadais a thit amach ina dhiaidh sin, is láidir atá treocht fhadtéarmach na forbartha geilleagraí. Geilleagar sárforbartha is ea geilleagar na hÉireann sa lá atá inniu ann. Oibríonn go leor cuideachtaí eachtracha agus ilnáisiúnta in Éirinn agus bhog a lán náisiúnach eachtrach anseo chun gnó a dhéanamh. A lán saoránach Éireannach, a rabhtas ag súil leis san am atá thart go rachadh siad ar imirce, bíonn siad ag fanacht sa tír mar go bhfuil a n-ionchais fostaíochta níos láidre ná a bhíodh siad san am atá thart. Mhéadaigh an daonra faoi 31% san 20 bliain idir Daonáireamh 1996 agus Daonáireamh 2016.³
4. Ón taobh sóisialta de, tá athrú suntasach tagtha ar Éirinn laistigh de thréimhse ghairid. Chuaigh an daonra uirbeach chun tosaigh ar an daonra tuaithe sna 1970í agus is ionann é sa lá atá inniu ann agus dhá dtrian den daonra, i gcomparáid le ceathrú amháin tráth a bunaíodh an Stát. Méadaigh rannpháirtíocht san fhórsa saothair go géar ó na blianta tosaigh de na nóchaidí i leith. Tá limistéir uirbeacha, agus Baile Átha Cliath go háirithe, ina limistéir ilchultúrtha agus is soiléir atá an treocht don saol atá romhainn. Bíonn Éire ag leanúint ar aghaidh ag mealladh mic léinn, daoine gnó agus imirceach ón gcoigríoch. Tá athrú suntasach tagtha ar dhearcthaí i leith nithe pearsanta amhail reiligiún agus claonadh gnéasach. Bíonn an pobal ag éirí níos éagsúla. Ag an am céanna, is ann do neamhionannais thromchúiseacha agus bíonn a lán daoine ag déileáil le bochtaineacht bhuanseasmhach, le heisiámh sóisialta agus le heaspa dídine. Téann gach ceann de na tosca sin i bhfeidhm ar an gcomhthéacs nach mór do phóilíneacht an Stáit oibriú laistigh de.
5. Ós rud é go mbíonn an tír agus a geilleagar ag éirí níos idirnáisiúnta, bíonn ag méadú ar an neamhchosaint atá ann ar ghníomhaíocht choiriúil idirnáisiúnta, lena n-áirítear an choireacht eagraithe, an gháinneáil ar dhruaí, an gháinneáil ar dhaoine, an spaireacht thionsclaíoch agus an chibearchoireacht. Bíonn ag méadú freisin ar an neamhchosaint atá ann ar an gcineál sceimhlitheoireachta a chonacthas i lear tíortha eile le blianta beaga

3 An Phríomh-Oifig Staidrimh: *Daonáireamh 2016* (Iúil 2017).

anuas, lena n-áirítear ionsaithe féinmharaithe agus feithicle. Tá an Garda Síochána san airdeall ar bhagairtí den sórt sin agus ag tabhairt aghaidh orthu cheana féin. Mar sin féin, admhaíonn na póilíní iad féin go bhfuil gá ann le hathrú a dhéanamh ar na dóigheanna a n-eagraítear iad, a gcuirtear acmhainní ar fáil dóibh, a n-oiltear iad agus a dtrealmhaítear iad chun seirbhís atá níos éifeachtaí agus níos cost-éifeachtúla a sholáthar sa timpeallacht póilíneachta nua seo.

6. De réir mar a ullmhaíonn póilíní na hÉireann don dara céad bliain atá siad i mbun oibre, ní hé amháin nach mór dóibh athruithe in Éirinn agus sna bagairtí ó thíortha eile agus ón gcibearspás a chur san áireamh, ach ní mór dóibh freisin cineál athraitheach na póilíneachta í féin a chur san áireamh. Tá bunathrú chun feabhais tagtha ar an bpóilíneacht i roinnt mhaith tíortha mar gur aistríodh an díriú ó dhíriú ar phóilíneacht fhrithghníomhach chuig díriú ar fhadhbhréiteach réamhghníomhach agus ar phóilíneacht thuarthach, ar an gcoireacht a chosc agus ar idirghabháil. Cé go bhfuil tábhacht ag baint le faisnéis le fada an lá, is mó san am i láthair ná am ar bith riamh atá an phóilíneacht faoi thionchar na faisnéise. Príomhriachtanais de sheirbhís nua-aimseartha póilíneachta iad sonraí tráthúla cruinne agus anailísíocht shofaisticiúil sonraí. Tá an Garda Síochána chun deiridh ar a mhacasamhlacha i dtíortha eile ón taobh sin de. Cúis pháirteach leis sin is ea na ciorruithe buiséid a cuireadh chun feidhme le linn an choir chun donais gheilleagraigh. Mar sin féin, is ábhar iontais é i dtír ag a bhfuil pobal óg atá eolach ar an teicneolaíocht agus geilleagar sárghorbartha faisnéise.
7. Is bunaithe ar cheist lárnach atá dúshlán eile a mbíonn sochaithe ar fud an domhain ag dul i ngleic leis, is é sin, cad go díreach ba mhaith linn go ndéanfadh na póilíní? Is é an freagra soiléir ná coireanna a imscrúdú, saol daoine agus maoin a chosaint, agus ord a choinneáil ar bun. Is é fírinne an scéil, áfach, go gcaitheann póilíní in Éirinn agus in áiteanna eile a lán ama ar dhéileáil le fadhbanna sóisialta. Is minic a bhíonn siad ar an túslíne ag tacú leis na daoine is soghonta den tsochaí, amhail daoine a bhfuil riochtaí meabhairshláinte orthu nó a bhfuil fadhbanna mí-úsáide substaintí acu, daoine gan dídean, leanaí agus daoine scothaosta i mbaol, agus na daoine sin atá ag déileáil le bochtaineacht nó le heisiámh sóisialta. Cúis pháirteach amháin leis sin is ea na ciorruithe i seirbhísí nó áiseanna stáit, cúis pháirteach eile is ea scaipeadh an aonaid thraidisiúnta teaghlaigh agus cúis pháirteach eile fós is ea gurb amhlaidh, i roinnt láithreacha, gurb iad na póilíní an t-aon chineál ionadaithe do sheirbhísí poiblí. Ina theannta sin, is dócha, i ngeall le gach láthair, go bhfuil siad i measc an lín bhig seirbhíseach poiblí atá ar dualgas lasmuigh de ghnáthuaireanta oifige.
8. Dá bhrí sin, caitear cuid shuntasach d'am agus acmhainní póilíní túslíne ar ghníomhaíochtaí nach bhfuil bainteach go díreach leis an gcoireacht. Is dúshlán é sin a ndéileálann póilíní ina lán áiteanna leis. Aimsíodh i dtuarascáil a rinneadh sa Ríocht Aontaithe sa bhliain 2015⁴ go raibh riocht sainaitheanta meabhairshláinte ar thart ar thrían amháin de na daoine a bhí i dteagmháil leis na póilíní. Thángthas ar fhionnachtana cosúla i staidéir a rinneadh sna Stáit Aontaithe agus san Astráil freisin. Bíonn daoine den phobal ag iarraidh ar Ghardaí raon leathan gníomhartha cúntachta a dhéanamh. Is amhlaidh sin go háirithe i stáisiúin bheaga Ghardaí i limistéir thuaithe. Níor bhuaileamar le haon Ghardaí ar mhaith leo go ndéarfaí leo nár cheart dóibh an lánrogha a bheith acu cabhair a thabhairt do dhaoine de na pobail a bhfreastalaíonn

⁴ Her Majesty's Inspectorate of Constabulary: *The welfare of vulnerable people in police custody* (Márta 2015).

siad orthu. Bhuaileamar le roinnt mhaith Gardaí, áfach, a bhí den tuairim go rabhthas ag cur raon róleathan cúraimí orthu agus a d'fháilteodh roimh threoir shoiléir faoi cad go díreach ba cheart dóibh a dhéanamh mar chomhaltaí den Gharda Síochána. Léiríodh é sin freisin sna freagraí a thug comhaltaí den Gharda Síochána ar shuirbhé an Choimisiúin.

9. Tugann sé sin linn chuig pointe tábhachtach faoin bpóilíneacht, is é sin nár cheart í a bheith ina freagracht ar an tseirbhís póilíní ina haonar. Is mar choimisiún ar an *bpóilíneacht*, agus ní ar na *póilíní*, a bhunaíomar agus tá an fhoclaíocht sin an-tábhachtach dúinn. Bíonn ról ar leith agus cumhachtaí speisialta ag na póilíní chun an ról sin a chomhlíonadh. Mar sin féin, ní féidir póilíneacht éifeachtach a dhéanamh ach le toiliú agus tacaíocht agus rannpháirtíocht ghníomhach an phobail a bhfreastalaíonn sí air. Ceanglaíodh an iomaí ciall leis an téarma “póilíneacht pobail”. Is é an fhíorchiall atá leis, áfach, ná go bhfuil dea-eolas ag póilíní túslíne ar a bpobail, go bhfuil póilíní túslíne infheicthe agus páirteach sna pobail sin agus go bhforbraíonn siad comhpháirtíochtaí atá measúil go frithpháirteach chun fadhbanna a réiteach agus sábháilteacht an phobail a chinntiú. Ní mór cineálacha ildisciplíneacha éifeachtacha cur chuige a bheith i bhfeidhm idir na póilíní agus gníomhaireachtaí agus seirbhísí poiblí eile ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal áitiúil araon. Chun déanamh amhlaidh, beidh sé riachtanach go nglacfar leo ar fud ardleibhéal an rialtais, i measc ranna atá ina gcuid den chóras ceartais choiriúil agus i measc na ranna go léir a fhreastalaíonn ar dhaoine i mbaol. Beidh sé riachtanach freisin go dtabharfar faoi chomhroinnt faisnéise de chineál nach dtarlaíonn faoi láthair – ar chomhroinnt í a bheadh bunaithe ar leasanna ríthábhachtacha agus sábháilteacht ríthábhachtach na ndaoine lena mbaineann agus lena ngabhann na coimircí riachtanacha go léir le haghaidh cearta an duine a chosaint – mar aon le comhghníomhaíocht atá bunaithe ar an bhfaisnéis chomhroinnte sin. Ar leibhéal áitiúil, ba cheart comhpháirtíochtaí póilíneachta a leathnú chuig comhpháirtithe lasmuigh de ghníomhaireachtaí rialtais chun go n-áireofaí leo an pobal gnó, eagraíochtaí deonacha, grúpaí creidimh, scoileanna agus comhpháirtithe eile a fhéadann cur le sábháilteacht an phobail.
10. Sna caibidlí seo a leanas den tuarascáil seo, breathnaímid ar ról na bpóilíní mar sheirbhís pobail agus ar fhreagracht chomhchoiteann póilíneachta an rialtais agus an phobail. Cuirimid síos ar shamhail le haghaidh póilíneacht pobail – samhail póilíneachta ceantair – don saol atá romhainn. Déanaimid moltaí faoin dóigh ar cheart do ranna rialtais agus do ghníomhaireachtaí rialtais obair le chéile chun an fhreagracht chomhchoiteann atá orthu as an bpobal a choinneáil sábháilte a fheidhmiú. Baineann ríthábhacht le comhpháirtíochtaí ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal áitiúil chun go mbeidh an phóilíneacht, agus í sainmhínithe go leathan, ina freagracht atá ar gach duine agus chun go mbeidh an phóilíneacht ina ní a dhéantar *leis* an bpobal, in ionad í a bheith ina ní a dhéantar *don* phobal.
11. Rinneamar breithniú cúramach ar na hargóintí i bhfabhar an tsocraithe reatha agus ar na hargóintí ina aghaidh. Is socrú é trínar comhcheanglaíodh an tslándáil náisiúnta agus an ghnáthphóilíneacht laistigh den Gharda Síochána go traidisiúnta. Tá buntáistí ag baint leis an bpóilíneacht agus an tslándáil náisiúnta a chomhcheangal san aon eagraíocht amháin. Tá rioscaí ann freisin, áfach, agus is é sin an fáth a roinntear na freagrachtaí i lear stát eile. Molaimid roinnt athruithe chun cineál athraitheach na mbagairtí ar an tír agus na ról atá ag gníomhaireachtaí eile rialtais i slándáil an Stáit a chosaint a chur san áireamh.

- 12.** Bíonn tionchar díreach ag na struchtúir le haghaidh rialachais agus formhaoirseachta ar phóilíneacht éifeachtach a sholáthar. Tá an Garda Síochána cuntasach don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus don Oireachtas agus dá choistí le fada an lá. Cruthaíodh comhlachtaí eile formhaoirseachta le déanaí. Áirítear leo Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (GSOC), Cigireacht an Gharda Síochána, an tÚdarás Póilíneachta, agus roinnt mhaith fiosrúcháin agus binsí a ceapadh chun saincheistanna sonracha a imscrúdú. Cé nár cuireadh roinnt de na heintitis sin faoi shiúl ach le déanaí, is léir gurb amhlaidh, maidir le roinnt na bhfreagrachtaí eatarthu agus leis an idirdhealú idir formhaoirseacht agus bainistíocht nó rialachas laethúil, go mbainfeadh siad leas as soiléiriú. Tagraítear go sonrach i dtéarmaí tagartha an Choimisiúin don ghá atá ann le creat soiléir rialachais agus cuntasachta don dlí agus don phobal, rud a dtacódh struchtúir chomhleanúnacha leis. Ní mór an fhormhaoirseacht a bheith láidir. Cosúil le haon seirbhís phoiblí eile, ní mór do na póilíní bheith cuntasach as a bhfeidhmíocht. Mar an gcéanna, ní mór an chumhacht a thabhairt do Choimisinéir an Gharda Síochána agus don fhoireann ceannaireachta chun an tseirbhís póilíní a threorú agus a bhainistiú go héifeachtach agus níor cheart formhaoirseacht a bheith ina micreabhainistíocht. Ina theannta sin, ba cheart a léiriú sa chaidreamh idir na póilíní agus a gcomhlachtaí formhaoirseachta go bhfuil freagracht chomhchoiteann orthu as seirbhís phoiblí éifeachtach a sholáthar.
- 13.** Tá an Garda Síochána ina ábhar do roinnt mhaith tuarascálacha le blianta beaga anuas, ar tuarascálacha iad a ndearnadh na céadta moladh iontu. D'fhéadfadh go mbeadh deacrachtaí ag eagraíocht ar bith tús áite a thabhairt don oiread sin moltaí agus iad a chur chun feidhme ar bhealach tráthúil, cé gurb amhlaidh nár éirigh leis an nGarda Síochána dul i mbun gnímh go tapa ar lear moltaí tábhachtacha. Ní mór dó córais rialachais inmheánaigh agus bhainistíochta inmheánaí atá feabhsaithe go mór a bheith i bhfeidhm aige ar dhá chúis: chun an t-athrú a chur chun feidhme agus chun úinéireacht a ghlacadh ar threo na heagraíochta póilíní amach anseo.
- 14.** Scrúdaímid struchtúir bhainistíochta agus oibriúcháin na seirbhíse póilíní agus molaimid na hathruithe a theastaíonn le haghaidh seirbhísí póilíneachta a sholáthar ar an mbealach is éifeachtaí. Féachaimid ar mhéid agus comhdhéanamh an Gharda Síochána agus déanaimid moltaí le haghaidh athruithe i dtaca leo sin agus le hearcú, oideachas, foghlaim leanúnach agus forbairt ghairmiúil leanúnach na nGardaí faoi mhionn agus na gcomhghleacaithe leo nach bhfuil faoi mhionn.
- 15.** Níor ghlac an Garda Síochána ach cur chuige treallach i leith na teicneolaíochta san am atá thart. Ní mór dó straitéis chuimsitheach a chur i bhfeidhm le haghaidh a chórais faisnéise digití a uasghrádú, agus í bunaithe ar mheasúnú iomlán ar an bhfaisnéis a theastaíonn uaidh chun seirbhís póilíneachta ar ardchaighdeán a sholáthar agus chun eagraíocht mhór a reáchtáil go héifeachtúil. Téann an easpa reatha faisnéise atá tráthúil, cruinn agus cuimsitheach chun dochair don dá chuspóir sin. Ba cheart bearta feidhmíochta a chur i bhfeidhm chun éifeachtacht na seirbhíse póilíneachta agus éifeachtacht a comhaltaí aonair araon a mheasúnú.
- 16.** Breithnímid cultúr agus éiteas na seirbhíse póilíní agus déanaimid moltaí a bhfuil mar aidhm leo gairmiúlacht na seirbhíse a threisiú, cultúr feabhais leanúnaigh agus nuálaíochta leanúnaí a chothú, agus meas agus comhar na bpobal a bhfreastalaíonn sí orthu a bhreisiú. Tugaimid aghaidh freisin ar na mór-shaincheistanna cultúrtha a théann i bhfeidhm ar an bpóilíneacht agus atá le sonrú lasmuigh den eagraíocht póilíní í féin.
- 17.** Tá stair bhródúil ag an nGarda Síochána agus aithnítear é a bheith ina cholún de Stát na hÉireann. Léirítear arís is arís eile i suirbhéanna tuairimí go bhfuil tacaíocht leathan ag an bpobal dó agus go bhfuil leibhéal iontaobhe atá idir “meánach” agus “ard” aige. Léirítear sna suirbhéanna tuairimí céanna, áfach, go bhfuil leibhéal ísle mhuiníne ann as

an nGarda Síochána mar “seirbhís póilíní den chéad scoth”. Níor roghnaigh ach 43% de fhreagrathair ar shuirbhé a d’fhoilsigh an eagraíocht i mí Lúnasa 2018⁵ an rogha sin. Ina theannta sin, níor mheas ach 43% díobh go bhfuil sé ina “eagraíocht dhea-bhainistithe”. Cheap 61% de dhaoine a ghlac páirt sa suirbhé céanna go raibh an Garda Síochána “éifeachtach maidir le dul i ngleic leis an gcoireacht”.

- 18.** Bunaíodh ár gCoimisiún le linn tréimhse ina raibh an Garda Síochána ina ábhar do roinnt fiosrúcháin agus imscrúduithe ar easnaimh éagsúla agus ar líomhaintí go ndearnadh éagóir. Ní raibh sé mar chúram orainn ról na bhfiosrúcháin sin a dhúbláil ná ár n-anailísí féin a dhéanamh ar fhadhbanna a bhí ann san am atá thart. Ar ndóigh, chinntíomar go bhfuilimid láneolach ar fhiosrúcháin a rinneadh san am atá thart agus ar na tuarascálacha a táirgeadh orthu. Bunaíodh sinn mar Choimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn, áfach, agus is ar an todhchaí amháin a dhíríomar inár gcuid oibre. Is é an aidhm atá lenár moltaí a chinntiú go mbeidh an phóilíneacht sa todhchaí dea-bhainistithe, éifeachtach, éifeachtúil, cothrom, trédhearcach agus cuntasach, ag comhlíonadh chearta an duine agus profa ó thaobh an chomhionannais de. Dá bharr sin, ba cheart go mbeadh gá níos lú ann sa todhchaí leis an gcineál binsí agus fiosrúcháin a chonaiceamar san am atá thart. **Ní éireoidh leis an gcóras mar atá sé ceaptha faoi láthair. Mura ndéantar é a athchóiriú agus a bhunathrú chun feabhais mar a mholaimid, ní athrófar an scéal trí phearsana a athrú agus leanfaidh an iomad fadhb póilíneachta atá ag cur isteach ar an tír, ar a muintir agus ar a polaiteoirí ar aghaidh.**
- 19.** Rinneamar dianiarracht féachaint níos faide ná na hathruithe a breathnaíodh nó atá ar bun cheana féin agus a bhreithniú cén dóigh ar cheart don phóilíneacht ullmhú do na hathruithe atá le teacht fós. Mura ndéanaimid níos mó ná socruithe póilíneachta a choigeartú chun oiriúnú do na cúinsí sa lá atá inniu ann, is cinnte go n-aimseoidimid, i sochaí a aistríonn chomh tapa is a tharlaíonn in Éirinn, go mbeidh sé riachtanach ar ball iarraidh ar choimisiún eile athbhreithniú eile fós a dhéanamh. Dá bhrí sin, rinneamar ár machnamh ar an gcineál athruithe a d’fhéadfadh teacht chun cinn sa ghlúin atá le teacht agus ar conas a d’fhéadfaí cur ar chumas an Gharda Síochána freagairt do na hathruithe sin agus d’athruithe eile nach bhféadfaí a réamh-mheas – is é sin le rá ar shlí eile, conas a d’fhéadfaí cur ar chumas an Gharda Síochána a bheith ina eagraíocht oiriúnaitheach.
- 20.** Meastar go méadóidh an daonra faoi thart ar 25% san fhiche bliain romhainn, ó 4.8 milliún duine go thart ar 6 mhilliún duine. Brúfaidh sé sin fás uirbeach mórsála chun cinn, rud a mbeidh ar na seirbhísí póilíneachta freastal air chun a chinntiú go mbeidh na cathracha agus na bailte ina n-áiteanna sábháilte ináitithe do theaghlaigh agus ina dtimpeallachtaí sábháilte le haghaidh gnó agus infheistíochta. Rachaidh pobal na tíre in aois. Méadóidh an líon daoine os cionn 65 bliana d’aois faoi mhilliún amháin go 26% den daonra faoin mbliain 2051. Beidh geall le 10% den daonra os cionn 80 bliain d’aoi.⁶ De réir treochtaí reatha, fágfaidh sé sin go mbeidh i bhfad níos mó daoine ina gcónaí ina n-aonar agus go bhféadfadh go mbeadh siad níos soghonta. Is dócha freisin go mbeidh an pobal i bhfad níos éagsúla ó thaobh an chultúir de. Leanann próifíl náisiúntachta na himirce isteach ar aghaidh ag athrú. Beidh sé i bhfad níos casta ná a bhí sé san am atá thart iontaoibh a chothú le pobail nua inimirceach agus daoine a earcú ó na pobail sin. Rachaidh na nithe sin go léir i bhfeidhm ar na héilimh ar an bpóilíneacht.

⁵ An Garda Síochána: *Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail, Ráithe 2 de 2018* (Lúnasa 2018).

⁶ An Phríomh-Oifig Staidrimh: *Réamh-mheastacháin Phobail agus Fórsa Saothair* (20 Meitheamh 2018).

- 21.** Fís dhearfach is ea an fhís atá againn do thodhchaí na póilíneachta in Éirinn. Ábhar spreagtha againn is ea bunathrú gasta na tíre chun feabhais agus measaimid go bhfuil Éire ar thús cadhnaíochta sna mórthreochtaí ar domhan ar a lán bealaí – cuireann sí oscailteacht gheilleagrach chun cinn le pobal nuálach forásach, is daonlathas í a thugann aird ar riail an dlí agus ar chearta an duine, agus is tír í atá níos cumasaí ná tíortha eile chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a ghabhann le fás geilleagrach agus déimeagrafach gasta agus le neamhchosaint idirnáisiúnta. Ábhar spreagtha eile againn atá sna daoine cliste díograiseacha tiomnaithe ar bhuaileamar leo i bpóilíneacht na hÉireann agus atá ina oscailte atá siad do smaointe i leith an athraithe. Táimid den tuairim dhaingean gur féidir bunathrú cuimsitheach chun feabhais a bhaint amach agus gur féidir le hÉirinn, agus gur cheart d'Éirinn, seirbhís nua-aimseartha fhíorghairmiúil póilíní a bhfuiltear bródúil aisti a bheith aici, ag obair di i ndlúthchomhar agus go comhoibríoch le pobail agus le gníomhaireachtaí eile chun an tír agus muintir na tíre a chosaint ar dhochar.

CUID A 2

AN PHÓILÍNEACHT AGUS RÓL NA bPÓILÍNÍ

CAIBIDIL A TRÍ CEARTA AN DUINE MAR BHONN LEIS AN bPÓILÍNEACHT

1. Sainítear in Acht an Gharda Síochána 2005⁷ gurb iad seo cuspóirí na seirbhísí póilíneachta agus slándála–
 - (a) an tsíocháin agus an t-ord poiblí a chaomhnú,
 - (b) beatha agus maoin a chosaint,
 - (c) seasamh le cearta daonna gach duine aonair,
 - (d) slándáil an Stáit a chosaint,
 - (e) an choireacht a chosc,
 - (f) coirpigh a thabhairt chun an dlí, lena n-áirítear coireanna a bhrath agus a imscrúdú,
 - (g) trácht ar bhóithre a rialáil agus a rialú agus feabhas a chur ar an tsábháilteacht.
2. Is ceart go liostaítear san Acht gur príomhchuspóir póilíneachta é seasamh le cearta daonna gach duine aonair. Rachaimis níos faide fós. Déarfaimis go bhfuil cearta an duine ar an mbonn leis an bpóilíneacht agus ar an mbonn cirt le seirbhís póilíní a bheith ann. Tá an phóilíneacht ar cheann de na bealaí a chomhlíonann stát na hoibleagáidí atá air cearta bunúsacha an duine a chosaint. Comhlíonann na póilíní ról ríthábhachtach chun go mbeidh saoránaigh in ann leas a bhaint as na cearta atá acu chun maireachtáil saor ó fhoréigean, ó mhí-úsáid agus ón gcoireacht. Cabhraíonn siad freisin le timpeallacht a chaomhnú ina bhféadann daoine maireachtáil saor ó eagla agus leas a bhaint as cearta agus saoirsí eile. Dá bhrí sin, díríonn a ról caomhnóireachta i leith chearta an duine ar dhá ní – ar iompraíochtaí aonair agus ar an mór-chomhthéacs pobail. Ceanglaítear go sonrach ar an nGarda Síochána mar chomhlacht poiblí le dlí na hÉireann an t-idirdhealú a chosc agus an chóir chomhionann agus an comhionannas deise a chur chun cinn do na daoine go léir a soláthraíonn sé seirbhísí dóibh, dá fhostaithe féin agus do dhaoine eile a dtéann a chuid beartas agus gníomhartha i bhfeidhm orthu.⁸

⁷ Alt 7(1) d'Acht an Gharda Síochána 2005.

⁸ Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.

3. Tá na póilíní in áit speisialta maidir le cearta an duine mar go bhfuil an chumhacht acu agus go bhfuil an dualgas orthu cearta daoine aonair a shrianadh ó am go chéile, mar shampla trí dhaoine a ghabháil nó trí iad a stopadh agus a chuardach, cé nach mór dóibh aird iomlán a thabhairt ar na cearta sin ag an am céanna. Is é an bonn cirt le cumhachtaí póilíní ná an mhórfhreagracht atá ar na póilíní as cearta daoine eile a chosaint agus as timpeallacht a chinntiú ina bhfuil gach duine in ann leas a bhaint as a gcearta agus a saoirsí. Níl sé simplí i ngach cás na cumhachtaí sin a fheidhmiú go cuí. Tá lánrogha ag na póilíní go pointe áirithe agus iad ag déileáil leis an bpobal – mar shampla maidir le cé acu a eiseoidh siad rabhadh nó a dhéanfaidh siad beart níos déine. Is minic a bhíonn orthu cinntí doiligh a dhéanamh ar cén uair ba cheart dóibh an lánrogha sin a fheidhmiú agus ar conas ba cheart dóibh déanamh amhlaidh. Is féidir in amanna go dtrasnaítear an líne idir lánrogha inchosanta ar thaobh amháin agus garanna do chairde agus do dhaoine muinteartha nó sairse do dhaoine gustalacha sa tsochaí ar an taobh eile. Chun an líne sin a chaomhnú, ní mór do na póilíní cloí le próisis atá bunaithe ar chearta an duine agus le creataí atá trédhearcach agus cuntasach.
4. Ní mór an phóilíneacht a bheith éifeachtach agus cothrom. Is leis sin a bhaineann dlísteanacht na phóilíneachta agus, dá réir sin, cosaint chearta duine gach duine. Ní mór soiléire agus trédhearcacht a bheith ann maidir le cumhachtaí póilíní agus ní mór cóid chleachtais a bheith ann maidir le conas ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú. Ba cheart an méid sin a bheith bunaithe ar an reachtaíocht. **Molaimid go ndéanfaí reachtaíocht lena sainítear na cumhachtaí póilíní chun daoine a ghabháil, a chuardach agus a choimeád a chódú le cóid reachtúla chleachtais.**⁹
5. Ós rud é go bhfuil cosaint chearta an duine ina cuid dhílis de chuspóir agus misean na phóilíneachta, ní mór í a chomhtháthú isteach i smaointeoireacht, éiteas agus oibríochtaí na heagraíochta póilíní ar gach leibhéal.¹⁰ Ní mór féachaint ar chearta an duine mar phríomhábhar le cur san áireamh agus mar phrionsabal bonn eolais nuair atá beartais phóilíní agus straitéisí póilíní á bhforbairt, nuair atá oibríochtaí á bpleanáil agus á gcur i gníomh agus nuair atá cásanna á dtabhairt chun críche. Ba cheart d'fhoirne ceannais póilíní rochtain a bheith acu ar chomhairle shaineolaíoch chun na gcríoch sin. Ní mór do phóilíní túslíne gníomhú i gcónaí de réir an dlí um chearta an duine, agus dearcadh cothromaithe á ghlacadh acu i leith chearta na ndaoine atá gafa nó faoi choimeád, i leith chearta an phobail i gcoitinne agus i leith chearta na n-íospartach. Is saincheisteanna iad sin a luadh i roinnt aighneachtaí agus tuairimí ó bhéal a tugadh don Choimisiún seo.
6. Chun an méid sin a bhaint amach, molaimid go bhforbródh an **Garda Síochána straitéis chuimsitheach le haghaidh cearta an duine a chomhlíonadh agus a chur chun cinn**, lena n-áirítear gníomhartha intomhaiste, faireachán agus meastóireacht. Ba cheart an soláthar seirbhísí póilíneachta don phobal, mar a gcaitear le gach duine go cothrom

“An phóilíneacht atá bunaithe ar chearta an duine...teastaíonn uaithi fíis nua ar thaobh an Stáit agus na n-ionadaithe tofa, áit a mbreathnaítear ar an bpóilíneacht mar rud atá dírithe go príomha ar dhaoine – agus mar rud lena gcuimsítear cearta na ndaoine a dtéann an phóilíneacht i bhfeidhm orthu agus cearta na ndaoine a sholáthraíonn seirbhísí póilíneachta.”

Aighneacht ó eagraíocht um shaoirsí sibhialta

⁹ Is dócha go mbeidh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí ag iniúchadh an dlí sa réimse seo mar chuid den 5^a Clár Oibre uaidh.

¹⁰ Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas: *Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a Chur i bhFeidhm* (Samhain 2017).

ó thaobh measa agus dínite de, agus bainistiú inmheánach gach duine laistigh den eagraíocht póilíní a chur ar áireamh sa straitéis. **Molaimid go mbunófaí Aonad um Chearta an Duine ar ardleibhéal laistigh den tseirbhís póilíní. Dhéanfadh an t-aonad, a mbeadh saineolas dlíthiúil ar áireamh leis, cur chun feidhme agus faireachán ar an straitéis agus leanfadh sé leis an straitéis a fhorbairt ar mhaithe le cosaint níos fearr fós a sholáthar le haghaidh chearta an duine.** Ba cheart don aonad bheith freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann an Garda Síochána na hoibleagáidí atá ar Éirinn ó thaobh chearta an duine de, lena n-áirítear oibleagáidí dlíthiúla intíre, oibleagáidí an dlí Eorpaigh agus oibleagáidí ó thaobh an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine de. D'fhéadfadh sé tacú le hobair Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas agus le comhpháirtíochtaí san earnáil neamhrialtasach freisin. **Ba cheart don chomhlacht nua um fhorghoirseacht ar an bpóilíneacht a mholfaimid i gCaibidil a Trí Déag (an Coimisiún um Fhorghoirseacht ar an bPóilíneacht agus ar Shábháilteacht an Phobail) comhairleoir um chearta an duine a bheith aige chun cabhrú leis measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh póilíneachta na n-oibleagáidí um chearta an duine.**

7. **Molaimid gur cheart oiliúint i gcearta an duine a bheith ar an bpointe tosaithe den chúrsa d'earcaigh agus ina téama atá le sonrú i ngach gné de. Ba cheart oiliúint inseirbhíse a chur ar gach Garda i nithe chearta an duine ar bhonn tréimhsiúil. Ba cheart na hábhair oiliúna go léir a athbhreithniú agus a oiriúnú chun a chinntiú go mbeidh siad ag teacht leis an dlí um chearta an duine.** Ba cheart do phearsana nach bhfuil faoi mhionn den tseirbhís póilíní go leor tuisceana agus oiliúna a bheith acu chun go mbeidh siad in ann a gcuid oibre a dhéanamh ar bhealach atá ag teacht leis na prionsabail um chearta an duine atá ar an mbonn leis an eagraíocht a n-oibríonn siad di. Is ar an gcúis chéanna a mheasaimid **gur cheart oiliúint i gcearta an duine a chur ar fáil do na comhaltaí de na comhlachtaí rialachais agus fhorghoirseachta póilíneachta.**
8. Mar is féidir a fheiceáil in eispéiris dhona i ndlínsí eile, is táscaire tábhachtach ar a thiomanta atá seirbhís póilíní do chearta an duine a chosaint é an bealach a chaitheann sí le mionlaigh eitneacha agus le mionlaigh eile. Fuaireamar roinnt uiríoll ina leith sin ón Lucht Taistil agus ó mhionlaigh eile in Éirinn. Mar atá luaite thuas, ní mór an phóilíneacht a bheith cothrom do gach duine chun go mbeidh dlisteanacht aici. Ba cheart dlúthfhaireachán a dhéanamh ar fheidhmiú na gcumhachtaí póilíní i dtaca le mionlaigh agus ar an tosaíocht a thugtar do mhionlaigh a chosaint ar dhochar agus d'imscrúdú a dhéanamh ar choireanna a bhfuil an fuath agus an chlaontacht taobh thiar díobh. Ba cheart dearcthaí mionlach a chur ar áireamh san oiliúint a chuirtear ar na póilíní agus ba cheart do na póilíní áitiúla bheith tiomanta do thuiscint a ghnóthú ar na daoine a bhfuil an pobal áitiúil comhdhéanta díobh agus d'obair i gcomhar leo chun sábháilteacht an phobail agus an comhionannas a chur chun cinn. Méadóidh an tábhacht a bhaineann le daoine a earcú ó phobail mhionlaigh, mar a phléimid i gCaibidil a Naoi Déag.
9. Fáiltimid roimh an gCód Eitice¹¹ don Gharda Síochána a glacadh le déanaí. Measaimid gur ní tábhachtach é a bheith mar bhonn agus thaca ag an meas ar chearta an duine. Cé go gceanglaítear ar na Gardaí leis an gCód aird a thabhairt ar chearta an duine, ní chuirtear ceangal sonrath orthu leis gníomhú i gcónaí ar bhealach atá ag teacht le cearta an duine. Ba cheart é a leasú chun go ndéanfaí amhlaidh. Is deas linn a thabhairt faoi deara go bhfuil sé ina rún luaite ag na póilíní an Cód a chomhtháthú isteach i bhfeidhmiú na heagraíochta. Ba cheart don lucht ceannais glacadh leis an gCód agus é "a eispéiriú", ba cheart do gach comhalta é a chur i gcleachtas, ba cheart é a bheith ina chuid den oiliúint i gcearta an duine a chuirtear ar earcaigh nua, bíodh siad ina n-earcaigh faoi mhionn nó ina n-earcaigh nach bhfuil faoi mhionn, agus ba cheart é a chur ar áireamh sna critéir le haghaidh measúnú feidhmíochta agus le haghaidh próisis ardú céime agus sannacháin.

11 An tÚdarás Póilíneachta: *Cód Eitice don Gharda Síochána* (2017).

CAIBIDIL A CEATHAIR

SAINMHÍNIÚ NUA AR AN bPÓILÍNEACHT

1. Cé gurb amhlaidh gurb iad na míreanna atá liostaithe in Acht an Gharda Síochána agus atá luaite sa chaibidil roimhe na dualgais atá ar an nGarda Síochána, ní chumhdaítear go leordhóthanach sa liosta an raon iomlán feidhmeanna a chomhlíonann an tseirbhís. Is díol suntais nach bhfuil tagairt fhollasach ann do dhochar a chosc. Bíonn ag méadú ar an méid a bhíonn na póilíní ag déileáil leis na daoine is soghonta sa tsochaí – is iad sin, na daoine nach bhfuil in ann iad féin a chosaint ar dhochar nó ar dhúshaothrú. Áirítear leo, i measc daoine eile, leanaí nó daoine scothaosta i mbaol, daoine gan dídean, agus daoine atá ag fulaingt riochtaí meabhairshláinte agus fadhbanna mí-úsáide substaintí. I dtuarascáil chomhpháirteach ar ullmhaigh an Coimisiún Meabhair-Shláinte agus an Garda Síochána í sa bhliain 2009¹², tugadh faoi deara gurbh iad na póilíní an t-aon ghníomhaireacht amháin a bhí ar fáil lá agus oíche chun freagairt d'éigeandálaí agus, dá bhrí sin, cuireadh de chúram orthu go “míchothrom” déileáil le géarchéimeanna meabhairshláinte agus le géarchéimeanna sóisialta eile.
2. Is fadhb í sin do na póilíní i roinnt mhaith tíortha. Is dócha go bhfuil sí ar an bhfadhb is práinní do sheirbhísí póilíní ar fud na Stát Aontaithe agus na Ríochta Aontaithe. Is mó go mór an t-am a chaitheann na póilíní ar fhéachaint le daoine soghonta a chosaint ná an t-am a chaitheann siad ar dhéileáil leis an gcoireacht. Aimsíodh i dtuarascáil a ullmhaíodh sa Ríocht Aontaithe go bhfuil teagmhais nach mbaineann leis an gcoireacht freagrach as 83% de na teagmhais thaifeadta ar fad.¹³ Is ionann é sin, tríd is tríd, agus an t-eispéireas sna Stáit Aontaithe. Ní dhearnadh aon staidéir inchomparáide in Éirinn riamh. Is amhlaidh, áfach, go léirítear san fhianaise ó bhéal a fuaireamar go bhfuil an patrún céanna éileamh ann ar am póilíní, tríd is tríd. Tá a lán cúiseanna taobh thiar den fhadhb sin. Áirítear leo eisiámh sóisialta, bochtaineacht bhuanseasmhach, drochphleanáil uirbeach, aonaid teaghlai a bheith níos lú agus níos scaipthe, méadú ar an líon daoine scothaosta, tacaíocht neamhleor do dhaoine a bhfuil riochtaí meabhairshláinte orthu, agus drugaí a bheith ar phraghas íseal agus ar fáil go réidh. Ní dócha go laghdóidh ceann ar bith de na tosca sin sa ghearrthéarma. Dá bhrí sin, caithfidh a bheith ag súil leis go leanfaidh an brú ar na póilíní mar chéad fhreagróirí ar aghaidh agus is dócha go dtiocfaidh méadú air. Ar an mbealach sin, is féidir breathnú ar na póilíní mar thairseach chuig seirbhísí poiblí agus ba cheart iad a threallmhú, a oiliúint agus a eagrú sa dóigh is go mbeidh siad in ann an ról sin a chomhlíonadh go héifeachtach.
3. **Ba cheart cosc an dochair a shainaitheint go follasach mar phríomhchuspóir de chuid na póilíneachta.** Ní hé amháin go mbeadh sé sin ag teacht leis na cúraimí a chomhlíonann na póilíní gach aon lá, ach tá sé ceangailte freisin leis na mórchuspóirí póilíneachta chun an pobal a choinneáil sábháilte, ord a chinntiú, an choireacht a laghdú agus a bhrath, agus seasamh le cearta an duine do chách. Is rómhinic is íospartaigh na coireachta iad daoine sna catagóirí atá liostaithe thuas. Áirítear leo sin mí-úsáid ghnéasach, mí-úsáid fhisiciúil, gáinneáil, dúshaothrú, calaois, stalcaireacht agus ciapadh, agus fuathchoireanna, i measc nithe eile. Má shainaitheintear cosc an dochair mar phríomhchuspóir sonrach de chuid na póilíneachta, mar sin de, cabrófar leis an gcoireacht, an eagla agus an íospairt a laghdú. Cuirfidh sé leis an tsíocháin agus leis an ord poiblí agus déanfaidh sé pobail níos sábháilte ina n-iomláine.
4. Na teicnící riachtanacha freagartha speisialta a theastaíonn i dteagmhais lena mbaineann daoine soghonta a bhféadfadh nach bhfreagróidh siad go maith do ghnáth-idirghabhálacha póilíní, ní mór

12 An Coimisiún Meabhair-Shláinte agus an Garda Síochána: *Tuarascáil an Chomhghrúpa Oibre i leith Póilíní agus Seirbhísí Meabhair-Shláinte* (2009).

13 College of Policing: *College of Policing analysis: Estimating demand on the police service* (2015).

oilíúint iontu a chur ar na póilíní. Ní mór do na póilíní túslíne eolas a bheith acu ar conas cumarsáid a dhéanamh agus freagairt go cuí i gcúinsí den sórt sin. Tá impleachtaí aige sin don oilíúint. Pléifimid iad níos moille sa tuarascáil.

5. Eagraíochtaí agus daoine aonair a chuir aighneachtaí faoi bhráid an Choimisiúin, is cuma cé acu a rinne siad amhlaidh thar ceann pobal nó thar a gceann féin, thug siad samplaí dearfacha de fhreagairtí póilíneachta i roinnt cúinsí. Chuir siad imní in iúl freisin, áfach, faoina chomhsheasmhaí atá na freagairtí ar fud raon cineálacha teagmhais nó coire. Labhair roinnt díobh óna n-eispéireas pearsanta féin agus labhair daoine eile trí thagairt do dheachleachtais a chonacthas in áiteanna eile. Ar na feabhsuithe a d'iarr siad bhí teagmháil níos fearr le híospartaigh na coireachta, cumarsáid níos fearr laistigh den eagraíocht agus le custaiméirí seachtracha, rochtain níos fearr ar fhaisnéis, agus caighdeán níos airde seirbhíse do chustaiméirí. Luaigh roinnt díobh easpa comhsheasmhachta i measc na bpóilíní, mar shampla maidir le déileáil le pobail mhionlaigh agus maidir leis an reachtaíocht um thrácht ar bhóithre a fhorfheidhmiú. Bheadh sé níos oiriúnaí aghaidh a thabhairt ar na cásanna aonair trí shásraí bunaithe gearáin. Bhí roinnt mhaith díobh ann inar leagadh béim ar shaincheisteanna sistéamacha agus ar theastaigh bearta ar an leibhéal eagraíochta ina leith chun caighdeán seirbhíse a threisiú. Is é aidhm na moltaí sa tuarascáil seo feabhas a chur ar na freagairtí póilíneachta go léir, agus iad bunaithe ar oilíúint níos fearr, ar rochtain níos fearr ar fhaisnéis, ar chomhsheasmhacht agus soiléire i bpróisis oibriúcháin, agus ar dhíríú ar sheirbhísí gairmiúla a sholáthar.
6. Ní mór do na póilíní rochtain réidh a bheith acu ar ghníomhaireachtaí poiblí eile agus tacaíocht a fháil uathu agus ní mór dóibh bheith in ann daoine aonair a cheangal go tapa le sainseirbhísí cuí pobail. Ba cheart do ghníomhaireachtaí sláinte agus do ghníomhaireachtaí leasa shóisialaigh go háirithe obair go dlúth leis na póilíní chun daoine soghonta a chosaint agus an choireacht a laghdú. Mura mbíonn comhar den sórt sin ar bun, ní bheifear in ann daoine soghonta a chosaint, a chinntiú nach bhfulaingeoideadh siad an choireacht ná cosc a chur orthu dochar a dhéanamh dóibh féin nó do dhaoine eile. Is amhlaidh ar feadh an chuid is mó ar fad den tseachtain, áfach, go bhfuil na póilíní i measc dornán seirbhísí poiblí a bhíonn ar fáil 24 huair sa lá, seacht lá sa tseachtain. Níor cheart a bheith ag súil leis go gcúiteoidh na póilíní na laigí atá ann i ngníomhaireachtaí eile.
7. Leagtar síos in Acht an Gharda Síochána 2005 go ndéanfaidh na Gardaí “comhoibriú mar is cuí le Ranna, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile Stáit, agus freagracht a bheith orthu faoin dlí as ní ar bith a bhaineann le gné ar bith de” na cuspóirí póilíní atá liostaithe san Acht agus atá luaite i mír a haon de Chaibidil a Trí. Is amhlaidh gur bhunaigh na póilíní comhpháirtíochtaí le gníomhaireachtaí eile chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna cosanta poiblí amhail leanaí soghonta agus mí-úsáid baile. Ina lán cásanna, áfach, níl aon oibleagáid reachtúil shonrach ann ar na gníomhaireachtaí eile sin comhoibriú leis na póilíní maidir le nithe shábháilteacht an phobail. I gcás go bhfuil comhpháirtíochtaí den sórt sin ann, dá bhrí sin, is féidir leo a bheith ag brath ar na daoine aonair lena mbaineann agus ar an gcaidreamh atá siad ábalta a fhorbairt lena macasamhlacha, in ionad oibleagáid shonrach a bheith ann obair le chéile sa tseirbhís phoiblí.
8. **Molaimid gur cheart reachtaíocht nua a bheith ann – mar atá, Acht um Póilíneacht agus Sábháilteacht an Phobail – lena n-athshaineofar an phóilíneacht agus ról na seirbhísí póilíní agus na ngníomhaireachtaí eile stáit i ndochar a chosc.**¹⁴ Chun an tAcht sin a dhréachtú, beidh sé riachtanach dul i gcomhairle le gníomhaireachtaí chun a dhéanamh amach conas is féidir leo go léir obair le chéile chun freastal ar leasanna is fearr na

¹⁴ Ba cheart an Coimisiún um Fhorghaoirseacht ar an bPóilíneacht agus ar Shábháilteacht an Phobail a ndéantar cur síos air i gCaibidil 13 a bhunú leis an Acht seo agus ba cheart moltaí eile sa tuarascáil seo a n-éilítear reachtaíocht ina leith a chuimsiú san Acht freisin.

ndaoinne i mbaol agus an phobail ina iomláine. Sa chomhthéacs sin, tugaimid faoi deara go bhfuil reachtaíocht á forbairt in Éirinn faoi láthair chun cur ar chumas na bpóilíní “foirne measúnaithe” ilghníomhaireachta a thionól chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a chruthaíonn ciontóirí gnéis. Bheadh na foirne a bheartaítear sa reachtaíocht nua sin comhdhéanta d’ionadaithe ón nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus ón tSeirbhís Phromhaidh agus ó eagraíochtaí eile. Bheadh ceangal orthu freisin an fhaisnéis ábhartha ar fad atá ina seilbh a chomhroinnt. Is é sin an cineál comhair phraiticiúil ilghníomhaireachta a bheartaímid chun cabhrú le dochar a laghdú do dhaoine i mbaol.

9. **Molaimid freisin gur cheart do ranna, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile a bhfuil feidhm acu sa phóilíneacht, i sábháilteacht an phobail agus i gcosc an dochair Comhphleananna Straitéiseacha a fhorbairt leis an nGarda Síochána agus gur cheart iad a chur faoi bhráid an Choiste Comh-aireachta um Dhlí agus Ceart agus Comhionannas gach bliain.**
10. **Molaimid freisin gur cheart go leor acmhainní a chur ar fáil do sheirbhísí sláinte agus sóisialta chun go mbeidh siad in ann comhlíonadh a dhéanamh ar na freagrachtaí atá orthu as cabhrú le sábháilteacht an phobail a mhéadú agus le dochar a chosc, lena n-áirítear acmhainn chun déileáil le héigeandálaí lasmuigh de ghnáthuaireanta oifige.**
11. Tá samplaí ann i gcathracha in Éirinn de chineálacha struchtúrtha cur chuige idirghníomhaireachta a bheith á nglacadh i leith na póilíneachta, an cheartais agus shábháilteacht an phobail ar leibhéal áitiúil. Le linn cruinnithe le pobail áitiúla agus le hoifigigh i Luimneach, chonaic na comhaltaí den Choimisiún gur tugadh páirt fhollasach i straitéis fhadtéarmach póilíneachta an Phlean Cur Chun Feidhme um Chreat Athghiniúna Luimnigh¹⁵ do chomhar foirmiúil agus neamhfhoirmiúil idirghníomhaireachta. Is féidir a fheiceáil san anailís a rinneadh i ndlínsí eile go maireann líon measartha beag teaghlach agus daoine aonair agus iad ag déileáil le fadhbanna éagsúla agus go mbíonn siad freagrach as méid díréireach oibre ar fud roinnt gníomhaireachtaí poiblí. Is gnách, dá bhrí sin, go n-oibríonn póilíní, oibríthe sóisialta, baill foirne údarais áitiúil agus gníomhaireachtaí eile le chéile i bhfoirne comhtháite, agus úsáid á baint acu as faisnéis chomhpháirteach agus as straitéisí comhpháirteacha chun fadhbanna a réiteach agus chun tacú leis na daoine sin is mó gá.
12. Sa tuarascáil chomhpháirteach ón gCoimisiún Meabhair-Shláinte agus ón nGarda Síochána a foilsíodh sa bhliain 2009¹⁶, moladh go mbunófaí Foirne Idirghabhála Géarchéime. Is foirne iad a forbraíodh i roinnt tíortha eile dlí choitinn le 30 bliain anuas agus a bhfuil ag éirí go geal leo. I bhFoirne Idirghabhála Géarchéime, comhcheanglaítear póilíní le hoibríthe sláinte agus sóisialta atá ar dualgas lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre agus atá in ann freagairt am ar bith. Is cúis aiféala nár cuireadh an moladh sin chun feidhme go fóill, naoi mbliana tar éis a dhéanta. **Ba cheart Foirne Idirghabhála Géarchéime a bhunú anois ar leibhéal rannáin agus ba cheart an acmhainn a bheith acu freagairt a thabhairt ar fud an lae chun freastal ar gach cuid den tír.** Ba cheart do na foirne bheith comhdhéanta de phóilíní, d’oibríthe meabhairshláinte, d’oibríthe mí-úsáid substaintí, d’oibríthe seirbhísí do leanaí agus d’oibríthe sóisialta eile a bhfuil an-aithne acu ar a bpobail agus ar na daoine leochaileacha a chónaíonn istigh iontu. Ba cheart dóibh rochtain réidh a bheith acu ar stór comhchoiteann faisnéise faoi na daoine a dteastaíonn a seirbhísí uathu chun go mbeifear in ann bearta agus idirghabhálacha a dhéanamh go tapa nuair is gá agus ar bhonn dea-eolasach.
13. Ní mór comhroinnt éifeachtúil faisnéise a bheith mar bhonn agus thaca ag an gcomhar idir na póilíní agus gníomhaireachtaí poiblí eile, amhail an Roinn Sláinte, an Roinn Coimirce Shóisialaí agus Tusla, an ghníomhaireacht um leanaí agus an teaghlach. Bhreathnaíomar cheana féin gur neamhleor ar fad atá na córais faisnéise laistigh den Gharda Síochána. Pléimid é sin

15 Ar fáil ag <https://www.limerick.ie/council/services/housing/regeneration/limerick-regeneration-framework-implementation-plan>.

16 An Coimisiún Meabhair-Shláinte agus an Garda Síochána: *Tuarascáil an Chomhghrúpa Oibre i leith Póilíní agus Seirbhísí Meabhair-Shláinte* (2009).

níos moille sa tuarascáil seo ar bhealach níos mine. Is amhlaidh freisin go bhfuil beagán comhroinnt faisnéise ar bun idir na póilíní agus gníomhaireachtaí eile, fiú i gcás gurb ann do mheabhráin tuisceana lena mbaineann comhar eatarthu. Is féidir gur cúis pháirteach leis sin í an easpa dea-theicneolaíocht faisnéise atá ar fáil chun comhroinnt den sórt sin a éascú. Mar sin féin, bhraitheamar gurb ann d'easpa tola, nó d'easpa instincte ar a laghad, maidir le faisnéis a chomhroinnt idir gníomhaireachtaí. Is cosúil nach bhfuil na póilíní ina n-aonar drogallach déanamh amhlaidh. Tá an chuma air go bhfuil gníomhaireachtaí drogallach faisnéis a chomhroinnt freisin. Ní mór an scéal sin a athrú. Dearbhphrionsabal lárnach den tuarascáil seo is ea nach bhfuil an phóilíneacht ina ní a dhéanann na póilíní ina n-aonar. Is freagracht í atá ar an bpobal agus ar an rialtas ar fad freisin. Na fadhbanna a bhaineann le soghontacht agus an dúshlán a chruthaíonn siad do shábháilteacht an phobail, tá siad de chineál a fhágann nach mór cur chuige trasrialtais a ghlacadh.

- 14. Teastaíonn dlúthchomhar idir seirbhísí sóisialta éigeandála agus na póilíní ar leibhéal rannáin chun seirbhísí sábháilte éifeachtacha a sholáthar do dhaoine i mbaol agus ba cheart comhlonnú a bhreithniú nuair is cuí.** Cé go bhfuil comhthéacs difriúil ag baint leis, tá an Biúró um Shócmhainní Coiriúla laistigh den Gharda Síochána ina eiseamláir den dóigh a bhféadann gníomhaireachtaí obair le chéile go rathúil nuair atá siad comhlonnaithe. Ní fheicimid aon chúis ar bith nach bhféadfaí é sin a dhéanamh le seirbhísí sóisialta freisin, faoi réir na gcoimircí cuí a bheith i bhfeidhm. Go deimhin, aimsíodh san eispéireas in áiteanna eile go bhfuil foirne comhtháite atá ag obair i gcóiríocht chomhroinnte in ann iontaoibh a chothú agus cuspóir comhchoiteann a fhorbairt chun díriú ar na daoine aonair agus na teaghlaigh atá sa bhaol is mó. Gnóthaíonn baill foirne ó ghníomhaireachtaí difriúla tuiscint ar na brúnna atá ar na gníomhaireachtaí eile agus na hábhair imní atá acu. Chomh maith leis sin, gnóthaíonn siad tuiscint níos fearr ar na dúshláin shóisialta a mbíonn siad go léir ag dul i ngleic leo.¹⁷ Níor cheart do na póilíní go léir obair i bhfoirne den sórt sin. Mar sin féin, beidh na póilíní sin a dhéileáilann le saincheisteanna cosanta poiblí agus le daoine i mbaol seirbhís i bhfad níos fearr a sholáthar má dhéanann siad amhlaidh. Beidh sé amhlaidh nár mhaith le roinnt daoine labhairt le foireann a bhfuil póilíní ar áireamh inti. I gcásanna den sórt sin, beifear in ann socrúithe malartacha a dhéanamh.
- 15.** Mar a d'inis oifigeach sinsearach amháin dúinn: "is é atá i gceist le dea-obair idirghníomhaireachta ná cumhacht agus airgead a ghéilleadh chun cuspóir comhchoiteann a bhaint amach". Chuige sin, tá sé ríthábhachtach gur ar na leibhéil is airde den rialtas a ghlacfar le cur chuige trasrialtais i leith na póilíneachta. **Molaimid, dá bhrí sin, gur cheart don Choiste Comh-aireachta atá freagrach as nithe ceartais, a bhfuil an Taoiseach ar an gcathaoirleach air agus atá comhdhéanta den Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, na hAíréir ábhartha eile a bhfuil freagrachtaí orthu as sábháilteacht an phobail agus Coimisinéir an Gharda Síochána, dhá chruinniú ar a laghad sa bhliain a reáchtáil a bpléifí sábháilteacht an phobail lena linn.** Ba é an cuspóir taobh thiar de ná cur chuige cuimsitheach rialtais a chruthú i leith fadhbanna amhail sábháilteacht an phobail, laghdú na coireachta agus cosaint daoine soghonta go háirithe, agus a chinntiú go mbíonn gníomhaireachtaí rialtais ag comhoibriú lena chéile go héifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna sin. Rud tábhachtach, léireodh sé freisin go meastar an phóilíneacht a bheith ina freagracht chomhchoiteann ar an leibhéal is airde agus nach ionann í agus cúram atá ar na póilíní agus ar an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais amháin. Níos moille sa tuarascáil seo, molaimid sásraí chun cur chun cinn a dhéanamh ar chomhar ilghníomhaireachta den sórt sin i dtaca le sábháilteacht an phobail.¹⁸

¹⁷ Mar shampla, an grúpa stiúrtha um Measúnú agus Bainistíocht Riosca Ciontóirí Gnéis (SORAM), ar grúpa é atá comhdhéanta d'ionadaithe ón nGarda Síochána, ón tSeirbhís Phromhaidh, ón nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla), ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, ó Cosc, ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus ó Rannóga Tithíochta Údarás Áitiúil. <https://www.garda.ie/en/About-Us/Specialist-Units/Garda-National-Protective-Services-Bureau-GNPSB-/Sex-Offender-Risk-Assessment-and-Management-SORAM/>

¹⁸ Féach Caibidil 13.

CAIBIDIL A CÚIG

SAMHAIL NUA PÓILÍNEACHTA CEANTAIR

1. Tá an Garda Síochána bródúil as a thraidisiún mar sheirbhís póilíní pobail agus, mar a léiríodh san iniúchadh ar chultúr a rinneadh sa bhliain 2018¹⁹, breathnaíonn Gardaí orthu féin mar phóilíní pobail. Léiríodh é sin i suirbhé an Choimisiúin freisin. Tá a lán Gardaí den chéad scoth ann a bhfuil an-aithne acu ar a bpobail agus a dhéanann jab sármhaith. Is léir, áfach, go bhfuil an córas póilíneachta pobail ina iomláine faoi bhrú. Níl struchtúr na heagraíochta póilíní ná cleachtais na heagraíochta ag tacú leis an íomhá atá aici di féin mar sheirbhís póilíní pobail. Bíonn Gardaí túslíne ina lán áiteanna sa tír ag gearán go dtugtar easpa tacaíochta dóibh. Tá laghdú suntasach tagtha ar a líon foirne agus is minic a thógtar amach iad ó phóilíneacht túslíne chun dualgais eile a chomhlíonadh. Áirítear leo fiú imscrúduithe coireachta tromchúisí ar cheart do speisialtóirí iad a dhéanamh. Tá póilíní túslíne den tuairim nach bhfaigheann siad aitheantas ceart. Is minic a roghnaíonn na póilíní sin atá ar lorg ardú céime dul isteach i sainréimsí agus obair sa phobal a fhágáil ina ndiaidh. Chuir pobail fud fad na tíre in iúl don Choimisiún seo go bhfuil an phóilíneacht pobail an-tábhachtach dóibh. Rinne roinnt mhaith daoine gearán go bhfuil infheictheacht agus leanúnachas na bpóilíní pobail in easnamh agus chuir a lán daoine in iúl dúinn in aighneachtaí nó i gcruinnithe poiblí nach raibh aithne acu a thuilleadh ar a bpóilíní pobail áitiúil.
2. Baintear úsáid as an téarma “póilíneacht pobail” ina lán bealaí difriúla. Sa tuarascáil seo, bainimid úsáid as an téarma “póilíneacht ceantair”. Measaimid é a bheith ar an téarma is oiriúnaí do chúinsí na hÉireann agus don tsamhail nua a mholaimid. Sa choincheap reatha, is cineál sainghníomhaíochta é “póilíneacht pobail”. Is ainmnithe mar phóilíní pobail atá 10%, a bheag nó a mhór, de Ghardaí i gceantar ar leith. Measaimid gurb í an phóilíneacht ceantair cnámh droma obair na bpóilíní agus mhisean na bpóilíní. **Inár samhail nua póilíneachta ceantair,²⁰ ba cheart na pearsana go léir den tseirbhís póilíní ar leibhéal ceantair, bíodh siad ina gcomhaltaí faoi mhionn nó ina gcomhaltaí nach bhfuil faoi mhionn, a mheas a bheith ina bpóilíní pobail.** Beidh roinnt díobh ag freagairt do ghlaonna nó d'éigeandálaí, agus beidh roinnt díobh ag díriú ar fhadhbanna fadtéarmacha a réiteach. Is ar leithligh atá na gníomhaíochtaí ‘freagartha’ agus ‘fadtéarmacha’ agus teastaíonn scileanna difriúla ina leith. Mar sin féin, ba cheart breathnú orthu mar chodanna de straitéis chomhtháite um an bpóilíneacht ceantair. Na póilíní atá ag freagairt do ghlaó díshocraíochta baile, mar shampla, ba cheart dóibh obair i ndlúthchomhar lena gcomhghleacaithe ceantair, a bhfuil de dhualgas orthu aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb leis an teaghlach i gceist don fhadtéarma. **Ba cheart do gach duine díobh breathnú orthu féin mar chuid d’fhoireann aonair póilíneachta ceantair atá ag obair ar son a bpobail a choinneáil sábháilte. Ba cheart do gach duine díobh a mheas gurb é an fheidhm chomhchoiteann uileghabhálach atá acu ná fadhbanna a théann i bhfeidhm ar shábháilteacht an phobail sa cheantar a réiteach.**
3. **Ba cheart do phóilíní ceantair bheith inniúil i ndéileáil leis an gcuid is mó d’éilimh laethúla póilíneachta ina n-aonar agus ba cheart cumhacht agus go leor acmhainní a thabhairt dóibh chun go mbeidh siad in ann déanamh amhlaidh.** In amanna, áfach,

“Ba mhaith leis an bpobal, agus teastaíonn ón bpobal, sinn a fheiceáil chun go mothóidh siad sábháilte.”

Sliocht ó chomhalta ar seirbhís den Gharda Síochána

¹⁹ Féach Caibidil 22.

²⁰ An tsamhail nua póilíneachta ceantair a mholann an Coimisiún, tá sí ina cuid de struchtúr foriomlán nua don Gharda Síochána a thugann tús áite do sheirbhís don phobal. Déantar cur síos ar an struchtúr sin i gCaibidil 17.

beidh orthu iarraidh ar shainaonaid phóilíní ó áiteanna lasmuigh den cheantar, agus ar leibhéal rannáin de ghnáth, cabhair a thabhairt chun déileáil le dúshlán ar leith. Tá cosúlacht gharbh ann anseo le gairm na míochaine. Cosúil le liachleachtóirí ginearálta, atá freagrach as sláinte ghinearálta a n-othar, ba cheart do phóilíní ceantair bheith freagrach as sábháilteacht agus cosaint chearta na gcónaitheoirí ina bpobal. Ba cheart dóibh an-aithne a bheith acu ar a bpobail, tuiscint a bheith acu ar na bagairtí ar shábháilteacht an phobail agus obair chun an choireacht a laghdú, chun sábháilteacht agus cearta an duine a chur chun cinn, agus chun daoine a chosaint ar dhochar. Is obair fhadtéarmach í sin a n-éilítear comhpháirtíochtaí láidre comhoibríocha le grúpaí pobail agus le hinstitiúidí pobail ina leith. Éilítear léi freisin leanúnachas seirbhíse sa cheantar mar aon le hinfheictheacht agus inrochtaineacht do na pobail a bhfreastalaíonn siad orthu.

“Na comhaltaí den Gharda Síochána a bhfuil baint acu le póilíneacht shráidbhunaithe a threorú nó a sholáthar, ba cheart tacú leo na dúshlán a mbíonn an pobal ar leith ina n-oibríonn siad ag dul i ngleic leo a thuiscint, déileáil leo agus cur chuige comhoibríoch a ghlacadh i leith aghaidh a thabhairt orthu.”

Aighneacht ó eagraíocht pobail

4. Ba cheart do na póilíní ceantair imscrúdú a dhéanamh ar ghnáthchoireanna freisin. Níor cheart dóibh, áfach, imscrúdú a dhéanamh ar na coireanna sin nach mór do speisialtóirí déileáil leo, lena n-áirítear dúnmharú, éigniú agus ionsaithe gnéasacha tromchúiseacha, mangaireacht drugaí ar mhórsála, coireacht eagraithe nó calaois thromchúiseach. Mar a tharlaíonn i ngairm na míochaine i gcás nach mór do liachleachtóir ginearálta othar a atreorú chuig speisialtóir nó chuig lia comhairleach in amanna, ba cheart do na póilíní ceantair cásanna tromchúiseacha casta a atreorú chuig bleachtairí nó chuig sainaonaid eile de réir mar is cuí. Níor cheart iad a ghlacadh amach ón bpóilíneacht pobail túslíne chun obair ar mhór-imscrúdú, mar a tharlaíonn faoi láthair. Ní mór, áfach, breathnú ar na sainaonaid sin mar thaca leis na Gardaí túslíne agus ní mar aonad atá os a gcionn. Cé go bhfuil saineolas acu ar shainréimse, is é an cúram atá orthu sa chás sin ná freagairt shonrach théarmatheoranta a thabhairt do choir sa phobal. Tá freagracht ar na póilíní ceantair túslíne fós as sábháilteacht fhadtéarmach an phobail sin, áit a bhféadfadh an t-íospartach nó déantóir na coire, nó daoine muinteartha leis, cónaí ann fós. Tá sé tábhachtach go dtuairiscítear na sonraí ábhartha go léir faoi idirghabhálacha speisialtóirí ar ais do na póilíní ceantair tríd an eolas is deireanaí ar dhul chun cinn a thabhairt le linn imscrúdaithe agus trí thuarascálacha clabhsúir deiridh a sholáthar, atá ag teacht leis an ngá atá le torthaí foriomlána níos fearr a sholáthar, agus aird chúí á tabhairt ar phrótacaíl stuama chomhroinnte faisnéise.
5. **Ba cheart struchtúr na seirbhíse póilíní a dhearadh agus an tsamhail nua póilíneachta ceantair seo a chur san áireamh mar chuid dhílis de, áit a bhfaighidh ceantair túslíne tacaíocht ó shainseirbhísí agus ó sheirbhísí riaracháin ón leibhéal rannáin.** Ba cheart do gach foireann póilíneachta ceantair túslíne bheith mór go leor chun seirbhís pobail iomlán a sholáthar. Ba cheart pearsana faoi mhionn agus pearsana nach bhfuil faoi mhionn, a bhfuil meascán scileanna acu is leor chun déileáil leis an ngnáthraon saincheisteanna a mbíonn na póilíní ag plé leo a bheith ar áireamh léi chun nach mbeidh ach beagán gá ann le dul i muinín sainaonaid rannáin nó náisiúnta. Pléimid an struchtúr ar bhealach níos mine i gCaibidil a Seacht Déag.
6. **Ba cheart do gach ceannasaí ceantair obair go comhoibríoch leis na struchtúir phóilíneachta áitiúla agus le príomhghrúpaí eile pobail chun pleananna póilíneachta ceantair a fhorbairt.** Chun go mbeadh siad comhoibríoch dáiríre, ba cheart na geallsealbhóirí ábhartha go léir a shainaithe sna pleananna sin agus ba cheart a chinntiú iontu go dtabharfar eolas cuí do phobail áitiúla, go bpléifear na tograí go leordhóthanach agus go mbeidh baint ag rannpháirtithe áitiúla leis na pleananna a ullmhú, a chur chun feidhme agus a mheas. Ba cheart aird iomlán a thabhairt iontu ar ábhair imní agus tosaíochtaí maidir le sábháilteacht an phobail áitiúil. Ba cheart iad a chur san áireamh

freisin sna Pleananna Póilíneachta Bliantúla a dhréachtaíonn foireann Cheanncheathrú an Gharda Síochána.²¹ **Ba cheart do cheannasaithe ceantair méid ard údaráis tharmligthe a bheith acu cinntí a dhéanamh agus ba cheart dóibh bheith cuntasach dá n-oifigigh uachtaracha as a bhfeidhmíocht i gcomparáid leis na cuspóirí ina bpleananna póilíneachta.** Beidh maoirseacht níos láidre ag teastáil chun údarás cinnteoireachta níos mó a chur i bhfeidhm ar leibhéal an cheantair áitiúil. San am i láthair, ní ann sna ceantair do go leor sáirsintí agus cigirí a bhfuil an oiliúint chuí acu agus **molaimid go n-implonófaí líon suntasach sáirsintí agus cigirí chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna sin sa mhairseacht ar an bpóilíneacht túslíne**

7. Tá comhpháirtíochtaí leibhéil áitiúil ina gcuid dhílis de phóilíneacht leis an bpobal. Labhraíomar faoin ngá atá ann le comhpháirtíochtaí idir na póilíní agus gníomhaireachtaí poiblí eile. Ar leibhéal an phobail, ba cheart do na comhpháirtíochtaí atá ag teastáil le haghaidh póilíneacht éifeachtach dul níos faide fós. Beidh siad difriúil i bpobail áitiúla dhifriúla freisin. Aireofar leo: eagraíochtaí pobail agus deonacha; eagraíochtaí neamhrialtasacha; grúpaí tacaíochta do theaghlaigh; grúpaí óige; cumainn spóirt; cumainn feirmeoirí; gnóthais; scoileanna agus coláistí; eagraíochtaí creidimh; grúpaí tacaíochta d'íospartaigh; ionaid chóireála mí-úsáid substaintí – grúpa ar bith a fhéadann rannchuidiú le sábháilteacht an phobail, le cosaint a thabhairt do dhaoine soghonta agus le tuiscint na bpóilíní a mhéadú ar riachtanais agus tosaíochtaí an phobail. Níor cheart do na póilíní amháin an oibleagáid comhoibriú ar shábháilteacht an phobail a leagan. Ba cheart do gheallsealbhóirí eile í a leagan freisin. Ba cheart don earnáil phríobháideach go háirithe páirt níos gníomhaí a ghlacadh i nithe shábháilteacht an phobail.
8. I roinnt cásanna, beidh ar na póilíní iarracht speisialta a dhéanamh obair le daoine a bhféadfadh nach mbeadh fonn orthu páirt a ghlacadh ann go deonach mar thoradh ar imeallú ach a bhfuil a dtuairimí tábhachtach chun críche tuiscint iomlán a ghnóthú ar ábhair imní maidir le sábháilteacht an phobail. Dá mhéad an pháirt a ghlacann na póilíní in eagraíochtaí pobail, is amhlaidh is mó an aithne atá acu ar a bpobal agus is fearr an cumas atá acu chun é a choinneáil sábháilte. Táimid eolach ar a lán chásanna ina bhfuil tionchar á imirt sa tslí sin ag comhaltáí aonair den Gharda Síochána ar a dtionscnamh féin.
9. Tá meas agus gean ag pobail fud fad na tíre ar an nGarda Síochána. Tá dearcadh braite ann freisin laistigh de na póilíní, áfach, go bhfuil siad scartha ón bpobal ar roinnt bealaí, in ionad iad a bheith mar chuid de. Déanfaimid tuilleadh plé ar an ábhar sin i gCaibidil Fiche is a Dó, lena mbaineann cultúr póilíní. Is é an príomhphointe anois ná nár cheart an dearcadh sin a bheith ann sa phóilíneacht ceantair agus i gcomhpháirtíochtaí a chothú leis an bpobal. Ba cheart do chomhpháirtíochtaí den sórt sin a bheith ina gcomhpháirtíochtaí lena mbaineann rannpháirtíocht bharántúil agus níor cheart dóibh a bheith ina naisc a lorgaítear nuair is gá. Ní mór dóibh a bheith ina gcaidreamh leantach ina malartaítear faisnéis, smaointe agus cúnaimh go frithpháirteach.
10. **Ba cheart é a bheith riachtanach i ngach ceantar den Gharda Síochána comhpháirtíochtaí dílse pobail a chothú. Ba cheart measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht na nGardaí ina leith sin, agus ba cheart í a chur san áireamh agus sannacháin agus arduithe céime á gcinneadh.** Ba cheart eiseamláirí de dhea-chleachtas i gcomhpháirtíochtaí póilíneachta a chomhroinnt ar fud na seirbhíse póilíní. Dea-eiseamláir is ea Fóram Póilíneachta Pobail na Lárchathrach Thoir Thuaidh. Tá sé ag cabhrú le haghaidh a thabhairt ar fhadhbanna sa chaidreamh idir na póilíní agus an pobal agus tá sé ag léiriú go bhfuil an pobal toilteanach obair leis na póilíní i gcúinsí deacra.²²

21 Féach Caibidil 13, áit a bpléitear Comhchoistí Póilíneachta agus fóraim phóilíneachta áitiúla agus an dóigh a dtacóidh an Coimisiún nua um Fhormhaoirseacht ar an bPóilíneacht agus ar Shábháilteacht an Phobail leo, ar Coimisiún é a rachfar i gcomhairle leis faoi Phleananna Póilíneachta Bliantúla an Gharda Síochána.

22 dTuarascáil Mulvey – *Sracphlean um Athghiniúint Shóisialta agus Eacnamaíoch Lárchathair Thoir Thuaidh Bhaile Átha Cliath* – tugadh rath an Fhórait faoi deara agus moladh go leanfadh sé ar aghaidh ag comhlíonadh ról lárnach i bhfeabhas a chur ar cháilíocht na póilíneachta sa limistéar agus go háirithe ina chinntiú go nglacfaidh an pobal páirt san obair sin. “Is é an aidhm atá leis sin a chinntiú go gcuirfear ábhair imní an phobail san áireamh agus go n-oibreoidh an pobal leis na húdarais chun an tionchar a mheas agus chun réitigh nua a cheapadh ar na fadhbanna sistéamacha is cúis le hardmhínicíocht na coireachta sa limistéar.”

CAIBIDIL A SÉ

AN CHOIREACTH

AN CHOIREACTH AGUS AN EAGLA ROIMH AN gCOIREACTH

- Cuspóirí lárnacha de chuid na seirbhíse póilíní is ea an choireacht a laghdú, a bhrath agus a imscrúdú. Is iad na póilíní an phríomhghníomhaireacht atá freagrach as déileáil leis an gcoireacht. Cuspóirí eile atá liostaithe sa reachtaíocht reatha, mar atá an tsíocháin agus an t-ord poiblí a chaomhnú agus beatha agus maoin a chosaint, tá siad dlúthcheangailte le bagairt na coireachta. Bíonn cineál na coireachta ag athrú in Éirinn agus in áiteanna eile. Leanann coireanna éadálacha traidisiúnta amhail gadaíocht agus robáil ar aghaidh ag éileamh aird na bpóilíní agus teastaíonn infheictheacht i bpobail ina leith. Is céatadán méadaitheach de theagmhais thaifeadta iad fuathchoireanna, an dúshaothrú gnéasach agus cionta neamhéadálacha eile, áfach. Baineann a lán dúshlán leis an gcoireacht a imscrúdú agus a bhrath ar fud roinnt dlínsí. De bhreis air sin, tá an chibearchoireacht, a chuimsíonn raon leathan cineálacha difriúla, ina modh nua chun coireanna a dhéanamh, bíodh siad ina gcoireanna éadálacha nó ná bíodh, agus cruthaíonn sí sraith nua dúshlán ó thaobh na cosanta agus an bhraite de.
- Tá fadhbanna ann le staitisticí coireachta na hÉireann, rud a phléimid thíos. Tá sé doiligh a rá go muiníneach, mar sin de, cén leibhéal coireachta atá ann. D'éisteamar le hábhair imní faoin gcoireacht sna háiteanna go léir inar reáchtálar comhairliúcháin, áfach. Áiríodh leo limistéir uirbeacha agus limistéir thuaithe araon. Tá an eagla roimh an gcoireacht, rud a bhíonn níos mó ná réaltacht na coireachta go minic, ina ní tromchúiseach inti féin a dhéanann an-dochar do cháilíocht na beatha. Tháingamar ar lear samplaí inar gcomhairliúcháin phoiblí de phobail agus daoine aonair atá ag maireachtáil agus an iomarca eagla roimh an gcoireacht orthu.
- Is é an toradh a bheidh ar an tsamhail nua póilíneachta ceantair, rud a mholamar i gCaibidil a Cúig, ná go mbeidh méadú ann in infheictheacht, rannpháirtíocht agus inrochtaineacht na bpóilíní. Cabhróidh sé sin le haghaidh a thabhairt ar an eagla roimh an gcoireacht. Cabhróidh sé freisin leis an gcoireacht a laghdú trí aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na coireachta agus trí obair i ndlúthchomhar leis an bpobal chun fadhbanna a réiteach. Ba cheart do na póilíní ceantair rochtain fíor-ama a bheith acu ar shonraí coireachta agus ar fhaisnéis faoi ábhair imní an phobail. Ba cheart dóibh muintir na háite a choinneáil ar an eolas faoi shaincheisteanna shábháilteacht an phobail agus ba cheart dóibh obair leo go réamhghníomhach chun fadhbanna a réiteach a théann i bhfeidhm ar an gcoireacht agus ar bhraistint na coireachta, rud as a dtiocfadh laghdú sa choireacht agus muinín níos láidre as sábháilteacht an phobail. Tá na póilíní túslíne ina bhfoinse ríthábhachtach faisnéise faoin gcoireacht, faoin eagla roimh an gcoireacht agus faoi na leochaileachtaí sna pobail a bhfreastalaíonn siad orthu.
- Ní bhíonn go leor Gardaí ar chor ar bith infheicthe ag an túslíne in Éirinn san am i láthair. Ní mór an líon sin a mhéadú. Pléimid in áiteanna eile sa tuarascáil seo, mar shampla i gCaibidil a Naoi agus i gCaibidil a hOcht Déag, conas a d'fhéadfaí ath-implonúcháin a úsáid chun rannchuidiú go mór leis an gculpóir sin a chomhlíonadh. Teastaíonn ó Ghardaí túslíne oiliúint níos fearr sa dóigh ar cheart faisnéis a thaifeadadh. Teastaíonn uathu freisin

“Baineann ríthábhacht leis an gcéad teagmháil atá ag íospartach foréigin le Garda agus d’fhéadfadh an teagmháil sin a chinneadh cé acu a chuirfidh nó nach gcuirfidh an t-íospartach glao ar an nGarda Síochána arís amach anseo. Mura bhfaigheann an t-íospartach freagairt chabhrach, tá seans ann nach gcuirfidh an duine glao ar an eagraíocht an athuair nuair a tharlaíonn an foréigean arís nó nuair a éiríonn sé níos measa.”

Aighneacht ó eagraíocht um chearta íospartach

teicneolaíocht mhóibíleach nua-aimseartha chun iontráil sonraí agus aisghabháil sonraí ar an láthair a éascú agus chun go mbeidh siad in ann cumarsáidí díreacha idirghníomhacha a dhéanamh leis an bpobal. Labhraímid tuilleadh ar fud na tuarascála seo faoina thábhachtaí atá an túsline. Labhraímid tuilleadh faoi theicneolaíocht na faisnéise i gCaibidil Fiche is a hAon.

5. Tá sé tábhachtach a aithint go bhfuil roinnt éachtaí suntasacha bainte amach ag an nGarda Síochána le déanaí i ndáil le dul i ngleic leis an gcoireacht eagraithe. Is féidir an méid sin a chur go páirteach i leith athailíniú na sainaonad a thagann faoi scáth Oibríochtaí Coireachta Speisialta. Mar sin féin, i dtimpeallacht coireachta a bhíonn ag éirí níos domhandaithe agus níos forbartha ó thaobh na teicneolaíochta de, beidh ar na haonaid sin oiriúnú agus uas-sciliú go fóill chun go mbeidh siad in ann dúshláin amach anseo a shárú, tacú le baill foirne túsline agus obair go héifeachtúil le comhpháirtithe idirnáisiúnta.

ÍOSPARTAIGH NA COIREACHTA

6. Leis an Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017, a achtaíodh i mí na Samhna anuraidh, trasuío dh Treoir an Aontais Eorpaigh maidir le Cearta Íospartach, 2012, isteach i ndlí náisiúnta na hÉireann. Leis an Acht sin, comhdhlúthaíodh na cearta atá ag íospartaigh agus an tacaíocht agus an chosaint a thugtar dóibh agus socraíodh íoschaighdeán nua ina leith. Is ann do Chairt Íospartach státurraithe ar laistigh de atá a Chairt féin ag an nGarda Síochána. Anuas air sin, is ann d'fhoinsí faisnéise chun cabhrú le híospartaigh na coireachta rochtain a fháil ar an bhfaisnéis agus na seirbhísí a bhfuil teidlíocht dhlíthiúil acu ina leith. Chuir an Garda Síochána tús le hOifigí um Sheirbhísí d'Íospartaigh a bhunú ar leibhéal rannáin, agus tá Aonaid Seirbhísí Cosantacha Rannáin á mbunú do na daoine sin a dteastaíonn sainchúnamh uathu (amhail íospartaigh na coireachta gnéasaí, íospartaigh an fhoréigin bhaile nó íospartaigh na mí-úsáide leanaí). Gealladh go mbunófaí níos mó de na hOifigí sin. Bunaíodh Biúró Náisiúnta Seirbhísí Cosantacha freisin chun comhairle a chur ar na hAonaid Seirbhísí Cosanta Rannáin agus chun cásanna casta a imscrúdú.
7. Is bearta dearfacha iad sin go léir. Tá sé tábhachtach anois gur cheart don Gharda Síochána a chinntiú go gcomhtháthófar seirbhísí d'íospartaigh agus comhlíonadh chearta na n-íospartach i bpróisis na heagraíochta agus go mbíonn tuiscint iomlán ag gach comhalta ar na hoibleagáidí atá orthu i leith íospartaigh na coireachta. Baineann sé sin go háirithe leis na híospartaigh sin ar fhág an choir tráma orthu nó atá imeallaithe i bpobal, mar shampla roinnt mionlaigh eitneacha nó mionlaigh eile. Tuigimid go mbíonn oiliúint i riachtanais agus cearta na n-íospartach á cur ar earcaigh Gharda san am i láthair. Molaimid go leathnófaí an oiliúint sin chuig gach comhalta den tseirbhís póilíní a luaithe is féidir, agus tús áite á thabhairt do na comhaltaí sin atá sna ceantair. Beidh na póilíní ceantair ag an túsline, ag cabhrú le híospartaigh ina bpobail.

“Tá sé chun leas shocháí na hÉireann ina hiomláine go dtuairiscítear coireanna, is cuma cén stádas dlíthiúil atá ag an íospartach.”

Aighneacht ó eagraíocht um chearta íospartach

SONRAÍ COIREACHTA

8. Níl léargas cuimsitheach againn ar raon agus scála na coireachta in Éirinn. Tugtar le tuiscint sna staitisticí foilsithe nach bhfuil leibhéal na coireachta chomh hard is atá sé i dtíortha eile san Eoraip. Tá ceisteanna móra ann faoi cháilíocht staitisticí coireachta an Gharda Síochána, áfach. Luaigh an Phríomh-Oifig Staidrimh, an tÚdarás Póilíneachta agus Cigireacht an Gharda Síochána go bhfuil beagán muiníne acu as na staitisticí sin.²³ Is féidir go bhfuil méid

²³ Ar na himscrúduithe a rinneadh le déanaí ar an gcáilíocht agus an cruinneas atá i gceist le staitisticí coireachta a thairfeadh tá an tuarascáil ó Chigireacht an Gharda Síochána ar an imscrúdú coireanna (Samhain 2014), athbhreithniú na Príomh-Oifige Staidrimh ar cháilíocht na staitisticí coireachta (Meán Fómhair 2016) agus an tuarascáil ón sainghrúpa um staitisticí coireachta (Aibreán 2017).

iomlán na coireachta i dtír ar leith níos mó ná a léirítear sna staitisticí coireachta sa tír sin. In Albain, measann na póilíní gurbh fhéidir go ndearnadh ceithre choir eile as gach coir a thaifeadtar.²⁴ Tá coireanna nach bhfuil chomh tromchúiseach sin ar na coireanna is dóchúla nach dtuairisceofar. Tarlaíonn sé, áfach, nach dtuairiscítear roinnt coireanna tromchúiseacha amhail ionsaithe gnéasacha, foréigean baile, coireanna atá bainteach le drugaí agus fuathchoireanna. Cúis phríomha leis sin is ea eagla roimh bhearta díoltais. Aimsíodh i dtuarascáil a foilsíodh le déanaí ar fhuathchoireanna²⁵ go bhfuil “folús beartais” ann mar go bhfuil reachtaíocht shonrach in easnamh. Fágann sé sin go scaftar an ghné “fuatha” de choireanna amach as an scéal de réir mar a théann imscrúduithe nó gearáin tríd an gcóras ceartais choiriúil. Tá níos mó ná ganntuairisciú i gceist leis na fadhbanna leis na staitisticí coireachta in Éirinn. Baineann siad le coireanna a tuairiscíodh do na póilíní agus a taifeadadh go míchuí agus, ina lán cásanna, a íosghrádaíodh ina gcionta nach bhfuil chomh tromchúiseach sin gan aon mhíniú a thabhairt.²⁶ Le linn na tréimhse inar thug an Coimisiún seo faoina chuid oibre, tháinig fadhbanna tromchúiseacha chun cinn, fiú maidir leis na figiúirí dúnbhásaithe a thaifead an Garda Síochána.

9. Ní mór an phóilíneacht éifeachtach a bheith teoraithe ag faisnéis. Mura mbíonn léargas cruinn acu ar na fadhbanna a théann i bhfeidhm ar shábháilteacht an phobail, cuirfear bac ar cheannairí póilíní cinntí a dhéanamh ar na hacmhainní atá ag teastáil uathu agus ar an dóigh ar cheart iad a úsáid. Cuireann an droch-cháilíocht sonraí atá ar fáil don Gharda Síochána faoi láthair bac ar an eagraíocht i ngeall le gach gné dá cuid oibríochtaí. Ó thaobh na coireachta de, téann sé i bhfeidhm ar chumas na bpóilíní chun coireanna a bhrath agus a imscrúdú agus, rud tábhachtach, téann sé i bhfeidhm ar a gcumas chun bearta coisctheacha a dhéanamh chun an choireacht a laghdú, rud nach mór dóibh díriú orthu mar phríomhchuspóir. Ba cheart bailiú agus anailís sonraí dea-cháilíochta a bheith ina bpríomhcheanglais ar aon eagraíocht ar bith, go háirithe eagraíocht a bhfuil de chúram uirthi sábháilteacht an phobail a chinntiú.
10. **Tá gá práinneach ann le haghaidh a thabhairt ar cháilíocht na sonraí coireachta in Éirinn agus ar an dóigh a dtaifeadann na póilíní imscrúduithe coireachta.** Maidir leis an ardán teicneolaíochta atá in úsáid ag an nGarda Síochána faoi láthair, is córas taifeadta teagmhas é agus ní uirlis imscrúdaithe coireachta é. Rinne an eagraíocht córas nua bainistíochta imscrúduithe a fhorbairt, cé nár cuireadh i mbun oibre é go fóill. Pléimid teicneolaíochtaí faisnéise digítí tuilleadh i gCaibidil Fiche is a hAon. Ní fadhb theicneolaíochta amháin í an fhadhb, áfach. Chun réiteach a dhéanamh ar na heasnaimh reatha atá ann maidir le sonraí a bhailiú, a anailísiú agus a úsáid, beidh sé riachtanach athruithe a dhéanamh ar na teicneolaíochtaí atá in úsáid, ar an oiliúint a chuirtear ar na póilíní i sonraí a thaifeadadh agus a úsáid agus, rud tábhachtach, ar na próisis bhainistíochta agus na córais bhainistíochta a n-úsáideann an tseirbhís póilíní iad. **I gcomhthéacs na n-athruithe riachtanacha sin ar shonraí coireachta a bhainistiú, molaimid go ndéanfaí athbhreithniú ar fheidhmeanna Ionad Seirbhísí Faisnéise an Gharda Síochána i gCaisleán an Bharraigh.** Ní mór don eagraíocht ina hiomláine breathnú ar fhaisnéis mhionsonraithe chruinn mar chuid dhílis den chinnteoireacht. Ba cheart breathnú ar shonraí mar shócmhainn straitéiseach. Níor cheart breathnú orthu mar thaifead ar an obair atá déanta ag na póilíní. Ina ionad sin, ba cheart breathnú orthu mar bhonn le cinntí a dhéanamh ar straitéisí póilíní, ar mhodhanna póilíní agus ar na hacmhainní a chuirtear ar fáil do phóilíní.

24 Aighneacht scríofa ó Phóilíní Alban chuig Coiste Ceartais Pharlaimint na hAlban: *Demand-led policing: service of the first and last resource* (17 Eanáir 2017).

25 *Lifecycle of a Hate Crime*, arna chomhordú ag an gComhairle um Chearta an Duine agus arna chistiú ag an gCoimisiún Eorpach.

26 Cigireacht an Gharda Síochána: *Tuarascáil Chigireacht an Gharda Síochána: Imscrúdú coireanna* (Deireadh Fómhair 2014).

- 11.** Fáiltímid roimh an gcinneadh a rinneadh le déanaí go mbunófaí post mar Phríomhoifigeach Sonraí sa Gharda Síochána. Agus é seo á scríobh, áfach, bhí moilleanna ann ar cheapachán a dhéanamh chuig an bpost agus bunaíodh post eatramhach. **Molaimid go ndéanfaí ceapachán substainteach a luaithe is féidir. Ba cheart don Phríomhoifigeach Sonraí ról straitéiseach a imirt i bhfoireann shinsearach an Gharda Síochána,** agus é mar chuspóir aige bailiú agus anailís sonraí a chur i gcróílár na heagraíochta. **Seirbhís Anailíse an Gharda Síochána, a dhéanann dea-obair d’ainneoin na n-acmhainní teoranta agus na bhfoinsí neamhfhoirfe sonraí atá ar fáil di, ba cheart í a mhéadú agus ba cheart di anailísithe a bheith aici i ngach rannán den Gharda Síochána agus sa cheanncheathrú.**²⁷ Mar thoradh ar na fadhbanna a bhí ann san am atá thart maidir le sonraí a fhíorú, ba cheart don Choimisiún nua um Fhormhaoirseacht ar an bPóilíneacht agus ar Shábháilteacht an Phobail, a mholtar i gCaibidil a Trí Déag, aird ar leith a thabhairt ar shaincheistanna cáilíochta sonraí agus é ag measúnú a éifeachtaí atá an phóilíneacht.

STRAITÉISÍ CHUN AN CHOIREACHT A LAGHDÚ

- 12.** Má chuirtear feabhas ar bhailiú agus anailís sonraí, cuirfear ar chumas na bpóilíní straitéisí níos fearr a fhorbairt chun an choireacht a laghdú. Léirigh ranna póilíní in áiteanna eile gur féidir le sonraí dea-cháilíochta, má úsáidtear i gceart iad, cabhrú le sainnithint a dhéanamh ar láithreacha a d’fhéadfadh a bheith leochaileach agus teophointí coireachta agus ar dhaoine aonair a bhfágann a gcúinsí go bhfuil siad i mbaol níos mó go bhfulaingeoidh siad coireacht nó go bhfuil sé níos dóchúlúla go nglacfaidh siad páirt in iompraíocht ciontaithe. Is féidir an fhaisnéis arna forbairt a úsáid chun cur ar chumas na bpóilíní cosc a chur ar choireanna. Baineann a lán seirbhísí póilíní úsáid as cineál éigean den phróiseas “CompStat”²⁸, a forbraíodh i Nua-Eabhrac sna 1990í mar chóras dinimiciúil chun an choireacht a laghdú. Is iad na gnéithe bunriachtanacha den phróiseas ná faisnéis faoi bhagairtí coireachta atá ag teacht chun cinn agus anailís orthu, imlonnú tapa acmhainní chuig na limistéir faidhbe, idirghabhálacha éifeachtacha chun an choireacht a chosc, meastóireacht ar na hidirghabhálacha sin, agus bearta leantacha chun laghdú fadtéarmach sa choireacht a bhaint amach. Baineann ceannairí póilíní úsáid as na próisis sin chun forbairt a dhéanamh ar straitéisí chun an choireacht a laghdú, chun acmhainní a bhainistiú agus mar uirlis maoirseachta chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht na gceannasaithe ceantair nó maighne agus í a threorú. **Ba cheart don Gharda Síochána próiseas anailíse agus freagartha coireachta a bhfuil acmhainní cuí aige a thionscnamh, agus forbairt á déanamh aige ar an dea-obair atá ar bun ag Seirbhís Anailíse an Gharda Síochána, ar cheart di bheith lonnaithe ar leibhéal rannáin agus gach ceantar a choimeád cuntasach ar bhonn rialta.**
- 13.** Sa dá Chaibidil roimhe seo, leagamar fíis amach don phóilíneacht in Éirinn atá bunaithe ar shainmhíniú nua ar an bpóilíneacht, rud lena n-áirítear cosc an dochair mar chuspóir póilíneachta agus Samhail nua Póilíneachta Ceantair a dhíríonn ar an bpóilíneacht fhadhbhdhírithé. Cuid thábhachtach de na cineálacha cur chuige sin is ea an gá atá ann le sonraí a bhailiú agus a anailísiú ar bhealach níos fearr agus le comhar idir gníomhaireachtaí ábhartha stáit a fheabhsú.
- 14.** Rud eile a rannchuidíonn le straitéisí chun an choireacht a laghdú atá i gcomhpháirtíochtaí fóna leis an earnáil phríobháideach, le grúpaí pobail agus leis an lucht léinn. Baineann tábhacht le comhpháirtíochtaí leis an earnáil phríobháideach, is cuma cé acu atá siad ina gcuid de chláir freagrachta sóisialta corparáidí nó atá siad ar bun i limistéir ina bhféadfadh cleachtais ghnó brú chun cinn a dhéanamh ar éilimh phóilíní. Uirlis éifeachtach trínar féidir leis an bpobal rannchuidiú go mór le hiarrachtaí póilíneachta atá i línte teileafóin rúnda agus in áiseanna tuairiscithe ar líne

²⁷ Tuigimid go bhfuil cás gnó á fhorbairt, rud a bhfuil mar aidhm leis an tSeirbhís Anailíse a fhorbairt chun go dtabharfaidh sí tacaíocht thiomnaithe ar leibhéal Rannáin.

²⁸ Staitisticí Ríomhaire.

gan ainm. Oibríonn Coscairí Coireanna, a fhaigheann cistiú ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach araon, seirbhís den sórt sin in Éirinn. Méadaíonn sé an fheasacht ar choireanna agus tugann sé faisnéis thábhachtach ar aghaidh don Gharda Síochána. Teastaíonn ó Choscairí Coireanna tuilleadh tacaí ón dá earnáil, áfach, de réir mar a leanann sé ar aghaidh ag forbairt a chlúdaigh agus ag cur a chuid oibre chun cinn. Is féidir leas a bhaint as comhtheachtaireachtaí um choireacht a chosc agus um shábháilteacht a dtacaíonn comhlachtaí amhail Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann, Muintir na Tíre agus grúpaí eile leo chun teachtaireachtaí atá an-phraiticiúil agus spriocdhírthe a thabhairt do phobail ar leith. Is féidir leas a bhaint as obair i gcomhar leis an lucht léinn chun ceapadh beartais níos fearr agus freagairtí póilíneachta níos fearr a sholáthar. Tá Staidéar Greentown ina shampla de chur chuige comhpháirtíochta i leith líonraí coiriúla agus idirghabhálacha a fhorbairt.

STADÉAR GREENTOWN

Sampla ar thaighde ar líonraí coiriúla agus idirghabhálacha a fhorbairt

Tá scrúdú á dhéanamh ag tionscadal Greentown,²⁹ atá mar chuid den Tionscadal um Fhianaise Taighde ar Chláir agus Cleachtas Beartaist³⁰ sa Scoil Dlí, Ollscoil Luimnigh, ar an dóigh a n-imríonn líonraí coiriúla ról suntasach i 1,000 leanbh, b'fhéidir, sa Stát³¹ a spreagadh agus a mhealladh páirt a ghlacadh in iompraíocht choiriúil atá fadtéarmach agus tromchúiseach. An tionscadal, atá á threorú ag an Ollamh Sean Redmond, faigheann sé cistiú 100% agus tacaíocht ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Agus úsáid á baint aige as modhanna chun anailís a dhéanamh ar líonraí sóisialta, sainaitníodh sa suirbhé na bealaí inar féidir le líonraí coiriúlachta aosach féachaint le leanaí, a bhfuil roinnt mhaith díobh faoi mhíbhuntáiste cheana féin, a spreagadh agus a mhealladh tabhairt faoi ghníomhaíocht choiriúil. Cé nach mbaineann siad le hÉirinn ina haonar, is cinnte go bhfuil na líonraí coireachta teaghlachbhunaithe agus gaolbhunaithe a aimsíodh in Greentown leithleach ón gcuid is mó ó na cineálacha cur síos ar dhronganna sa litríocht eolaíoch sna Stáit Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe.

Mar atá amhlaidh i gcás fadhbanna 'mailíseacha'³² eile beartais shóisialta a réiteach, is é an chéad rud a chuir tionscadal Greentown leis an bpóilíneacht ná mionchur síos a dhéanamh ar an bhfadhb a chruthaíonn sí in Éirinn.

Is é an dara rud a chuir an staidéar léi ná an dearadh ó bhun aníos a rinneadh ar chlár idirghabhála nua a bhfuil mar aidhm leis cur isteach ar ghníomhaíocht na líonraí. Le linn an phróisis, fuarthas comhoibriú ó shaineolaithe eolaíochta agus beartais ar leibhéal idirnáisiúnta agus náisiúnta ar fud raon leathan disciplíní. An clár fianaisebhunaithe nuadheartha - rud ina gcomhcheanglaítear gnéithe de leas leanaí, d'fhorfheidhmiú an dlí, d'fhorbairt acmhainn an phobail agus de dheiseanna nua do leanaí atá gafa le líonraí rannchuidiú leis an tsochaí - tá sé ag mealladh spéis shuntasach i dtíortha eile.

15. Bhí baint leis an gcóras ceartais choiriúil agus iad ina n-ógánaigh ag an-chuid de na daoine a dhéanann coireanna mar dhaoine fásta. Infheistíocht i gceartas forásach ceartais d'ógánaigh, lena n-áirítear cláir athstíúrtha óige, ba cheart díriú uirthi mar chuid dhílis d'aon straitéis chun an choireacht a laghdú. Sa bhliain 2017, bhí 20,006 atreorú ann

²⁹ Bunaithe ar na fionnachtana in *The Greentown Study 2015* atá ar fáil ag: <http://hdl.handle.net/10344/5793>.

³⁰ Is é is an Tionscadal um Fhianaise Taighde ar Chláir agus Cleachtas Beartais ann ná comhpháirtíocht rialtais/lucht léinn idir an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus Ollscoil Luimnigh a bhfuil mar aidhm léi feabhas a chur ar an mbonn fianaise i gceapadh beartais i leith na hógchoireachta in Éirinn.

³¹ *An Tuarascáil ar an Staidéar Leitheadúlachta Náisiúnta 2017*, atá ar fáil ag: <http://hdl.handle.net/10344/6313>.

³² Is fadhbanna an-chasta iad fadhbanna mailíseacha. Féach H.W. J. Rittel agus M.M. Webber: *Dilemmas in a General Theory of Planning* 'Policy Sciences', Iml. 4, Uimh. 2 (Meith., 1973), lgh. 155-169.

chuing Clár Athstíúrtha Óige an Gharda Síochána, ar clár reachtúil é. B'ionann é sin agus méadú 13.6% ón mbliain roimhe. Cé gur méadaíodh an acmhainn le déanaí chun soláthar a dhéanamh d'Aonad Beartais um an gClár Athstíúrtha a bhunú, measann an Coiste a ceapadh chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht an Chláir Athstíúrtha nach bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag Oifig Athstíúrtha Óige an Gharda Síochána ina hiomláine. **Ba cheart líon foirne leordhóthanach agus acmhainní leordhóthanacha a bheith ag Oifig Athstíúrtha Óige an Gharda Síochána agus ba cheart í a shocrú laistigh de struchtúir an Gharda Síochána chun a chinntiú go n-oibreodh an Clár Athstíúrtha go héifeachtach agus chun go dtabharfaí tacaíocht chuí don Stiúrthóir agus é ag comhlíonadh a fheidhmeanna reachtúla.** Leagtar dualgas ar Choimisinéir an Gharda Síochána le hAcht na Leanaí, 2001, freisin oiliúint a chur orthu sin a bhfuil baint acu leis an gClár Athstíúrtha a éascú. **Ní mór an oibleagáid sin a chomhlíonadh agus ní mór sainoiliúint chuí a chur ar fáil do na baill foirne sin a bhfuil baint acu le Clár Athstíúrtha an Gharda Síochána ar gach leibhéal, bíodh siad ina mbaill foirne faoi mhionn nó ina mbaill foirne nach bhfuil faoi mhionn.**

- 16.** Ní bhaineann an clár reachtúil leis an gcoireacht agus le laghdú na coireachta amháin. Baineann sé le folláine agus leas daoine óga freisin. Baineann ríthábhacht le comhar láidir idirghníomhaireachta le haghaidh na gné sin den obair, rud atá ag teacht leis an gcur chuige a mholamar le haghaidh shábháilteacht an phobail ina hiomláine. Tá áthas orainn a thabhairt faoi deara gur fhorbair an Garda Síochána agus Tusla comhphrótaic oibre (2017). Chomh maith leis sin, forbraíodh treoirlínte chun tacú le caidreamh éifeachtach oibre idir Oibrithe um Cheartas i leith an Aosa Óig agus Oifigigh Idirchaidrimh an Gharda Síochána don Óige (2017). Le linn ár gcomhairliúchán, sainithníodh an oiliúint a chuirtear ar chomhaltaí den Gharda Síochána i ndul i dteagmháil le daoine óga mar réimse ar gá feabhas a chur air. Chualamar faoi thionscadail nuálacha atá ar bun chun comhthuisicint níos fearr a chothú trí chomhar idir grúpaí óige agus Gardaí.³³ Ba cheart luach na gcineálacha cur chuige sin a iniúchadh tuilleadh i gcomhthéacs na Straitéise Foghlama agus Forbartha nua a mholaimid i gCaibidil Fiche.
- 17.** Ar leibhéal níos leithne, tá Seirbhís Ceartas Óige na hÉireann freagrach as an athchóiriú a threorú i réimse an cheartais óige. Riarann sí líonra atá comhdhéanta de 105 thionscadal athstíúrtha óige atá dírithe ar dhaoine óga idir 12 bhliain d'aois agus 17 mbliana d'aois lena mbaineann riosca go bhfanfaidh siad sa chóras ceartais. Tá na tionscadail bunaithe in eagraíochtaí pobail a sholáthraíonn raon comhtháite seirbhísí do leanaí i mbaol agus dá dteaghlach. Tá obair ar bun chun eolas a dhéanamh d'fhorbairt an líonra tionscadal sa todhchaí. Is é an toradh a bheidh ar an obair sin go mbreiseofar an obair choisctheach agus an obair tacaíochta do theaghlaigh atá ar bun agus go leabófar éiteas cleachtais aisiríoch. Tá an cur chuige i leith seirbhísí a leabú sa phobal ag teacht leis na moltaí a dhéanaimid i gCaibidil a Trí Déag maidir le hionchur an phobail áitiúil sa phóilíneacht. Molaimid sa chaibidil sin go bhforbrófaí struchtúir áitiúla éifeachtacha chun acmhainn a thógáil le haghaidh rannpháirtíocht an phobail. D'fhéadfadh gurbh fhiú cistiú a chomhordú le haghaidh na dtionscadal sin trí cheann amháin nó níos mó de chainéil phobalbhunaithe a gcuirtear cúram sonrach orthu, ar choinníoll go nglacfaí leis sin go dílis ar leibhéal áitiúil. Tá oifigigh ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus oifigigh ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige mar fhoireann do Sheirbhís Ceartas Óige na hÉireann. Tá na hoifigigh sin comhlonnaithe ach tugann siad tuairisc dá máthair-roinn faoi seach. **D'fhonn an leas is mó a bhaint as torthaí na seirbhíse, ba cheart breithniú a dhéanamh ar cé na struchtúir is cuí le haghaidh aon Straitéis um Cheartas Óige sa todhchaí a sholáthar agus ar fhoinsí inbhuanaithe cistiúcháin a chinntiú.**

³³ Áiríodh leo sin na seisiúin Idirphlé Póilíneachta de chuid Thionscadal Óige Rialto. Ar fáil ag: http://rialtoyouthproject.net/policing_dialogues

IMSCRÚDÚ NA COIREACHTA

- 18.** Sa Tuarascáil ó Chigireacht an Gharda Síochána ar an Imscrúdú Coireanna, a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2014, sainaithníodh líon mór fadhbanna le staid an imscrúdaithe coireanna sa Gharda Síochána, de bhreis ar na fadhbanna a bhí ann le sonraí coireachta. Áiríodh leo sin easnaimh ó thaobh oiliúint a chur ar bhleachtairí, easpa maoirseachta, easpa próisis agus anailíse, droch-chomhroinnt faisnéise, fadhbanna maidir le déileáil le fianaise fhóiréinseach, agus drochbhainistiú agus droch-fhorfheidhmiú barántas. Sa tuarascáil ón Údarás Póilíneachta ar fheidhmíocht póilíneachta i mí Iúil 2018, cáineadh an easpa dul chun cinn a rinneadh ar aghaidh a thabhairt ar rátaí braite a bhí ag laghdú.³⁴ Cé go luaitear i dtuarascálacha oifigiúla den sórt sin lear samplaí de dhea-chleachtas agus d'obair éifeachtach ag Gardaí, tá géarghá ann ar fud an chórais le hollchóiriú a dhéanamh ar chleachtas agus nósanna imeachta um imscrúdú na coireachta. Mar a bhreathnaíomar sinn féin i réimsí eile d'obair an Gharda Síochána, bhí cáilíocht na hoibre an-mhaith i gcásanna ina raibh na pearsana cearta bainteach léi. Ós rud é go raibh easnaimh ann i bpróisis bhainistíochta, áfach, ní rabhtas in ann cáilíocht a dhearbhu ar fud na heagraíochta ar fad. Níl sa choireacht ach réimse amháin den sórt sin.
- 19. Molaimid go ndéanfaí ollchóiriú práinneach cuimsitheach ar fheidhm imscrúdaithe coireachta an Gharda Síochána ina hiomláine chun na fadhbanna a sainaithníodh sa tuarascáil ón gCigireacht a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2014 a réiteach.** Luamar cheana féin an **Córas Bainistíochta Imscrúduithe nuafhorbartha, ar cheart tacaíocht iomlán a thabhairt dó agus é a chur i mbun oibre a luaithe is féidir.**

AN CHIBEARCHOIREACTH

- 20.** Cosúil le tíortha eile, tá ag Éirinn an fhadhb nach léirítear i staitisticí coireachta cé chomh tapa is a bhíonn coireanna Idirlín ag teacht chun cinn. Áirítear leo sin bradaíl aitheantais agus calaois cárta creidmheasa, drugaí a dhíoltar ar an Idirlíon agus a sheoltar go díreach chuig tomhaltóirí nó chuig mangairí, dúshaothrú gnéasach agus dúmhál ar líne. Déanaimid idirdhealú anseo idir cibearchoireanna den sórt sin agus an chibearshlándáil, áit a bhféadfaí slándáil an stáit a chur i gcontúirt trí ionsaithe a dhéanamh ar bhonneagar criticiúil, trí rúin a ghoid nó trí phróisis dhaonlathacha a éilliú. Pléitear leis an gcibearshlándáil i gCaibidil a Deich den tuarascáil seo.
- 21.** Níl córais sonraí coireachta ag coinneáil suas le forbairtí sa choireacht Idirlín. Bíonn na póilíní i ngach dlínse ag streachailt le déileáil le scála agus castacht na calaoise Idirlíon-chumasaithe. Ní thuairiscítear formhór mór na gcoireanna Idirlín. Measann an Biúro Imscrúdaithe Feidearálach nach dtuairiscítear sna Stáit Aontaithe ach ceann amháin as gach seacht gcoir den sórt sin.³⁵ Is é an chéad dúshlán nach mór do gach dlínse, Éire san áireamh, tabhairt faoi ná tuisceant níos fearr a ghnóthú ar chineál agus méid na faidhbe. **Molaimid go n-áireofaí coireanna Idirlín, conas iad a ghabháil agus conas iad a aicmiú leis an athbhreithniú práinneach ar bhailiú agus bainistiú sonraí a mholtar thuas.** Ní mór an cleachtadh sin a dhéanamh i gcomhar leis an bpobal, leis an earnáil phríobháideach, le heagraíochtaí comhpháirtíochta agus le macasamhlacha eachtracha.
- 22.** Cruthaíonn an tIdirlíon dúshlán shuntasacha do na póilíní maidir le faisnéis agus fianaise a bhailiú, lena n-áirítear an dochar a gcruthaíonn na meáin shóisialta é. Lasmuigh den Ghréasán oscailte, tá an rud ar a dtugtar an “Gréasán dorcha” ina áit mhargaidh ghníomhach ina ndíoltar pornagrafaíocht, drugaí neamhdhleathacha agus airm thine. Mar sin féin, bíonn ag méadú ar an dóchúlacht go mbeidh gné Idirlín ag na coireanna sin nach cibearchoireanna iad, mar a chuirtear síos orthu thuas. Is trí chórais

³⁴ An tÚdarás Póilíneachta: *Measúnú ar Fheidhmíocht Póilíneachta* (Iúil 2018).

³⁵ Police Executive Research Forum: *The Changing Nature of Crime and Criminal Investigations* (Eanáir 2018).

Idirlín anois a bhíonn coirpigh ag déanamh cumarsáid lena chéile. Is gnách go mbíonn na córais sin criptithe chun nach mbeidh na póilíní in ann iad a rochtain. An fhianaise a mbítí in ann í a aimsiú i riocht fisiciúil san am atá thart, is minic sa lá atá inniu ann a choinnítear í ar ghléasanna digiteacha, agus sa néal go háirithe. Ní hé amháin go bhfuil sé faoi na póilíní bealaí éifeachtacha a aimsiú chun aghaidh a thabhairt ar na forbairtí sin, ach tá sé faoi na cúirteanna déanamh amhlaidh freisin, áit a mbíonn deacrachtaí ag giúiréithe ciall a bhaint as fianaise ón iomad foinse dhigiteach atá ar fáil san am i láthair.

- 23.** Fadhb eile a bhaineann leis an gcibearchoireacht is ea go dtrasnaíonn an tIdirlíon na teorainneacha dlínse ar a bhfuil an phóilíneacht bunaithe le fada an lá. Tá seans ann go bhféadfadh roinnt dlínsí difriúla a bheith i gceist le coir. D'fhéadfadh íospartach na calaoise cárta creidmheasa bheith i ndlínse amháin, d'fhéadfadh déantóir na coire bheith i ndlínse eile, agus d'fhéadfadh banc eisiúna an chárta bheith i ndlínse eile fós. Cé nach rud nua é go dtrasnaíonn an choireacht teorainneacha idirnáisiúnta, is amhlaidh go dtarlaíonn sé sin i bhfad níos mó de bharr na cibearchoireachta a mhéid go leagann sí ualach breise ar na póilíní. Is ar an gcúis sin nach mór an chibearchoireacht a choinneáil mar shainfheidhm atá bunaithe go príomha i gCeanncheathrú an Gharda Síochána. Ní mór do phóilíní ceantair bheith dea-oilte san ábhar agus an-eolach air agus ba cheart dóibh obair i ndlúthchomhar lena bpobail chun bearta coisctheacha a dhéanamh. Ní mór an chuid is mó den saineolas a bheith bunaithe go lárnach, áfach.
- 24.** Cé nach ann do shonraí cuimsitheacha faoin gcibearchoireacht in Éirinn, is léir dúinn cheana féin **gur cheart acmhainn agus saineolas an Bhiúró Náisiúnta Cibearchoireachta atá ann cheana den Gharda Síochána a leathnú go suntasach mar bheart práinne agus gur cheart ceapacháin phearsanra sa réimse sin a mhearphróiseáil.**

CAIBIDIL A SEACHT

AN CÓRAS CEARTAIS CHOIRIÚIL

1. I gCaibidil a Ceathair, phléamar gur gá do ghníomhaireachtaí lasmuigh den chóras ceartais choiriúil a aithint go mbíonn ról acusan freisin sa phóilíneacht in Éirinn, go háirithe na gníomhaireachtaí sin a oibríonn le daoine i mbaol a d'fhéadfadh an choireacht a fhulaingt nó a dhéanamh. Molaimid gur cheart do choiste Comh-aireachta gach ceann de na ranna rialtais agus na gníomhaireachtaí seirbhíse poiblí a thabhairt le chéile chun na críche sin. Sa chaibidil seo, féachaimid ar ghnéithe eile den chóras ceartais choiriúil agus an bhaint atá acu leis na póilíní.
2. Le blianta beaga anuas, bunaíodh roinnt sásraí a bhfuil dea-thionchar imeartha acu ar chur chuige comhordaithe a chothú i leith ceapadh beartais agus cleachtas laistigh den chóras ceartais choiriúil. Áirítear leo sin an Coiste Straitéiseach Ceartais Choiriúil a bunaíodh sa bhliain 2015 chun cur chuige comhtháite a éascú laistigh den Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, de bhreis ar obair éifeachtach idirghníomhaireachta idir na gníomhaireachtaí éagsúla ceartais choiriúil. Cur chun feidhme na moltaí a rinne an Grúpa Athbhreithnithe ar Bheartas Coiriúil a bunaíodh sa bhliain 2012, ar moltaí iad atá dírithe ar athchóiriú an chórais bheartais choiriúil agus ar a chinntiú gur ceangailte le seirbhísí sóisialta atá obair na ngníomhaireachtaí ceartais choiriúil, tá formhaoirseacht á déanamh air ag grúpa idirghníomhaireachta a bhfuil an tOllamh Mary Rogan ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, mar chathaoirleach air.
3. Bhuaileamar le Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus leis an tSeirbhís Phromhaidh. I measc réimsí eile comhair, tá siad ag obair le chéile chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb an atitimeachais. Chuir siad in iúl dúinn gurb ard atá an ráta reatha atitimeachais in Éirinn – d'athchiontaigh 45% de phríosúnaigh a scaoileadh amach sa bhliain 2010 laistigh de thrí bliana,³⁶ agus d'athchiontaigh 38% de chiontóirí a tarchuireadh chuig an tSeirbhís Phromhaidh sa bhliain 2010 laistigh den tréimhse chéanna.³⁷ Dá mbeifí in ann an ráta a laghdú (tá an ráta idir 20% agus 25% i roinnt tíortha Lochlannacha, mar shampla,³⁸ ba shuntasach a bheadh an dea-thionchar a bheadh ann ar an ráta coireachta foriomlán. Réamhtháscaire eile ar choiriúlacht sa todhchaí is ea daoine muinteartha a bheith ciontaithe cheana féin. Léiríodh i staidéir gur féidir a bheith ag súil leis go dtabharfaidh breis agus 50% de na deartháireacha níos óige le daoine ciontaithe faoin gcoireacht.³⁹ Dá n-oibreodh na gníomhaireachtaí ceartais choiriúil i gcomhar leis na póilíní agus le gníomhaireachtaí ábhartha eile, d'fhéadfadh siad luath-idirghabhálacha a thionscnamh le teaghlach chun féachaint leis an staid sin a chosc. Fáiltímid roimh an bhfíric go bhfuil Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus an tSeirbhís Phromhaidh ag smaoineamh ar nithe den sórt sin. Molaimid go gcomhoibreodh siad níos dlúithe lena chéile, leis na póilíní agus le gníomhaireachtaí seirbhíse sóisialta chun an choireacht a laghdú agus chun dochar a chosc.

36 An Phríomh-Oifig Staidrimh: *Atitimeachas Príosúin* (Samhain 2016).

37 An Phríomh-Oifig Staidrimh: *Atitimeachas Promhaidh* (Samhain 2016).

38 Fazel S. agus Wolf, A.: *A Systematic Review of Criminal Recidivism Rates Worldwide: Current Difficulties and Recommendations for Best Practice* (2015) PLoS ONE 10(6). Bíonn an ráta atitimeachais beacht in aon tír ag brath ar an raon cionta a chuirtear ar áireamh ann, ar cé acu a áirítear nó nach n-áirítear leis na daoine sin a scaoileadh amach ón bpríosún agus a tarchuireadh chuig na seirbhísí promhaidh agus ar an tréimhse ama a úsáidtear.

39 Ministry of Justice (an Ríocht Aontaithe): *Prisoners' childhood and family backgrounds: Results from the Surveying Prisoner Crime Reduction (SPCR) longitudinal cohort study of prisoners* (Márta 2012).

RANPHÁIRTÍOCHT IDIRGHNÍOMHAIREACHTA

An clár Big Brother Big Sister (BBBS)

Is é is an clár Big Brother Big Sister (BBBS) ann ná córas a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta aige agus a úsáidtear i níos mó ná 15 thír. Sheol Foróige é den chéad uair in Éirinn sa bhliain 2001 mar threoirchlár. Déanann sé duine óg a mheastar a bheith “i mbaol” nó atá ag sracadh leis an saol cheana féin a mheitseáil le meantóir aosach. Oibríonn BBBS le raon gníomhaireachtaí difriúla ar fud na hÉireann agus glacann sé le hatreoruithe ó Foróige, ó Tusla, ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, ó scoileanna agus ón nGarda Síochána.

I limistéir ina ndeachaigh an Garda Síochána i gcomhpháirtíocht le BBBS, is féidir le Gardaí duine óg a atreorú chuig clár BBBS le haghaidh meantóireacht duine le duine mar chuid de Chlár Athstíúrtha Óige an Gharda Síochána.

Léiríodh i dtuarascáil a foilsíodh le déanaí⁴⁰ gurb amhlaidh, nuair a úsáideann Gardaí é, gur féidir leis dul chun tairbhe do na rannpháirtithe óga i gClár Athstíúrtha Óige an Gharda Síochána. Leagadh béim sa tuarascáil ar an dea-thionchar atá ag na meantóirí ar dhaoine óga agus an tionchar athraithe saoil a d’fhéadfadh a bheith ag na meantóirí.

4. Is é atá sa Fhreagairt Chomhghníomhaireachta i leith na Coireachta (JARC) ná clár de chuid na bpóilíní, Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus na Seirbhíse Promhaidh, ag obair dóibh le chéile chun spriocdhírí ar chiontóirí ilghníomhacha foréigneacha. Measann siad sin atá freagrach as JARC go bhfuil 25% de chiontóirí freagrach as thart ar 75% de chuireanna. Tosaíodh JARC sa bhliain 2016. Níl ach beagán dul chun cinn déanta aige agus tá sé teoranta ón taobh geografach de. Mar sin féin, is dea-phrionsabal é an prionsabal atá taobh thiar de agus chonacthas i ndlínsí eile go bhfuil ag éirí le cineálacha cosúla cur chuige.
5. **Molaimid go gcuirfí an comhar idir gníomhaireachtaí sa chóras ceartais choiriúil ar bhonn níos cuimsithí níos foirmiúla** chun go mbeifí in ann comhghníomhaíocht a dhéanamh d’fhonn aghaidh a thabhairt ar atitímeachas, ar chiontóirí féideartha nua ardriosca agus ar bhealaí eile a d’fhéadfaí an choireacht a laghdú agus dochar a chosc. Ba cheart teagmháil agus comhpháirtíochtaí le grúpaí chearta an duine a bheith ar áireamh leis an gcomhar sin, de réir mar is cuí. **Molaimid freisin go gcuirfí cistiú tiomnaithe ar fáil chun ardán comhroinnte a chur chun cinn le haghaidh comhroinnt thráthúil éifeachtach faisnéise idir na gníomhaireachtaí sin.** Ba cheart an comhar sin a chur chun feidhme chun go mbeidh na gníomhaireachtaí ábhartha in ann obair le chéile ar leibhéal áitiúil ar son ciontú a laghdú agus feabhas a chur ar an tseirbhís d’íospartaigh. Ba cheart d’oifigigh ar leibhéal rannáin freagracht a bheith orthu as a chinntiú go dtarlóidh sé sin.⁴¹

40 Big Brother Big Sister and Garda Youth Diversion Projects: *Perspectives on a Preventative Intervention Report* (2018) Murphy K. Ionad Taighde Linbh agus Teaghlaigh UNESCO, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

41 Féach freisin Caibidil 17 ar struchtúr.

CÚIRTEANNA AGUS IONCHÚISIMH

6. I réimse amháin den chóras ceartais choiriúil, ba cheart fad níos mó a bheith ann idir na póilíní agus gnéithe eile den chóras, mar atá na cúirteanna. **Ba cheart gach cinneadh ar ionchúiseamh a thógáil amach ó na póilíní agus iad a thabhairt d’aturnae stáit a bhfuil cúraimí méadaithe air nó do sheirbhís náisiúnta ionchúisimh. Molaimid freisin go scoirfí den chleachtas um chásanna a bheith á n-ionchúiseamh ag na póilíní sa chúirt.** Chualamar le linn ár gcomhairliúchán nach mbíonn na Gardaí atá i gceannas ar ionchúisimh chomh hoilte le dlíodóir an chosantóra i ngach cás. Níl aon amhras ann go bhfuil Gardaí ann a d’éirigh ina n-ionchúisitheoirí sciliúla trí thaithí a ghnóthú. Níor cheart é sin a bheith mar chúram orthu, áfach, agus ní údar maith é le hiad a thógáil amach ó dhualgais túslíne. Ina theannta sin, mar a aithnítear sa chuid is mó de dhlínsí inchomparáide, ba cheart próisis imscrúdaithe agus ionchúisimh a bheith scartha óna chéile. Ar ndóigh, ba cheart do Ghardaí leanúint le fianaise a thabhairt sa chúirt mar fhinnéithe do na hionchúisitheoirí nuair is gá.
7. Mar a luaimid i gCaibidil a Naoi ina bpléitear dualgais neamhlárnacha an Gharda Síochána, is cur amú ollmhór acmhainní póilíní ba cheart a dhíriú ar fheidhmeanna lárnacha póilíní atá i rannpháirtíocht na nGardaí in ionchúisimh agus sa mhéid ama a chaitheann siad sa chúirt nó ar ullmhú don chúirt. Cé gur údar tánaisteach é sin, is údar tábhachtach é leis an bhfreagracht as ionchúisimh a thógáil amach ó na póilíní.

IONCHOISNÍ

8. Ábhar imní eile is ea ról reatha na bpóilíní sa chóras ionchoisní. Bhuaileamar le daoine den phobal a raibh iontas orthu faoin ról lárnach a chomhlíonann Gardaí sa chúirt chróinéara. Bhuaileamar freisin le haturnaetha a chuir in iúl go raibh imní orthu faoi choinbhleachtaí féideartha leasa. Tugaimid faoi deara tiomantas fadtéarmach an Rialtais don phróiseas ionchoisní a athchóiriú, agus nílimid ag tabhairt barúlacha ach amháin faoi ról na nGardaí. Comhlíonann siad raon leathan feidhmeanna a bhaineann le básanna a thuairisciú, le dí-adhlacthaí a dhéanamh, le gníomhú mar Oifigeach don Chróinéir, le giúiréithe a thionól, le fianaise a chur i láthair, le hatráth a lorg, agus le cróinéirí malartacha a shainaithint. Is féidir leo sin forluí a chruthú idir imscrúduithe coiriúla agus ionchoisní. Ina theannta sin, is cúraimí iad atá am-íditheach do Ghardaí agus a thógann amach iad ó phríomhdualgais. Ní chuirtear oiliúint chuí ar na Gardaí le haghaidh na ndualgas sin agus níor cheart an oiliúint sin a chur orthu ach oiread. Níor cheart na dualgais sin a bheith orthu. **Tacaímid le glaonna an córas cróinéara a athchóiriú chun nach gcomhlíonfaidh Gardaí na feidhmeanna sin a thuilleadh.** Tugaimid faoi deara freisin go bhfuil lánrogha ann faoi láthair maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart ionchoisne a dhéanamh **tar éis bás duine agus é faoi choimeád ag Gardaí. Creidimid gur cheart ionchoisní den sórt sin a bheith éigeantach,** ar aon dul le ceanglais faoi Airteagal 2 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.⁴²

42 Dhéanfaí ionchoisní den sórt sin éigeantach leis an mBille Cróinéirí (Leasú), 2018, a thug an Rialtas anuas i mí Iúil 2018.

CAIBIDIL A HOCHT

AN TRÁCHT AGUS AN tSÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

1. Cuspóir de chuid an Gharda Síochána, mar a shainítear in alt 7(1) d’Acht an Gharda Síochána 2005, is ea “trácht ar bhóithre a rialáil agus a rialú agus feabhas a chur ar an tsábháilteacht”. Bhreithníomar moladh a rinneadh don Choimisiún seo gur cheart an phóilíneacht bóithre a shannadh do “Chór Tráchtá an Gharda Síochána”, a bheadh ina chór tiomnaithe a mbeadh struchtúr orduithe ar leith aige. Mar sin féin, tá póilíneacht bóithre ina cuid dhílis den ord poiblí, den choireacht a bhrath agus a laghdú, agus de shábháilteacht an phobail. Ní mholaimid go mbeadh struchtúr orduithe ar leith ann le haghaidh na póilíneachta bóithre.
2. Tá laghdú an-suntasach tagtha le fiche bliain anuas ar an líon básanna ar bhóithre na tíre. B’ionann é agus níos mó ná 400 bás sa bhliain i dtús na haoise nua agus is ionann é faoi láthair agus thart ar 160 bás sa bhliain. Sna 1970í, nuair ab ionann an daonra agus 40% níos lú ná atá sé sa lá atá inniu ann, bhí an líon básanna ar bhóithre ceithre huairte níos mó ná an líon sa lá atá inniu ann. Cé nár cheart dúinn bheith réchúiseach faoin líon reatha, is dearcadh cabhrach é a léiríonn cad is féidir a bhaint amach trí chomhcheangal idir dearadh níos fearr carranna, dearadh níos fearr bóithre, feachtais faisnéise poiblí agus forfheidhmiú póilíní a bheith ann. D’ainneoin an dul chun cinn sin, aimsíodh i suirbhé a rinne an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre sa bhliain 2017 go gceapann 67% de dhaoine fásta in Éirinn nach ann do go leor Gardaí atá ag forfheidhmiú dlíthe tráchtá. Moladh in aighneachtaí a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin gur cheart níos mó acmhainní a leithdháileadh ar an bpóilíneacht um thrácht ar bhóithre chun go mbeifí in ann dlíthe a fhorfheidhmiú ar bhealach níos éifeachtaí. Luadh i roinnt aighneachtaí a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin gur cheart do na Gardaí go léir oiliúint leordhóthanach a bheith acu i reachtaíocht um thrácht ar bhóithre chun go mbeadh siad in ann an reachtaíocht a fhorfheidhmiú i gcomhar lena gcomhghleacaithe is póilíní tráchtá. Leagadh béim freisin ar an ngá atá ann le sonraí idirghabhála forfheidhmithe a bhailiú, a iniúchadh go neamhspleách agus a fhoilsiú.
3. Is léir go raibh míriarachán tromchúiseach ann sna póilíní i dtaca le cealú pointí pionóis agus i dtaca leis an áibhéil a rinneadh faoin líon tástálacha éigeantacha meisce. Léiríodh é sin sna tuarascálacha ar fhoilsigh an tÚdarás Póilíneachta agus Crowe Horwath iad sa bhliain 2017. Sainaithníodh iontu gurb ann do bhainistíocht feidhmíochta agus maoirseacht feidhmíochta atá neamhleor agus neamh-chomhsheasmhach agus go bhfuil cuntasacht in easnamh ar fud na heagraíochta ina hiomláine. Tháinig an comhcheangal sin laigí chun cinn i réimse ina ndéanann an líon is mó daoine teagmháil dhíreach leis an tseirbhís póilíní, rud a d’fhág go raibh tionchar dosheachanta ann ar dhearcadh an phobail faoi inniúlacht na bpóilíní. Mar atá amhlaidh i réimsí eile den eagraíocht póilíní, tá gá ann le próisis níos láidre bhainistíochta chun cosaint ar earráidí agus mí-úsáidí den sórt sin, is cuma cé acu a thagann siad as feidhmiú neamhchothrom an dlí, as áibhéil a dhéanamh faoi líonta chun mórtas a dhéanamh, nó as droch-choinneáil taifead. Ní féidir an fhadhb a chur síos don teicneolaíocht, cé gur féidir go bhfuil sí easnamhach faoi láthair.
4. Ábhar imní a cuireadh in iúl don Choimisiún seo le linn ár gcomhairliúchán poiblí is ea ionchúisimh i leith cionta tráchtá ar cheart déileáil leo trí fhógra muirir sheasta a ghearradh. Mar sin féin, ós rud é nárbh ann do chóras éifeachtúil le haghaidh fógraí pionóis sheasta a eisiúint lom láithreach tar éis ciona, ba rómhinic a bhíodh ar thiománaithe agus ar Gardaí dul chun na cúirte. D’inis na póilíní dúinn go bhféadfadh Garda atá ag obair ar phóilíneacht bóithre líon chomh hard le dhá lá dhéag sa mhí a

chaitheamh sa chúirt, cé gurb amhlaidh i ndlínsí eile go bhféadfadh nach mbeadh ar na póilíní sin dul chun na cúirte ach go hannamh. Tá sé sin ar cheann den ardlíon bealaí ina raibh acmhainní póilíní á gcur amú mar go raibh cliseadh ann sa phróiseas gnó. Bhí sé ina chúis le hachrann neamhriachtanach idir na póilíní agus na tiománaithe freisin.

5. Tá dul chun cinn á dhéanamh ar obair ar oibriú an chórais mhuirear seasta a fheabhsú. Léirítear sna réamhthorthaí go bhfuil na bearta atá á ndéanamh ag cruthú méaduithe sa ráta íocaíochta agus laghdú sa líon cásanna a théann ar aghaidh chun na cúirte.⁴³ Mar sin féin, léirítear i dtreoirchlár a rinne an Garda Síochána i Luimneach chun úsáid gléasanna móibíleacha a thástáil gurb amhlaidh, i measc barainneachtaí eile, gur féidir le Gardaí gléasanna den sórt sin a úsáid chun ticéid a ghiniúint ar an láthair as sárúithe tráchta. Is ticéid iad is féidir a sheoladh go huathoibríoch chuig tiománaithe chun go mbeidh siad in ann fíneálacha a íoc ar líne. Agus iad in úsáid i ngach cuid den tír, ba cheart go ndéanfadh gléasanna móibíleacha barainneachtaí suntasacha a chruthú i dtaca le ham póilíní agus cúirte, le costais riaracháin, agus le hioncam fíneálacha a bhailiú. Tríd is tríd, tá scóip ann le héifeachtacht a mhéadú ach leas a bhaint as dul chun cinn teicneolaíochta, mar shampla trí úsáid níos leithne a bhaint as ceamaraí luais, agus leas a bhaint as réitigh eile atá á mbreithniú faoi láthair lena n-úsáid ag an nGarda Síochána.
6. Le linn roinnt dár gcomhairliúcháin phoiblí, tháingamar ar mhíthuiscint gur cheart don Gharda Síochána gnáthshárúithe páirceála a phóilíniú. Níor cheart é sin a bheith ina fheidhm de chuid na bpóilíní. Ina ionad sin, ba cheart é a bheith ina fheidhm de chuid na maor páirceála a bhfostaíonn údaráis áitiúla iad. Níor cheart ceangal a bheith ar na póilíní déileáil le feithiclí atá páirceáilte go neamhdhleathach ach amháin i gcás go bhfuil siad ina riosca do shábháilteacht an phobail. Chuir Gardaí in iúl dúinn freisin gur minic a iarrtar orthu dul chuig mion-imbhuailtí ar bhóithre. **Mura bhfuil imbhuailtí ina chúis le díobhálacha nó ina chúinse is cúis le guais d'úsáideoirí bóithre, níor cheart aon ghá a bheith ann le baint a bheith ag na póilíní leis agus bheadh sé ina chur amú acmhainní póilíní dá mb'amhlaidh a bheadh.** Chun a chinntiú nach gcáinfear na póilíní ina leith sin gan chúis, ba cheart do phóilíní ceantair agus d'údaráis áitiúla a chinntiú gurb eol don phobal cad go díreach a dhéanann na póilíní.

⁴³ An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais: *Flanagan and Ross welcome improved operation of Garda Fixed Charge Processing System* (preasráiteas) [20 Iúil 2018], atá ar fáil ag <http://www.justice.ie/en/JELR/Pages/PR18000244>.

CAIBIDIL A NAOI

DUALGAIS NEAMHLÁRNACHA PHÓILÍNÍ

1. De bhreis ar a fheidhmeanna lárnacha um shábháilteacht an phobail, comhlíonann an Garda Síochána líon suntasach dualgas neamhlárnach. Cuireadh in iúl dúinn go n-ídiónn siad sciar ollmhór d’acmhainní agus am an Gharda Síochána. Sna háiteanna go léir sa tír a ndeachamar chucu chun labhairt le Gardaí, chualamar nach bhfuil go leor póilíní túslíne ar fáil agus go bhfuil dualgais neamhlárnacha ag ídiú ama agus acmhainní, rud a théann chun aimhleas na bhfeidhmeanna lárnacha. Luadh é sin freisin i roinnt aighneachtaí a fuair an Coimisiún.
2. Áirítear na nithe seo leis na dualgais neamhlárnacha a chomhlíonann Gardaí faoi láthair: roinnt gnéithe slándála ag na cúirteanna; gach príosúnach ar athchur a iompar; toghairmeacha a sheirbheáil; ionchúisimh a dhéanamh ag cúirteanna dúiche⁴⁴; dul chuig miontimpistí tráchta ar bhóithre, mar atá luaite thuas; agus páipéir scrúdaithe a chosaint do scoileanna.
3. Dualgas eile a chomhlíonann Gardaí faoi láthair is ea céannacht daoine a fhíorú chun críche iarratas nua a dhéanamh ar phas agus fiú chun críche cuntas bainc a oscailt. Sa chás deireanach sin, ní cosúil gur cleachtas caighdeánach é sin ar fud an Gharda Síochána. Tá an tseirbhís á soláthar ina lán stáisiún Gardaí, áfach, agus chuir Gardaí in iúl dúinn go gcuireann sé isteach ar dhualgais lárnacha phóilíní.
4. Ba cheart a bheith i gceist leis an dearbhtosaíocht ná gur cheart do phóilíní ceantair túslíne rochtain a bheith acu ar na hacmhainní a theastaíonn uathu chun a ndualgais lárnacha um shábháilteacht an phobail a chomhlíonadh. Maidir le heaspa póilíní a bheith le feiceáil ar na sráideanna agus i bpobail, is téama é sin a tháinig chun cinn arís is arís eile inár gcomhairliúcháin, inár gcruinnithe poiblí, sna haighneachtaí a fuaireamar agus san ardlíon comhráite a bhí againn le daoine den phobal agus le comhaltaí de na póilíní, de na comhairlí agus den Oireachtas. Aontaímid go mór leis sin. Ceann de na príomhfhadhbanna a bhaineann le póilíní a tharraingt amach ón túslíne is ea an sciar d’am póilíní a chaitear ar na cúraimí atá liostaithe thuas a chomhlíonadh. Ar an gcaoi sin, déantar roinnt mhaith uaireanta d’am na bpóilíní faoi mhionn a chur amú de bharr dualgais a d’fhéadfadh pearsana nach bhfuil faoi mhionn agus daoine eile nach comhaltaí den tseirbhís póilíní iad ar chor ar bith a dhéanamh agus ba cheart dóibh a dhéanamh.
5. Ní theastaíonn cumhachtaí póilíní ná oiliúint chostasach ar Gharda chun ceann ar bith de na dualgais atá liostaithe thuas a chomhlíonadh. Mar shampla, ba cheart do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann freagracht a ghlacadh as coimhdeacht príosúnach, seachas i gcás go bhféadfadh go mbeadh láithreachta Gardaí ag teastáil i leith príosúnaigh áirithe a mheastar a bheith ina gcontúirt ar leith. I gcás slándáil cúirte, ba cheart scóip a bheith ann chun dualgais nach bhfuil cumhachtaí póilíní ag teastáil ina leith a bhaint de Gardaí, agus ba cheart don tSeirbhís Chúirteanna a socruithe féin a dhéanamh le haghaidh toghairmeacha a sheirbheáil.⁴⁵
6. Is suntasach atá an sciar d’acmhainní póilíní a chuirtear amú ar na gníomhaíochtaí neamhlárnacha sin mar go n-aistrítear pearsana amach ó dhualgais túslíne agus mar go n-atreoraítear an buiséad teoranta póilíní amach ó fheidhmeanna lárnacha. Aithníodh tamall fada ó shin gur fadhb í sin nach mór a réiteach. Cé go ndearnadh moltaí ina leith

⁴⁴ Féach Caibidil 7.

⁴⁵ Tá scrúdú á dhéanamh ag foghrúpa den Choiste Straitéiseach Ceartais Choiriúil ar shaincheisteanna acmhainní a bhaineann le slándáil príosúnach agus le bainistíocht príosúnach, iompar san áireamh. Tá plé leanúnach á dhéanamh ag an ngrúpa sin ar an bhféidearthacht a bhaineann le dualgais áirithe a gcomhlíonann an Garda Síochána iad faoi láthair a bhaint de nó a sheachfhoinsiú, faoi réir staidéir ar luach ar airgead a chur i gcrích.

sin i dtuarascálacha eile san am atá thart, níl ach beagáinín dul chun cinn déanta go dtí seo. Mar thoradh ar an mbrú tromchúiseach atá ann ar acmhainní infheicthe Gardaí a úsáid ar thúslíne na póilíneachta, creidimid nár cheart aon mhoill bhreise a bheith ann agus gur cheart dul i mbun birt lom láithreach. **Molaimid, dá bhrí sin, go n-athshannfaí gach ceann de na dualgais neamhlárnacha sin do gníomhaireachtaí eile lom láithreach.** Ba cheart é sin a bheith ar cheann de na chéad tosaíochtaí nuair atá na moltaí sa tuarascáil seo á gcur chun feidhme

7. Tá ról suntasach comhlíonta ag an nGarda Síochána in obair inimirce freisin, lena n-áirítear Gardaí faoi éide a sholáthar ag aerfoirt. Sular bunaíodh an Coimisiún seo, cuireadh tús le próiseas a raibh mar aidhm leis an ról sin a laghdú. Sa bhliain 2016, aistríodh ó na póilíní chuig Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann an fhreagracht as náisiúnaigh neamh-LEE⁴⁶ i gcathair agus contae Bhaile Átha Cliath a chlárú. Cuireadh in iúl dúinn go bhfuil sé mar aidhm leis sin clárú i ngach cuid den Stát a aistriú amach ó na póilíní. Cuireadh in iúl dúinn freisin go bhfuil plean i bhfeidhm chun sonraí clárúcháin a aistriú ó bhunachar sonraí Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce chuig bunachar sonraí tiomnaithe de chuid Sheirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann.
8. Aontaímid leis na hathruithe sin. Tá difríocht shuntasach ann idir an phóilíneacht agus an chuid is mó de shaincheisteanna inimirce. Nuair a ghlacann na póilíní páirt iontu, baintear an díriú ó na nithe ar cheart don tseirbhís póilíní agus don fhoireann ceannais díriú orthu, is iad sin, an phóilíneacht túslíne, an choireacht, agus sábháilteacht an phobail. Ina theannta sin, d'fhéadfadh rannpháirtíocht na bpóilíní i nithe lena mbaineann stádas inimirce an caidreamh atá ag na póilíní le pobail inimirceach a dhéanamh níos casta. D'fhágfadh sé sin go mbeadh sé doiligh do phóilíní túslíne iontaoibh a mhéadú i measc na bpobal sin agus caidreamh comhoibríoch a chothú leo. Ba cheart feidhmeanna ar leith a gcomhlíonann gníomhaireachtaí ar leith iad a bheith sa phóilíneacht agus san inimirce. **Molaimid go n-aistreofaí gach dualgas inimirce atá fágtha ón nGarda Síochána chuig Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann a luaithe is féidir.** Ar ndóigh, ba cheart do Sheirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann agus na póilíní obair i ndlúthchomhar lena chéile nuair is gá, mar shampla nuair a theastaíonn cumhachtaí póilíní i gcásanna lena mbaineann coimeád, cuardach, gabháil agus díbirt. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh na póilíní a mheas nach mór dóibh, chun críche coireacht a chosc, bheith i láthair ag calafoirt nó ag aerfoirt le haghaidh teacht daoine áirithe, mar a tharlaíonn faoi láthair.

CUID A 3

AN tSLÁNDÁIL NÁISIÚNTA

CAIBIDIL A DEICH CUR CHUIGE ILGHNÍOMHAIREACHTA LE HAGHAIDH STRAITÉIS SLÁNDÁLA NÁISIÚNTA

1. Tá an Garda Síochána difriúil le seirbhísí póilíní eile i ndlínsí dlí choitinn mar gurb eisean an ghníomhaireacht atá freagrach as slándáil an Stáit. Cuireadh an cúram sonrach orainn inár dtéarmaí tagartha féachaint ar an ról déach atá ag na póilíní mar ghníomhaireacht slándála stáit agus mar sheirbhís póilíní araon.
2. Tá idir fhadhbanna agus bhuntáistí ag baint leis an dá fheidhm a thabhairt don aon eagraíocht amháin. Ar na buntáistí tá comhordú éasca idir póilíní túslíne agus na póilíní sin a dhéanann speisialtóireacht i nithe slándála. Ní mór do na póilíní túslíne eolas a bheith acu ar na bagairtí féideartha ar an tslándáil chun go mbeidh siad in ann bheith san airdeall ar ghníomhaíochtaí ina bpobail. Ní mór na póilíní atá ag díriú ar an gcoireacht eagraithe a chur san áireamh ann freisin mar thoradh ar na naisc a bhíonn ann go minic idir an sceimhlitheoireacht agus gníomhaíocht choiriúil den chineál sin. Ar na míbhuntáistí féideartha atá bainteach le socrú gníomhaireachta aonair tá na rioscaí go bhféadfadh “smaointeoireacht ghrúpa” eagraíochta aonair a fhágáil nach gcuirfí dearcthaí agus nuálaíochtaí difriúla san áireamh, mar aon le rioscaí go bhféadfadh cultúr gníomhaireachta slándála dul i bhfeidhm ar an eagraíocht ina hiomláine. I gcomparáid leis an trédhearcacht agus leis an gcuntasacht ba cheart do phóilíní sa phobal a léiriú, is gá do na póilíní sin a láimhseálann faisnéis íogair bheith níos neamh-thrédhearcaí faoina gcuid oibre agus tá siad níos neamhchuntasáí aisti ó thaobh na hoscailteachta de. Dá n-earcófaí daoine a bhfuil raon leathan scileanna agus dearcthaí acu, d’fhéadfadh go laghdófaí na rioscaí sin go pointe éigin, cé nach gcuirfí deireadh leo go hiomlán.
3. San am atá thart, bhíodh grúpaí intíre ar an bpríomhbhagairt ar an tslándáil náisiúnta. Dar le hoifigigh idirchaidrimh a ndeachaigh an Coimisiún seo i gcomhairle leo, thuill an Garda Síochána méid suntasach measa i measc gníomhaireachtaí slándála i dtíortha eile as an dóigh ar dhéileáil sé leis an mbagairt sin. Mar sin féin, fuair an Garda Síochána cáineadh ón lucht léinn agus ó iriseoirí freisin as a fheidhmíocht sa réimse sin. Sa lá atá inniu ann, áfach, bíonn ag athrú ar chineál na bagartha ar an tslándáil náisiúnta. Níor cuireadh deireadh leis an bhfadhb sceimhlitheoireachta intíre ach níl sí chomh mór is a bhí sí roimh Chomhaontú Aoine an Chéasta, a síníodh sa bhliain 1998. I gcodarsnacht leis sin, tá an bhagairt a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht idirnáisiúnta i bhfad níos mó ná a bhí. Is iomaí áit nár dhírigh sceimhlitheoirí idirnáisiúnta orthu riamh atá thíos le hionsaithe ar

imeachtaí spóirt, ar shráideanna siopadóireachta, ar phromanáidí, ar thránna, ar cheolárais, ar chlubanna agus ar thargaidí boga eile. Tá na sochaithe oscailte go léir i mbaol. Tá athrú tagtha freisin ar na modhanna a n-úsáideann sceimhlitheoirí iad, mar go mbítear ag úsáid na meán sóisialta agus an Idirlín chun ionsaithe a phleanáil, daoine ar furasta cur ina luí orthu a radacú, agus gníomhairí a earcú.

4. Sa chomhthéacs sin, níl sé réalaíoch a thuilleadh iarraidh ar stáit, go háirithe stáit bheaga amhail Éire, a bheith ag brath ar acmhainní agus inniúlachtaí inmheánacha amháin chun leasanna náisiúnta a chosaint. Mar thoradh ar chineál idirnáisiúnta na bagartha agus ar chríochnúlacht mhéadaitheach na sceimhlitheoirí agus na ngrúpaí coireachta eagraithe araon, bainfidh ríthábhacht le comhar agus comhroinnt faisnéise idirstáit.
5. Níl an sceimhlitheoireacht ar an aon bhagairt amháin atá ann ar leasanna slándála náisiúnta. Ar fud an domhain, bíonn eintitis rialtais agus cuideachtaí príobháideacha ag déileáil gach lá le hiarrachtaí haiceáil isteach ina gcórais. Orthu sin atá freagrach as na cibear-ionsaithe sin tá gníomhaireachtaí eachtracha, sceimhlitheoirí nó grúpaí agus daoine aonair a bhfuil sé mar rún acu, i measc nithe eile, spaireacht thionsclaíoch a dhéanamh, dul i bhfeidhm ar phróisis pholaitíochta nó an bonn a bhaint ón muinín astu, dul i dtír ar bhonneagar náisiúnta agus cur isteach a dhéanamh chun a chríche féin. Mar atá amhlaidh i dtíortha eile, is i mbaol na gcibear-ionsaithe sin atá institiúidí rialtais, bonneagar agus cuideachtaí na hÉireann agus atá an t-ardlín cuideachtaí eachtracha atá bunaithe in Éirinn agus tábhachtach do gheilleagar na tíre. Ábhar imní a bhíonn ag dul i méid go tapa is ea an chibearshlándáil. **Molaimid go ndéanfaí Straitéis Cibearshlándála Náisiúnta atá athraithe chun dáta agus cuimsitheach a cheapadh go luath.** Chomh maith leis sin, ní mór d'Éirinn cur lena hacmhainn laistigh den Gharda Síochána agus laistigh den Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála araon chun aghaidh a thabhairt ar an mbagairt, agus an obair atá ar bun leis an lucht léinn agus an earnáil príobháideach á leathnú. Ní hé amháin go mbaineann sé sin le hacmhainní, ach baineann sé freisin le fearas slándála an rialtais.
6. **Tagann sé lena bhfuil thuas nár cheart an fheidhm slándála náisiúnta a bheith dílsithe go hiomlán don eagraíocht póilíní.** Tríd is tríd, tá ag tíortha eile roinnt gníomhaireachtaí a bhfuil freagrachtaí orthu as gnéithe difriúla den bhagairt ar an tslándáil náisiúnta – gnéithe seachtracha, gnéithe inmheánacha, gnéithe cibearshlándála, gnéithe athléimneacht bonneagair, i measc nithe eile – agus comhairleoir slándála náisiúnta a chomhordaíonn na gníomhaireachtaí sin agus a thuiriscíonn de ghnáth do cheann an rialtais. Tá ag Éirinn cheana féin roinnt gníomhaireachtaí agus Ranna difriúla a bhfuil leasanna acu i slándáil an Stáit. Áirítear leo sin an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an Roinn Cosanta, agus Óglaigh na hÉireann, a bhfuil freagracht orthu as an Stát a chosaint agus a bhfuil taithí idirnáisiúnta agus acmhainn faisnéise araon acu. Mar atá luaite thuas, tá ról sa tslándáil náisiúnta ag an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála. Is léir freisin go bhfuil ról inti ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, ós rud é gur as tíortha eile a thagann an-chuid den bhagairt.
7. Tá de chúram ar an gCoiste Slándála Náisiúnta, a ndéanann an tArd-Rúnaí ar Roinn an Taoisigh⁴⁷ icathaoirleacht air, comhairle a chur ar an Taoiseach agus ar an Rialtas maidir le saincheisteanna agus freagairtí slándála náisiúnta ardleibhéil. I mí Iúil 2017, bunaíodh Coiste Comh-aireachta F,⁴⁸ Is Coiste Slándála Rialtais nua é a ndéanann an Taoiseach cathaoirleacht air agus atá comhdhéanta d'oifigigh shlándála agus de chomhaltaí den Chomh-aireacht. Mar sin féin, ní ann d'aon bhuanstruchtúr a thugann na gníomhaireachtaí éagsúla le chéile chun saineolas agus faisnéis a chomhthiomsú ar mhaithe le léargas cuimsitheach a

⁴⁷ Le haghaidh feidhmeanna, féach <https://www.oireachtas.ie/en/debates/question/2017-05-30/2/>.

⁴⁸ Roinn an Taoisigh: *Taoiseach convenes first meeting of Government Security Committee* (press statement) (14 July 2017) atá ar fáil ag https://www.taoiseach.gov.ie/eng/News/Taoiseach%27s_Press_Releases/Taoiseach_convenes_first_meeting_of_Government_Security_Committee.html.

thabhairt ar na bagairtí ar an Stát agus le heolas a dhéanamh do straitéis slándála náisiúnta a fhorbairt. **Molaimid go mbunófaí lom láithreach ionad náisiúnta um chomhthiomsú agus anailís faisnéise (Ionad Anailíse Bagairtí Straitéiseacha) atá suite go lárnach laistigh den rialtas agus a fhreagraíonn do Roinn an Taoisigh.** Beartaímid go mbeadh an t-ionad seo comhdhéanta de líon beag ball foirne buan, de phearsana ón nGarda Síochána agus ó Óglaigh na hÉireann, agus d'oifigigh atá ar iasacht ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, ón Roinn Cosanta, ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus ón Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. Bheadh sé mar chuspóir aige faisnéis a thiomsú, bíodh sí ó ghníomhaireachtaí Éireannacha, ó chomhpháirtithe idirchaidrimh ón gcoigríoch nó ó fhoinsí oscailte, agus anailís rialta ar bhagairtí a thabhairt don Taoiseach. Ba cheart dó measúnuithe fadtéarmacha ar bhagairtí a dhéanamh ar bhonn mór-anailís gheopholaitiúil, agus anailís ar bhagairtí a n-iarrann na póilíní nó gníomhaireachtaí eile í a dhéanamh. Ba cheart dó forbairt a dhéanamh freisin ar riachtanais bhailithe faisnéise lena bhformheas ag an Taoiseach, ar riachtanais iad a d'fhéadfaí a shannadh don Gharda Síochána agus do ghníomhaireachtaí ábhartha eile ina dhiaidh sin chun a ngníomhaíochtaí bailithe faisnéise a threorú agus chun a chinntiú nach mbeadh aon fhorluí ann eatarthu (mar shampla, idir bailiú faisnéise na bpóilíní agus bailiú faisnéise an airm).

8. Is gá anois an cur chuige sin a ghlacadh chun cur le freagracht an Gharda Síochána as oibríochtaí slándála amhail faireachas, bailiú faisnéise, imscrúduithe, nó gabhálacha. Ní mór do na póilíní bheith gafa go hiomlán le hobair slándála náisiúnta fós. Fiú i gcás go bhfuil gníomhaireachtaí slándála leithleacha ann i ndlínsí eile, léiríodh sa taithí nach mór do na póilíní fanacht i dteagmháil sheasmhach leis na gníomhaireachtaí sin, ag obair dóibh go minic i bhfoirne comhtháite in oifigí comhroinnte.
9. De bhreis air sin, **ní mór acmhainn slándála agus faisnéise an Gharda Síochána a neartú, go háirithe trí bhíthin soláthar buiséid imfhálaithe agus cumas chun saineolas, lena n-áirítear saineolas anailíseach, saineolas teicneolaíochta agus saineolas dlíthiúil, a earcú go díreach agus go tapa.** Is ábhar práinne é sin. Bíonn an sceimhlitheoireacht idirnáisiúnta agus an choireacht eagraithe ag éabhlóidiú de shíor agus is tromchúiseach atá na rioscaí a ghabhann leo don Stát.
10. Rinneamar breithniú cúramach ar cé acu a mholfaimis nó nach molfaimis go gcruthófaí gníomhaireacht ar leith a mbeadh cumhachtaí aici a rachadh níos faide ná anailís agus comhordú faisnéise agus a n-áireofaí leo acmhainn chun a foinsí faisnéise féin a fhorbairt (cosúil leis an tSeirbhís Slándála sa Ríocht Aontaithe) nó cumhachtaí iomlána póilíní fiú (cosúil leis an mBiúró Imscrúdaithe Feidearálach sna Stáit Aontaithe). Nílaimid cinnte go bhfuil sé sin riachtanach nó réalaíoch san am i láthair. Is cuma cé acu a bheidh nó nach mbeidh gníomhaireacht ar leith ina rogha am ar bith sa todhchaí, creidimid go bhfuil sé ríthábhachtach anois gur cheart faisnéis slándála a chomhordú lasmuigh de na póilíní nó d'aon ghníomhaireacht nó Roinn aonair eile. Is é sin an fáth a molaimid go mbunófaí Ionad Anailíse Bagairtí Straitéiseacha faoi Roinn an Taoisigh.
11. **Molaimid freisin gur cheart don Ionad Anailíse Bagairtí Straitéiseacha a bheith faoi stiúir ag Comhordaitheoir Slándála Náisiúnta a fhreagraíonn go díreach don Taoiseach.** Bheadh an t-údarás ag an oifigeach sinsearach sin, ba cheart a bheith ina cheapachán lánaimseartha, cruinnithe idirghníomhaireachta a thionól chun measúnuithe ar bhagairtí a fhorbairt don Taoiseach agus chun riachtanais bhliantúla faisnéise a dhréachtú. I gcás mórtheagmhais leanúnacha slándála a dteastaíonn freagairt ilghníomhaireachta ina leith, d'fhéadfadh an Comhordaitheoir cathaoirleacht a dhéanamh freisin ar chruinnithe idirghníomhaireachta thar ceann an Taoisigh.
12. **Molaimid gur cheart don Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála bheith cuntasach don Chomhordaitheoir Seirbhíse Náisiúnta.** San am i láthair, tá sé ina chuid den Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. Mar sin féin, níl i gcumarsáidí ach gné amháin den bhonneagar náisiúnta nach mór a chosaint ar ionsaithe agus baineann an chibearshlándáil le níos mó ná an bonneagar ina aonar. Tá sé os cionn shainchúram aon roinne aonair agus ba cheart dó tuairisciú do lár an rialtais.

CAIBIDIL A hAON DÉAG

FORMHAOIRSEACHT AR AN tSLÁNDÁIL NÁISIÚNTA

1. Sna caibidlí seo a leanas den tuarascáil seo, breithnímid an fformhaoirseacht ar an bpóilíneacht go ginearálta. Sa chaibidil seo, pléimid an tsaincheist um fformhaoirseacht ar an tslándáil náisiúnta, rud ar cheart socruithe speisialta a bheith ann ina leith, dar linn. Tá dhá chúis ann leis sin. Ar an gcéad dul síos, is é atá i gceist leis an tslándáil náisiúnta de réir a cineáil ná faisnéis fhíor-íogair. Cuimsíonn sí faisnéis ó fhoinsí nach mór a chosaint agus ó sheirbhísí idirchaidrimh nach mór caitheamh lena dtáirge go cúramach. Ar an dara dul síos, chuir an tÚdarás Póilíneachta agus Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána ábhair imní in iúl faoin bhfíric go bhféadfaidh na póilíní diúltú do roinnt de na hiarrataí uathu ar fhaisnéis ar fhorais slándála náisiúnta. Is cúis dhlísteanaigh í sin le faisnéis a choinneáil siar i gcúinsí áirithe. Mháigh na comhlachtaí formhaoirseachta, áfach, gurbh fhéidir gur baineadh leas aisti ar bhonn níos leithne ná a bhí riachtanach. Ní mór sásra de chineál éigin a bheith ann chun a sheiceáil nach mbaintear leas aisti ach amháin nuair is gá.
2. Measaimid freisin go bhfuil gá ann le hathbhreithniú cuimsitheach láidir ar an gcreat reachtach ar laistigh de a oibríonn póilíní agus gníomhaireachtaí eile i réimse na slándála náisiúnta. B'athbhreithniú é ina ndíreofaí ar na cumhachtaí ba chearta a thabhairt dóibh, ar an dóigh a bhfeidhmíonn siad na cumhachtaí sin chun go dtabharfar aird ar chearta bunúsacha agus ar na coimircí atá i bhfeidhm in aghaidh drochúsáide nó mí-úsáide. Ós rud é gur ag athrú go mear a bhíonn cineál agus raon na mbagairtí ar an tslándáil náisiúnta agus na teicneolaíochtaí atá á n-úsáid, tá sé tábhachtach go ndéanfaí athbhreithniú seasmhach ar na saincheisteanna sin.
3. **Molaimid go mbunófaí Scrúdaitheoir Neamhspleách ar an reachtaíocht um an sceimhlitheoireacht agus an choireacht thromchúiseach**, bunaithe ar an tsamhail atá in úsáid sa Ríocht Aontaithe. Dhéanfadh an Scrúdaitheoir athbhreithniú leanúnach ar an dóigh a bhfuil an reachtaíocht slándála á cur chun feidhme ag na póilíní agus ag gníomhaireachtaí eile. Anuas air sin, mheasfadh sé an argóint i bhfabhar na n-athruithe a theastaíonn chun déileáil leis na bagairtí atá ag teacht chun cinn, agus aird á tabhairt ar chearta bunúsacha ag an am céanna. Chun déanamh amhlaidh, bheadh sé riachtanach go mbeadh cumhachtaí ag an Scrúdaitheoir chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dóigh a ndéantar oibríochtaí slándála ar leith i gcás go dtagann ábhair imní chun cinn a fhágann go bhfuil grinnscrúdú neamhspleách ag teastáil. Bheadh rochtain ar pháipéir agus ar phearsanra ag teastáil chun na dualgais sin a chomhlíonadh agus ní bheifí in ann faisnéis a chur in eagar ach chun críche céannacht faisnéiseoirí a chosaint.
4. **D'fhéadfadh an Scrúdaitheoir Neamhspleách gníomhú freisin mar bhreithneoir chun breithniú a dhéanamh ar iarrataí ó chomhlachtaí formhaoirseachta póilíneachta ar fhaisnéis ar dhiúltaigh na póilíní dóibh go hiomlán nó go páirteach ar fhorais slándála náisiúnta agus i gcás go bhfuil fonn ar na comhlachtaí formhaoirseachta achomharc a dhéanamh in aghaidh na breithe sin.** D'fhéadfadh go mbeadh sé tráthúil, tráth bhunú an Scrúdaitheora Neamhspleách, athbhreithniú a dhéanamh ar ról an bhreithimh shainithe a bhforáiltear dó faoi alt 100 d'Acht an Gharda Síochána 2005 agus ar fhorálacha Chuid 4 den Acht de réir mar a bhaineann siad le cumhachtaí an aire chun orduithe a eisiúint maidir le rochtain ar ábhar slándála.
5. Ba cheart don Scrúdaitheoir Neamhspleách tuairisc a thabhairt don Taoiseach agus ba cheart ceapachán páirtaimseartha a bheith ann. Beidh sé tábhachtach an duine aonair ceart a roghnú don phost. Mar thoradh ar an díriú a leagfar ar reachtaíocht agus ar an dóigh a gcuirtear i bhfeidhm í, beidh sé ríthábhachtach go mbeidh ag an duine sin cúlra láidir dlí agus creidiúnacht shuntasach i measc an lucht dlí. Beidh sárscileanna cumarsáide tábhachtach freisin. Beidh ar an Scrúdaitheoir muinín an phobail a ghnóthú.

CUID A 4

FORMHAOIRSEACHT AGUS CUNTASACHT

AN RÓL ATÁ AG COMHLACHTAÍ SEACHTRACHA

RÉAMHRÁ – CREAT NÁISIÚNTA COMHLEANÚNACH

Is casta atá an ailtireacht reatha le haghaidh na póilíneachta in Éirinn. Tá forluí éigin agus easpa soiléire ann idir na ról faoi seach atá ag na comhlachtaí éagsúla formhaoirseachta, mar atá an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an tÚdarás Póilíneachta, Cigireacht an Gharda Síochána agus Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána. Ina theannta sin, tá easpa idirdhealaithe ann idir na ról atá ag roinnt de na comhlachtaí seachtracha sin agus an fhreagracht atá ar an tseirbhís póilíní as a rialachas féin. Tá an easpa comhleanúnachais atá ann sa chreat formhaoirseachta ag déanamh dochar do chuntasacht shoiléir éifeachtach as an bpóilíneacht in Éirinn. Sna chéad chaibidlí eile den tuarascáil seo, molaimid creat comhleanúnach nua. Chun na críche sin, déanaimid idirdhealú idir cuntasacht, formhaoirseacht agus rialachas ar an mbealach seo a leanas. Ar an gcéad dul síos, breithnímid **cuntasacht** maidir le cuntasacht dhaonlathach na bpóilíní don phobal trína n-ionadaithe tofa. Tá an Coimisinéir cuntasach don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, atá cuntasach faoi seach don Oireachtas. Ba cheart cuntasacht, sa chiall is leithne, a bheith i bhfeidhm ar fud na seirbhíse póilíní ar gach leibhéal – ba cheart do gach duine bheith cuntasach dá maoirseoirí as a bhfeidhmíocht. Ba cheart feidhm a bheith aige maidir leis na comhlachtaí formhaoirseachta freisin. Tá siad go léir cuntasach don phobal as póilíneacht agus sábháilteacht pobail atá éifeachtach a sholáthar. Ar an dara dul síos, is í **formhaoirseacht** an fhreagracht atá ar chomhlachtaí ceaptha, a bhfuil a ndualgais shainithe féin ar gach ceann díobh faireachán, cigireacht agus imscrúdú a dhéanamh ar fheidhmíocht na bpóilíní. Ar leithligh uaidh sin, ba cheart **rialachas** inmheánach agus bainistíocht laethúil na seirbhísí póilíní a bheith mar fhreagracht ar na póilíní iad féin, agus iad faoi stiúir ag Coimisinéir an Gharda Síochána. Mura bhfuil freagracht ann, ní bheidh cuntasacht ann. Is amhlaidh gurb é sin an staid faoi láthair. Pléimid na coincheapa sin sa chéad chúig chaibidil eile, ag plé leis na comhlachtaí seachtracha ar dtús agus leis an tseirbhís póilíní í féin ina dhiaidh sin.

“Ní mór an chuntasacht a bheith ina ní a tharlaíonn ar gach leibhéal, in ionad í a bheith ina ní a tharlaíonn i seomra boird uair amháin sa bhliain. Níl sé furasta daoine a dhéanamh cuntasach agus níl sé furasta bheith cuntasach. Is riachtanas é, áfach.”

Aighneacht ó dhuine den phobal

CAIBIDIL A DÓ DHÉAG

CUNTASACHT PHOLAITIÚIL, AN tOIREACTHAS AGUS AN ROINN DLÍ AGUS CIRT AGUS COMHIONANNAIS

AN tOIREACTHAS

1. Ba cheart don Gharda Síochána agus do sheirbhísí eile ceartais choiriúil bheith cuntasach do rialtas an Stáit atá tofa go daonlathach agus is amhlaidh go bhfuil. Is tríd an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais a fheidhmítear an ról sa Gharda Síochána agus i seirbhísí eile ceartais choiriúil a choimeád cuntasach. Dá réir sin, tá cuntasacht pholaitiúil ar an Aire don Oireachtas as nithe póilíneachta. Anuas air sin, tá Coimisinéir an Gharda Síochána cuntasach as cuntais an Gharda Síochána don Choiste um Chuntais Phoiblí. Rud ba ghinearálta fós, tá freagracht ar an nGarda Síochána mar chomhlacht poiblí as obair le Coistí ábhartha Oireachtais i dtaca le nithe póilíneachta. Dáiríre, áfach, is brúite chun cinn ag géarchéimeanna agus scoite go dtí seo atá an obair sin, in ionad í a bheith meáite agus struchtúrtha. Ní théann sé sin chun tairbhe do mhuintir na hÉireann agus ní chuireann sé ar chumas an Oireachtais ach oiread obair go héifeachtach leis an nGarda Síochána i dtaca lena obair leanúnach agus le dúshláin na póilíneachta in Éirinn.
2. **Molaimid go dtionscnófaí clár breisithe rialta rannpháirtíochta idir an Garda Síochána agus an Comhchoiste Oireachtais um Dhlí agus Ceart agus Comhionannas.** D'fhéadfadh cruinnithe ráithiúla idir foireann ceannaireachta sinsearaí an Gharda Síochána agus an Choiste a bheith i gceist leis, áit a gcuirfí ceisteanna roimh ré chun an leas is mó a bhaint as éifeachtacht na gcruinnithe maidir le heolas a thabhairt do na comhaltaí den Choiste, rud as.
3. Tiocfaidh géarchéimeanna chun cinn fós ina mbeidh ar an nGarda Síochána bualadh leis an gCoiste ábhartha Oireachtais lasmuigh den ghnáthchlár rannpháirtíochta. Sna cásanna sin, measaimid gur fiú na nósanna imeachta a chuíchóiriú chun dúbláil a sheachaint nó, go deimhin, chun comórtas idir Coistí difriúla Oireachtais a sheachaint. Rud ba ghinearálta fós, d'fhéadfadh gurbh fhiú tuilleadh machnaimh a dhéanamh laistigh den fhóram cuí i dTithe an Oireachtais ar conas a d'fhéadfaí an leas is mó a bhaint as a éifeachtaí a bheidh rannpháirtíocht an Oireachtais leis an nGarda Síochána amach anseo.
4. Thugamar faoi deara freisin go bhfaigheann an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais líon ard Ceisteanna Parlaiminte ó Theachtaí Dála faoin nGarda Síochána. Is minic a iarrtar iontu méideanna móra faisnéise mionsonraithe faoin eagraíocht póilíní. Cé go bhfuil sé ceart agus cóir go gcuirtear ceist ar an Aire san Oireachtas faoi nithe atá ábhartha do fhreagrachtaí díreacha na Roinne, is amhlaidh in amanna go dtugann sé sin páirt don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais i nithe lena mbaineann gnáthriarachán inmheánach an Gharda Síochána, fiú ar leibhéal na stáisiún áitiúil Gardaí. Níor cheart d'oifigigh roinne a gcuid ama a chaitheamh ar an mbealach sin, faoi mar a phléimid thíos.⁴⁹ Rud ba bhunúsáí fós, níor cheart é a bheith riachtanach do Theachtaí Dála iarraidh ar an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais faisnéis den sórt sin a thabhairt mar gur cheart í a bheith ar fáil go réidh ó eagraíocht an Gharda Síochána

⁴⁹ Mar shampla, an 24 Iúil 2018, thug an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais freagra ar 600 ceist parlaiminte. Díobh sin, thug an Rannóg Acmhainní Daonna agus an Rannóg Airgeadais agus Acmhainní den Rannán Póilíneachta freagra ar 429 gceist. B'ionann é sin agus 71% den líon iomlán ceisteanna ar thug an Roinn freagra orthu ar an dáta sin. Tríd is tríd, bhain na 307 gceist parlaiminte ar thug an Rannóg Acmhainní Daonna freagra orthu le líon/dáileadh an phearsanra de réir réimse/aonaid, ar ní é a bhfuil freagracht reachtúil ar Choimisinéir an Gharda Síochána as.

go díreach, gan úsáid a bhaint as seifteanna parlaiminte.⁵⁰ Cuid den fhadhb is ea nach raibh an Garda Síochána sásta go dtí seo faisnéis faoin eagraíocht í féin a thabhairt go hoscailte. Téama bunúsach sa tuarascáil seo is ea gur cheart do na póilíní i bhfad níos mó cumarsáide a dhéanamh leis an bpobal agus le heagraíochtaí comhpháirtíochta. Is cinnte gur cheart dóibh bheith níos sásta faisnéis a chomhroinnt leis an Oireachtas agus lena chomhaltaí. Tá súil againn gurb amhlaidh amach anseo gur ó na póilíní go díreach a bheidh Teachta Dála nó a bhail foirne in ann an chuid is mó den fhaisnéis a iarrann siad a fháil gan dul i muinín ceisteanna parlaiminte. Is ceisteanna iad sin ar cheart nithe a thagann faoi fhreagracht an Aire a bheith mar ábhar cuí dóibh.

AN ROINN DLÍ AGUS CIRT AGUS COMHIONANNAIS

5. Mar an gcéanna, tá gá ann le cuntasacht na bpóilíní don Rialtas a chúchóiriú tríd an gcaidreamh atá acu leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais a shoiléiriú agus a shimpliú. Cuireadh in iúl in an-chuid de na haighneachtaí a fuair eamar gur i gcleachtas a chomhlíon an Roinn ról a théann níos faide ná na póilíní a choimeád cuntasach. Tá baint aici le gnéithe de bhainistiú na seirbhíse póilíní, lena n-áirítear nithe amhail pá agus coinníollacha nó cinntí ar sholáthar. Ina theannta sin, sa tuarascáil uaidh⁵¹ ar athchóiriú na Roinne, chuir an Grúpa Éifeachtachta agus Athnuachana don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais in iúl go ndéileálann líon measartha beag daoine in dhá rannóg den Roinn leis na teagmhálacha go léir leis na Gardaí i réimsí éagsúla ábhair, “idir fhorghoirseacht, bhainistiócht géarchéime, bheartas agus cheisteanna parlaiminte ... gach ceann díobh a mheascadh ar an leibhéal sinsearach ar bhonn laethúil”. Is minic a dhírítear ar thosaíochtaí láithreacha in ionad straitéis fhadtéarmach agus beartas fadtéarmach. Aimsíonn oifigigh na Roinne go bhfuil siad “sna trinsí” le Gardaí, ag déileáil dóibh le géarchéimeanna oibríochtúla le chéile, áit a bhfuil spleáchas frithpháirteach agus ról dhoiléire ann.
6. Ní cuntasacht í sin. Luaigh an Grúpa Éifeachtachta agus Athnuachana gur tháinig an struchtúr formhaoirseachta póilíneachta ar fad chun cinn go frithghníomhach agus go tapa mar fhreagairt do ghéarchéimeanna éagsúla. Is cosúil gur forbraíodh é chun a chinntiú nach mbeadh a fhios cé atá freagrach. Tagann sé sin salach ar chuspóir sonraithe na Roinne agus is é an toradh dosheachanta atá air ná go mbíonn ar Airí agus ar Choimisinéirí ar an nGarda Síochána éirí as, fiú i leith saincheisteanna nach bhfuil siad freagrach astu, mar nach féidir duine éigin eile a choimeád cuntasach.
7. Aontaímid leis an nGrúpa Éifeachtachta agus Athnuachana **gur cheart trí ról a bheith ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais i leith na póilíneachta, mar atá faisnéis a theastaíonn le leas an phobail a chur in iúl ar bhealach trédhearcach tráthúil, formhaoirseacht struchtúrtha a dhéanamh ar na póilíní agus ar na comhlachtaí formhaoirseachta póilíneachta, agus an beartas póilíneachta agus slándála a fhorbairt.** Níor cheart don Roinn baint a bheith aici le bainistiócht inmheánach na heagraíochta póilíní agus níor cheart easpa acmhainne bainistióchta sna póilíní a bheith ina cúis le hidirghabháil ag an Roinn a thuilleadh. Moltar sa tuarascáil ón nGrúpa Éifeachtachta agus Athnuachana go nglacfaí dea-chur chuige nua le haghaidh sreafaí struchtúrtha trédhearcacha faisnéise idir an Garda Síochána agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Tá sé sin ag teacht le tuairimí an Choimisiúin agus ba cheart é a bheith mar bhonn agus thaca ag comhlíonadh ról formhaoirseachta struchtúrtha na Roinne agus ag comhlíonadh na n-oibleagáidí atá uirthi maidir le cuntasacht dhaonlathach. Mar thoradh ar na moltaí a rinneamar in áiteanna eile sa tuarascáil seo, ba cheart go mbeadh ag Coimisinéir an Gharda Síochána na huirlisí

50 D’fhonn bealaí a aimsiú le haghaidh an spleáchas ar cheisteanna parlaiminte a iarraidh a laghdú agus d’fhonn faisnéis a dhéanamh níos soroctana do chomhaltaí den Oireachtas agus don phobal i gcoitinne agus an brú ar acmhainní na Roinne a laghdú, tuigimid gur comhaontaíodh le déanaí go bhfoilseofaí ar shuíomh Gréasáin na Roinne sonraí i dtaca le fórsa saothair an Gharda Síochána. Ar an gcéad dul síos, tiomsaíodh ocht dtábla ilbhliantúla lena gcumhdaítear na príomhchatagóirí sonraí a iarrtar de ghnáth agus foilseofar na táblaí sin.

51 An Grúpa Éifeachtachta agus Athnuachana don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais: *An Chéad Tuarascáil* (Meitheamh 2018).

a theastaíonn uaidh chun an eagraíocht póilíní a bhainistiú go héifeachtach agus go héifeachtúil, agus tacaíocht á fáil aige ó fhearas níos láidre rialachais. Ba cheart do na comhlachtaí formhaoirseachta a phléitear sna chéad chaibidlí eile faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht póilíneachta, agus ba cheart feidhmeanna atá scartha go soiléir a bheith acu chun forluí eatarthu nó leis an Roinn a sheachaint. Ba cheart Coimisinéir an Gharda Síochána a choimeád cuntasach as an dóigh a reáchtáiltear an eagraíocht. Mar sin féin, ní mór an fhreagracht a thabhairt dó as í a reáchtáil agus ní mór dó bheith cuntasach ina dhiaidh sin as na torthaí a baineadh amach.

8. Ba cheart don Roinn, dá bhrí sin, díriú ar bheartas agus ar shaincheistanna lena mbaineann tábhacht. Níor cheart di a thuilleadh díriú ar na gnáth-shaincheistanna bainistíochta ar ghlac sí páirt iontu san am atá thart. Ba cheart di obair i ndlúthchomhar leis na gníomhaireachtaí éagsúla ceartais choiriúil a ndéanann sí formhaoirseacht orthu d'fhonn an choireacht a laghdú agus sábháilteacht níos fearr pobail a bhaint amach.⁵² Ní mór don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais freagracht a fheidhmiú freisin as na póilíní agus comhlachtaí póilíneachta eile a choimeád cuntasach ar an leibhéal polaitíochta náisiúnta. Tá na príomhuirlisí le haghaidh déanamh amhlaidh i bhfeidhm cheana féin, mar atá na príomhcheapacháin a rialú agus bheith i gceannas ar an idirbheartaíocht buiséid leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
9. Ba cheart don Aire leanúint le hionadaíocht a dhéanamh sa Chomh-aireacht do riachtanais bhuiséid na bpóilíní, agus leas á bhaint aige as ionchur ón nGarda Síochána agus ón gCoimisiún um Fhormhaoirseacht ar an bPóilíneacht agus ar Shábháilteacht an Phobail (féach an chéad Chaibidil eile). Aontaímid leis an nGrúpa Éifeachtachta agus Athnuachana go bhfuil an fhírnic nach bhfuil sásra láidir buiséid i bhfeidhm ina bearna thromchúiseach i ról na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais sa Gharda Síochána a choimeád cuntasach. **Ba cheart an buiséad póilíní a chostáil go cuí agus a chur i láthair i gcreat ilbhliantúil. Ba cheart tuiscint a ghnóthú ar an méid airgid atá á chaitheamh ar an bpóilíneacht agus ar na torthaí atá á mbaint amach a bheith ina haidhm bhunriachtanach den chuntasacht pholaitiúil.** Pléitear leis an bhfadhb sin le moltaí éagsúla sa tuarascáil seo agus pléimid luach ar airgead i gCaibidil Fiche is a Cúig. Mínítear i gCaibidil a Sé Déag an próiseas a bheartaímid don bhuiséad.
10. Is ar thuarastal agus liúntais fostaithe a chaitear an chuid is mó ar fad den bhuiséad atá ag aon seirbhís póilíní. Socraítear an próiseas buiséadach náisiúnta in Éirinn sa chaoi is go bhfuil an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais i gceannas ar an idirbheartaíocht leis na cumainn foirne póilíní ar phá póilíní. Measaimid go bhfuil sé sin corr, ar a laghad ar bith, mar go mbaineann sé ó chumas an Choimisinéara oibriú mar fhíor-phríomhfheidhmeannach ar an eagraíocht póilíní – féach Caibidil a Cúig Déag. **Ba cheart an phríomhfhreagracht as an eagraíocht póilíní a bheith ar Choimisinéir an Gharda Síochána, agus ní ar an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, i dtaca le pá agus coinníollacha a chinneadh laistigh de raon bheartas pá na hearnála poiblí.**

CAIBIDIL A TRÍ DÉAG CAIBIDIL A TRÍ DÉAG COIMISIÚN UM FHORMHAOIRSEACHT AR AN bPÓILÍNEACHT AGUS AR SHÁBHÁILTEACHT AN PHOBAIL

COIMISIÚN NUA UM FHORMHAOIRSEACHT AR AN bPÓILÍNEACHT AGUS AR SHÁBHÁILTEACHT AN PHOBAIL (COIMISIÚN UM FHORMHAOIRSEACHT)

- Seachas na feidhmeanna atá ag comhlachtaí atá ann cheana a mhodhnú, ar nithe iad, dar leis an nGrúpa Éifeachtachta agus Athnuachana, a tháinig chun cinn “go frithghníomhach agus go tapa” chun freagairt do ghéarchéimeanna, chaitheamar súil úr ar an ailtireacht formhaoirseachta atá i bhfeidhm ar mhaithe le struchtúr a chruthú ina mbeadh ról soiléir ar leith ag gach ceann de na codanna agus ina dtacódh siad go léir leis an gcuspóir atá ann torthaí póilíneachta níos fearr a sholáthar. Ceann de na heochairphrionsabail sa tuarascáil seo is ea nach bhfuil an phóilíneacht ina freagracht atá ar na póilíní ina n-aonar agus go bhfuil ról ag gníomhaireachtaí eile rialtais, amhail seirbhísí sláinte agus seirbhísí sóisialta, agus ag earnálacha eile den tsochaí ina leith freisin. Mholamar sainmhíniú nua ar an bpóilíneacht agus reachtaíocht nua chun cuimsiú a dhéanamh ar an obair ar gá do na póilíní agus do ghníomhaireachtaí poiblí eile í a chur i gcrích le chéile chun pobail níos sábháilte a bhaint amach, chun an choireacht a laghdú agus chun dochar a chosc. **Molaimid, dá bhrí sin, go mbunófaí Coimisiún nua um Fhormhaoirseacht ar an bPóilíneacht agus ar Shábháilteacht an Phobail (Coimisiún um Fhormhaoirseacht), rud a mbeadh mar chroifheidhm aige obair idirghníomhaireachta a chur chun cinn agus grinnscrúdú a dhéanamh ar ról na ngníomhaireachtaí uile de réir mar a théann siad i bhfeidhm ar an bpóilíneacht agus ar shábháilteacht an phobail.** Glacfaidh an Coimisiún um Fhormhaoirseacht áit an Údarás Phóilíneachta agus Chigireacht an Gharda Síochána araon agus tógfaidh sé formhór na bhfeidhmeanna atá acu, mar aon le cinn nua. Tá feidhmeanna beartaithe an Choimisiúin um Fhormhaoirseacht leagtha amach againn thíos.

“Maidir leis na struchtúir agus na sásraí le haghaidh formhaoirseachta agus cuntasachta, tá sé tábhachtach go mbeidh siad neamhspleách sa chleachtas agus go measfar go bhfuil siad neamhspleách freisin as seo amach.”

Aighneacht ó eagraíocht pobail

RÓL AN CHOIMISIÚIN UM FHORMHAOIRSEACHT

- Ba cheart don Choimisiún um Fhormhaoirseacht an fhreagracht atá ar an Údarás Póilíneachta as grinnscrúdú a dhéanamh ar fheidhmíocht póilíneachta a thógáil. Ba cheart dó an ról cigireachta atá ag Cigireacht reatha an Gharda Síochána a thógáil freisin. Mar atá molta thuas, ba cheart dó cur chun cinn agus grinnscrúdú a dhéanamh ar chineálacha cur chuige éifeachtacha ilghníomhaireachta i leith shábháilteacht an phobail. Ina theannta sin, ba cheart dó caighdeán ghairmiúla phóilíneachta a chur chun cinn, lena n-áirítear caighdeán chearta an duine, trí dhul i mbun tagarmharcáil agus cigireachtaí idirnáisiúnta; taighde agus anailís a dhéanamh ar shaincheisteanna póilíneachta agus shábháilteacht an phobail; agus ról gníomhach nuálach a ghlacadh i bhforbairt a dhéanamh ar na struchtúir a theastaíonn le haghaidh fóraim phóilíneachta pobail áitiúil. Ba cheart don Choimisiún um Fhormhaoirseacht a bheith ina shásra formhaoirseachta níos láidre, níos iomlánaíche agus níos luachmaire don phóilíneacht ná na struchtúir reatha agus ba cheart dó tacú le gairmiúlacht sa Gharda Síochána agus gníomhú mar acmhainn do cheapadh beartais ar leibhéal Rialtais.

3. Ba cheart ról an Choimisiúin um Fhormhaoirseacht a bheith teoranta d'fhormhaoirseacht sheachtrach a dhéanamh. Murab ionann agus an tÚdarás Póilíneachta reatha, níor cheart dó aon ról cinnteoireachta a bheith aige i nithe a bhaineann le rialachas inmheánach na bpóilíní, amhail ceapacháin, arduithe céime agus saincheisteanna buiséadacha. Cé gur cheart dó formhaoirseacht a dhéanamh ar ionracas na bpróiseas sin, níor cheart dó aon ról díreach a bheith aige iontu. An struchtúr a mholaimid, cuirfidh sé deireadh leis an mearbhall atá ann faoi láthair idir cuntasacht dhaonlathach (a thagann faoi shainchúram an Aire agus an Rialtais), formhaoirseacht (a thagann faoi shainchúram an Choimisiúin um Fhormhaoirseacht agus faoi chomhlacht neamhspleách a gheobhaidh gearáin – féach Caibidil a Ceathair Déag) agus rialachas an Gharda Síochána (féach Caibidil a Cúig Déag agus Caibidil a Sé Déag chun ár moltaí maidir le rialachas a léamh).⁵³
4. Ar mhaithe le soiléire, nílimid ag rá gur cheart don Choimisiún um Fhormhaoirseacht ról a bheith aige i bhfaireachán a dhéanamh ar obair aon seirbhísí sláinte, aon seirbhísí sóisialta agus aon ghníomhaireachtaí eile ach amháin a mhéid ba cheart dóibh a bheith ag obair leis na póilíní chun cabhrú le daoine a bhfuil a sábháilteacht i mbaol nó a d'fhéadfadh sábháilteacht daoine eile a chur i mbaol. Is é an cuspóir atá ann dearcadh iomlánaíoch a ghlacadh i leith shainmhíniú shábháilteacht an phobail ar an bpóilíneacht a bhfuil cur síos déanta air i gCaibidil a Ceathair den tuarascáil seo. Bheadh ról formhaoirseachta an Choimisiúin um Fhormhaoirseacht ina fhoinsé thábhachtach faisnéise agus comhairle don choiste Comh-aireachta atá luaite sa chaibidil chéanna.
5. Ba cheart na nithe seo a leanas a bheith i gceist le feidhmeanna an Choimisiúin um Fhormhaoirseacht –
 - (i) Grinnscrúdú neamhspleách a dhéanamh ar fheidhmíocht póilíneachta agus measúnú a dhéanamh ar na torthaí a sholáthraítear i gcomparáid leis na cuspóirí,
 - (ii) Cothú agus faireachán a dhéanamh ar chomhar idirghníomhaireachta i sábháilteacht an phobail a sholáthar agus i sábháilteacht an phobail a chur chun cinn mar chúram de chuid an phobail ina iomláine agus ní de chuid na bpóilíní amháin,
 - (iii) Cigireachtaí nó fiosrúcháin a dhéanamh a bhaineann leis an dóigh a soláthraítear seirbhísí póilíneachta agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na moltaí a thagann as aon chigireacht den sórt sin agus comhairle a thabhairt ina leith,
 - (iv) Caighdeáin ghairmiúla phóilíneachta (caighdeáin chearta an duine san áireamh) a chur chun cinn, ag féachaint don dea-chleachtas idirnáisiúnta,
 - (v) Tacú le Comhchoistí Póilíneachta nó le fóraim phóilíneachta pobail áitiúil atá éifeachtach ionas gur féidir leo obair leis na póilíní agus le gníomhaireachtaí eile chun cuspóirí agus tosaíochtaí shábháilteacht an phobail áitiúil a leagan síos,
 - (vi) Tacú le forbairt beartais trí thaighde fianaisebhunaithe láidir.
6. A bhuí leis an struchtúr nua sin, beifear in ann feidhmeanna comhlántacha na formhaoirseachta agus na cigireachta a fheidhmiú le chéile ar bhealach atá níos comhleanúnaí ná mar a tharlaíonn faoi láthair agus beifear in ann gníomhaíocht leantach a dhéanamh ina leith faoi chuimsiú creat comhsheasmhach. Cuireann an struchtúr leis an rannchuidiú láidir atá déanta ag Cigireacht an Gharda Síochána agus ag an Údarás Póilíneachta go dtí seo maidir le feabhas a chur ar chuntasacht agus éifeachtacht na póilíneachta in Éirinn, rud a leanfaidh ar aghaidh, mar chuid d'aistriú cobhsaí, go dtí go rithfear an reachtaíocht don chreat nua. Freagraíonn sé freisin don lear aighneachtaí a fuair an Coimisiún ar an ní, inar iarradh tuilleadh soiléire agus comhleanúnachais sa dóigh a ndéantar formhaoirseacht ar an bpóilíneacht.

⁵³ In alt nua leis an Ollamh Dermot Walsh, Ollscoil Kent, dar teideal *Adapting the Police Authority Concept to a Centralised National Police Service: Appearance over Substance* (Modern Law Review [2018] 81(4) 622–645), déantar anailís chriticiúil ar an struchtúr dár ritheadh reachtaíocht sa bhliain 2015.

CUNTASACHT PÓILÍNEACHTA ÁITIÚIL – CUR CHUIGE NUA

7. Cuireadh tuairimí measctha in iúl faoi líonra reatha na gComhchoistí Póilíneachta le linn ár bpróisis chomhairliúcháin. Cé go bhfuil sé soiléir go bhfuil ag éirí le roinnt díobh, tá sé soiléir freisin nach bhfuil ag éirí lena bhformhór. Dúradh go dtagann siad le chéile go minic gan aon chlár oibre soiléir a bheith acu. Mar sin, is beag a bhaintear amach le linn a gcruinnithe. Is beag Comhchoiste Póilíneachta atá in ann rannchuidiú fiúntach a dhéanamh leis an gcoireacht a laghdú, rud ar ceann de na príomhchuspóirí é. I roinnt limistéar inarb ann do mhórdhúshláin phóilíneachta, fuaireamar amach gur chuir na pobail a bhFóram Póilíneachta Pobail nó a bhFóram Póilíneachta Áitiúil féin ar bun (dá ngairfimid Fóraim nó Fóraim Phóilíneachta Pobail Áitiúil feasta). Tá cásanna ann inar éirigh go maith leo. Labhraíomar cheana féin faoin gceann i lárchathair thuaidh Bhaile Átha Cliath, rud ar eiseamláir d'Fhóraim eile é. Mar sin féin, tá éagsúlacht ann, den chuid is mó, maidir lena éifeachtaí atá na Fóraim.

“Tá daoine den phobal compordach leis an bhFóram Póilíneachta Pobail a úsáid mar nasc idir iad féin agus an Garda Síochána agus an t-údarás áitiúil: is spás sábháilte gan ainm é, ina dtugtar aghaidh ar shaincheistanna an-íogair ar bhealach faoi rún. Baineann ríthábhacht leis na dlúthchruinnithe sin.”

Aighneacht ó ionadaí poiblí

8. Tá sé tábhachtach freisin go mbeadh fóraim éifeachtacha ann trínar féidir leis na póilíní obair le pobail ar leibhéal ceantair. I gCaibidil a Cúig, inar leagamar amach samhail nua le haghaidh póilíneacht ceantair, bheartaíomar go gcuirfeadh ceannairí póilíní ceantair pleananna póilíneachta áitiúla le chéile bunaithe ar chuspóirí agus tosaíochtaí áitiúla a chomhaontófaí le Comhchoistí Póilíneachta nó le Fóraim Phóilíneachta Pobail Áitiúil, le rannpháirtíocht iomlán ón bpobal.

9. San am i láthair, tá freagracht ar an Údarás Póilíneachta as na Comhchoistí Póilíneachta a chomhordú agus as tacaíocht a thabhairt dóibh. Níl an ról céanna aige i leith na bhFóram Póilíneachta Pobail Áitiúil. Mar atá tugtha le fios thuas, **molaimid go ndéanfadh an Coimisiún um Fhormhaoirseacht na struchtúir áitiúla sin a fhorbairt ionas gur féidir leo feidhmiú go héifeachtach, áit a dtabharfadh sé tuilleadh deiseanna do gheallsealbhóirí pobail páirt a ghlacadh iontu, a leagfadh sé caighdeán síos dá n-oibriú agus a ndéanfadh sé meastóireacht ar a bhfeidhmíocht. Is é an príomhchuspóir a bheadh leis an obair sin iontaoibh an phobail a chothú agus dul i ngleic le fadhbanna trí fhíor-rannpháirtíocht.** Ba cheart don Choimisiún um Fhormhaoirseacht obair i gcomhar le fóraim áitiúla freisin chun cineálacha cur chuige ilghníomhaireachta a chur chun cinn i leith shábháilteacht an phobail ar leibhéal áitiúil. Ba cheart **ciste a bheith ar fáil dó ionas gur féidir leis tacú le nuálaíocht áitiúil agus le tionscnaimh áitiúla.**

COMHALTAS AN CHOIMISIÚN UM FHORMHAOIRSEACHT

10. Chun gur féidir leis ról tábhachtach den sórt sin a chomhlíonadh go héifeachtach, ní mór don Choimisiún um Fhormhaoirseacht muinín póilíní, polaiteoirí, oifigeach rialtais agus daoine den phobal a ghnóthú. I gcuid den chomhairle a fuair an Coimisiún seo maidir le comhaltas an Údaráis Phóilíneachta reatha, iarradh go ndéanfaí ionadaíocht pholaitiúil thofa air. Ós rud é gur measctha atá an t-eispéireas air sin in áiteanna eile, níor thángthamar ar aon dea-chúis a mbeadh sé ina réiteach maith nó riachtanach ar an scéal in Éirinn. Tá cuntasacht pholaitiúil ann cheana féin i bhfoirm an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus i bhfoirm an Oireachtais. Ní mheastar go bhfuil leibhéal eile rannpháirtíochta polaitiúla ag teastáil. Ba cheart don Choimisiún um Fhormhaoirseacht muinín an phobail a ghnóthú trína chuid oibre agus ba cheart dó timpeallacht póilíneachta athraithe a chruthú le himeacht ama, ar timpeallacht í ina dtéitear i ngleic a luaithe is

féidir le formhór na bhfadhbanna atá ag teacht chun cinn, in ionad a bheith ag fanacht go dtí go dtiocfaidh na fadhbanna sin ina n-ábhar do dhíospóireacht pholaitiúil náisiúnta.

11. Dá bhrí sin, ba cheart stádas na gcomhaltaí den Choimisiún um Fhormhaoirseacht bheith sách ard, ó thaobh dhoimhneacht a dtaithí agus ó thaobh fhairsinge a dtaithí de araon ionas gur féidir leo an leibhéal muiníne sin a ghnóthú. **Molaimid go gceapadh an Rialtas na comhaltaí den Choimisiún um Fhormhaoirseacht, tar éis iad a bheith ainmnithe trí phróiseas neamhspleách agus a bheith ceadaithe ag an gcoiste ábhartha Oireachtais.** Dá bhrí sin, ba cheart na ceapacháin a bheith daonlathach agus trédhearcach araon. Ba cheart do na comhaltaí eolas agus taithí a bheith acu ar na réimsí seo a leanas: an póilíneacht; gairm an dlí; an ceartas coiriúil; an earnáil sláinte; cearta an duine agus an comhionannas; seirbhísí sóisialta; seirbhísí do leanaí; seirbhísí d'íospartaigh; an éagsúlacht; an saol acadúil; agus an gnó. Ba cheart do beirt chomhaltaí – duine amháin ó limistéar uirbeach agus an duine eile ó limistéar tuaithe – teacht ó ghrúpaí póilíneachta pobail áitiúil, amhail Comhchoistí Póilíneachta nó Fóraim Phóilíneachta Pobail Áitiúil. D'fhéadfaí duine amháin nó beirt eile nach bhfuil aon cheann de na cleamhnuithe thuasluaite acu a ainmniú mar chomhaltaí, ar choinníoll go bhfuil a stádas poiblí sách ard. **Ba cheart an líon iomlán comhaltaí den Choimisiún um Fhormhaoirseacht a bheith ina chorrúimhir agus níor cheart níos mó ná aon chomhalta dhéag a bheith ann.**
12. **Molaimid go gcuirfeadh na comhaltaí den Choimisiún um Fhormhaoirseacht téarma seasta ceithre bliana isteach, ar téarma é a d'fhéadfaí a athnuachan uair amháin, agus go gcuirfeadh comhaltaí áirithe téarma dhá bhliain isteach ar dtús ionas nach rachadh tionacht gach comhalta in éag ag an aon am amháin.** Is é an cuspóir atá ann comhleanúnachas saineolais agus cuimhne institiúideach a sholáthar

FEIDHMEANNA AGUS CUNTASACHT A FHEIDHMIÚ

13. **Ba cheart don Choimisiún um Fhormhaoirseacht cumhachtaí a bheith aige chun soláthar na póilíneachta, caighdeáin phóilíneachta agus cleachtas póilíneachta a ghrinnscrúdú ar mhaithe le tacú leis an bpóilíneacht ghairmiúil, chun feabhas a chur ar shábháilteacht an phobail, ar thrédhearcacht agus ar chumhachtú pobal áitiúil agus chun comhar idirghníomhaireachta agus an nuálaíocht i gcleachtas póilíneachta a chur chun cinn.** Bheadh sé de chumhacht aige cigireachtaí a dhéanamh, tionchar a imirt ar cháilíocht agus ionracas sonraí agus ceangal a chur ar an gCoimisinéir tuarascálacha maidir le seirbhísí póilíneachta a chur isteach chun críche measúnuithe agus cigireachtaí a dhéanamh. Ar bhonn an tsaineolais atá aige, sholáthródh an Coimisiún um Fhormhaoirseacht ionchur freisin maidir leis an bpróiseas um thosaíochtaí póilíneachta, straitéisí póilíneachta agus pleananna bliantúla póilíneachta a cheadú (féach freisin Caibidil a Sé Déag). Ba cheart dó gach deis a thapú chun trédhearcacht na póilíneachta a fheabhsú, lena n-áirítear trí chruinnithe poiblí leis an nGarda Síochána agus trí na deiseanna a ghabhann leis na meáin shóisialta agus le teicneolaíochtaí eile chun rannpháirtíocht éifeachtach a éascú.
14. **Ba cheart don Choimisiún um Fhormhaoirseacht tuarascálacha bliantúla a leagan faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus ba cheart dó obair i gcomhar leis na coistí ábhartha Oireachtais ar shaincheisteanna póilíneachta agus shábháilteacht an phobail.**

COIMISIÚN UM FHORMHAOIRSEACTH AR AN bPÓILÍNEACTH AGUS AR SHÁBHÁILTEACTH AN PHOBAIL AN STRUCHTÚR GINEARÁLTA ATÁ BEARTAITHE

An Soláthar Seirbhísí don Phobal

Grinnscrúdú neamhspleách a dhéanamh ar fheidhmíocht póilíneachta agus measúnú a dhéanamh ar na torthaí a sholáthraítear i gcomparáid leis na cuspóirí.

Cothú agus faireachán a dhéanamh ar chomhar idirghníomhaireachta i sábháilteacht an phobail a sholáthar agus i sábháilteacht an phobail a chur chun cinn mar chúram de chuid an phobail ina iomláine agus ní de chuid na bpóilíní amháin.

Tacú le Comhchoistí Póilíneachta nó le fóraim phóilíneachta pobail áitiúil atá éifeachtach ionas gur féidir leo obair leis na póilíní agus le gníomhaireachtaí eile chun cuspóirí agus tosaíochtaí shábháilteacht an phobail áitiúil a leagan síos.

Taighde, Anailís agus Gnóthaí Corparáideacha

Tacú le forbairt beartais trí thaighde fianaisebhunaithe láidir.

Gnóthaí corparáideacha.

Cigireacht agus Caighdeáin Chigireachta agus Ghairmiúla

Caighdeáin ghairmiúla phóilíneachta (caighdeáin chearta an duine san áireamh) a chur chun cinn, ag féachaint don dea-chleachtas idirnáisiúnta.

Cigireachtaí nó fiosrúcháin a dhéanamh a bhaineann leis an dóigh a soláthraítear seirbhísí póilíneachta agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na moltaí a thagann as aon chigireacht den sórt sin agus comhairle a thabhairt ina leith.

CAIBIDIL A CEATHAIR DÉAG

GEARÁIN AGUS ARAÍONACHT

COIMISIÚN OMBUDSMAN AN GHARDA SÍOCHÁNA

1. Tá cuid mhór fadhbanna ann leis na struchtúir agus na próisis reatha a úsáidtear chun gearáin faoi iompar póilíní a láimhseáil. Tháinig feidhm imscrúdaitheach Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (GSOC) i bhfeidhm sa bhliain 2007 tráth thosach feidhme Chuid 4 d'Acht an Gharda Síochána 2005. Bhí tús deacair aige. Níl ag GSOC na hacmhainní a theastaíonn uaidh chun imscrúdú neamhspleách a dhéanamh ar an líon gearán a fhaigheann sé agus, seachas iad sin ina líomhnaítear go ndearnadh cion coiriúil, cuirtear an chuid is mó de na gearáin ar ais chuig an nGarda Síochána.⁵⁴ Fágann sé sin gurb iad na póilíní a dhéanann imscrúdú ar ghearáin thromchúiseacha ina n-aghaidh féin i gcásanna áirithe, rud nach bhfuil sásúil ar chor ar bith do ghearánaigh agus a chuireann as do neamhspleáchas GSOC. I dteannta srianta acmhainne, tá laigí ann san údarás atá ag GSOC freisin. Tá srianta ar a phróiseas imscrúdaitheach a fhágann go bhfuil sé anásta agus neamhéifeachtúil.
2. Tá sé tábhachtach go mbeadh an sásra gearáin neamhspleách agus go bhféachfaí air ar an mbealach sin. Gabhann fadhb leis an ainm “Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána” faoi láthair toisc go nglacann daoine leis gur cuid den Gharda Síochána é. Ina theannta sin, ní thugann GSOC cuntas neamhspleách ar a bhuiséad. Is ionann an t-oifigeach cuntasaíochta do GSOC agus Ard-Rúnaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais.
3. Ní gá go ndéanfaidh comhlacht neamhspleách imscrúdú ar gach gearán. Tagann cuid mhór díobh faoin gcatagóir dá ngairfimid “gearáin faoi bhainistíocht feidhmíochta” anseo. Is nithe iad sin a bhaineann, mar shampla, le mainneachtain seirbhíse do chustaiméirí, áit a líomhnaítear go raibh comhaltaí den tseirbhís póilíní drochbhéasach, mícheart nó faillíoch agus iad ag déileáil le daoine aonair nó eagraíochtaí. Féadfaidh maoirseoirí laistigh den eagraíocht póilíní déileáil le gearáin den chineál sin mar chuid de ghnáthfheidhmeanna bainistíochta agus ba cheart dóibh déanamh amhlaidh.⁵⁵
4. Dar le daoine laistigh den eagraíocht agus daoine lasmuigh di araon, is gnách go nglactar aon chur chuige “pionósach” ar leith sna himscrúduithe a sheolann an Garda Síochána agus GSOC faoi láthair, áit a gcinntear go ndearna comhalta sárú araíonachta nó nach ndearna sé sárú araíonachta. I gcás go gcinntear go ndearna comhalta sárú, ní mór é phionósú. Díríodh in imscrúduithe ar na daoine ar ina n-aghaidh a rinneadh gearán, seachas ar imscrúdú a dhéanamh ar an teagmhas lena mbaineann chun a chinneadh cé hé an duine nó cén ní ar a bhfuil an locht, mar shampla an duine aonair, beartas, nó mór-shaincheisteanna eagraíochta amhail oiliúint neamhleor.
5. Tá sé soiléir go bhfuil an córas gearáin ina iomláine míshásúil ó gach taobh – ó thaobh na gcomhaltaí den Gharda Síochána de, ó thaobh na ngearánach de agus ó thaobh GSOC é féin de. Is gá an córas gearáin a ollchóiriú mar ábhar práinne.

54 Is iad imscrúdaitheoirí de chuid GSOC é féin a dhéanann imscrúdú ar gach líomhain go ndearna Gardaí cionta coiriúla (faoi alt 98 d'Acht an Gharda Síochána 2005). Níor nochtadh cion coiriúil i 57% de na himscrúduithe uile a rinne GSOC sa bhliain 2016, áfach, agus tarchuireadh iad ar ais chuig an nGarda Síochána lena n-imscrúdú.

55 Tá tionscnamh ina n-úsáidtear an cineál sin de chur chuige atá faoi stiúir ag an lucht bainistíochta i leith gearán á thriail ag GSOC agus ag an nGarda Síochána i líon beag stáisiún Gardaí faoi láthair. Ba cheart go dtiocfadh torthaí dearfacha as an tionscnamh, ar thorthaí iad a d'fhádfadh bonn eolais a chur faoi obair amach anseo sa réimse seo.

6. Beartaímid comhlacht nua ar mhór idir é agus GSOC. Bheadh sé neamhspleách go soiléir agus bheadh sainchúram níos sainithe air. Chuimseodh an sainchúram sin gach cineál cáis, seachas nithe bainistíochta feidhmíochta amháin. Ina theannta sin, dhéanfaí formhaoirseacht níos fearr ar a chuid oibre. Ba cheart go dtiocfadh ardchóras gearáin faoi phóilíní as obair an chomhlachta. Bheadh an córas sin bunaithe ar bhunphrionsabail na cothroime agus na comhréireachta, ar nithe iad ar féidir leo rannchuidiú ríthábhachtach a dhéanamh le héifeachtacht na bpóilíní agus le hiontaoibh agus muinín astu.

EAGRAÍOCHT NUA

7. **Molaimid go gcuirfí comhlacht gearáin neamhspleách nua in áit GSOC. Ba cheart ainm nua a bheith ar an gcomhlacht nua, ar ainm é a léiríonn go soiléir nach cuid den Gharda Síochána é – d’fhéadfaí Oifig Neamhspleách an Ombudsman Póilíní a ghairm de, mar shampla. Cé go leanfaí leis an mbuiséad a chomhaontú leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, ba cheart do cheann an chomhlachta gníomhú mar oifigeach cuntasaióchta.**
8. **Mar cheann amháin de bhunphrionsabail a cuid oibre, ba cheart don Oifig Neamhspleách imscrúdú a dhéanamh ar theagmhais, agus ní ar dhaoine aonair,** ionas gur féidir léi locht a fháil nuair is cuí, sainaitheint a dhéanamh ar na ceachtanna is gá a fhoghlaim agus moltaí a dhéanamh le haghaidh athruithe de réir mar is gá. An cheist maidir le cé acu is féidir nó nach féidir a mheas go ndearna Garda aonair sárú ar theicniúlachtaí na Rialachán Araíonachta, níor cheart an freagra ar an gceist sin a úsáid mar thoisc chinntitheach. Ina ionad sin, ba cheart féachaint san imscrúdú ar cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh an phóilíneacht i gcomhréir le caighdeán a bhfuil glacadh leo. Ba cheart an próiseas le haghaidh imscrúduithe na hOifige Neamhspleáiche a bheith soiléir agus simplí ar mhaithe le tapúlacht agus trédhearcacht a fheabhsú. Tá athbhreithniú cuimsitheach ar an bpróiseas reachtach lena rialaítear gearáin ar siúl laistigh den Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais cheana féin de bhun moltaí a rinne GSOC.

SAINCHÚRAM NUA

9. **Ba cheart gach gearán faoi na póilíní a sheoladh tríd an Oifig Neamhspleách chun a chinneadh cén ghníomhaíocht is gá a dhéanamh,** is cuma cé acu a sheoltar nó nach seoltar na gearáin go díreach chuig na póilíní ar an gcéad ásc. Ba cheart don Oifig Neamhspleách measúnú a dhéanamh ar gach gearán a fhaightear agus ba cheart di cinneadh tráthúil a dhéanamh ar cé acu is gearán faoi bhainistíocht feidhmíochta é an gearán nó nach ea. Ba cheart gearáin faoi bhainistíocht feidhmíochta a tharchur chuig an eagraíocht póilíní lena n-athbhreithniú agus lena réiteach. Má tharlaíonn sé, áfach, go dtarraingítear saincheisteanna tromchúiseacha faoi chaighdeán phóilíneachta agus faoi ionracas póilíní anuas i ngearán, beidh sé riachtanach imscrúdú neamhspleách a dhéanamh air. D’áireofaí le saincheisteanna den sórt sin sáruithe féideartha ar an dlí, sáruithe ar chearta an duine, éilliú agus cásanna inar cosúil go bhfuil fadhb fhorleathan nó shistéamach ann laistigh den tseirbhís póilíní. **Ba cheart don Oifig Neamhspleách gach gearán den sórt sin a imscrúdú léi féin, gan dul i muinín imscrúdaitheoirí an Gharda Síochána, agus ba cheart sách acmhainní a chur ar fáil di chun déanamh amhlaidh trí imscrúdaitheoirí a bhfuil taithí chuí acu a cheapadh chuici.**
10. Má chuirtear ábhair imní in iúl laistigh den eagraíocht i ndáil le teagmhas, ar teagmhas é nach dtabharfaí aghaidh chuí air sa phróiseas bainistíochta feidhmíochta, ba cheart an teagmhas a tharchur chuig an Oifig Neamhspleách, fiú amháin i gcás nach bhfuarthas aon ghearán ón bpobal ina leith. **San am i láthair, ní mór gach cás báis nó dochair thromchúisigh a tharchur chuig GSOC, is cuma cé acu a fuarthas nó nach bhfuarthas**

gearán ón bpobal, agus molaimid go leathnófaí an prionsabal sin. I gcás go ndéanfaidh maoirseoir iompraíocht a aicmiú mar shaincheist bainistíochta feidhmíochta, ba cheart déileáil léi láithreach ar an mbealach sin. Mar sin féin, ba cheart í a logáil ar bhunachar sonraí comhroinnte ionas gur féidir leis an Oifig Neamhspleách treochtaí agus patrúin a rianú agus a chinntiú go mbíonn cásanna cuí á dtarchur chuici.

- 11. Ba cheart sainchúram na hOifige Neamhspleáiche a leathnú chun go n-áireofaí leis gearáin faoi theagmhais a bhaineann le pearsana nach bhfuil faoi mhionn den Gharda Síochána agus le póilíní faoi mhionn araon.** Dearbhphrionsabal lárnach den tuarascáil seo is ea gur cheart breathnú ar an tseirbhís póilíní mar eagraíocht aonair a bhfuil fórsa saothair aonair aici agus gur cheart caitheamh léi ar an mbealach sin. Ba cheart do gach ball foirne bheith faoi cheangal ag na rialacha iompraíochta céanna agus ag na caighdeáin iompraíochta chéanna. Maidir leis an sainordú atá ag GSOC imscrúdú a dhéanamh ar líomhaintí faoi iompraíocht choiriúil in aghaidh comhaltaí atá ar scor nó atá éirithe as, ba cheart an sainordú sin a leagan ar an Oifig Neamhspleách as seo amach. Maidir leis an imscrúdú ar theagmhais a bhaineann le hiarbhaill foirne, ar teagmhais iad nach mbaineann le hiompraíocht choiriúil líomhnaithe, ba cheart aghaidh a thabhairt orthu mar chuid dá sainchúram freisin.
- 12. Ba cheart don Oifig Neamhspleách athruithe a mholadh ar bheartas nó ar chleachtas, bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó ghearáin. Ba cheart aon mholtaí den sórt sin a chur ar aghaidh chuig an nGarda Síochána ionas gur féidir leis gníomhaíocht a dhéanamh ina leith agus ba cheart iad a sheoladh chuig an gCoimisiún um Fhormhaoirseacht mar eolas.**
- 13.** Mar a tharlaíonn faoi láthair, leanfaidh an comhlacht gearáin le nochtáí cosanta a fháil ó chomhaltaí agus fostaithe den Gharda Síochána.
- 14.** Ní áireofaí le sainchúram na hOifige Neamhspleáiche an chumhacht chun cigireachtaí a dhéanamh ar an eagraíocht póilíní. Cé go bhfuil an chumhacht sin ag GSOC faoin reachtaíocht reatha, is annamh a úsáidtear í.⁵⁶ Is neamhriachtanach an rud é, agus is údar mearbhaill é freisin, go bhfuil an t-aon fheidhm amháin ag dhá chomhlacht formhaoirseachta – GSOC agus Cigireacht an Gharda Síochána. San ailtireacht nua atá beartaithe, is ag an gCoimisiún um Fhormhaoirseacht ar an bPóilíneacht agus ar Shábháilteacht an Phobail, agus aigesean amháin, a bheidh an fheidhm cigireachta sin, mar atá mínithe sa chaibidil roimhe.
- 15.** Ba cheart gach imscrúdú a láimhseáil ar bhealach cothrom trédhearcach ar fud an phróisis ar fad chun leas na ngearánach agus na ndaoine a bhfuil baint acu le teagmhais atá á n-imscrúdú araon. Ba cheart faisnéis faoin Oifig Neamhspleách agus faoina cuid próiseas a scaipeadh go leathan. Ba cheart iarracht speisialta a dhéanamh a chinntiú go mbeidh na próisis sin inrochtana do chách, go háirithe daoine a bhfuil eagla orthu, atá amhrasach, atá faoi strus nó a bhfuil aon chineál míchumais acu. **Ba cheart uimhir rianaithe a shannadh do ghearáin ionas gur féidir dul chun cinn a rianú ar shuíomh Gréasáin na hOifige Neamhspleáiche tráth ar bith. Ba cheart faisnéis a thabhairt do ghearánaigh i bpearsa, nuair is cuí, freisin de réir mar a chuirtear an cás ar aghaidh.**
- 16.** Chun an Oifig Neamhspleách a bhunú, beidh sé riachtanach ollchóiriú a dhéanamh ar an reachtaíocht reatha a bhaineann le gearáin in aghaidh na bpóilíní. A bhfuil leis an reachtaíocht nua sin, tabharfar deis thráthúil chun breithniú a dhéanamh ar cé acu a bheadh nó nach mbeadh sé cuí sásra achomhairc nó athbhreithnithe a chur i bhfeidhm i leith cinntí ón Oifig Neamhspleách.⁵⁷ **Chun formhaoirseacht ar an Oifig Neamhspleách a fheabhsú tuilleadh, molann an Coimisiún gur cheart scrúdú a dhéanamh sa reachtaíocht nua ar raon feidhme reatha an phróisis fiosrúcháin bhreithiúnaigh atá in Acht an Gharda Síochána 2005 a leathnú**

⁵⁶ Rinne GSOC dhá scrúdú den sórt sin ar aon dul le halt 106 d'Acht an Gharda Síochána 2005: (1) Caitheamh le daoine a chimítear faoi choimeád ar athchur ag cúirt; (2) An Córas Próiseála Muirear Seasta, atá ar fáil ag <https://www.gardaombudsman.ie/publications/examination-reports/>.

⁵⁷ Is dóigh go mbeidh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí ag féachaint ar na sásraí achomhairc atá i bhfeidhm ag gach comhlacht garbhreithiúnach cinnteoireachta riaracháin mar chuid dá 5^ú Clár Oibre.

chun go n-áireofaí leis fiosrúchán ar phróisis agus nósanna imeachta an chomhlachta gearáin (an Oifig Neamhspleách). I bhfianaise na n-athruithe substainteacha atá á moladh, beidh sé riachtanach breithniú a dhéanamh ar an struchtúr cuí freisin, lena n-áirítear an gá le triúr Coimisinéirí a bheith ann chun an eagraíocht nua a stiúradh.

17. Ina theannta sin, ba cheart a shonrú go follasach sa reachtaíocht nua go bhfuil sé de chumhacht ag an gCoimisinéir, chun leas an phobail, aird na hOifige Neamhspleáiche a tharraingt ar nithe a bhfuil údar ann, ina thuairim féin, le himscrúdú a dhéanamh orthu. D'áireofaí le nithe den sórt sin, mar shampla, líomhaintí faoi éagóir a rinne an póilín san am atá thart.
18. Tríd is tríd, tá na nithe seo a leanas i gceist leis an gcur chuige nua: athmhúnlú a dhéanamh ar an gcur chuige traidisiúnta a glacadh i leith araíonachta; roinnt saincheisteanna a tarchuireadh chuig GSOC san am atá thart a chur de chúram ar an nGarda Síochána arís ionas gur féidir leis déileáil leo mar chuid dá phróisis bhainistíochta feidhmíochta (féach thíos); agus a chinntiú gur faoi shainchúram an chomhlachta nua a thagann gach teagmhas eile a bhaineann le mí-iompar is gá a imscrúdú (bíodh siad ina n-imscrúdú coiriúil nó ina n-imscrúdú eile).

BAINISTÍOCHT FEIDHMÍOCHTA AGUS RIALACHÁIN ARAÍONACHTA

19. Faoin gcóras nua, láimhseálfaidh an Garda Síochána é féin saincheisteanna a bhaineann le bainistíocht feidhmíochta. Thagraíomar thuas don chur chuige reatha, áit a ndéantar cásanna a mheas in aghaidh na Rialachán Araíonachta. Faoi na Rialacháin sin, faightear an comhalta den tseirbhís póilíní ciontach agus cuirtear pionós air nó faightear neamhchiontach é. Mar sin féin, níor cheart dul i muintín beart araíonachta i ngach cás ina bhfaightear amach nár bhain an iompraíocht na caighdeáin chuí amach. Is iad treoír, comhairle nó oiliúint, seachas beart araíonachta, an rud a theastaíonn uaireanta. Uaireanta eile, is é tuiscint níos fearr ar an gCód Eitice an rud a theastaíonn. Ba cheart don Gharda Síochána caitheamh le gach gearán den sórt sin mar chuid de phróiseas leanúnach bainistíochta feidhmíochta. Dar le cuid mhór freagraithe dár gceistneoir ar an nGarda Síochána, tá bainistíocht feidhmíochta ar cheann de na príomhlaigí san eagraíocht agus tá cur chuige nua ag teastáil. I gcás go bhfuil locht ar chomhalta, ba cheart breathnú ar luath-idirghabháil leis an gcomhalta sin mar chuid dhearfach thábhachtach de bhainistíocht feidhmíochta. Níor cheart breathnú ar an ní mar ní araíonachta ná smál a cur ar thaifead an chomhalta de bharr an lochta i ngach cás.
20. Le linn ár bpróisis chomhairliúcháin agus i roinnt aighneachtaí a fuairamar, dúradh linn gur lochtach atá na Rialacháin Araíonachta agus a gcuid próiseas. Údar imní eile ba ea dísmacht laistigh den Gharda Síochána. Mar aon lena léiriú go bhfuil iarratais chúirte ag cur bac ar an bpróiseas araíonachta de bharr chineál an phróisis sin, iarradh sa dara tuarascáil eatramhach ón mBreitheamh Onórach Charleton⁵⁸ go dtabharfaí struchtúr simplithe isteach freisin. **Is fadhb don lucht bainistíochta agus d'oifigh araon é an córas araíonachta reatha agus ba cheart athbhreithniú a dhéanamh air. Ba cheart an t-athbhreithniú a bheith cuimsitheach agus ba cheart eispéireas agus tuairimí gach duine lena mbaineann a chur san áireamh ann: lucht bainistíochta agus oifigh an Gharda Síochána, an lucht dlí, comhlachais foirne agus GSOC.** Maidir le cásanna a ndéanfar imscrúdú orthu faoi na Rialacháin Araíonachta reatha, is amhlaidh, faoinár dtograí, go láimhseálfar mar shaincheisteanna bainistíochta feidhmíochta iad nó go ndéanfaidh an Oifig Neamhspleách imscrúdú orthu. Sna Rialacháin amach anseo, ba cheart sainiú agus catagóiriú a dhéanamh ar theipeanna caighdeáin phóilíneachta a chomhlíonadh agus smachtbhannaí cuí a leagan amach. Creidimid freisin gur cheart aonad tiomnaithe a bheith ann laistigh den Gharda Síochána (rud a chuirfidh leis an obair a dhéanann Gnóthaí Inmheánacha) chun treisiú leis

⁵⁸ An Dara Tuarascáil Eatramhach ón mBinse Fiosrúcháin maidir le nochtáí cosanta a rinneadh faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, agus nithe áirithe eile (2017).

an tiomantas atá ag an eagraíocht do dhul i ngleic le dísmacht agus chun dul i dteagmháil leis an Oifig Neamhspleách ar nithe a bhfuil gníomhaíocht leantach inmheánach ag teastáil ina leith.

- 21. Ba cheart don Gharda Síochána freagra a thabhairt go mear do ghearánaigh maidir leis na gníomhartha a rinneadh de bhun an phróisis bhainistíochta feidhmíochta.** Tá sé tábhachtach go bhfiosrófar gach gearán ar bhealach tráthúil, ní amháin mar sheirbhís don ghearánach, ach mar sheirbhís do chomhaltaí den tseirbhís póilíní atá ina n-ábhar do ghearáin freisin. Má mhoillítear imscrúdú, beidh seans níos lú ann go dtiocfar ar an bhfírinne ann. Níl sé cóir ach oiread duine a choinneáil ag fanacht i gcás go bhfuil sé neamhchiontach nó go ndearna sé fóirearráid ar gá treoir a thabhairt dó, seachas pionós a chur air, ina leith.
- 22. Ba cheart gach gearán a thaifeadadh agus ba cheart aon bhearta ceartaitheacha a rinneadh a thaifeadadh i mbunachar sonraí a bhfuil rochtain ag an Oifig Neamhspleách air.** Ba cheart do mhaoirseoirí póilíní bheith ar an eolas faoi gach gearán a dhéantar in aghaidh na gcomhaltaí a thagann faoina maoirseacht. I gcás go bhfuil iompar comhalta ar leith den tseirbhís póilíní ina ábhar do roinnt gearán, fiú amháin i gcás nach féidir bunús a thabhairt le ceann ar bith díobh, d'fhéadfadh gurbh fhiú idirghabháil a dhéanamh go fóill ar mhaithe le fadhb níos tromchúisí a sheachaint amach anseo. Maidir le gearáin chomhchosúla a bhaineann le roinnt comhaltaí, d'fhéadfadh gurbh fhianaise iad gurb ann d'fhadhbanna sistéamacha ar gá dul i ngleic leo. Mar sin, is uirlisí rithábachtacha bainistíochta riosca iad taifid ghearáin atá cruinn agus cuimsitheach.


“Na Gardaí sin a gcuirtear dísmacht ina leith, ba cheart iad a chur faoi réir ceartú ag oifigigh shinsearacha gan ghá le dul i muinín na struchtúr casta a bunaíodh, arb ionann iad agus triail phríobháideach ina n-úsáidtear nósanna imeachta atá cosúil leo sin atá in úsáid inár gcúirteanna coiriúla. Tá struchtúr simplithe ag teastáil. Baineann an tionscal príobháideach úsáid as córas simplí, áit a dtógtar ráiteas ar an bhfadhb, a gcuirtear an ráiteas sin ar aghaidh chuig an bhfostaí lena mbaineann agus a ndéantar breithniú ar aon fhreagra a thairgtear. Mar a mhol an Breitheamh Onórach Morris, d'fhéadfaí úsáid a bhaint as an gcóras sin agus as córas achomhairc laistigh de struchtúir phóilíní.”

An Breitheamh Onórach Peter Charleton

NA RIALACHÁIN MAIDIR LE ROCHTAIN AR DHOICIMÉID

- 23.** Mar thoradh ar chur chun feidhme na moltaí a rinne an Coimisiún i gCaibidil a Deich maidir leis an tslándáil náisiúnta, is amhlaidh, tríd is tríd, go gcoimeádfar an timpeallacht oibriúcháin reatha ar bun de réir mar a bhaineann sí le nithe slándála. Is é a thagann as sin ná an tsaincheist maidir leis an rochtain a bheidh ag an Oifig Neamhspleách ar stáisiúin an Gharda Síochána agus ar na doiciméid atá le fáil iontu, ar doiciméid iad a bhféadfadh go mbeadh faisnéis slándála íogair iontu. Ní dhearnadh aon rialacháin go fóill faoi alt 126 d'Acht an Gharda Síochána 2005 lena bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin. Tuigimid go ndearnadh roinnt oibre ina leith sin cheana féin, áfach. Cé go nglacaimid leis gur rud casta é, tá sé tábhachtach go dtabharfar na rialacháin sin chun críche gan mhoill agus go gcomhaontófar na prótacail a theastaíonn chun tacú le héifeachtacht oibriúcháin an phróisis ghearáin agus chun cosaintí slándála a choimeád ar bun ag an am céanna.

FORMHAOIRSEACHT AGUS CUNTASACHT CREAT COMHLEANÚNACH



CUID A 5

SEIRBHÍS PÓILÍNÍ DON TODHCHAÍ

RÉAMHRÁ

Sa chuid seo den tuarascáil, déanaimid scrúdú ar na hathruithe is gá a dhéanamh chun na póilíní a chumasú a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh agus chun an fhreagracht agus an chuntasacht as bainistíocht an Gharda Síochána a leagan go daingean ar an eagraíocht í féin. Leis na socruithe reatha, ní thugtar do Choimisinéir an Gharda Síochána na cumhachtaí a theastaíonn chun an tseirbhís póilíní a reáchtáil go héifeachtach. Pléifimid an tsaincheist sin ar dtús. Mar a thugamar faoi deara i gCuid a Ceathair, is é an toradh atá ar an easpa soiléire sa chreat formhaoirseachta reatha gur fágadh doiléir na ról atá le comhlíonadh agus go ndearnadh dochar do chuntasacht shoiléir éifeachtach dá bharr. Molaimid, dá bhrí sin, go nglacfaí cur chuige nua chun rialachas inmheánach an Gharda Síochána a neartú. Is cur chuige é sin lena méadófar an acmhainn atá aige freagracht a ghlacadh as a bhainistíocht éifeachtach agus as a threo amach anseo. Breithnímid anseo struchtúr na heagraíochta, a cuid acmhainní agus an dóigh a ndéanann sí a baill foirne a earcú, a oiliúint agus a fhorbairt. Ar deireadh, breithnímid an gá atá ann le córais fheabhsaithe teicneolaíochta digití chun an fhaisnéis chruinn, thráthúil agus chuimsitheach a theastaíonn ó na póilíní a thabhairt dóibh.

CAIBIDIL A CÚIG DÉAG COIMISINÉIR AN GHARDA SÍOCHÁNA AGUS AN FHOIREANN CEANNAIREACHTA

1. Cosúil le ceannasaithe póilíní in áiteanna eile, tá dhá ról ag Coimisinéir an Gharda Síochána – is iad sin, ról oibríochtúil mar cheannaire ar an tseirbhís póilíní agus ról bainistíochta mar phríomhoifigeach feidhmiúcháin ar an eagraíocht póilíní. Faoin gcóras reatha, níl ag an gCoimisinéir na cumhachtaí a theastaíonn chun feidhmeanna an phríomhfheidhmeannaigh a chomhlíonadh, cé go gcoinnítear é cuntasach as feidhmíocht sa ról sin. Labhraíomar cheana féin faoin easpa comhleanúnachais atá ann sa chreat formhaoirseachta faoi láthair agus faoin mearbhall agus an forluí atá ann idir ról na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus ról an Údaráis Phóilíneachta i ndáil le rialachas agus cuntasacht. Tá sé in am againn idirdhealú follasach a dhéanamh idir ról na Roinne agus na gcomhlachtaí formhaoirseachta atá molta againn, ar thaobh amháin, agus, ar an taobh eile, rialachas inmheánach na heagraíochta póilíní, nach mór don Gharda Síochána agus dá Choimisinéir bheith freagrach aisti. Ní bhaineann sé sin ar aon bhealach de chuntasacht na bpóilíní don rialtas ná den ról atá ag comhlachtaí formhaoirseachta in imscrúdú agus grinnscrúdú a dhéanamh ar an dóigh a bhfeidhmíonn na póilíní a

bhfreagracht. Ina ionad sin, neartaíonn sé an chuntasacht fhoriomlán trína chinntiú go mbeidh an fhreagracht deiridh ar an duine cuí agus go mbeidh sé soiléir cé hé an duine sin (i gcodarsnacht leis an mearbhall atá ann ina leith sin faoi láthair, dar leis an nGrúpa Éifeachtachta agus Athnuachana, mar atá tugtha faoi deara i gCaibidil a Dó Dhéag).

2. Ba cheart don Choimisinéir bheith in ann an cineál cinntí a dhéanamh ar gá do gach príomhoifigeach feidhmiúcháin iad a dhéanamh chun a n-eagraíocht a reáchtáil ar bhealach éifeachtach éifeachtúil. Gan cumhachtaí den sórt sin a bheith aige, ní chreidimid go n-éireoidh le haon Choimisinéir sa ról, beag beann ar na tréithe atá aige féin. Ní éireoidh leis an gcóras mar atá sé ceaptha faoi láthair ach oiread. Mholamar go mbeadh freagracht iomlán ar an gCoimisinéir as bainistíocht acmhainní airgeadais agus daonna sa Gharda Síochána. Beidh foireann láidir ceannaireachta sinsearaí ag teastáil chun freagracht iomlán a ghlacadh as bainistíocht na heagraíochta. Beidh ról ríthábhachtach ag na comhaltaí den fhoireann sin sa chlár athchóirithe atá leagtha amach sa tuarascáil seo a bhrú chun cinn agus san eagraíocht póilíní a reáchtáil ar bhealach éifeachtach éifeachtúil. Tá gá ann le scileanna riachtanacha, saineolas agus éagsúlacht a chur leis na leibhéil is airde den Gharda Síochána. Beidh an rath ag brath ar láidreachta dhaingean a bheith ann, ní amháin i réimsí na póilíneachta oibríochtúla agus na slándála, ach sna réimsí ríthábhachtacha seo a leanas freisin –
 - Straitéis agus nuálaíocht
 - Ionracas, cearta an duine agus eitic
 - Comhlíonadh agus rialachas
 - Bainistíocht faisnéise agus sonraí
 - Acmhainní daonna agus caidreamh tionsclaíoch
 - Airgeadas agus soláthar
 - Cumarsáid (inmheánach agus seachtrach)
 - Obair le comhpháirtithe seachtracha.
3. Foireann a gheobhaidh máistreacht ar gach ceann de na tosca ratha ríthábhachtacha sin, tabharfaidh sí don Gharda Síochána an lucht bainistíochta cumhachtach, solúbtha agus oiriúnaitheach a theastaíonn uaidh. Ní féidir an meascán ceart scileanna a bhaint amach ach amháin trí shaoirse a thabhairt don Choimisinéir an fhoireann a chur le chéile. **Molaimid, dá bhrí sin, go mbeadh an chumhacht ag an gCoimisinéir chun na comhaltaí dá fhoireann ceannaireachta féin a cheapadh, bíodh siad ina gcomhaltaí faoi mhionn nó ina gcomhaltaí nach bhfuil faoi mhionn nó ina ndaoine laistigh den eagraíocht nó ina ndaoine lasmuigh di.**⁵⁹ Ba cheart deireadh a chur le haon bhaic ar an gcumhacht sin a fheidhmiú.
4. **Molaimid freisin go dtabharfaí conarthaí in-athnuaithe a mhairfidh trí bliana go cúig bliana do gach comhalta den fhoireann ceannaireachta sinsearaí, idir chomhaltaí faoi mhionn agus chomhaltaí nach bhfuil faoi mhionn.** Ní mheasaimid go bhfuil aon fhadhb ag baint le níos mó ná téarma amháin a bheith á gcur isteach ag comhaltaí éifeachtacha. Má thugtar conarthaí fada do na comhaltaí ón tús, áfach, ní chreidimid go gcabhrófar leis an nGarda Síochána a fhorbairt ina eagraíocht atá lúfar agus oiriúnaitheach, arb é an cineál eagraíochta a theastaíonn é. Rud ba ghinearálta fós, agus i gcomhthéacs an mhór-athchóirithe eagraíochta a mholann an Coimisiún, ba cheart bainistiú na bpróiseas ceapacháin agus ardú céime a thagann faoi shainchúram an Údaráis Phóilíneachta faoi láthair a aistriú chuig an nGarda Síochána, faoi fhorghaoirseacht ag an mBord nua (féach Caibidil a Sé Déag). Ba cheart na próisis sin a bhainistiú ar bhealach trédhearcach agus ar aon dul leis an ngnáthchleachtas san earnáil phoiblí.

⁵⁹ Beartaítear go seolfá an próiseas ceapacháin seo faoi údarás Bhord an Gharda Síochána – féach Caibidil 16.

5. Srian eile ar Choimisinéir an Gharda Síochána is ea nach rialaíonn an eagraíocht a heastát féin faoi láthair. Amhail i gcás gach eagraíochta, is acmhainn ríthábhachtach é an t-eastát atá aici. Mar sin, níl aon chiall le freagracht a leagan ar an gCoimisinéir as cuntas a thabhairt ar reáchtáil éifeachtach na heagraíochta póilíní nuair nach bhféadfaidh sé cinntí a dhéanamh ar na céadta foirgneamh atá in úsáid aici. De réir na reachtaíochta, ní fhéadfaidh an Garda Síochána dul isteach i léasanna ach oiread. **Molaimid go gcuirfí bainistíocht an eastáit phóilíní faoi rialú Choimisinéir an Gharda Síochána agus go dtabharfaí buiséad dó chun é a chothabháil.** Ba cheart don Choimisinéir bheith freagrach as a chinneadh cén dóigh a ndéanfar an t-eastát a chothabháil nó a fhorbairt agus ba cheart an méid sin a chur **ar chomhréim le tosaíochtaí agus straitéisí póilíneachta.**
6. Ní bhaineann aon cheann de na hathruithe sin den fhíric gur cheart do Choimisinéir an Gharda Síochána bheith lánchuntasach as a fheidhmíocht féin sa ról agus as na torthaí a bhaintear amach ó thaobh éifeachtachta de agus ó thaobh éifeachtúlachta de araon. Mar sin féin, ní féidir le haon phríomhfheidhmeannach cuntasacht chuí a bhaint amach ach amháin i gcás gur fíor-phríomhfheidhmeannach é agus go bhfuil sé i gceannas ar **gach** gníomh feidhmiúcháin. Dar leis an nGrúpa Éifeachtachta agus Athnuachana, ní bheidh aon phríomhfheidhmeannach ná aon duine ar leith fíorchuntasach fad atá cinntí feidhmiúcháin á ndéanamh ag daoine eile, mar shampla cinntí acmhainní daonna a bheith á ndéanamh ag an Údarás Póilíneachta nó ról a bheith á imirt ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais i gcinntí soláthair. Má tharlaíonn sé sin, leanfaidh an staid atá againn faoi láthair, áit a gcuireann gach duine an milleán ar dhaoine eile agus a n-éiríonn comhaltaí sinsearacha as gan aon athruithe a bhaint amach ina dhiaidh sin. Beidh na bunathruithe chun feabhais a mholaimid sa tuarascáil seo ag brath ar Choimisinéir an Gharda Síochána a chumhachtú an obair atá riachtanach a chur i gcrích. Ní mór gur fíor-phríomhfheidhmeannach é an Coimisinéir, ar duine é ar a bhfuil lánfhreagracht as acmhainní daonna, acmhainní airgeadais agus acmhainní eile na heagraíochta.
7. Ina cháil mar cheannasaí póilíní, i gcodarsnacht lena cháil mar phríomhfheidhmeannach ar an eagraíocht póilíní, ba cheart a léiriú go soiléir go bhfuil an Coimisinéir neamhspleách ón taobh oibríochtúil de. Is prionsabal tábhachtach sa phóilíneacht é sin. Ní mór do cheannasaithe póilíní bheith lánchuntasach as an dóigh a seolann siad na gníomhaíochtaí póilíneachta uile agus as torthaí na ngníomhaíochtaí sin agus níor cheart dóibh treoir a thógáil ó pholaiteoirí ná ó aon daoine eile maidir le nithe oibríochtúla. **Ba cheart neamhspleáchas oibríochtúil Choimisinéir an Gharda Síochána a shonrú go follasach sa reachtaíocht.**

CAIBIDIL A SÉ DÉAG

BORD DON GHARDA SÍOCHÁNA

1. Sa chaibidil roimhe, mholamar go méadófaí go mór na freagrachtaí atá ar Choimisinéir an Gharda Síochána. Mar a dúramar, baineann ríthábhacht leis na freagrachtaí sin maidir leis an gCoimisinéir a chumasú a phost a dhéanamh go héifeachtach. Leagann siad móréilimh ar acmhainn an cheannaire freisin, áfach. A luaithe a bhaineann sé post ceannaireachta amach, is annamh a bhíonn lánchumas ag an ngnáthphóilín bainistiú a dhéanamh ar eagraíocht mhór ina bhfuil na mílte duine fostaithe.
2. I saol an ghnó, is féidir le príomhoifigeach feidhmiúcháin tairbhe ollmhór a bhaint as an ionchur ó chomhaltaí neamhfheidhmiúcháin boird a bhfuil taithí acu ar chuideachtaí nó gairmeacha eile. Tá sé sin fíor i gcás fhormhór na ngníomhaireachtaí agus na gcomhlachtaí Stáit in Éirinn freisin. Is é Coimisinéir an Gharda Síochána an ceann ar eagraíocht a chuimsíonn níos mó ná 15,000 duine agus a bhfuil buiséad os cionn €1.65 billiún aici. Cuid mhór de na dúshláin a ghabhann le heagraíocht chomh mór sin a reáchtáil, ní bhaineann siad leis an bpóilíneacht amháin agus tá siad cosúil leis na dúshláin atá ann in eagraíochtaí móra eile. Samplaí díobh sin is ea bainistíocht pearsanra agus airgeadais; bainistíocht réadmhaoine; seachfhoinsíú agus soláthar; oiliúint ceannaireachta; agus bainistíocht géarchéime.
3. **Ba cheart don Gharda Síochána bord reachtúil a bheith aige chun rialachas inmheánach agus bainistíocht na heagraíochta póilíní a neartú.** Ní bhainfeadh an bord sin ar aon bhealach dá thábhachtaí atá foireann ceannaireachta an Choimisinéara, dá dtagraítear sa chaibidil roimhe. Is é cuspóir an bhoird rialachas agus cuntasacht inmheánach a neartú agus tacaíocht a thabhairt don Choimisinéir agus don fhoireann ceannaireachta ar fad a gcuid oibre a chur i gcrích. Cabhróidh sé leis an nGarda Síochána mar eagraíocht a chumhachtú freagracht a ghlacadh as a bhainistíocht éifeachtach féin agus as a threo amach anseo.⁶⁰
4. **Ba cheart don Bhord cabhrú leis an gCoimisinéir an tseirbhís póilíní a atheagrú; straitéis chorparáideach a fhorbairt agus pleanáil bhliantúil a dhéanamh; agus eagraíocht éifeachtúil oiriúnaitheach a chuimsíonn na mílte duine agus a bhfuil buiséad mór aici a reáchtáil agus a stiúradh sa todhchaí, agus leas á bhaint as smaointe bainistíochta agus próisis bhainistíochta den chéad scoth.** Ba cheart próifíl na gcomhaltaí den Bhord a bheith ag teacht leis an bhfeidhm sin. Ba cheart daoine sinsearach a na hearnálacha gnó agus gairmiúla a ainmniú mar chomhaltaí, ar daoine iad a bhfuil saineolas acu ar na réimsí seo a leanas: acmhainní daonna agus caidreamh tionsclaíoch; an ceartas coiriúil; bainistíocht airgeadais; bainistíocht sonraí; agus réimsí eile bainistíochta ar ina leith a d'fhéadfadh an eagraíocht póilíní tairbhe a bhaint as ionchur ó chomhaltaí neamhfheidhmiúcháin boird. Ba cheart **cathaoirleach neamhfheidhmiúcháin neamhspleách** a bheith aige, ar duine é a cheapfaidh an rialtas tar éis próiseas oscailte cuí. Ní chreidimid gur ghá go mbeadh cúlra póilíneachta ag an gcathaoirleach (cé go mbeadh sé ina chabhair dá mbeadh cúlra póilíneachta ag comhalta neamhfheidhmiúcháin eile den bhord). Beidh sé ríthábhachtach sa ghearrthéarma go mbeidh cúlra láidir aige i mbunathrú eagraíochta chun feabhais a bhainistiú. Beidh sé riachtanach go mbeidh cumarsáid chomhoibríoch, rialta agus oscailte ar bun idir an Bord agus an Coimisinéir. Ba cheart don Bhord tacaíocht chuí Rúnaíochta a fháil chun é a chumasú a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Ba cheart do chathaoirleach an Bhoird an tacaíocht dhíreach a ghabhann le post sinsearach lánaimseartha a bheith aige chun

⁶⁰ Sa Chúigiú Tuarascáil uaidh maidir le Cur Chun Feidhme an Chláir um Nua-aoisiú agus um Athnuachan agus sa Mheasúnú Iárblhiana uaidh ar Fheidhmíocht Póilíneachta, a foilsíodh i mí Iúil 2018, thug an tÚdarás Póilíneachta faoi deara gur gá don Gharda Síochána freagracht a ghlacadh as a straitéisí agus a phleananna féin amach anseo.

a chinntiú go mbeidh aistriú rianúil ann chuig na socruithe rialachais nua agus go mbeidh rannpháirtíocht rianúil éifeachtúil ann idir an Bord agus lucht bainistíochta sinsearaí an Gharda Síochána.

5. Tá Coimisinéir an Gharda Síochána cuntasach go díreach don Rialtas, tríd an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, as nithe coireachta agus slándála. Níor cheart don chathaoirleach ná don Bhord neamhspleáchas oibríochtúil an Choimisinéara a chur i mbaol. I gCaibidil a Cúig Déag, mholamar go ndéanfaí neamhspleáchas oibríochtúil Choimisinéir an Gharda Síochána a shonrú go follasach sa dlí. Ní hé ról an Bhoird locht a fháil ar oibríochtaí póilíneachta an Choimisinéara. Ina ionad sin, is é an ról atá aige rialachas inmheánach na heagraíochta póilíní a neartú. Ar aon dul leis an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit,⁶¹ bheadh an Bord cuntasach don Rialtas.
6. Tá idirdhealú follasach ann idir an Bord, ar a mbeidh freagracht fhoriomlán as rialachas inmheánach, agus an Coimisiún nuabhunaithe um Fhormhaoirseacht ar an bPóilíneacht agus ar Shábháilteacht an Phobail, a dhéanfaidh formhaoirseacht neamhspleách ar na seirbhísí póilíní agus seirbhísí shábháilteacht an phobail a sholáthraíonn an Garda Síochána agus ar a chomhpháirtíochtaí le gníomhaireachtaí eile. Mar atá tugtha faoi deara i gCaibidil a Trí Déag, ní ghlacfaidh an Coimisiún um Fhormhaoirseacht an ról atá ag an Udarás Póilíneachta faoi láthair i nithe bainistíochta inmheánaí amhail arduithe céime, ceapacháin agus cinntí airgeadais.
7. Ba cheart na nithe seo a leanas a bheith i gceist le feidhmeanna an Bhoird –
 - (i) Tacú leis an gCoimisinéir a fheidhmeanna a chur i gcrích agus an Coimisinéir agus an lucht bainistíochta sinsearaí a choimeád cuntasach as comhlíonadh éifeachtach a bhfreagrachtaí,
 - (ii) Tosaíochtaí póilíneachta a leagan síos i gcomhairle leis an gCoimisinéir agus leis an gCoimisiún um Fhormhaoirseacht agus le ceadú ón Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais,
 - (iii) An straitéis póilíneachta agus an plean póilíneachta bliantúil a chuireann an Coimisinéir isteach a cheadú, tar éis breithniú a dhéanamh ar aon mholtaí ábhartha ón gCoimisiún um Fhormhaoirseacht agus sula gcuireann sé iad faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais,
 - (iv) Tograí buiséid a chuireann an Garda Síochána faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais a cheadú agus freagracht fhoriomlán a ghlacadh as buiséad agus acmhainní na seirbhíse póilíní a bhainistiú,
 - (v) Coimisinéir agus Leas-Choimisinéir an Gharda Síochána a ainmniú lena gceapadh ag an Rialtas tar éis próis chuí. Féadfaidh an Bord briseadh na ndaoine sin a mholadh freisin,
 - (vi) Ceapacháin shinsearacha eile agus bristeacha sinsearacha eile a cheadú laistigh den eagraíocht póilíní.
8. Maidir le pointe (iv) thuas, luamar i mír a naoi de Chaibidil a Dó Dhéag go bhfillfimis ar cheist an **phróisis bhuiséid**. Measaimid go bhfeidhmeofar an próiseas sin ar an mbealach seo a leanas. Ba cheart do Choimisinéir an Gharda Síochána an Plean Póilíneachta bliantúil a chur le chéile le hionchur inmheánach ó na ceantair agus ó na rannáin (bunaithe ar phleananna póilíneachta áitiúla) agus le hionchur seachtrach ón gCoimisiún um Fhormhaoirseacht⁶², ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir le nithe beartais, agus ó gheallsealbhóirí eile. Ba cheart do Bhord an Gharda Síochána an plean costáilte a cheadú. Ba cheart an plean a chur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus

⁶¹ An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe: *Cód Cleachtais Athbhreithnithe do Rialachas Comhlachtaí Stáit* (Lúnasa 2016).

⁶² Beidh ionchur ó Chomhchoistí Póilíneachta agus ó Fhóraithe Phóilíneachta Pobail Áitiúil faighte ar leibhéal áitiúil ag an gCoimisiún um Fhormhaoirseacht agus ag ceantair an Gharda Síochána araon.

Comhionannais ansin lena thabhairt ar aghaidh i bpróiseas leithdháilte buiséid an rialtais. Mar a dúramar níos luaithe, agus dar leis an nGrúpa Éifeachtachta agus Athnuachana freisin, ba cheart buiséid a chostáil agus a chur i láthair i gcreat ilbhliantúil. Ina theannta sin, **ba cheart an líon ball foirne a chuirtear ar aghaidh sa Phlean Póilíneachta, agus an líon ball foirne a theastaíonn ag gach céim, a bheith bunaithe ar riachtanais oibriúcháin.** Níor cheart iad a bheith bunaithe ar spriocanna a roghnaíonn an rialtas, mar a tharlaíonn faoi láthair. Níor cheart an líon uasta póilíní ag na céimeanna is airde a bheith cumhdaithe sa reachtaíocht ach oiread, mar a tharlaíonn faoi láthair sna Rialacháin faoi alt 122 d’Acht an Gharda Síochána 2005

9. Measaimid gur cheart an Bord a bhunú a luaithe is féidir chun tacú le cur chun feidhme na moltaí sa tuarascáil seo.⁶³

⁶³ Tá an Dr Vicky Conway agus an Dr Eddie Molloy i bhfách go hiomlán leis an tuarascáil ón gCoimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn. Mar sin féin, níor aontaigh siad mar a leanas leis an moladh go gcuirfí bord ar bun: *“Agus fuath ann in Éirinn le blianta fada anuas d’fhormhaoirseacht sheachtrach ar an bpóilíneacht agus do chuntasacht don phóilíneacht, ní chreidimid, tríd an mbord seo a áireamh mar ghné eile den ailtireacht formhaoirseachta agus rialachais agus trí ról an chomhlachta formhaoirseachta seachtraí (an tÚdarás Póilíneachta go dtí seo) a mhaolú dá bharr sin, go bhfuiltear ag cruthú na deise is fearr chun cuntasacht atá neamhspleách, cumhachtaithe, trédhearcach agus gan athbhrí a bhaint amach. Cé gur chosúil go raibh achrann ann idir an tÚdarás Póilíneachta agus an Garda Síochána, táimid fós sa luathchéim den obair atá á déanamh chun córas éifeachtach rialachais a fhorbairt. Is é an rud a mholfaimis ná gan ach cur leis an dul chun cinn a rinne an tÚdarás Póilíneachta cheana féin, a bhí, inár dtuairim féin, tacúil agus agóideach araon, nuair ba ghá, agus é ag déileáil leis an nGarda Síochána. Creidimid gur cheart an tÚdarás Póilíneachta a chumhachtú go leordhóthanach agus cultúr dearfach a chothú sa Gharda Síochána i leith cuntasacht sheachtrach ag an am céanna.”*

CAIBIDIL A SEACHT DÉAG

STRUCHTÚR AGUS PRÓISIS BHAINISTÍOCHTA

EAGRAÍOCHT AN GHARDA SÍOCHÁNA

1. Ag teacht lena bhfuil ráite againn faoina thábhachtaí atá sé Coimisinéir an Gharda Síochána a chumasú an eagraíocht a bhainistiú trí chumhachtaí cuí a thabhairt dó mar phríomhfheidhmeannach, nílimid ag iarraidh bheith ró-shaintreorach maidir leis an struchtúr ba cheart a bheith ar an eagraíocht. Ina theannta sin, tá Éire ag athrú go tapa. Is ag athrú go tapa freisin na dúshláin atá roimh an bpóilíneacht sa tír seo agus ar fud an domhain. Maidir le haon struchtúr a fhorbrófar d'imthosca an lae inniu, is dóigh go mbeidh sé riachtanach é a athbhreithniú agus a choigeartú i gceann cúpla bliain. Ba cheart don Choimisinéir an tsaoirse a bheith aige chun coigeartuithe den sórt sin a dhéanamh agus níor cheart cosc a bheith air déanamh amhlaidh de bharr reachtaíochta nó de bharr srianta eile.
2. . É sin ráite, tá prionsabail áirithe ann a gcreidimid gur cheart iad a úsáid chun struchtúr amach anseo na heagraíochta póilíní a threorú. Is é an ceann is tábhachtaí díobh gur cheart an fhoirm a bheith ag teacht leis an bhfeidhm agus **gur cheart tábhacht phríomha na túslíne sa phóilíneacht a léiriú i struchtúr an Gharda Síochána**. Tá sé soiléir go measann formhór na gcomhaltáí den Gharda Síochána gur seirbhís phóilíneachta pobail iad, tríd is tríd. Tá sé soiléir freisin go measann siad go bhfuil ag teip orthu an tseirbhís sin a sholáthar. Ag beagnach gach stáisiún póilíní ar thugamar cuairt orthu, chualamar go raibh géarghanntanas póilíní túslíne ann. Cé gur fadhb choitianta é sin i measc na bpóilíní i ngach áit, níl aon amhras ann gur fadhb ar leith é sa Gharda Síochána. Is fadhb é freisin a tarraingíodh anuas i ngach ceann dár gcruinnithe poiblí agus ina lán aighneachtaí a fuarthas ón bpobal. Tá daoine ag iarraidh go mbeadh na póilíní níos infheicthe ar na sráideanna agus sa phobal.
3. Cuid den fhadhb atá i gceist is ea go bhfuil acmhainní á n-imscaradh faoi láthair gan dul i muinín samhail oibriúcháin ná plean mionsonraithe fórsa saothair. Ina theannta sin, ní mór do na póilíní sin atá imlonnaithe chuig an túslíne a lán uaireanta a chaitheamh ar chúraimí nach ionann iad agus úsáid chuí a gcuid ama. Cuid mhór den fhadhb atá i gceist, áfach, is ea nach dtugtar go leor tosaíochta don túslíne laistigh den Gharda Síochána.
4. Is gá aghaidh a thabhairt ar an laige sin sna socrúithe struchtúrtha do sheirbhís póilíní atá bunathraithe chun feabhais agus ina cuid próiseas oibriúcháin agus bainistíochta. I gCaibidil a Cúig, chuireamar síos ar shamhail nua phóilíneachta ceantair, ina bhfuil phóilíneacht ceantair túslíne i gcoílár na seirbhíse póilíní. Ón taobh struchtúrtha de, ba cheart do cheantair a bheith ina mbunchlocha don Gharda Síochána. Ba cheart dóibh na hacmhainní agus an soláthar foirne is gá a bheith acu chun gach gnáthsheirbhís phóilíneachta a sholáthar dá bpobal, lena n-áirítear imscrúdú a dhéanamh ar gach cineál coire, seachas na cinn is tromchúisí. Ba cheart a mheas go mbíonn sócmhainní, oifigí riaracháin agus sainaonaid ar leibhéal rannáin ag tacú le hobair na túslíne. Maidir le próisis bhainistíochta, is gá údarás a tharmligean go suntasach ionas gur féidir cinntí a dhéanamh agus tionscnaimh a fhorbairt.
5. Cé gur tháingamar ar roinnt sárshamplaí de thionscnaíocht áitiúil i measc na bpóilíní inár gcuid imscrúduithe, ba chosúil i bhformhór na gcásanna go raibh na stáisiúin túslíne ar thugamar cuairt orthu á stiúradh le treoracha agus éilimh ón gceanncheathrú agus gur bhraith siad gur beag údarás a bhí acu, nó nach raibh aon údarás ar bith acu, gníomhaíocht a dhéanamh ar a dtionscnamh féin. Níor tháingamar ar aon chomhartha go bhfuil tionscnaimh áitiúla á spreagadh ag an ionad. Ina áit sin, fuairéamar amach go mbraitheann a lán póilíní túslíne go bhfuil siad scoite amach ón ionad agus dúirt roinnt oifigeach linn gurb annamh a fheiceann siad oifigigh ag céim an Ard-Cheannfoirt nó níos airde. Má tá an tsamhail phóilíneachta ceantair chun bheith éifeachtach, beidh próisis bhainistíochta atá leagtha amach go soiléir ag teastáil ón eagraíocht póilíní. Beidh na próisis sin ag teastáil chun rialú a dhéanamh ar an gcaidreamh idir na ceantair agus na rannáin a dhéanann maoirseacht orthu, ionas go mbeidh a fhios ag cinnteoirí ar gach leibhéal cén t-údarás tarmligthe cinnteoireachta atá acu, cén uair is gá dóibh an ní a tharchur

suas an slabhra, agus cén uair agus conas is gá dóibh cuntas a thabhairt do mhaoirseoirí ar chomhlíonadh a ndualgas. Molaimid gur cheart údarás a tharmligean go huathoibríoch ar gach leibhéal, ach amháin i gcás go bhfuil cúis mhaith ann le gan é sin a dhéanamh.

6. Faoinár samhail póilíneachta ceantair, is ar leibhéal an cheantair a sholáthrófar formhór mór na seirbhísí póilíneachta don phobal. Tá 96 cheantar den sórt sin ann in Éirinn faoi láthair, agus iad ag obair amach ó thart ar 570 stáisiún póilíní. Creidimid gur cheart do Choimisinéir an Gharda Síochána cinntí a dhéanamh ar an líon ceantar nó stáisiún ba cheart a bheith ann. Tugaimid faoi deara, áfach, nach gá go méadaítear infheictheacht nó rannpháirtíocht na bpóilíní sa phobal nuair a mhéadaítear an líon stáisiún póilíní atá ann.
7. Tarraingíodh an tsaincheist sin maidir le hinfeictheacht agus rannpháirtíocht na bpóilíní sa phobal anuas linn i gcruinnithe le hionadaithe tuaithe agus le heagraíochtaí feirmeoireachta. Pléadh an tsaincheist sin freisin in aighneachtaí a rinneadh chuig an gCoimisiún, lenar áiríodh in aighneachtaí a fuarthas ó chomhaltaí den Gharda Síochána. Cé gur áitigh roinnt daoine gur cheart níos mó stáisiún póilíní a bheith ann, dúirt daoine eile go bhfuil sé níos tábhachtaí go bhfuil go leor póilíní agus feithiclí ann chun an ceantar a chumhdach. Aithnímid gur minic a bhíonn láithreach an stáisiúin phóilíní tábhachtach maidir le sábháilteacht an phobail a chinntiú agus maidir le muinín an phobail a ghnóthú. Aithnímid freisin, áfach, nach bhfuil ach Garda amháin ann ina lán stáisiún faoi láthair agus nach mbíonn á lán díobh á n-áitiú ach ar bhonn páirtaimseartha. Ina theannta sin, tá drochbhail ar roinnt stáisiún faoi láthair agus níl siad oiriúnach don fheidhm a thuilleadh. In áiteanna áirithe, d'fhéadfadh go mbeadh sé níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí acmhainní a infheistiú in aonaid taistil seachas i bhfoirgnimh. In áiteanna ina bhfuil an stáisiún dúnta, creidimid gur cheart do phóilíní ceantair “clínici” a óstáil gach seachtain nó gach dhá sheachtain in ionaid phobail nó in áiteanna inrochtana eile. Is é an rud is tábhachtaí go bhfuil na póilíní infheicthe agus ag obair le pobail, is cuma cé acu atá nó nach bhfuil stáisiún acu in aice láimhe. I ngach ceantar, ba cheart do na póilíní úsáid a bhaint as na meáin shóisialta agus as uirlisí eile teicneolaíochta freisin chun dul i dteagmháil leis an bpobal áitiúil.
8. Mar atá pléite i gCaibidil a Cúig, oibreoidh gach comhalta den tseirbhís póilíní ar leibhéal ceantair le chéile faoinár samhail nua póilíneachta ceantair. Beidh **freagairtí agus réiteach fadhbanna ina ngnéithe ceangailte** de straitéis chomhtháite póilíneachta ceantair leis an bpobal. Is athrú coincheapúil ríthábhachtach é sin ar an staid reatha, áit a bhféachtar ar an “bpóilíneacht pobail” mar chineál sainghníomhaíochta agus, go minic, mar ghníomhaíocht is féidir a chur ar leataobh nuair a thagann éilimh eile chun cinn.
9. I gcás na gcoireanna is tromchúisí nó is casta, nó i gcás géarchéimeanna ar ina leith a theastaíonn freagairtí ilghníomhaireachta, beidh ar phóilíní ceantair tacaíocht a iarraidh ó speisialtóirí nó ó Fhoirne Idirghabhála Géarchéime atá lonnaithe ar leibhéal rannáin⁶⁴ Níor cheart do na foirne ar leibhéal ceantair bheith ag brath ar dhaoine eile chun déileáil leis an gcuid is mó den ghnáthobair póilíní, lena n-áirítear formhór na gcineálacha coireachta. Mar sin, is gá dóibh bheith mór go leor chun an obair sin a dhéanamh. Beidh an líon beacht ball foirne ag brath ar na dúshláin ar leith atá ann i ngach ceantar agus ar dhaonra agus achar an cheantair. Chun na riachtanais acmhainní a chinneadh, beidh sé riachtanach athbhreithniú a dhéanamh ar phleanáil fórsa saothair, ar athbhreithniú é a bheidh níos críochnúla ná aon cheann a bhíodhas in ann a dhéanamh go dtí seo (Féach freisin Caibidil a hOcht Déag). D’aithin an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an gá atá ann le feabhas a chur ar phleanáil fórsa saothair i dtuarascáil a d’fhoilsigh sí le déanaí ar an sibhialtachú.⁶⁵
10. **Ba cheart do na póilíní ceantair údarás tarmligthe dóthanach a bheith acu chun déileáil leis an gcuid is mó de na gnáthéilimh phóilíneachta. Mar sin, beidh sé riachtanach dea-mhaoirseacht a dhéanamh orthu freisin.** San am i láthair, tá ganntanas sáirsintí ar fáil

⁶⁴ Féach Caibidil 4.

⁶⁵ An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe: *Athbhreithniú Caiteachais 2018: Sibhialtachú na Póilíneachta in Éirinn: Ceachtanna ón gCleachtas Idirnáisiúnta* [Iúil 2018].

agus beidh sé riachtanach an ganntanas sin a réiteach. Tá leibhéal an tsáirsint ina ghné ríthábhachtach de gach seirbhís póilíní agus tá sé sin níos tábhachtaí fós i seirbhís ina bhfuil an phríomhbhéim le cur ar an túsline. Tá sé ríthábhachtach ó thaobh bainistíocht feidhmíochta de freisin. Is é an scéal céanna i gcás chéim an chigire, áit ar cosúil freisin go bhfuil ganntanas cigirí ann nó, ar a laghad, go bhfuil ganntanas cigirí ann sna háiteanna ina bhfuil siad ag teastáil. Is in athbhreithniú breisithe ar phleanáil fórsa saothair ba cheart aghaidh a thabhairt ar na nithe sin freisin

11. Gheobhaidh na ceantair tacaíocht ó na haonaid ar leibhéal rannáin. Tá 28 rannán ag an nGarda Síochána faoi láthair. **Molaimid go mbeadh na rannáin ina n-aonaid riaracháin fhéintuilleamaíocha ag a bhfuil a mbuiséad déabhlóidithe féin agus a bhfoirne acmhainní airgeadais agus daonna féin. Ba cheart dóibh foirne bleachtaireachta agus speisialtóirí eile a bheith acu freisin chun tacú leis na ceantair. Ba cheart d’Fhoirne Idirghabhála Géarchéime, lena n-áirítear baill foirne ó ghníomhaireachtaí meabhairshláinte agus ó ghníomhaireachtaí seirbhísí do leanaí, bheith lonnaithe ar leibhéal rannáin. Ba cheart do gach rannán ionad faisnéise a bheith acu, rud a thacaíonn leis na ceantair agus sonraí á mbailiú agus á n-anailísiú acu. Is é sin le rá, beartaímid, i gcás fhorhóir a bhfeidhmeanna póilíneachta, go bhfeidhmeodh gach rannán mar mhionseirbhís póilíní astu féin.** Tugann sé sin le fios gur gá mais chriticiúil áirithe a bhaint amach ó thaobh méide de agus an líon reatha rannán – is é sin, 28 gcinn – a laghdú go suntasach.
12. Tá leibhéal eile ceannais ann i struchtúr reatha an Gharda Síochána, rud a chuimsíonn sé réigiún idir na rannáin agus Ceanncheathrú an Gharda Síochána. Má tharlaíonn sé, faoi mar a mholamar, go mbeidh gach rannán mór go leor chun bheith féinspleách i gcás fhorhóir a bhfeidhmeanna, lena n-áirítear formhór a bhfeidhmeanna riaracháin, is dóigh go laghdófar an gá atá ann le leibhéal idirmheánach ceannais idir na rannáin sin agus an cheanncheathrú. Go deimhin, d’fhéadfadh leibhéal eile ceannais lasmuigh den cheanncheathrú na rannáin a chur ó lánfhreagracht a ghlacadh as a n-acmhainní agus as a mbainistíocht féin. Ina theannta sin, tá amhras orainn faoina éifeachtúlacht atá an leibhéal réigiúnach mar a fheidhmíonn sé faoi láthair. Maidir leis an seisear Coimisinéirí Cúnta a bhfuil freagracht ainmniúil orthu as na réigiúin, tá défhreagrachtaí orthu as réimsí tábhachtacha beartais náisiúnta freisin.
13. Ní chreidimid gur cheart don leibhéal réigiúnach ceannais, mar a oibríonn sé faoi láthair, aon ról a bheith aige sa tsamhail a mholaimid le haghaidh thodhchaí an Gharda Síochána, ar samhail í atá níos éifeachtúla agus níos cothroime ná an tsamhail reatha agus nach bhfuil chomh hordlathach léi. Ní chreidimid ach oiread gur cheart do na rannáin uile tuairisciú go díreach d’oifigeach sinsearach aonair sa cheanncheathrú, is cuma cé acu a bheidh 28 rannán ann, mar atá faoi láthair, nó níos lú ná sin sa todhchaí. Ba líon mór tuairiscí díreacha a bheadh ansin in aon eagraíocht, agus is é fírinne an scéil sa phóilíneacht gur féidir le géarchéim aonair nó le cas ardpheiríle amháin aird iomlán ceannairí póilíní a thógáil chun aimhleasa do ghnó eile. **Molaimid, dá bhrí sin, go mbainfí na sé oifig réigiúnacha den struchtúr eagraíochta agus go gcuirfí líon beag Coimisinéirí Cúnta sa cheanncheathrú ina n-áit, ar daoine iad a roinneadh an fhreagracht as na rannáin eatarthu féin.** Ba cheart do na Coimisinéirí Cúnta sin acmhainní a leithdháileadh idir rannóga, na rannáin a choimeád cuntasach as a bhfeidhmíocht, freagracht ceannais a ghlacadh as móroibríochtaí, agus comhar idir-rannáin a chinntiú nuair is gá, mar shampla i gcás teagmhas nó éigeandálaí mórsála. Aithnímid go bhféadfadh go mbeadh gá ann le roinnt sainaonad nó sainfheidhmeanna a lonnú ar bhonn “réigiúnach”, ach d’fhéadfaí é sin a dhéanamh trí iad a chomhlonnú le ceanncheathrú rannáin.
14. Ba cheart do Cheanncheathrú an Gharda Síochána ról níos lú a imirt i ngnáthbhainistíocht na heagraíochta ná mar a tharlaíonn faoi láthair. Ba cheart di bheith freagrach as na nithe seo a leanas: an mhaoirseacht ghinearálta atá leagtha amach sa mhír roimhe; beartas agus an mhóstraitéis; buiséad agus bainistíocht ar leibhéal corparáideach; an dea-chleachtas; caighdeán a leagan síos; faireachán agus forbairt a dhéanamh ar chearta an duine; agus sainfheidhmeanna áirithe. Aonaid amháin an Biúró Náisiúnta Cibearchoireachta, an Biúró Seirbhísí Cosantacha, an Biúró Coireanna Tromchúiseacha, an Biúró Náisiúnta um

Choireacht Eacnamaíoch, Slándáil agus Faisnéis agus an Biúró Náisiúnta um Dhrugaí agus Coireacht Eagraithe, tá siad i measc na sainfheidhmeanna ar cheart dóibh bheith lonnaithe sa cheanncheathrú, agus iad ag tabhairt tacaíocht do na rannáin de réir mar is gá, ag cur dualgais náisiúnta i gcrích agus ag obair le comhpháirtithe idirnáisiúnta. Maidir leis an lear feidhmeanna eile atá lonnaithe sa cheanncheathrú anois, ba cheart dianscrúdú a dhéanamh ar cé acu is gá nó nach gá dóibh bheith lonnaithe inti ar chor ar bith. **Le linn do Choimisinéir an Gharda Síochána athbhreithniú a dhéanamh ar an struchtúr eagraíochta, ba cheart na leibhéal foirne sna feidhmeanna Ceanncheathrún agus tacaíochta uile a cheistiú go láidir agus an líon daoine i bpoist shinsearacha a laghdú go cóimheasa bainistíochta atá ar aon dul leis an gcleachtas nua-aimseartha.**

15. Is gá **obair póilíní ceantair túslíne a urramú agus a aithint freisin** ar bhealach nach dtarlaíonn faoi láthair. Tá tuairim ann ar fud an Gharda Síochána nach mór d'aon Gharda atá ar lorg ardú céime bogadh ar shiúl ón túslíne agus isteach in obair bleachtairéachta nó i speisialtóireacht eile. Feictear dúinn go bhfuil údar ann leis an tuairim sin. Ní leor an eagraíocht a athstruchtúru chun tacú leis na ceantair ná údarás a tharmligean chuig údaráis áitiúla amháin. **Má táthar chun breathnú ar an obair túslíne mar rud atá i gcroílár na póilíneachta, mar ba cheart, ba cheart beartais agus cleachtas bhainistíochta acmhainní daonna a bhaineann le dul chun cinn agus le hardú céime a chur ar chomhréim leis an gcuspoir sin.**
16. Pointe eile maidir lena thábhachtaí atá údarás tarmligthe is ea go spreagfar an tionscnaíocht agus an nuálaíocht mar thoradh ar an ardchéim neamhspleáchais a bheidh ag rannáin agus ag ceantair agus go rachaidh an méid sin chun tairbhe don phóilíneacht ar fud na tíre. Murab ionann agus formhór a piaraí dlí choitinn, is ag Éirinn atá seirbhís póilíní náisiúnta aonair. Ní mór don Gharda Síochána féachaint lasmuigh den Stát chun gur féidir leis smaointe agus an dea-chleachtas a mhalartú le seirbhísí póilíní eile. Is amhlaidh go ndearnamar breithniú ar cé acu ba cheart nó nár cheart don tír dhá nó trí sheirbhís póilíní ar leith a bheith aici. Agus aird á tabhairt againn ar mhéid an Stáit, i measc tosca eile, chinneamar gurbh fhearr rannáin fhéintuilleamaíochta a spreagadh laistigh de sheirbhís náisiúnta aonair ná roinnt seirbhísí nua a chruthú. Cuirimid in iúl go soiléir, áfach, go mbeidh sé deacair don Gharda Síochána nuáil agus é féin a oiriúnú do dhúshláin amach anseo sa phóilíneacht túslíne murab ann d'fhíor-neamhspleáchas ar leibhéal rannáin.
17. Ceann de na príomhábhair imní a tháinig as ár staidéar ar an nGarda Síochána thar an mbliain seo a chuaigh thart is ea an easpa próiseas éifeachtach atá ar bun aige. Thagraíomar don fhadhb sin sa tuarascáil seo cheana féin, mar shampla agus sinn ag labhairt faoi imscrúdú na coireachta, faoi thaifeadadh na coireachta, faoi mhaoirseacht agus bainistíocht feidhmíochta, faoi bhailiú sonraí agus faoi láimhseáil gearáin. Bunaithe ar ár dteagmháil leis an tseirbhís, tháingamar ar an tuairim gur ar bhealach frithghníomhach a oibríonn an eagraíocht de ghnáth, agus í ag freagairt d'fhadhbanna an lae. Tá an eagraíocht róspleách ar bhreithiúnas neamhfhoirmiúil, seachas ar shonraí cruinne, ar nósanna imeachta soiléire, ar dhianchaighdeán agus ar thaifeadadh cúramach.
18. Tá an struchtúr a mholaimid don todhchaí níos cothroime ná an struchtúr reatha agus níl sé chomh hordlathach leis. I dteannta ár moltaí eile, cruthóidh an struchtúr sin eagraíocht níos lúfaire, níos freagrúla agus níos éifeachtúla a sholáthraíonn seirbhísí níos éifeachtaí don phobal. Beidh an struchtúr sin gach pioc chomh neamhéifeachtach leis an struchtúr reatha, áfach, mura gcuirtear i bhfeidhm próisis shoiléire le haghaidh an eagraíochta a bhainistiú agus le haghaidh an phóilíneacht oibríochtúil a sholáthar. Tá na próisis sin ag teastáil chun gurb eol do gach duine na nithe a bhfuiltear ag súil leo uathu agus chun go gcoimeádfar iad cuntasach as a ngníomhartha. Is gá do gach comhalta den tseirbhís póilíní tuiscint shoiléir a bheith acu ar na nithe atá le baint amach acu, ar an lánrogha atá acu, ar na caighdeáin ar i gcomhréir leo atá siad chun an lánrogha sin a fheidhmiú, agus ar cén uair agus conas nach mór dóibh cuntas a thabhairt ar a bhfeidhmíocht. **Ní mór don Gharda Síochána próisis bhainistíochta atá éifeachtach agus a bhfuil an teicneolaíocht mar bhonn agus thaca acu a fhorbairt le haghaidh planáil straitéiseach, soláthar oibríochtaí agus seirbhíse, bainistíocht feidhmíochta, bainistíocht acmhainní, bainistíocht riosca, planáil éigeandála agus comhlíonadh chearta an duine.**

CAIBIDIL A HOCHT DÉAG

MÉID AGUS COMHDHÉANAMH NA SEIRBHÍSE PÓILÍNÍ

SOLÁTHAR FOIRNE

1. Dar leis an Rialtas, tá sé ag iarraidh go mbeidh 21,000 duine fostaithe ag an nGarda Síochána faoin mbliain 2021 (rud a chuireadh 15,000 Garda, 2,000 comhalta cúltaca agus 4,000 pearsa nach bhfuil faoi mhionn). Is cosúil gur freagairt pholaitiúil é sin don éileamh ón bpobal i gcoitinne go mbeadh tuilleadh póilíní ann sa phobal. Ní fheicimid an réasúnaíocht atá taobh thiar de na figiúirí sin. Is ionann na figiúirí agus méadú mór ar mhéid reatha an Gharda Síochána (a bhfuil thart ar 13,400 comhalta faoi mhionn agus thart ar 1,900 comhalta nach bhfuil faoi mhionn aige agus é seo á scríobh). Mar sin, tá mórcheangaltas airgeadais i gceist leo. Mar a thug an Grúpa Éifeachtachta agus Athnuachana faoi deara, is amhlaidh, maidir le méaduithe ar an soláthar foirne, gur “teachtaireacht tharraingteach ón lucht polaitíochta iad le blianta fada anuas, cé gur tharla sé ina lán cásanna gur cuireadh an teachtaireacht sin in iúl gan anailís leordhóthanach a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil an líon beacht daoine sin ag teastáil agus ar an dóigh a n-implonófaí iad, a n-oilfí iad nó a ndéanfaí formhaoirseacht orthu”.⁶⁶
2. Ní chreidimid gur féidir teacht ar thuairim faoin méid ba cheart a bheith sa tseirbhís póilíní gan staidéar críochnúil a dhéanamh ar riachtanais foirne na heagraíochta ar dtús. Is eol dúinn go bhfuil an Garda Síochána ag cur plean fórsa saothair le chéile, rud a bhfuil géarghá leis. **Ba cheart plean fórsa saothair atá críochnúil, a bhfuil sách acmhainní ar fáil dó, atá ullmhaithe go saineolaíoch agus atá bunaithe ar shamhail oibriúcháin shoiléir a thabhairt chun críche mar ábhar práinne, toisc go mbeidh tionchar aige ar gach gné den tseirbhís póilíní agus ar chur chun feidhme na tuarascála seo.**
3. Níl aon amhras ann gur gá do thuilleadh Gardaí bheith infheicthe agus inrochtana ar an túsline. Mar sin féin, tá bealaí eile ann chun an méid sin a dhéanamh seachas na mílte Garda nua a earcú agus a oiliúint. Go deimhin, cruthaíonn luas reatha na hearcaíochta dúshlán maoirseachta don tseirbhís póilíní, áit ar gá di líon mór Gardaí nua a thógáil isteach agus treoir a thabhairt dóibh. **Seachas a bheith ag brath go hiomlán ar dhaoine nua a earcú chun an líon póilíní túsline a mhéadú, molaimid go gcuirfeadh an Garda Síochána dlús go práinneach le hath-implonú Gardaí cleachta atá ag gabháil do dhualgais eile faoi láthair.**⁶⁷ Thugamar faoi deara níos luaithe sa tuarascáil seo go gcuireann Gardaí cuid mhór dá gcuid ama amú agus iad ag comhlíonadh dualgais neamhlárnacha. Má athshanntar na feidhmeanna sin, beidh Gardaí ar fáil chun tuilleadh ama a chaitheamh ar an bpóilíneacht ceantair túsline.
4. Mórachmhainn eile nár baineadh leas aisti go fóill is ea an líon Gardaí atá ag obair i bpoist ar cheart do phearsana nach bhfuil faoi mhionn iad a dhéanamh. Ní theastaíonn cumhachtaí póilíní i gcuid mhór post a dhéanann pearsanra faoi mhionn anois. Tarlaíonn sé go minic go dteastaíonn cineál saineolais eile ar fad iontu. Is é an toradh atá ar phóilíní faoi mhionn a fhostú i bpoist den sórt sin nach bhfuil daoine a bhfuil géarghá leo sa phóilíneacht túsline ag gabháil don chineál oibre ceart. Toradh eile atá air is ea

⁶⁶ An Grúpa Éifeachtachta agus Athnuachana don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais: *An Chéad Tuarascáil* (Meitheamh 2018).

⁶⁷ Ba é an sprioc 250 comhalta faoi mhionn a ath-implonú chuig dualgais oibriúcháin faoi dheireadh na bliana. Bhí 106 comhalta ath-implonaithe cheana féin faoi mhí an Mheithimh 2018.

go n-iarrtar ar phóilíní faoi mhionn nach bhfuil an tacar scileanna cuí acu tabhairt faoi dhualgais a bhféadfadh daoine eile iad a chomhlíonadh ar bhealach níos fearr agus níos éifeachtúla. Tá raon leathan post i gceist leis sin, lena n-áirítear feidhmeanna riaracháin, feidhmeanna acmhainní airgeadais agus daonna, bainistíocht iompair agus Scrúdú Láithreacha Coire (cé gur post é sin nach ndéanann ach saineolaithe nach bhfuil faoi mhionn i bhformhór na ndlínsí póilíní, is iad póilíní faoi mhionn, agus na daoine sin amháin, a dhéanann an post in Éirinn).

5. Níl ansin ach cúpla sampla. Moladh i roinnt tuarascálacha a eisíodh le blianta fada anuas go bhfostódh an Garda Síochána pearsana nach bhfuil faoi mhionn chun na feidhmeanna sin a ghlacadh. I dtuarascáil a eisíodh sa bhliain 2001, measadh go mbíonn meánchostas breise €15-20,000 i gceist gach bliain le Garda a fhostú ná duine nach bhfuil faoi mhionn a fhostú, agus moladh 500 post lena sibhialtachú. Luadh i dtuarascáil ó Chigireacht an Gharda Síochána sa bhliain 2015 go bhféadfaí 1,000 post a shibhialtachú agus go mbeadh 1,000 Garda faoi mhionn saor lena n-implonú chuig an túsline dá bharr sin. Níos déanaí fós, dúirt an Chigireacht gur aimsigh sí suas le 1,500 post a d'fhéadfaí a shibhialtachú. Is réchúiseach a bhí an fhreagairt do na tuarascálacha sin thar na blianta. Is fíorbheag post a aistríodh chuig pearsanra nach bhfuil faoi mhionn. Fiú amháin i gClár an Gharda Síochána um Nua-aoisiú agus um Athnuachan, ní fhéachtar le sciar an phearsanra nach bhfuil faoi mhionn a mhéadú ach ó 14% inniu go 21% sa bhliain 2021. Fráma ama rómhall agus sprioc róbheag is ea sin. Tugtar le fios i dtuarascáil ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le déanaí gurb é 25% an meánfhigiúr idirnáisiúnta.⁶⁸ Dar le Cigireacht an Gharda Síochána sa bhliain 2015, tá an figiúr sa raon idir 21% (an Danmhairg) agus 54% (Surrey).⁶⁹
6. Tá gá práinneach ann anois le tuilleadh Gardaí a chur ar an túsline. Bhí an méid sin soiléir dúinn le linn ár gcuairteanna uile ar stáisiúin agus le linn ár gcruinnithe poiblí uile. Tá an réiteach ar chuid mhór den fhadhb díreach os comhair na heagraíochta cheana féin, áfach. Ba cheart deireadh a chur anois le Gardaí faoi mhionn a imlonnú chuig dualgais nach dteastaíonn cumhachtaí póilíní ina leith. Ina theannta sin, tá buntáistí móra ag baint le pearsana nach bhfuil faoi mhionn a bheith ag obair ar gach leibhéal den eagraíocht, áit a dtugann siad scileanna difriúla agus dearcthaí difriúla leo agus a gcuireann siad le gairmiúlacht na póilíneachta agus le héifeachtacht na heagraíochta araon. Ba cheart breathnú ar an sibhialtachú mar chuid d'fhís straitéiseach don eagraíocht agus mar bhealach inar féidir meascán scileanna níos láidre a fhorbairt agus seirbhís níos fearr a sholáthar don phobal.
7. Is í an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a earcaíonn pearsana nach bhfuil faoi mhionn chuig an nGarda Síochána faoi láthair. Sanntar iad chuig an státseirbhís ghinearálta ar dtús agus chuig obair póilíní ina dhiaidh sin. Tá siad fós ina gcomhaltaí den státseirbhís ghinearálta agus ní fhaigheann siad aon oiliúint shaincheaptha san obair a dhéanann eagraíocht póilíní. Is féidir leo aistriú chuig ranna eile tráth ar bith, agus níl aon chreat ann le haghaidh dul chun cinn gairme laistigh den eagraíocht. Níl sé sin fabhrach d'fhórsa saothair aonair a bhfuil dílseacht choiteann agus misean coiteann aige a fhorbairt, agus creidimid go láidir gur gá athrú bunúsach a dhéanamh ar an gcultúr laistigh den eagraíocht póilíní maidir leis an dearcadh atá aici i leith sibhialtachú. Dá bhrí sin, **molaimid gur mar lánchomhaltaí den tseirbhís póilíní (agus ní den státseirbhís ghinearálta) a d'earcfaí pearsana nach bhfuil faoi mhionn go díreach chuig an nGarda Síochána agus go ndéanfaí amhlaidh ach úsáid a bhaint as critéir a chomhaontófaí idir na póilíní agus an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Ba cheart tacú leo ar gach leibhéal trí oiliúint ionduchtúcháin agus oiliúint ábhartha eile a chur orthu agus trí**

⁶⁸ An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe: Athbhreithniú Caiteachais 2018: *Sibhialtachú na Póilíneachta in Éirinn: Ceachtanna ón gCleachtas Idirnáisiúnta* (Iúil 2018).

⁶⁹ Cigireacht an Gharda Síochána: *Tuarascáil Chigireacht an Gharda Síochána: An Phóilíneacht in Éirinn a Athrú* (Samhain 2015).

chreat soiléir cuí a leagan síos dá ndul chun cinn gairme.⁷⁰ Ina theannta sin, mar gheall ar an líon méadaithe ball foirne nach bhfuil faoi mhionn a bheadh á n-earcú chuig sainróil ina bhfuil scileanna sonracha agus saineolas sonracha ag teastáil ar leibhéil shinsearach laistigh den eagraíocht, ba cheart beartas soiléir ar línte tuairiscithe a ullmhú mar ábhar tosaíochta. Cé nach mór do na daoine ag barr na heagraíochta (féach Caibidil Fíche is a Dó) an t-athrú cultúrtha sin a stiúradh, ní mór athrú struchtúrtha a dhéanamh ar dtús.

- 8. Ba cheart sonraíochtaí poist a fhorbairt do gach post sa tseirbhís póilíní anois, ar sonraíochtaí iad ina leagtar amach go soiléir na scileanna agus an saineolas a theastaíonn agus cé acu atá nó nach bhfuil cumhachtaí póilíní riachtanach don phost.** Mura bhfuil na cumhachtaí sin riachtanach, glacfar leis gur cheart do dhuine nach bhfuil faoi mhionn an post a shealbhú Maidir le Gardaí a shealbhaíonn na poist sin, ba cheart rogha a thabhairt dóibh ath-implonú chuig an túslíne, dul ar scor, nó iarratas a dhéanamh ar a bpost an athuair mar phearsana nach bhfuil faoi mhionn. Ba cheart cloí leis an bprionsabal sin le linn an phróisis phleanála fórsa saothair agus ba cheart aird a thabhairt ann ar an ngnáthchóimheas in áiteanna eile idir pearsanra faoi mhionn agus pearsanra nach bhfuil faoi mhionn agus comhdhéanamh na seirbhíse póilíní ar fad á chinneadh.

CLÁIR OIBRITHE DEONACHA

- 9.** Mar a tugadh faoi deara níos luaithe sa chaibidil seo, mhol an rialtas go ndéanfaí comhdhéanamh Chúltaca an Gharda Síochána a mhéadú go 2,000 comhalta. Tá cúltaca póilíní úsáideach ar roinnt cúiseanna. Is bealach cost-éifeachtúil é chun acmhainn borrrha a chur ar fáil do na póilíní ionas gur féidir leo déileáil le teagmhais speisialta. Is féidir leis taithí póilíneachta a thairiscint do dhaoine a bhfuil spéis acu i ndul isteach sna póilíní ach nach bhfuil cinnte nó a bhfuil imní orthu faoi iarratas a dhéanamh. Ar an mbealach sin, is féidir le cúltaca éagsúlacht a chur chun cinn.
- 10.** Ní bheidh aon chúltaca fíoréifeachtach, áfach, ach amháin i gcás go gcaitheann an cúltacaí go dáiríre leis agus go bhfuil meas ag na gnáthphóilíní air mar acmhainn. Ba cheart clár éifeachtach cúltaca a struchtúru agus a bhainistiú ar bhealach comhsheasmhach ar fud na tíre. Cé gur thángthamar ar mheasúnuithe dearfacha ar imlonnú comhaltaí cúltaca ag teagmhais mhóra i limistéir uirbeacha agus go bhfacamar a lán samplaí de chásanna inar thug daoine aonair tiomanta a gcuid ama suas chun cabhrú le hobair eile, feictear dúinn, tríd is tríd, nach bhfuil ag éirí leis an gcóras. Ní bhainistítear a lán cúltacaithe de réir sceideal struchtúrtha. Ní chuirtear oiliúint leordhóthanach orthu, rud a chruthaíonn fadhbanna ó thaobh na seirbhíse do chustaiméirí de agus ó thaobh sábháilteacht oifigeach de, agus níl a gcuid dualgas dea-shainithe ach oiread. Tuigimid gur tháinig laghdú mór ar an líon comhaltaí cúltaca le blianta beaga anuas agus go bhfuil athbhreithniú straitéiseach atá beartaithe ar an gCúltaca fós ar feitheamh.
- 11.** Feicimid an luach a ghabhann le cúltaca maidir le tacaíocht a thabhairt d'obair póilíneachta (gan áit na bpóilíní gairmiúla a ghlacadh) agus maidir le léargas a thabhairt d'earcaigh fhéideartha amach anseo ar an bpóilíneacht mar ghairm. Mar atá an scéal, áfach, níl lán a chumais á bhaint amach ag clár Cúltaca an Gharda Síochána. **Molaimid nach n-earcófaí aon duine eile chuig Cúltaca an Gharda Síochána go dtí go bhfaighfean an toradh ar athbhreithniú straitéiseach cuimsitheach, rud ina ndéanfaí scrúdú ar an mbealach is fearr chun cúltaca a struchtúru chun freastal ar riachtanais na seirbhíse**

⁷⁰ Ba cheart go soláthródh sé seo deiseanna inmheánacha ardú céime agus dul chun cinn. Tá sé i gceist freisin go mbeadh baill foirne fós in ann iarratas a dhéanamh ar dheiseanna ardú céime agus ar dheiseanna soghluaisteacha eile ar fud na hearnála poiblí i gcoitinne, ar deiseanna iad a bhfuil cuid mhór díobh bunaithe ar chomórtas oscailte anois.

póilíní agus ar cheart go molfaí tograí le haghaidh athchóiriú suntasach ann. Ba cheart scrúdú a dhéanamh ar bhealaí eile inar féidir ról a thabhairt don phobal i gcoitinne i dtacaíocht a thabhairt don phóilíneacht. Is féidir le cláir rannpháirtíochta do dhaoine óga, amhail an clár Police Explorer agus na cláir dhaltaí a úsáidtear sna Stáit Aontaithe agus in áiteanna eile, ról éifeachtach a imirt in éagsúlacht na hearcaíochta a chur chun cinn.

CLÁIR EXPLORER

An Clár Police Explorer

Reáchtáiltear an tionscnamh Police Explorer trí sheirbhísí póilíní áitiúla ar fud Stáit Aontaithe Mheiriceá. Tugtar deis ann do dhaoine óga idir 14 bliana d’aois agus 21 bhliain d’aois a bhfuil spéis acu i ngairm a shaothrú i bhforfheidhmiú an dlí tabhairt faoi oiliúint agus taithí phraiticiúil a fháil ina seirbhís póilíní áitiúil. Is cúrsa deonach é ina gcumasaítear do dhaoine óga scileanna ceannaireachta a ghnóthú, idirghníomhú leis an bpobal agus leis na póilíní agus tús eolais a fháil ar ghairm sa phóilíneacht.

Tá an clár ar oscailt do dhaltaí lánaimseartha nár ciontaíodh i gcoir thromchúiseach riamh agus ar féidir leo pas a fháil i seiceálacha cútra agus in agallamh ó bhéal. Le linn an chláir, déanann na daltaí obair dheonach ag imeachtaí pobail, áit a ndéanann siad obair slándála, a stiúirann siad an trácht agus a soláthraíonn siad seirbhís pobail. Freastalaíonn siad ar sheisiúin oiliúna i sainaonaid phóilíneachta gach mí freisin, lena n-áirítear Dúnbhású, Támhshuanaigh agus Gníomhaíocht Drong, chun scileanna praiticiúla phóilíneachta a ghnóthú i réimsí amhail imscrúdú na coireachta, nósanna imeachta cuardaigh agus gabhála, rialú slua agus círeibe, teicneolaíocht méarlorgaireachta agus obair saotharlainne coireachta.

CAIBIDIL A NAOI DÉAG

EARCAÍOCHT

1. Na daoine cearta a earcú, ba cheart é sin a bheith ar an rud is tábhachtaí do sheirbhís póilíní. Ag teacht sna sála ar an tobchliseadh airgeadais sa bhliain 2009, níor earcaíodh aon duine chuig an nGarda Síochána ar feadh tréimhse beagnach sé bliana. Bíonn an eagraíocht ag earcú 800 Garda gach bliain anois, rud a chuireann brú ar an acmhainn atá aici na daoine sin a thógáil isteach agus a oiliúint agus maoirseacht a dhéanamh orthu. Mholamar i gCaibidil a Cúig go ndéanfaí an mhaoirseacht ar leibhéal ceantair a neartú ach tuilleadh sáirsintí agus cigirí a imlonnú chuig an bpóilíneacht túslíne, agus is é an toradh a bheidh ar ár moltaí sa chéad chaibidil eile go maolófar an brú ar an acmhainn oiliúna earcach.
2. Is gá don Gharda Síochána a straitéisí earcaíochta a fhorbairt ar mhaithe le hiontógáil níos éagsúla a bhaint amach. Ní éagsúil atá comhdhéanamh reatha na seirbhíse. Go deimhin, tagann lear Gardaí ó chomharsanachtaí agus teaghlaigh a bhfuil earcaigh á soláthar acu don tseirbhís le blianta fada anuas. Níl aon dochar, ar ndóigh, le baill teaghlaigh nó cairde a leanúint isteach in aon ghairm. Mar sin féin, ceapaimid gur cheart don tseirbhís í féin iarracht níos mó a dhéanamh chun dul i bhfeidhm ar dhaoine nach dtagann óna gnáthfhoinsí earcach. **Ba cheart comhdhéanamh an Gharda Síochána a bheith ag teacht le héagsúlacht shochaí na hÉireann. Chun cabhrú léi an éagsúlacht sin a bhaint amach, ba cheart don eagraíocht obair i gcomhar le hinstitiúidí ardoideachais na hÉireann chun Clár Rochtana ar an nGarda Síochána a fhorbairt, ar clár é a bheidh ar chomhréim le cláir na n-institiúidí sin.** Tá éagsúlacht ina hacmhainn rithábachtach d'aon eagraíocht atá ag iarraidh bheith nuálach agus inoiriúnaithe. Tugann sí cosaint ar smaointeoireacht ghrúpa freisin. Ba cheart próisis neamh-idirdhealaitheacha a dhaingniú san eagraíocht, idir an t-oideachas agus an oiliúint tosaigh agus shásraí éifeachtacha gearáin.
3. Laige shuntasach sa tseirbhís póilíní is ea an easpa éagsúlachta cúlraí socheacnamaíocha agus geografacha atá uirthi. Thugamar cuairt ar limistéir uirbeacha ísealioncaim agus ar limistéir theorann nach ndéanann aon daoine óga iontu iarratas ar dhul isteach sna póilíní. Tá dúshlán phóilíneachta ar leith ann sna limistéir sin. Ba cheart tús áite a thabhairt do dhaoine a earcú ó na pobail sin agus d'aithne a chur orthu.
4. Sócmhainn eile in aon eagraíocht mhór is ea daoine ó chúlraí éagsúla oideachais a bheith aici. Cé gur nithe úsáideacha iad céimeanna sa cheartas coiriúil, níor cheart breathnú orthu mar bhunriachtanas agus daoine á n-earcú chuig seirbhís póilíní. Tíocfaidh eagraíocht níos oiriúnaithí agus níos nuálaí as daoine ó dhisciplíní éagsúla oideachais a bheith aici. Cé go bhfuil céimeanna nó cáilíochtaí oideachais tríú leibhéal ag formhór mór na n-earcach chuig an tseirbhís póilíní in Éirinn, níl céim nó cáilíocht den sórt sin ag gach duine. Dá réir sin, creidimid gur cheart leanúint le gan ceanglas a chur ar dhaoine céim a bheith acu sula dtéann siad isteach sa tseirbhís póilíní. Aithnítear an éagsúlacht chognaíoch - i.e. daoine a earcú a bhfuil dearcthaí difriúla acu agus a ghlacann cineálacha difriúla cur chuige i leith réiteach fadhbanna - aithnítear í mar chatalaíoch don nuálaíocht ina lán eagraíochtaí agus ba cheart meas a thabhairt di i réimse na póilíneachta freisin.
5. Gnéithe suntasacha de dhéimeagrafaic na hÉireann anois is ea an éagsúlacht eitneach agus an éagsúlacht ó thaobh bunadh náisiúnta de atá aici, agus is gá na gnéithe sin a chur san áireamh i gcuspóirí earcaíochta póilíní. I gcás na ndaoine óga ó ghrúpaí eitneacha nuathagtha ar bhuaileamar leo, mar shampla, bhí iontas orthu gur fiafraíodh díobh an smaoiníodh siad faoi ghairm a shaothrú sa phóilíneacht. Beidh sé riachtanach iarracht dhiongbháilte a dhéanamh chun daoine a earcú ó na grúpaí sin. Beidh sé riachtanach freisin gairm sa phóilíneacht a mhargú ar bhealach nuálach agus tionscnaimh rannpháirtíochta óige a reáchtáil atá cosúil leis na cláir Police Explorer atá luaite sa chaibidil roimhe. **Ba cheart an éagsúlacht aoise a spreagadh. Is as dáta atá an uasteorainn aoise reatha 35 bliana agus ba cheart deireadh a chur léi.**

6. Tríd an uainchlár reatha a athchóiriú agus trí thuilleadh solúbthachta a thabhairt isteach i gcleachtais oibre, mar a mholamar in áiteanna eile sa tuarascáil seo, chuirfí lena tharraingtí atá an phóilíneacht mar ghairm agus leis an sásamh a bhaintear as an bpost. Rachadh an méid sin chun tairbhe don eagraíocht freisin maidir le daoine aonair atá cumasach agus a bhfuil taithí acu a earcú agus a choinneáil. Sa chomhthéacs sin, agus ós rud é go bhfuil Gardaí bainearna freagrach as níos mó ná 27% de na pearsana faoi mhionn faoi láthair, bhí sé soiléir ónár gcomhairliúcháin go bhféadfaí feabhas a chur ar an dóigh a n-ullmhaíonn an eagraíocht d'impleachtaí na saoire máithreachais. Mar shampla, meastar gur rótheorantach atá an sainiú 'dualgas éadrom' agus ba cheart é a athbhreithniú chun sainiú a dhéanamh ar raon níos leithne dualgas a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach do chomhaltaí den Gharda Síochána atá torrach. Ba cheart iniúchadh a dhéanamh ar na roghanna atá ann le haghaidh 'aislónadh' post faoi mhionn a bhainistiú. Le linn an iniúchta sin, d'fhéadfaí féachaint ar an bhféidearthacht atá ann buíon Gardaí oiriúnacha atá ar scor a bhunú.
7. San am i láthair, ní cheadaíonn an Garda Síochána iontráil chliathánach ó sheirbhísí póilíní eile ach amháin i gcás na socruithe cómhalmartacha atá ar bun le Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann le haghaidh ceapacháin shinsearacha.⁷¹ **Chomh maith leis sin, san athbhreithniú ó Chigireacht an Gharda Síochána ar bhealaí iontrála sa Gharda Síochána, a foilsíodh i mí Iúil 2018, moltar go leathnófaí na socruithe cómhalmartacha atá ar bun chun rochtain a thabhairt ar na próisis ardú céime do sháirsintí agus do chigirí sa dá dhlínse (an Garda Síochána agus Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann). Comhaontaímid leis an moladh sin agus leis an moladh gaolmhar go ndéanfaí iniúchadh ar shocruithe cómhalmartacha a bhunú le seirbhísí póilíní eile.**
8. Is mar earcaigh nua a chaitear le hiarratasóirí ó sheirbhísí eile faoi láthair. Ní mór dóibh tosú ag an mbun ar theacht isteach sa tseirbhís dóibh agus bonnchúrsa a chur isteach ar dtús. **Póilíní atá ag déanamh iarratas ar aistriú chuig an nGarda Síochána, ba cheart iad a cheadú déanamh amhlaidh, tar éis próis chuí agallamh agus teistiméireachtaí.** Níor cheart ceanglas a chur orthu tabhairt faoin oiliúint iomlán earcach. Ina ionad sin, ba cheart dóibh tabhairt faoi dhianchúrsa ionduchtúcháin ina gcumhdaítear an struchtúr rialtais, na dlíthe agus na cleachtais atá againn in Éirinn, ar nithe iad a d'fhéadfadh bheith difriúil i ndlínsí eile.
9. Iarradh i roinnt aighneachtaí chuig an gCoimisiún seo go soláthrófaí bealach iontrála díri isteach i gcéimeanna os cionn chéim an Gharda. **Comhaontaímid leis an moladh ón gCigireacht gur cheart clár Iontrála Díri Cigirí a fhorbairt chun iarrthóirí a bhfuil taithí chuí ceannaireachta agus bainistíochta acu a mhealladh ó eagraíochtaí lasmuigh de shaol na póilíneachta. Ina theannta sin, faoi mar a mhol an Chigireacht, ba cheart an incháilitheacht do cheapadh chuig céim an cheannfoirt, céim an ard-cheannfoirt agus céim an Choimisinéara Chúnta a leathnú chuig póilíní i ndlínsí eile.**
10. De bharr leathnú na mbealaí malartacha iontrála san eagraíocht, níor cheart iarrthóirí cumasacha inmheánacha a fhágáil faoi mhíbhuntáiste agus ardú céime á lorg acu. Ba cheart gach deis a thabhairt dóibh forbairt ina ngairm agus ba cheart tacaíocht a thabhairt dóibh trí na deiseanna oiliúna agus forbartha a mholaimid i gCaibidil Fíche.

71 Tháinig an Comhaontú Idir-rialtasach ar chur chun feidhme Mholtaí Patten maidir le comhar idir an Garda Síochána agus Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann i bhfeidhm i mí na Samhna 2002.

CAIBIDIL FICHE

AN tOIDEACHAS, AN OILIÚINT AGUS FORBAIRT GHAIRMIÚIL LEANÚNACH

1. Amhail i gcás gach eagraíochta gairmiúla, tá an t-oideachas agus an fhoghlaim ina dtosca tábhachtacha taobh thiar de rath aon seirbhíse póilíní. Tá siad ríthábhachtach maidir leis an mbunathrú chun feabhais ar an bpóilíneacht in Éirinn a bheartaítear sa tuarascáil seo a bhaint amach agus maidir leis an tseirbhís póilíní a fhorbairt amach anseo ina seirbhís den chéad scoth a chreidimid gur cheart a bheith ann.
2. Ón earcaíocht i leith, ní hé amháin gur cheart dualgais agus freagrachtaí na bpóilíní a theagasc le linn an oideachais, ach ba cheart na scileanna agus na hinniúlachtaí a theastaíonn chun na dualgais agus na freagrachtaí sin a chomhlíonadh a chumhdach lena linn freisin. Ina theannta sin, ba cheart na luachanna cultúrtha a bhfuilimid ag súil leo ónár bpóilíní a chothú i gcomhaltaí den tseirbhís póilíní, is iad sin: ardchaighdeáin eiteiciúla agus ghairmiúla; meas ar chearta an duine; comhpháirtíocht le pobail agus oscailteacht dóibh; cur chuige nuálach réiteach fadhbanna; agus cultúr foghlama leanúnaí agus feabhais leanúnaigh. Ba cheart na luachanna sin a chothú sna comhaltaí a luaithe a earcaítear iad agus ba cheart iad a dhaingniú agus a athnuachan i gclár oideachais agus oiliúna dóibh sin atá i mbun seirbhíse.
3. Níor chaith an Garda Síochána leis an oiliúint mar fheidhm riachtanach go dtí seo, áfach. Sa tuarascáil uathí don bhliain 2015, thug Cigireacht an Gharda Síochána faoi deara nach bhfuil aon straitéis oiliúna ná aon bhuiséad tiomnaithe don oiliúint i bhfeidhm. Tugadh faoi deara sa tuarascáil sin gur chuir maoirseoirí bac ar dheiseanna oiliúna inseirbhíse ina lán cásanna, agus iad den tuairim nach raibh na comhaltaí ná na cistí le spáráil acu chun daoine a sheoladh chuig an gcoláiste póilíní ar an Teampall Mór. Ní hé amháin nár earcaíodh aon duine agus, dá bhrí sin, nár soláthraíodh aon oiliúint d'earcaigh ar feadh beagnach sé bliana de bharr na gciorruithe buiséid a tháinig as an tobchliseadh sa bhliain 2009, ach níor soláthraíodh aon oiliúint inseirbhíse, beagnach, le linn na tréimhse céanna dá mbarr freisin. Baineann na comhaltaí bunaithe i ngach gairm tairbhe as foghlaim faoi dhúshlán agus teicnící nua, faoi fhorbairtí sa dea-chleachtas, agus faoi na scileanna nua a theastaíonn le haghaidh sannacháin nua. A bhuí leis an bhfoghlaim sin, beidh siad in ann torthaí níos fearr a bhaint amach don eagraíocht dá n-oibríonn siad. Ar an drochuair, tráth a bhí póilíneacht níos éifeachtaí níos éifeachtúla ag teastáil mar thoradh ar an laghdú ar acmhainní, tharla sé gur tugadh fíorbheagán airde don tseirbhís a oiliúint in oibriú ar bhealach níos cliste. Níor féachadh ar an oiliúint mar fheidhm riachtanach. Ina ionad sin, féachadh uirthi mar fheidhm indiúscartha nuair a bhí rogha le déanamh. Cé gur cosúil gur measadh gur choigilt riachtanach airgeadais é sin ag an am, tá an eagraíocht agus an Stát araon thíos anois leis an bpóilíneacht éifeachtach a cailleadh dá bharr.⁷²
4. Ba le feidhmeanna bunúsacha na póilíneachta freisin a bhain an fhaillí san oiliúint. Sa tuarascáil ó Chigireacht an Gharda Síochána ar an Imscrúdú Coireanna i mí Dheireadh Fómhair 2014, measadh go raibh thart ar 700 bleachtair "neamhoilte" ann.⁷³ Tugadh faoi deara sa tuarascáil chéanna go raibh bleachtairí áirithe ag obair ar choireanna amhail calaois fiú, gan an tsainoiliúint a theastaíonn do chásanna casta den sórt sin a bheith faighte acu. I dtuarascálacha comhleantacha ón Údarás Póilíneachta, tarraingíodh aird ar na bearnaí oiliúna atá ann i réimsí tábhachtacha amhail oiliúint tiománaithe agus, sa Chúigiú Tuarascáil ón Údarás maidir le Cur Chun Feidhme an Chláir um Nua-aoisiú agus Athnuachan a foilsíodh i mí Iúil 2018, sainithníodh gur mórábhar imní í an easpa pleanála atá á déanamh ar an oiliúint a theastaíonn chun tacú leis an athchóiriú ar fud

72 Mar shampla, i dtuarascáil ó Crowe Horwath i mí na Samhna 2017 ina ndearnadh athbhreithniú ar thástáil éigeantach mheisce, fuarthas amach gur theip ar an nGarda Síochána sásraí imleora cuí a chur chun feidhme le haghaidh comhaltaí a oiliúint sna próisis ábhartha, ag an gcéim oiliúna earcach agus i bhforbairt ghairmiúil leanúnach araon. Fuarthas amach inti freisin go raibh sásraí neamhleora míchúil i bhfeidhm le haghaidh comhaltaí ar seirbhís den Gharda Síochána a chur ar an eolas faoi fhorbairtí sa reachtaíocht agus/nó faoi athruithe ar na córais agus na nósanna imeachta a úsáidtear chun fógraí muirir sheasta agus cionta eile a phróiseáil.

73 Cé gur tosaíodh an oiliúint do bhleachtairí arís sa bhliain 2017, tá líon mór bleachtairí neamhoilte ann go fóill.

na heagraíochta.

5. Dearbhphrionsabal lárnach den tuarascáil seo is ea go bhfuil an t-oideachas agus an fhoghlaim ríthábhachtach do thodhchaí an Gharda Síochána. **Molaimid go gcuirfí Straitéis Foghlama agus Forbartha nua le chéile, rud a chuimseodh an oiliúint earcach agus an oiliúint inseirbhíse agus forbairt ghairmiúil leanúnach. Ba cheart an straitéis a chostáil agus ba cheart cuspóirí sonracha a bheith inti chun tacú leis an ríomhfhoghlaim. Ba cheart buiséad imfhálaithe a chur i bhfeidhm, rud a bheadh faoi stiúir ag sain-Stiúrthóir um Foghlaim agus Forbairt, nach ionann é agus an Stiúrthóir Acmhainní Daonna.**
6. **Ba cheart riachtanais oiliúna a chur faoi réir athbhreithniú bliantúil ag grúpa athbhreithnithe ardleibhéil a chuimsíonn pearsana sinsearacha, idir phearsana faoi mhionn agus phearsana nach bhfuil faoi mhionn, agus comhpháirtithe oiliúna san earnáil ardoideachais.** Beidh an méid sin tábhachtach má tá an oiliúint póilíní chun coinneáil suas le forbairtí nua sa tsochaí, le bagairtí criticiúla, le teicnící póilíneachta agus leis an dea-chleachtas. Ba cheart oiliúint an Gharda Síochána bheith freagrúil d'fhorbairtí den sórt sin agus, nuair is féidir, ba cheart athruithe a rachaidh i bhfeidhm ar an bpóilíneacht in Éirinn sa todhchaí a réamh-mheas inti.

AN tOIDEACHAS EARCACH


7. Inár moltaí i réimse an oideachais earcach, tugtar aird ar an eispéireas i dtíortha eile, áit a bhfuil an bhéim sa phróiseas um póilíneacht a ghairmiúil (féach freisin Caibidil Fiche is a Dó) ag aistriú ón "oiliúint" chuig an "oideachas" agus ó ionaid inmheánacha oiliúna chuig ollscoileanna agus institiúidí ardoideachais. Ar bhealaí áirithe, tá an Garda Síochána níos ullmhaithe don todhchaí ná a lán eagraíochtaí póilíní eile. Mar shampla, tá bonnchlár ar leibhéal céime i bhfeidhm aige agus tá céim ag céatadán ard dá chuid earcach cheana féin.
8. Tugadh an bonnchlár nua d'earcaigh isteach sa bhliain 2014, rud atá bunaithe ar chomhpháirtíocht le hOllscoil Luimnigh agus ar féidir lena chuid rannpháirtithe dul ar aghaidh chuig céim Bhaitsiléara Ealaíon sa Phóilíneacht Fheidhmeach. Tugann mic léinn faoi chúrsa 32 sheachtain i gcoláiste oiliúna an Gharda Síochána ar an Teampall Mór ar dtús. Tar éis dóibh an chéim sin a chríochnú, fianáitear na mic léinn, éiríonn siad ina nGardaí faoi oiliúint agus téann siad ar aghaidh chuig an dara céim a mhaireann 34 seachtaine, ar lena linn a dhéanann siad oiliúint phraiticiúil oibríochtúil faoi mhaoirseacht i stáisiúin ainmnithe Gardaí. Sa tríú céim, oibríonn siad mar Gardaí neamhspleácha faoi oiliúint, agus iad ag filleadh ar an Teampall Mór ó am go chéile chun tuilleadh oiliúna a fháil. Tógann an próiseas iomlán oiliúna earcach dhá bhliain san iomlán.
9. Cé nach bhfuil aon amhras ann gur fearr an clár nua earcach sin ná an ceann a tháinig roimhe, creidimid gur gá feabhas eile a chur ar an gcur chuige a ghlactar i leith oideachas earcach. Tá an chéim chónaithe thosaigh 32 sheachtain níos faide ná an chéim thosaigh i seirbhísí póilíní eile. Is bealach costasach é chun earcaigh a oiliúint freisin, mar thoradh ar fhad an chúrsa agus ar an bhfíric gur cúrsa cónaithe é. Tá na ranganna comhdhéanta go hiomlán d'earcaigh agus tá na baill foirne teagaisc uile, beagnach, ina bpóilíní faoi mhionn. Ón tús, mar sin, coinnítear earcaigh an Gharda Síochána ar shiúl óna gcomhghleacaithe nach bhfuil faoi mhionn agus ó shibhialtaigh eile. Cothaítear cultúr dúnta ina bhfuil siad scartha ó chéile dá bharr sin. Cé gur maith an rud é go bhfuil an clár nua earcach sin bailíochtaithe ag ollscoil, creidimid gurb amhlaidh, dá mbeadh ról díreach ag institiúidí ardoideachais san oiliúint earcach a fhorbairt agus a sholáthar, go bhfaigheadh earcaigh oideachas níos iomláine agus go gcabhrófaí le cultúr níos oscailte agus níos gairmiúla a chothú sa tseirbhís póilíní.
10. Is sealbhóirí céime atá i bhformhór mór earcaigh an Gharda Síochána faoi láthair, rud ar fianaise é ar a láidre atá an bhuíon iarratasóirí. Sa chlár earcach, áfach, caitear le gach duine amhail is dá mbeadh an leibhéal céanna gnóthachtála oideachasúla acu. Is obair chúrsa céime í an chuid is mó den obair a dhéantar sa bhonnchúrsa agus sa chéad chéim 32 sheachtain. Is amhlaidh, mar sin, go bhfuil formhór na n-earcach nua á gcistiú ag an Stát chun céim eile a ghnóthú. Tá sé deacair a rá gur úsáid chiallmhar cistí tearca é sin. Measadh i dtuarascáil

ón nGarda Síochána⁷⁴ go bhfuil an oiliúint earcach freagrach as 70% den airgead a chaitear ar an oiliúint, a fhágann go bhfuil 30% ar fáil don oiliúint inseirbhíse agus forbairt ghairmiúil leanúnach, ar nithe iad a bhfuil géarghá leo. **Molaimid, dá bhrí sin, go gcaithfeadh earcaigh a bhfuil céim acu cheana féin tréimhse i bhfad níos giorra ar an Teampall Mór ná earcaigh eile. Ba cheart díriú go príomha le linn na tréimhse sin ar na scileanna póilíneachta oibríochtúla a fhoghlaim a theastaíonn chun dul ar aghaidh chuig an dara céim de thaithí oibre i stáisiúin Ghardaí.** D'fhéadfadh go mbeadh ar earcaigh a bhfuil céim acu cheana féin tabhairt faoi mhodúil "bhreisiú" in ábhar acadúil a bhaineann go sonrach leis an bpóilíneacht. Is iad institiúidí ardoideachais a sholáthródh na modúil sin freisin. Maidir le hearcaigh nua nach bhfuil céim acu, ba cheart don Gharda Síochána iad a urrú chun cáilíocht ar leibhéal céime a ghnóthú sa staidéar póilíneachta. Ba cheart foghlaim agus taithí roimhe a chur san áireamh, áit a dtabharfaí creidiúintí d'earcaigh fhéideartha i gcomhréir le treoirlínte na hinstitiúide ardoideachais atá ag bronnadh na céime. Bheimis i bhfabhar ról san oiliúint earcach a thabhairt do roinnt institiúidí ardoideachais atá lonnaithe i gcodanna difriúla den tír. Ceann de na buntáistí a bheadh i gceist leis sin is ea go laghdófaí amanna taistil agus riachtanais chónaithe do Ghardaí.

11. Má chomhlíontar an moladh go dtabharfaí clár níos giorra isteach do na hearcaigh sin a bhfuil acu cheana féin na scileanna inaistrithe a theastaíonn i gcéim, ní hé amháin go mbainfear de na saoráidí agus na baill foirne oiliúna an brú reatha a ghabhann le luas méadaithe na hearcaíochta, ach scaoilfear freisin sciar suntasach den chistiú oiliúna a chaitear ar earcaigh faoi láthair, go háirithe sa chéim chostasach dá n-oiliúint ar an Teampall Mór. **Ba cheart na coigiltí sin a atreorú chuig an oiliúint inseirbhíse agus chuig forbairt ghairmiúil leanúnach.**
12. Ar mhaithe leis an bpróiseas oiliúna earcach a chuíchóiriú tuilleadh, **molaimid go n-úsáidfí an ríomhfhoghlaim roimh an oiliúint oibríochtúil agus oirbheartaíoch sa choláiste póilíní.** Is é sin an cleachtas a leantar i dTuaisceart Éireann agus sa Bhreatain Mhór faoi láthair, áit a gcaitear thart ar 25 huairé ar an ríomhfhoghlaim sula dtugtar faoi chúrsa 22 sheachtain i gcoláiste póilíní. Ar an mbealach sin, bainfear úsáid níos éifeachtúla as acmhainní agus laghdófar an méid ama a chaitear i léachtaí ar an Teampall Mór, seachas i gcás cineálacha oiliúna oibríochtúla atá bunaithe ar shuíomhanna féideartha agus i gcás cineálacha eile oiliúna oibríochtúla. Is nithe iad sin is gá a dhéanamh i dtimpeallacht coláiste póilíní.
13. Luamar go láidir cheana féin gur cheart do gach pearsa faoi mhionn agus gach pearsa nach bhfuil faoi mhionn den Gharda Síochána araon a bheith ina gcuid d'fhórsa saothair aonair a bhfuil misean comhroinnte aige. Is le linn na hoiliúna earcach ba cheart tosú ar chultúr obair foirne a chruthú. **Molaimid go soláthrafaí clár ionduchtúcháin cuimsitheach do gach ball foirne agus go bhfaigheadh earcaigh nach bhfuil faoi mhionn chuig an nGarda Síochána cuid dá n-oiliúint ionduchtúcháin in éineacht lena gcomhghleacaithe atá á n-earcú mar Ghardaí.** Cabhróidh sé sin le braistint saothair choitinn a chothú i measc phearsana an Gharda Síochána. **Molaimid freisin go ndéanfaí an sciar de bhaill foirne teagaisc nach bhfuil faoi mhionn a mhéadú i gColáiste Oiliúna an Gharda Síochána ar mhaithe le cothromaíocht níos fearr a bhaint amach idir dearchtaí pearsan nach bhfuil faoi mhionn agus dearchtaí póilíní mar chuid den oiliúint ar fad.**
14. Tá cur síos thíos ar na conairí agus ar na prionsabail atá taobh thiar de thograí an Choimisiúin. Beidh cur chuige nua i leith comhpháirtíochta idir an Garda Síochána agus institiúidí ardoideachais ag teastáil ina leith. Ba ghá d'institiúidí ardoideachais na hÉireann soláthar a dhéanamh ar na croímodúil phóilíneachta a éilíonn an Garda Síochána agus a mheasann sé a bheith riachtanach. Ba ghá dóibh breithniú a dhéanamh ar chéimeanna sa staidéar póilíneachta a fhorbairt agus a sholáthar freisin. **Molann an Coimisiún go mbunófaí sainghrúpa chun an obair ullmhúcháin ar an gcur chuige nua i leith oideachas earcach a thabhairt ar aghaidh. Mar aon le hionadaithe ón nGarda Síochána, ba cheart an grúpa a bheith comhdhéanta de dhaoine a bhfuil saineolas cuí acu ar an gcreat náisiúnta cáilíochtaí san ardoideachas freisin.**

74 An Garda Síochána: Tuarascáil ón nGrúpa Athbhreithnithe Oiliúna agus Forbartha (Meitheamh 2009)

CONAIRÍ AGUS PRIONSABAIL IONTRÁLA



- Tá an phóilíneacht ina gairm atá bunaithe ar chearta an duine agus óna dteastaíonn na scileanna smaointeoireachta criticiúla agus na scileanna réiteach fadhbanna a ghnóthaítear trí chúrsa oideachais ar leibhéal céime. D’aithin an Garda Síochána an méid sin cheana féin nuair a d’fhorbair sé an chéim Bhaitisiléara Ealaíon sa Phóilíneacht Fheidhmeach, rud a sholáthraítear i gColáiste Oiliúna an Gharda Síochána ar an Teampall Mór faoi láthair.

- Tríd is tríd, tá tairbhe á baint ag an ardoideachas as an tsolúbthacht a bhaineann le cur chuige modúlbnaithe a ghlacadh i leith creidiúint agus foghlaim agus taithí roimhe a aithint. Ba cheart an rud céanna a thairiscint sa chur chuige nua i leith oideachas an Gharda Síochána, áit a bhféadfadh earcaigh fhéideartha modúil ábhartha a chur i gcrích ionas go bhféadfadh siad dul isteach ar an leibhéal ábhartha sa chlár oiliúna, mar atá leagtha amach thuas.

- Aithnítear sa chur chuige thuas go bhfuil céim ag formhór na n-earcach reatha cheana féin nuair a dhéanann siad iarratas ar dhul isteach sa Gharda Síochána. Leis an gcur chuige sin, tugtar d’earcaigh bealach níos tapa i dtreo a éirí ina nGarda faoi oiliúint. Is le fochéim sa staidéar póilíneachta a thairgí an bealach is tapa. Cé nach soláthraítear cláir chéime sa staidéar póilíneachta in Éirinn go fóill, d’aithneodh an Garda Síochána na cláir atá ar fáil thar lear cheana féin nó na cláir atá le forbairt in Éirinn. Ceann de na coinníollacha a bheadh i gceist le clár a aithint ba ea go soláthrófaí lena linn croímhodúil phóilíneachta áirithe a éilíonn an Garda Síochána agus go gcomhlíonfadh sé critéir shonracha maidir leis an éagsúlacht

- I gcás daoine a bhfuil céim acu, nach céim sa staidéar póilíneachta í, thosódh siad a n-oideachas earcach in institiúid ardoideachais ina dtabharfadh siad faoi na croímhodúil sa staidéar póilíneachta. D’urródh an Garda Síochána an t-oideachas sin. Agus an t-oideachas sin críochnaithe acu, rachadh siad ar aghaidh chuig an oiliúint i gceird na póilíneachta i gColáiste Oiliúna an Gharda Síochána. D’urródh an Garda Síochána an cúrsa céime ar fad do dhaoine nach bhfuil céim acu cheana féin (mar a tharlaíonn faoi láthair). Thabharfadh siad faoi chéim sa staidéar póilíneachta in institiúid ardoideachais. Bhronnfaí creidiúintí i leith foghlaim agus taithí roimhe. Agus an chéim sin críochnaithe acu, rachadh siad ar aghaidh chuig an oiliúint i gceird na póilíneachta i gColáiste Oiliúna an Gharda Síochána.

- Beidh an Clár Rochtana ar an nGarda Síochána a mholaimid ar cheann de na tosca is tábhachtaí maidir leis an éagsúlacht a spreagadh san earcaíocht. Ba cheart an Clár a oibriú i gcomhar le hinstitiúidí ardoideachais agus, lena linn, ba cheart leas a bhaint as cláir de chineál Explorer chun gairm sa Gharda Síochána a chur chun cinn i measc earcaigh fhéideartha a bhfuil cuid mhór le tairiscint acu don eagraíocht agus don phobal agus nach ndéanadh breithniú ar ghairm a shaothrú sa phóilíneacht ar shlí eile. D’oibreodh an Clár i gcomhar leis na gnáth-thacaí airgeadais ón stát agus leis na scéimeanna rochtana speisialta (HEAR,⁷⁵ DARE⁷⁶ etc.) atá ar fáil do mhic léinn a fhreastalaíonn ar institiúidí ardoideachais.

- Ar bhonn idirnáisiúnta, tá an t-oideachas póilíneachta ag bogadh amach as ionaid inmheánacha oiliúna agus isteach in ollscoileanna. Tacaítear leis an gcur chuige sin i moltaí an Choimisiúin. Tugtar aghaidh leis ar na hábhair inní a cuireadh in iúl dúinn faoin tionchar atá ag an gcur chuige cohóirt dhúnta a ghlactar ar an Teampall Mór ar chultúr an Gharda Síochána.

⁷⁵ An Bealach Rochtana ar Ardoideachas.

⁷⁶ An Bealach Rochtana Míchumais ar Oideachas.

15. Bíonn faisnéis ag éirí níos tábhachtaí i gcónaí i saol na póilíneachta agus tá an phóilíneacht ar fud an domhain á bunathrú chun feabhais le gabháil sonraí agus le hanailísíocht sonraí. Cé go bhfuil Éire i measc na gceannairí domhanda i ngeilleagar eolasbhunaithe an lae inniu, níor choinnigh a seirbhís póilíní suas le forbairtí ina leith sin. Ní hé amháin gur cheart don tseirbhís teacht suas leis an teicneolaíocht úrscothach atá ar fáil i réimse na faisnéise póilíneachta faoi láthair, ach ní mór di freisin meas a chothú i gceannairí amach anseo an Gharda Síochána ar an dóigh ar féidir anailísíocht sonraí a úsáid mar shócmhainn straitéiseach agus tuiscint a thabhairt dóibh ar an dóigh ar cheart sonraí a úsáid agus a léirmhíniú. Nílimid ag rá anseo gur gá do gach earcach a bheith ina saineolaí ar an ríomhaireacht. Mar sin féin, is “digiteoirí dúchais” a bheidh i bhformhór na n-earcach anois agus bíonn an litearthacht ar shonraí ag éirí níos tábhachtaí i gcónaí maidir le post d’aon chineál a fháil agus a choinneáil i ngeilleagar eolasbhunaithe an lae inniu. **Ba cheart modúl ar ghabháil, anailísiú agus úsáid sonraí a sholáthar mar chuid den oiliúint earcach.**
16. Ba cheart Gardaí a oiliúint i gcineál athraitheach na coireachta Idirlín. Mar a thugamar faoi deara cheana féin, tá na póilíní i ngach áit ag streachailt le teacht suas leis an méadú tapa atá tagtha ar choireacht den chineál sin – lena n-áirítear an bhradaíl aitheantais agus an chalaíocht cárta creidmheasa; an “gréasán dorcha” agus an margadh neamhdhleathach le haghaidh drugaí, gunnaí agus earraí rialaithe eile; an chreachóireacht ghnéasach; an teacht i dtír gnéasach; agus bogearraí éirice. D’inis Gardaí iad féin, Cumann Ionadaíochta an Gharda Síochána ina measc, dúinn go bhfuil oiliúint sa mhórbhagairt choiriúil nua sin ag teastáil go géar. Tugaimid faoi deara go bhfuil modúl ar an gcoireacht Idirlín ar áireamh sa chúrsa oiliúna earcach. **Tugaimid faoi deara freisin gur forbraíodh modúl ríomhfhoghlama sa chibearchoireacht do Gardaí ar seirbhís, agus molaimid go gcuirfí an modúl sin i bhfeidhm go tapa. Ba cheart gach ábhar oiliúna a bhaineann leis an bhfadhb – ar fadhb í a bhíonn ag forbairt go tapa – a athbhreithniú agus a nuashonrú go rialta.**
17. Tá sé tábhachtach a chinntiú go mbeidh gach duine a bhaineann céim amach mar chomhaltaí den Gharda Síochána lánoiriúnach do ghairm a shaothrú sa phóilíneacht. Is gá aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin tráth a théann an duine isteach sa chlár earcach agus ar fud na tréimhse oiliúna agus promhaidh earcach araon. Tá an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ag déanamh athbhreithniú anailíse poist ar chéim an Gharda faoi láthair agus **molaimid go ndéanfaí breithniú ann ar athruithe a dhéanamh ar an bpróiseas iarratais agus ar na riachtanais iontrála don Gharda Síochána, lena n-áirítear tástáil shíciméadrach a thabhairt isteach** (rud a úsáidtear go minic i seirbhísí póilíní in áiteanna eile). Tá sé tábhachtach a chinntiú gur póilíní cumasacha inniúla a bheidh i ngach duine a bhaineann céim amach agus a dtugtar cumhachtaí póilíní dóibh. Chualamar le linn ár gcomhairliúchán go bhfuil ganntanas acmhainní ann chun maoirseacht leordhóthanach a dhéanamh ar oifigigh ar promhadh. **Ba cheart tacaíocht agus maoirseacht chúil a thabhairt d’earcaigh ar fud na tréimhse oiliúna agus promhaidh agus ba cheart d’earcaigh a thaispeáint go soiléir go bhfuil siad oiriúnach d’obair póilíní sula bhfianófar iad ach cumhachtaí póilíní a thabhairt dóibh. Ina theannta sin, ba cheart córais láidre shimplí a bheith i bhfeidhm chun Gardaí ar promhadh a bhaint i gcás go meastar, le linn a dtréimhse promhaidh nó ag deireadh a dtréimhse promhaidh (tar éis dóibh an oiliúint riachtanach ar fad a fháil) go bhfuil siad neamhoiriúnach don phost. Ba cheart féachaint air sin mar chuid thábhachtach dá chinntiú nach dtabharfar cumhachtaí iomlána póilíní ach amháin do na daoine is fearr agus is oiriúnaí.**

AN OILIÚINT INSEIRBHÍSE

18. Má chomhlíontar ár moltaí go mbeadh an cúrsa oiliúna earcach níos giorra, go háirithe do chéimithe, agus go ndéanfaí an chuid is mó den chúrsa in institiúidí ardoideachais, is amhlaidh go mbeidh cistiú agus acmhainn araon ar fáil do thuilleadh oiliúint inseirbhíse agus tuilleadh forbairt ghairmiúil leanúnach a sholáthar. Is é atá i gceist leis an oiliúint inseirbhíse anseo an t-oideachas is gá d’fhostaithe na heagraíochta a bheith acu ionas gur féidir leo a bpost a dhéanamh. Is ar fhorbairt an duine aonair agus a ghairme a dhírítear i bhforbairt ghairmiúil leanúnach, rud a phléifimid sa chéad rannán eile. Tá sé tábhachtach go gcumhdófar an oiliúint

inseirbhíse agus an oiliúint earcach araon sa straitéis oideachais agus foghlama a mholamar níos luaithe. Mar a thugamar faoi deara, tá drochtheist ar an nGarda Síochána maidir leis an oiliúint inseirbhíse a éascú, gan aon trácht a dhéanamh ar an dóigh a gcuireann sé chun cinn í. Ní gá a rá go dteastaíonn oiliúint rialta ó Ghardaí agus ó phearsana nach bhfuil faoi mhionn ionas gur féidir leo coinneáil ar an eolas faoi na nithe seo a leanas: forbairtí ina ngairm agus sa timpeallacht pholaitiúil agus shóisialta ina n-oibríonn siad; athruithe sna bagairtí ar shábháilteacht an phobail agus sa dlí; agus forbairtí teicneolaíochta agus forbairtí eile a bhaineann leis na huirlisí agus na teicnící atá ar fáil do na póilíní. Ní gá a rá ach oiread gur gá do phóilíní a shanntar chuig sainfheidhmeanna – amhail obair bleachtaireachta – a fhoghlaim conas ba cheart na feidhmeanna sin a chomhlíonadh sula dtéann siad i mbun a ndualgas nua agus gur cheart oiliúint thréimhsiúil a chur orthu ina dhiaidh sin chun a chinntiú go gcoinníonn siad ar an eolas faoi fhorbairtí san iompraíocht choiriúil agus in uirlisí agus teicnící imscrúdaitheacha araon.

19. Molaimid, dá bhrí sin, go mbeadh an oiliúint inseirbhíse ina ceanglas éigeantach laistigh den Garda Síochána, ar ceanglas é a gcoimeádfaí comhaltaí agus a mbainisteoirí cuntasach as.

Ba cheart straitéis don oiliúint inseirbhíse a cheadú ar an leibhéal is airde den tseirbhís póilíní agus ba cheart ceanglas a chur ar gach oifigeach a chinntiú go dtéann siad agus na daoine faoina mbun faoin oiliúint a theastaíonn uathu ar bhealach tráthúil.

20. Bhí acmhainní ar cheann de na cúiseanna san am atá thart nár cuireadh oifigigh ar fáil don oiliúint. Ba cheart athruithe a dhéanamh chun srianta acmhainne a laghdú. Ar an gcéad dul síos, agus faoi mar a dúramar thuas, ba cheart buiséad tiomnaithe a bheith ann don oiliúint. Níor cheart iarraidh ar cheannasaithe oibríochta an t-airgead a theastaíonn chun Gardaí nó baill foirne nach bhfuil faoi mhionn a sheoladh lena n-oiliúint a aimsiú. Ar an dara dul síos, níor cheart é a bheith riachtanach i ngach cás comhaltaí a “sheoladh” áit ar bith lena n-oiliúint. D’fhéadfadh go mbeadh saoráid thiomnaithe póilíní amhail an coláiste ar an Teampall Mór ag teastáil le haghaidh oiliúint i suíomhanna féideartha agus le haghaidh cineálacha áirithe oiliúna oibríochtúla. Mar sin féin, is féidir a lán cineálacha foghlama a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtúla i stáisiúin phóilíní, áit ar féidir roinnt daoine a oiliúint ag an aon am amháin agus nach gá íoc ach as taisteal agus costais aon teagascóra amháin.⁷⁷ Is féidir tuilleadh éifeachtúlachta fós a bhaint amach ach an oiread foghlama agus is féidir a dhéanamh ar líne. Mholamar cheana féin go ndéanfaí cuid shuntasach den oiliúint earcach ar líne. **Mar an gcéanna, molaimid go ndéanfaí an chuid is mó den oiliúint inseirbhíse ar líne ach amháin i gcás go bhfuil cúiseanna maithe ann nach bhfuil sé sin cuí nó indéanta.**

21. Leagamar béim cheana féin ar a thábhachtaí atá comhpháirtíochtaí le heagraíochtaí eile, amhail seirbhísí sláinte, grúpaí mí-úsáide substaintí agus seirbhísí comhairleoireachta, maidir le cúraimí póilíneachta a chur i gcrích. Is minic a bhíonn na póilíní ar na chéad daoine ar an láthair i gcásanna ina mbaineann an phríomhfhadhb le galar meabhrach nó le mí-úsáid drugaí. Tá sé ríthábhachtach gurb eol dóibh conas fadhbanna den sórt a aithint nuair a thagann siad orthu – go bhfuil eolas acu ar na fadhbanna sin nó go bhfuil saineolas acu orthu, fiú – agus gurb eol dóibh conas is féidir an cineál ceart sainchúnaimh a fháil go tapa. **Molaimid, dá bhrí sin, go gcuirfí feabhas ar an oiliúint i bhfeasacht ar mheabhairshláinte agus ar mhí-úsáid substaintí agus go ndéanfaí cuid den oiliúint sin ar a laghad i gcomhpháirt le baill de na sainseirbhísí ábhartha. Cabróidh le hoiliúint chomhpháirteach den chineál sin le hobair foirne chomhtháite a chothú, mar a thug roinnt comhaltaí ar seirbhís faoi deara ina bhfreagairtí dár suirbhé.**

“Ní féidir linn a bheith ag súil leis go gcomhlíonfaidh comhaltaí a ndualgais ar bhealach réamhghníomhach rathúil mura dtugtar tacaíocht agus aitheantas dóibh agus mura mbraitheann siad féin sláintiúil.”

Comhalta ar seirbhís den Garda Síochána

⁷⁷ Chonaic an Coimisiún roinnt dea-shamplaí de chur chuige praiticiúil a bheith á ghlacadh i leith srianta a sháru i roinnt Rannán agus ceantar de chuid an Gharda Síochána, e.g., tugadh aird ar riachtanais oiliúna agus spás á dhearadh i bpleananna nua stáisiúin Rannán, agus bunaíodh comhpháirtíochtaí nuálacha le hinstiúidí ardoideachais áitiúla chun spás agus saineolas araon a chomhroinnt don oiliúint inseirbhíse agus d’fhorbairt ghairmiúil leanúnach.

FORBAIRT GHAIRMIÚIL LEANÚNACH

22. Níl aon straitéis forbartha gairmiúla ann don Gharda Síochána faoi láthair. Baintear ardú céime agus forbairt agus dul chun cinn gairme amach gan mórán ullmhúcháin, planála gairme, oiliúna straitéisí ná cóitseála. **Molaimid go mbeadh straitéis forbartha gairmiúla leanúnaí i bhfeidhm ag an nGarda Síochána agus go spreagfaí gach comhalta plean pearsanta forbartha gairmiúla leanúnaí a bheith acu agus bualadh lena mbainisteoir gach bliain ar a laghad chun a bhfeidhmíocht agus a n-inniúlachtaí a mheas, chun riachtanais foghlama agus forbartha a shainaithint agus chun a gcuspóirí gairme agus oideachais a phlé. Ba cheart próiseas oscailte trédhearcach a úsáid chun daoine a roghnú do gach deis forbartha.**
23. **Molaimid go gcuirfí cláir forbartha i bhfeidhm chun pearsana an Gharda Síochána a ullmhú sula dtugtar ardú céime dóibh chuig freagrachtaí nua bainistíochta agus ceannaireachta.** Ina theannta sin, ba mhaith linn go mbeadh cláir chóitseála agus mheantóireachta i bhfeidhm chun cabhrú le bainisteoirí nua. Is acmhainn dhearfach iad na cláir cheannaireachta agus forbartha atá ar fáil faoi láthair do dhaoine ar tugadh ardú céime dóibh chuig ról bhainistíochta agus cheannaireachta cheana féin. Mholfaimis don Gharda Síochána freisin iarracht a dhéanamh deiseanna a thabhairt d'oifigigh shinsearacha agus bainisteoirí sinsearacha páirt a ghlacadh i gcúrsaí oiliúna ceannaireachta san earnáil phríobháideach.
24. Tá roinnt comhpháirtíochtaí straitéiseacha ar bun ag an nGarda Síochána le hinstitiúidí ardoideachais freisin, ar comhpháirtíochtaí iad a sholáthraíonn deiseanna luachmhara le haghaidh staidéar atá cistithe go páirteach nó go hiomlán a dhéanamh ar chláir shaincheaptha nó ar chláir ábhartha atá ann cheana. **Molaimid go ndéanfaí na comhpháirtíochtaí straitéiseacha le hinstitiúidí ardoideachais a athbhreithniú mar chuid d'fhorbairt na Straitéise Foghlama agus Forbartha nua agus tar éis na hanailíse láidre ar riachtanais oiliúna a mholamar.**
25. De réir mar a thagann oifigigh nó bainisteoirí aonair chun cinn mar iarrthóirí ar phoist cheannais shinsearacha, b'fhiú taithí a thabhairt dóibh ar an bpóilíneacht i ndlínsí eile nó, mar mhalairt air sin, ar an saol i seirbhísí poiblí eile. Cleachtas coitianta i ndlínsí eile dlí choitinn a bhfuil roinnt seirbhísí póilíní acu, amhail na Stáit Aontaithe, Ceanada agus an Ríocht Aontaithe, is ea go mbogann póilíní sinsearacha ó rannóg póilíní amháin go rannóg póilíní eile. Cuireann an bogadh sin fuil nua agus smaointe nua leis na foirne ceannais agus saibhríonn sé dearcadh pearsanta agus gairmiúil an duine aonair lena mbaineann. Tá seirbhís póilíní náisiúnta aonair ag Éirinn agus ní bhíonn sé chomh héasca céanna teacht ar dheiseanna le haghaidh aistrithe den sórt sin, ach amháin i gcás postuithe le Europol agus gníomhaireachtaí idirnáisiúnta eile agus i gcás malartuithe áirithe le Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann.
26. Bheimis i bhfabhar tuilleadh aistrithe, malartuithe nó iasachtaí sealadacha den sórt sin, ní amháin le Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann ach le seirbhísí póilíní eile, mar shampla iad sin in Albain, i Sasana agus sa Bhreatain Bheag, agus le meithleacha machnaimh póilíneachta idirnáisiúnta agus cláir forbartha ceannaireachta póilíneachta freisin. Ní gá gur shannacháin fhada iad. Bhainfeadh na hoifigigh lena mbaineann nó pearsana nach bhfuil faoi mhionn den Gharda Síochána tairbhe as tréimhse iasachta sé mhí. Is féidir le comhaltaí den Gharda Síochána a ndearcadh a leathnú freisin ach am a chaitheamh ar an gCúrsa Ceannais Straitéisigh sa Ríocht Aontaithe agus i gColáiste John Jay i Nua-Eabhrac. Chomh maith leis sin, ba cheart breathnú ar mhalartuithe nó ar shannacháin shealadacha le seirbhísí poiblí eile a phléann le sábháilteacht an phobail, amhail seirbhísí sláinte agus seirbhísí sóisialta, nó san earnáil phríobháideach, ba cheart breathnú orthu mar dheis luachmhar le haghaidh forbairt ghairmiúil pearsan sinsearach faoi mhionn agus forbairt ghairmiúil pearsan sinsearach nach bhfuil faoi mhionn den tseirbhís póilíní. **Molaimid go mbreithneofaí iasachtaí, aistrithe nó sannacháin shealadacha chuig eagraíochtaí póilíní eile nó eagraíochtaí eile seirbhíse poiblí nó chuig an tionscal príobháideach le haghaidh iarrthóirí féideartha ar an ardoifig sa Gharda Síochána. Ar bhonn níos leithne, ba cheart deiseanna a chruthú ar gach leibhéal le haghaidh soghluaisteacht ghearrthéarmach idir an Garda Síochána agus a phríomheagraíochtaí comhpháirtíochta.**

CAIBIDIL FICHE IS A hAON

AN NUÁLAÍOCHT DHIGITEACH AGUS BAINISTÍOCHT FAISNÉISE

STRAITÉIS CHUIMSITHEACH LE hAGHAIDH NUÁLAÍOCHT DHIGITEACH

1. Bíonn seirbhísí póilíní nua-aimseartha ag baint úsáid mhéadaitheach as samhlacha oibriúcháin atá cumasaithe go digiteach ionas gur féidir leo bheith níos éifeachtaí, níos éifeachtúla, níos freagrúla agus níos trédhearcaí. Ba cheart don Gharda Síochána an rud céanna a dhéanamh. Is beag teicneolaíocht dhigiteach atá ag an eagraíocht faoi láthair agus tá na teicneolaíochtaí atá aici as dáta. Tá an córas PULSE, mar shampla, níos mó ná 20 bliain d'aois. Ba sna 1980í a tugadh an córas seachadta ríomhchuidithe isteach, agus níl sé i mbun oibre i ngach limistéar faoi láthair. Ní eisítear fóin phóca do phóilíní túslíne. Cé go bhfuil roinnt tionscnamh tábhachtach teicneolaíochta ar siúl laistigh den tseirbhís, is amhlaidh gur caitheadh leo go dtí seo mar thionscadail scoite, seachas mar chodanna de chur chuige cuimsitheach. Mar sin féin, táthar ag smaoineamh ar straitéis chuimsitheach teicneolaíochta a chur le chéile anois, rud a bhfuil géarghá leis. Is dea-scála é sin.
2. Mar a thugaimid faoi deara ina lán codanna den tuarascáil seo, is é an easpa faisnéise tráthúla, cruinne agus cuimsithí atá ar fáil dó an rud atá taobh thiar de chuid mhór de na fadhbanna atá ag an nGarda Síochána, ar fadhbanna iad a théann i bhfeidhm ar gach ceann de na réimsí seo a leanas: laghdú agus imscrúdú na coireachta; comhar idirghníomhaireachta; úsáid éifeachtúil acmhainní; bainistíocht feidhmíochta; bainistíocht buiséid; agus gach próiseas eile a theastaíonn chun eagraíocht mhór a reáchtáil agus chun raon casta seirbhísí a sholáthar. Beidh cur chun feidhme na moltaí sa tuarascáil seo agus nua-aoisiú na póilíneachta in Éirinn ag brath ar theicneolaíocht dhigiteach an Gharda Síochána a bhunathrú chun feabhais ionas go mbeidh aige an fhaisnéis a theastaíonn chun cinnteoireacht a threorú i ngach ceann de na réimsí atá luaite agus chun tacú le cuntasacht na bpóilíní. **Ba cheart don Choimisinéir agus don fhoireann ceannaireachta sinsearaí tús áite a thabhairt do bhunathrú digiteach chun feabhais agus d'infheistíocht éifeachtach a dhéanamh sa teicneolaíocht lena dtacaítear leis an mbunathrú sin.**
3. In aon straitéis chuimsitheach teicneolaíochta faisnéise, ba cheart a chinneadh ar dtús cén fhaisnéis a theastaíonn ó na póilíní agus, ina dhiaidh sin, cé na seirbhísí digiteacha a theastaíonn uathu chun gur féidir leo an fhaisnéis sin a bhailiú, a anailísiú agus a sholáthar. Ba cheart féachaint le córas comhtháite a chruthú lena bhfreastalaítear ar gach ceann de na riachtanais sin agus atá in ann oiriúnú agus nuáil amach anseo de réir mar a athraíonn éilimh agus teicneolaíochtaí. Ba cheart don Gharda Síochána gníomhaíocht a dhéanamh go tapa freisin chun straitéis a fhorbairt bunaithe ar na seirbhísí digiteacha atá ann ar fud na heagraíochta, ar seirbhísí iad lena mbunathrófar an eagraíocht chun feabhais i gceithre mhór-réimse – Soghluaisteacht Túslíne a Chumasú; Feabhas a Chur ar Rannpháirtíocht an Phobail; Acmhainn Eagraíochta a Fheabhsú; agus Comhar Idirghníomhaireachta a Éascú. Déanaimid scrúdú ar gach ceann de na réimsí sin thíos.
4. Chun straitéis den sórt sin a fhorbairt agus a chur chun feidhme, beidh sé riachtanach acmhainn reatha na bpóilíní a mhéadú. Is lú i bhfad na leibhéil foirne faoi láthair ná na leibhéil a theastaíonn in aon eagraíocht nua-aimseartha. Bhí moilleanna fada ann ar phearsana a bhfuil na scileanna riachtanacha acu a earcú chuig roinnt réimsí tábhachtacha, agus beidh sé riachtanach an próiseas sin a chúchóiriú. Bunathrú mórsála chun feabhais a bheidh i gceist leis an nGarda Síochána a chumasú go digiteach don todhchaí agus beidh sé riachtanach baill foirne agus acmhainní a chur ar fáil go tapa

don obair sin. Beidh ag an infheistíocht a dhéanfar an acmhainneacht chun dea-thorthaí a bhaint amach ar fud na heagraíochta, maidir le seirbhísí feabhsaithe agus maidir le barainneachtaí méadaithe araon.

5. Teastaíonn tuilleadh acmhainn inmheánach ón nGarda Síochána ionas gur féidir leis bunathrú digiteach chun feabhais a sholáthar. Bíonn sé róspleách ar shainchomhairleoirí seachtracha maidir lena thionscadail teicneolaíochta a sholáthar. Cé gur féidir léargas, scileanna agus acmhainn a bhfuil géarghá leo a bheith ag gabháil leis an rochtain ar shaineolas seachtrach, níl an t-ardspleáchas reatha cost-éifeachtúil ná cliste ón taobh straitéiseach de. **Ba cheart don eagraíocht a tallann inmheánach a fhorbairt ionas go laghdóidh sí a spleáchas ar shainchomhairleoirí seachtracha agus go mbeidh níos mó eolais aici mar chustaiméir nuair a bhíonn seirbhísí sainchomhairleoireachta de dhíth uirthi. Molaimid go ndéanfaí athbhreithniú práinneach agus méadú cuí ar sholáthar foirne inmheánach an Gharda Síochána le haghaidh teicneolaíocht dhigiteach agus go ndéanfaí an méid sin a thagarmharcáil in aghaidh comhlachtaí poiblí eile in Éirinn a bhfuil riachtanais acmhainne den chineál céanna acu.**

SOGLHUAISTEACHT TÚSLÍNE A CHUMASÚ

6. **Ba cheart feidhmchláir chumarsáide digití agus shreafa oibre agus uirlisí cumarsáide digití agus sreafa oibre amhail fóin phóca agus ríomhairí táibléid a chur ar fáil go tapa do chomhaltaí den tseirbhís póilíní, go háirithe iad sin atá ag gabháil don phóilíneacht ceantair túslíne.** Ní eisítear uirlisí soghluaisteachta d'aon chineál d'fhormhór mór na nGardaí faoi láthair. Murab ionann agus póilíní nua-aimseartha in áiteanna eile a úsáideann córais mhóibíleacha chun sonraí a thaifeadh agus a rochtain agus iad allamuigh, ní mór do Ghardaí dul chuig stáisiún chun a dtuairiscí teagmhais a iontráil i dteirminéal PULSE nó ní mór dóibh a dtuairiscí a thabhairt thar an bhfón do sheirbhís lárnach. Ina lán ceantar, ní mór dóibh fanacht go dtí go mbeidh teirminéal ar fáil chun sonraí a ionchur ann nó ní mór dóibh fanacht tar éis dheireadh a seala chun déanamh amhlaidh. Is minic a cheanglaítear orthu taifid dhúblacha a choinneáil ar páipéar freisin. Is próiseas mall neamhéifeachtúil é sin, tógann sé am ba cheart a chaitheamh ar an túslíne agus, rud ba thábhachtaí fós, cuireann sé as d'éifeachtacht na seirbhíse a d'fhéadfadh siad a sholáthar don phobal.
7. **Ba cheart cur leis an treoirchlár soghluaisteachta atá ar siúl i roinnt codanna den tír agus é a chur i bhfeidhm chun go dtabharfar tús áite d'fhóin phóca nó táibléid a eisiúint go hoifigiúil do gach póilín túslíne.** Ba cheart iad a bheith inrochtana trí ríomhphost do chomhpháirtithe pobail agus gníomhaireachta agus do dhaoine arb eol go bhfuil siad i mbaol. Chomh maith leis sin, ba cheart feidhmchláir ar leith a bheith sna huirlisí soghluaisteachta, ar feidhmchláir iad lena dtugtar na nithe seo a leanas do phóilíní túslíne: feasacht ar an staid agus rochtain ar shonraí sula bhfreagraíonn siad do ghlaonna; an cumas chun sonraí teagmhais a thaifeadh go cianda; rochtain ar fhaisnéis seachadta ríomhchuidithe; an cumas chun cuardaigh dhigiteacha a dhéanamh; faisnéis faoi na bóithre agus faoin trácht; agus an cumas chun cumarsáid éasca a dhéanamh le comhghleacaithe agus iad allamuigh.

RANPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL A CHUMHACHTÚ

8. Mar a tugadh faoi deara sa chaibidil níos luaithe maidir leis an bpóilíneacht ceantair, ba cheart do phóilíní ceantair dlúthchumarsáid a choinneáil ar bun lena bpobal. Tá an trédhearcacht tábhachtach maidir le hiontaoibh an phobail a ghnóthú, maidir le léargas cruinn a fháil ar na fadhbanna sa cheantar agus maidir le dul i ngleic leis an eagla roimh an gcoireacht. Cabhraíonn sí freisin leis na póilíní agus le pobail obair le chéile chun teacht ar réitigh ar dhúshláin a bhaineann le sábháilteacht an phobail agus leis an gcoireacht. **Ba**

cheart don Gharda Síochána fothaí sonraí oscailte a chur ar fáil go rialta don phobal agus, faoi dheireadh, na fothaí sin a chur ar fáil dó i bhfíor-am. Tá an méid sin á dhéanamh ag formhór na seirbhísí póilíneachta nua-aimseartha anois. Ba cheart na fothaí sonraí oscailte a fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin de chuid an Gharda Síochána, ar suíomh é atá éasca le húsáid agus ónar féidir leis an bpobal íoslódáil a dhéanamh ar shonraí a bhaineann le teagmhais choireachta agus sábháilteachta nó treochtaí coireachta agus sábháilteachta ar leibhéal áitiúil nó náisiúnta nó íoslódáil a dhéanamh ar shonraí a bhaineann le forbairtí ina gceantar féin, de réir mar is mian leo. Ba cheart do phóilíní ceantair tuiscint iomlán a bheith acu ar na sonraí a bhaineann lena gceantar féin, chun bonn eolais a chur faoina ndíospóireacht leis an bpobal agus chun gur féidir leo obair i gcomhar leis an bpobal chun fadhbanna a réiteach. Ina theannta sin, ba cheart aipeanna poiblí a fhorbairt ar leibhéal pobail chun cónaitheoirí a chumasú a n-ábhair imní a thuairisciú agus chun póilíní a chumasú faisnéis a scaipeadh faoi nithe is díol spéise, lena n-áirítear faisnéis faoi laghdú na coireachta agus faisnéis faoi dhúnadh bóthair. Tacóidh sé sin leis an gcur chuige comhpháirtíochta agus na struchtúir nua chuntasachta áitiúla a mholtar in áiteanna eile sa tuarascáil seo.

9. Chun an fháil ar shonraí oscailte a chomhlánú agus chun feabhas a chur ar rannpháirtíocht leis an bpobal, **ba cheart don Gharda Síochána straitéis nua meán sóisialta a fhorbairt agus a chur chun feidhme.** Ní bhaineann sé ach fíorbheagán úsáide as na meáin shóisialta go fóill. Tá seirbhísí póilíní in áiteanna eile ag forbairt straitéisí meán sóisialta chun ceangal lena bpobal agus chun ceangal le daoine nár dhóigh dóibh aon teagmháil a bheith acu leis na póilíní ar shlí eile. Dá mbeadh straitéis nua meán sóisialta i bhfeidhm ar fud na heagraíochta, le tacaíocht ó oiliúint agus ó threoiríníte soiléire, ba cheart go gcumasófaí rannpháirtíocht leis an bpobal ar leibhéal ceantair maidir le ghnáth-shaincheisteanna shábháilteacht an phobail agus ar leibhéal náisiúnta araon, de réir mar is cuí. **Ba cheart suíomh Gréasáin an Gharda Síochána a fheabhsú tuilleadh chun próisis ar líne amhail tuairisciú coireanna neamhphráinneacha agus rianú cásanna a chumasú agus chun uirlisí níos fearr a sholáthar le haghaidh tacaíocht d'íospartaigh.**

ACMHAINN EAGRAÍOCHTA A FHEABHSÚ

10. **Chun gach cineál eile forbartha agus nuálaíochta digití a chumasú, ní mór croí-ardán teicneolaíochta an Gharda Síochána a nua-aoisiú agus a bhunathrú chun feabhais.** Ba sna 1990í a tugadh an córas reatha PULSE isteach. Ní uirlis imscrúdaithe coireachta ná uirlis bainistíochta é. Is córas taifeadta teagmhas é atá róchasta agus rómhall anois. Tá ag teip air sna feidhmeanna dár ceapadh é ar dtús freisin.⁷⁸ Cé go bhfuil sé as dáta, is féidir PULSE a úsáid go fóill mar acmhainn chun tacú le bunathrú digiteach chun feabhais an Gharda Síochána. Is féidir bogearraí nua agus feidhmchláir mhóibíleacha nua a thabhairt isteach lena mbaintear leas as na sonraí agus as an loighic gnó atá in PULSE.⁷⁹ Ba cheart ardán digiteach comhtháite lena nasctar seachadadh ríomhchuidithe agus gléasanna móibíleacha a bheith sna feidhmchláir agus sna hacmhainní nua sin freisin. Áirítear leo córais le haghaidh na nithe seo a leanas: bainistíocht imscrúdaithe (ar córas é atá forbartha cheana féin ach nach bhfuil curtha i mbun oibre go fóill); buiséid; acmhainní daonna; bainistíocht réadmhaoine; bainistíocht riosca; bainistíocht inneachair fiontair; agus uainchlárú. Chun bonn taca a chur faoin obair digitithe agus uathoibríthe sin, ba cheart leanúint le próisis agus seirbhísí a bhogadh chuig timpeallacht néalríomhaireachta.

⁷⁸ Féach an díospóireacht i gCaibidil 6 maidir le sonraí coireachta.

⁷⁹ Tá dea-shampla de bhogearraí den sórt sin á bhforbairt don Phóilíneacht Bóithre.

11. **Ní mór don Gharda Síochána córas nua-aimseartha náisiúnta seachadta ríomhchuidithe a chur i mbun oibre.** Mar a tugadh faoi deara thuas, tá an córas reatha seachadta ríomhchuidithe as dáta agus níl sé i mbun oibre i ngach limistéar. Agus iad ag freagairt do ghlaonna, ní mór do na póilíní cumarsáid raidió a úsáid chun faisnéis a fháil ó riarthóirí seachadta toisc nach bhfuil acu aon ghléasanna infheithicle nó móibíleacha is féidir leo a úsáid chun sonraí a rochtain nó a thairneadh. Tá comhtháthú le gléasanna móibíleacha ina ghné chaighdeánach de chórais nua-aimseartha seachadta ríomhchuidithe. Toradh eile atá ar chóras nua-aimseartha seachadta ríomhchuidithe a bheith in easnamh is ea gur beag feacht ar an staid a thugtar don Choimisinéir, don lucht bainistíochta sinsearaí agus do mhaoirseoirí áitiúla agus gur beag cumas atá acu láthair feithiclí nó sócmhainní eile a rianú. Cuireann sé sin isteach ar an gcinnteoireacht agus acmhainní á leithdháileadh chun freagairt d'éigeandálaí.
12. **Ba cheart don Gharda Síochána plean a fhorbairt le haghaidh ceamaraí éide a imscaradh.** Tá méid suntasach taithí ann i ndlínsí eile ina leith seo, ar taithí í a bhféadfaí leas a bhaint aisti chun teacht ar an dea-chleachtas. Fuair eagraíochtaí póilíneachta nua-aimseartha ar fud an domhain amach gur féidir le ceamaraí éide acmhainn túslíne a fheabhsú trí theagmhais a thairneadh go cruinn, anailís a bhrostú, feabhas a chur ar fheacht ar an staid agus, uaireanta, na póilíní a chosaint ar dhochar.
13. **Ba cheart ionad coireachta agus sábháilteachta fíor-ama a chur i mbun oibre i gceanncheathrú an Gharda Síochána.** Leis an ionad sin, ba cheart faisnéis seachadta ríomhchuidithe agus fothaí sonraí ó fhoinsí amhail córais teilifíse ciorcaid iata (TCI), ceamaraí tráchta, ceamaraí éide agus fothaí eile faisnéise digití a chomhtháthú ina ndeais dhigiteach amháin chun feacht fíor-ama a thabhairt don lucht ceannaireachta sinsearaí ar láthair agus bail gach sócmhainne agus acmhainne de chuid an Gharda Síochána.
14. Mar a thugamar faoi deara i gCaibidil a Sé, is tosaíocht é an ról nua mar Phríomhoifigeach Sonraí a líonadh mar cheapachán substainteach ar mhaithe le feabhas a chur ar cháilíocht na sonraí agus ar an dóigh a mbainistítear sonraí laistigh den eagraíocht. Mar thoradh ar mheascán den ról sin agus de Sheirbhís Anailíse neartaithe an Gharda Síochána, ba cheart go mbrúfaí straitéis agus pleanáil eagraíochta chun cinn agus go soláthrúfaí faisnéis luachmhar lena comhroinnt le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta agus leis an bpobal, de réir mar is cuí.
15. Mar a luadh níos luaithe sa tuarascáil seo, ba cheart don Gharda Síochána tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a acmhainn cibearchoireachta agus cibearshlándála, lena n-áirítear a inniúlachtaí san fhóiréinsic dhigiteach. Cé gur cheart an acmhainn sin a stiúradh go lárnach, ba cheart inniúlacht freagartha a bheith ann i láithreacha geografacha cuí.
16. Ní hé amháin gur cheart do straitéis chuimsitheach dhigiteach tacú le feidhmeanna póilíneachta oibríochtúla, ach ba cheart di tacú le gach gné d'obair an Gharda Síochána freisin, lena n-áirítear gnáthghnó amhail pleanáil airgeadais, pleanáil fórsa saothair, bainistíocht acmhainní daonna agus bainistíocht feidhmíochta, an oiliúint agus an ríomhfhoghlaim, mar atá luaite sa chaibidil roimhe, agus próisis soláthair agus riarachán ar gach leibhéal. Ba cheart di tacú le bealaí nua chun obair (e.g. soghluaisteacht agus bainistíocht leictreonach uainchláir). Ba cheart di tacú freisin le comhar ar fud eagraíocht an Gharda Síochána maidir le freagairtí póilíneachta a sholáthar. Éascófar an méid sin leis an gCóras Bainistíochta Inneachair Fiontair a luadh níos luaithe agus le córais bhainistíochta caidrimh chustaiméirí lena gcumasaítear cuardach agus anailísíocht ar fud an fhiontair. Ba cheart don straitéis acmhainn a chruthú le haghaidh nuálaíocht dhigiteach chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt agus cur i bhfeidhm straitéisí nua ar fud na heagraíochta sa todhchaí.

COMHAR IDIRGHNÍOMHAIREACHTA A ÉASCÚ

- 17.** Rud ar leagamar béim air ar fud na tuarascála seo is ea gur cheart freagracht chomhchoiteann a ghlacadh as an bpóilíneacht. Tá comhar idir na póilíní agus gníomhaireachtaí agus ranna eile ríthábhachtach maidir leis an gcoireacht a laghdú, maidir le daoine atá i mbaol a chosaint agus maidir le sábháilteacht an phobail a mhéadú. Ba cheart do straitéis chuimsitheach dhigiteach tacú freisin le comhar níos éifeachtaí níos éifeachtúla a fhorbairt idir an Garda Síochána, ranna eile laistigh den chóras ceartais choiriúil agus na príomhghníomhaireachtaí comhpháirtíochta in Éirinn agus thar lear freisin.
- 18.** Gné ríthábhachtach de chomhar idirghníomhaireachta in Éirinn a bheidh i sonraí a chomhroinnt chun freagairt d'éigeandálaí allamuigh, faoi réir coimircí cuí a chur i bhfeidhm ar mhaithe le príobháideacht a chosaint. Ba cheart na Foirne Idirghabhála Géarchéime a mholamar a bhunú ar leibhéal rannáin. Ba cheart do na póilíní ar leibhéal ceantair, a fhreagraíonn d'fhorhmór mór na nglanna éigeandála, an fhaisnéis ábhartha ar fad a bheith ar fáil dóibh ar a ngléasanna móibíleacha láithreach nuair a fhreagraíonn siad do ghlaonna den sórt sin agus sula mbaineann siad láthair an teagmhais amach. D'fhéadfadh an fhaisnéis riachtanach teacht ó raon éagsúil gníomhaireachtaí, lena n-áirítear gníomhaireachtaí eile ceartais choiriúil, agus ó sheirbhísí poiblí amhail seirbhísí sláinte, seirbhísí cosanta leanaí agus seirbhísí tithíochta. Dá chuimsithí an fhaisnéis atá ar fáil do chomhalta den tseirbhís póilíní atá ag freagairt do theagmhas is ea is mó seans go ndéileálfar leis an teagmhas ar bhealach éifeachtach sábháilte.

IONAD NUÁLAÍOCHTA PÓILÍNEACHTA DIGITÍ

- 19.** Ní hé amháin gur cheart don Gharda Síochána teacht suas le staid reatha na póilíneachta digití agus le hardteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, ach ba cheart dó ról lárnach a imirt sa nuálaíocht dhigiteach a bhaint amach sa phóilíneacht freisin. **Molaimid go gcuirfí Ionad Nuálaíochta Póilíneachta Digití ar bun bunaithe ar Chlár na nIonad Teicneolaíochta (ar comhthionscnamh é idir Fiontraíocht Éireann agus GFT Éireann) agus go ngníomhódh an Garda Síochána mar phríomheagraíocht ina leith.** Bhainfeadh an t-ionad leas as an saineolas taighde agus cur chun feidhme atá ag institiúidí ardoideachais in Éirinn agus thar lear (lena n-áirítear an t-ionad den chéad scoth atá ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, don taighde agus don oideachas sa chibearchoireacht, sa chibearshlándáil agus san fhóiréinsic dhigiteach) agus as an saineolas atá ag cuideachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta atá lonnaithe in Éirinn. D'fheidhmeodh an t-ionad ar bhealach atá cosúil leis an dóigh a bhfeidhmíonn na hionaid atá á gcistiú ag Fiontraíocht Éireann agus ag GFT Éireann agus dhíreodh sé ar dtús ar thaighde agus ar thionscnaimh lena bhféadfaí luath-thorthaí a bhaint amach don Gharda Síochána. D'fhéadfaí rogha a thabhairt do chomhpháirtithe tionscail na táirgí a thráchtáil tar éis iad a imscaradh den chéad uair. Le himeacht ama, dhíreodh an t-ionad ar nuálaíocht fhadtéarmach a bhaint amach sa phóilíneacht.

CUID A 6

CULTÚR NUA PÓILÍNEACHTA

CAIBIDIL FICHE IS A DÓ CULTÚR NUA PÓILÍNEACHTA

FREAGRACHT POBAIL

1. Is sa tsochaí ina hiomláine nach mór tosú ar chultúr nua póilíneachta a fhorbairt. Ceann de threoirphrionsabail na tuarascála seo is ea nach ar na póilíní amháin atá an fhreagracht as an bpóilíneacht. Cé go bhfuil ról ríthábhachtach ar leith ag na póilíní, tá freagracht ar an bpobal ina iomláine freisin as sábháilteacht an phobail, as cosc na coireachta agus as cosc an dochair agus as a bheith soiléir faoi na nithe a bhfuil sé ag súil leo óna sheirbhís póilíní. Labhróimid faoi chultúr na seirbhíse póilíní í féin thíos, ach tá sé tábhachtach forbheathnú a thabhairt ar dtús ar an mór-chomhthéacs cultúrtha atá taobh thiar den phóilíneacht in Éirinn a bhunathrú chun feabhais.
2. Ní mór do na daoine ag an mbarr an t-athrú cultúrtha a stiúradh. Ar fud an rialtais, san Oireachtas agus ar leibhéal an Choimisiúin um Fhormhaoirseacht ar an bPóilíneacht agus ar Shábháilteacht an Phobail ar mholamar go mbunófaí é, ní mór a chur in iúl go soiléir arís agus arís eile gur freagracht chomhchoiteann í an phóilíneacht. Ciallaíonn sé sin go n-oibríonn gníomhaireachtaí leis na póilíní, agus go bhfuil sé soiléir go n-oibríonn siad le chéile, agus iad ag soláthar seirbhís phoiblí chomhchoiteann ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal áitiúil araon. Ciallaíonn freagracht chomhchoiteann ar leibhéal áitiúil go dtéitear i dteagmháil leis na póilíní agus go n-oibrítear i gcomhpháirt leo chun fadhbanna a réiteach – mar shampla, daoine atá i mbaol a shainaithint agus cur ina luí ar leanaí agus daoine óga gan dul i muinín na coireachta agus iad a chosaint uirthi. Ní gá glao a chur ar na póilíní le haghaidh idirghabháil forfheidhmithe dlí i ngach cás.
3. Thugamar faoi deara níos luaithe sa tuarascáil seo go bhfuil dlisteanacht na bpóilíní ag brath ar a mheas go bhfuil siad cothrom do gach duine. Má mheastar go gcaitheann siad ar bhealach difriúil le daoine saibhre nó cumhachtacha nó le cairde agus baill teaghlaigh dá gcuid – mar shampla, trí thús áite nó trócaire a thabhairt dóibh – cuirfean an dlisteanacht sin i mbaol. **Cé gur faoi na póilíní, ar ndóigh, atá sé a chinntiú go gcaitear go cothrom le gach duine, de réir an dlí agus de réir eitic ghairmiúil, níor cheart d'aon daoine eile bheith ag súil le cóir speisialta ó na póilíní ná cóir speisialta a iarraidh uathu.**

CULTÚR CEIRDE AGUS CULTÚR EAGRAÍOCHTA

4. Ní leagfaimid amach go mion anseo an raidhse litríochta atá ar fáil faoin gcultúr póilíní. Tá dhá ghné ann den chultúr póilíní – cultúr ceirde agus cultúr eagraíochta. Maidir leis an gcultúr ceirde póilíní, tá tréithe coiteanna aige i seirbhísí póilíní ar fud an domhain. Eascraíonn na tréithe sin as a bhfuil i gceist le hobair póilíní. Ar an taobh dearfach den scéal, áirítear leo fonn chun dualgais agus gairme, fonn chun freastal ar dhaoine agus chun an pobal a choinneáil sábháilte, agus dílseacht shláintiúil do chomhghleacaithe. Ar an taobh diúltach den scéal, tagann póilíní áirithe ar an gcreideamh gurb iadsan na haon daoine a thuigeann na nithe a bhfuil i gceist lena bpost; nach dtuigeann an pobal iad nó nach dtacaíonn sé leo; gurb iad póilíní eile na haon daoine ar féidir leo iontaobh a chur iontu; nach ann do chearta an duine ach chun tacú le ciontóirí; agus gur tábhachtaí dílseacht do chomhghleacaithe ná aon rud eile.
5. Os a choinne sin, tá an cultúr eagraíochta sainiúil don eagraíocht atá i gceist. Ní eascraíonn sé as a bhfuil i gceist le hobair póilíní agus, cé go bhféadfadh go mbeadh cosúlachtaí aige leis an gcultúr in eagraíochtaí eile, ní bhaineann na cosúlachtaí sin ar aon bhealach leis an bpóilíneacht. Is é lucht ceannaireachta agus bainistíochta na heagraíochta a choinníonn an cultúr eagraíochta. Ní féidir é a athrú gan an cheannaireacht sin.
6. I mí na Bealtaine 2018, foilsíodh na torthaí ar iniúchadh cultúir ar an nGarda Síochána, rud ar ghlac comhaltaí den tseirbhís póilíní mórfháirt ann. Tríd is tríd, bhí fionnachtana an staidéir sin ag teacht lenar fhionn an Coimisiún seo amach le linn ár bhfiosrúchán féin, lenar áiríodh ár gceistneoir ar thug 1,665 Gharda freagra air, agus le linn an lear cruinnithe a bhí againn le comhaltaí d’eagraíocht an Gharda Síochána, le heagraíochtaí comhpháirtíochta agus le grúpaí poiblí.
7. Fionnachtain dhearfach láidir ar thángthas uirthi san iniúchadh cultúir agus in obair an Choimisiúin seo ba ea go meastar gur bonnchloch na heagraíochta é an t-éiteas póilíneachta pobail atá i réim inti. Is ceart gur bonnchloch na heagraíochta é sin. Mar a thugamar faoi deara, tá an Garda Síochána ag streachailt le seirbhísí pobail túslíne a sholáthar ar bhealach a shásaíonn é féin agus an pobal araon. Rinneamar moltaí maidir le hacmhainní, maidir le struchtúr agus maidir le próisis bhainistíochta chun an méid sin a réiteach.
8. Le linn lear cuairteanna ar chomhaltaí ar gach leibhéal den tseirbhís póilíní agus le linn cruinnithe leo, chuaigh an fonn láidir chun dualgais agus seirbhíse poiblí atá orthu i bhfeidhm go mór orainn. Mar a bheifí ag súil leis in aon seirbhís póilíní, thugamar faoi deara freisin gurb ann do chomrádaíocht shláintiúil i measc foirne póilíní. Is dearfach atá cuid mhór gnéithe den chultúr póilíní, agus fuairamar amach gurb amhlaidh an scéal sa Garda Síochána. Molaimid an bród atá ar an nGarda Síochána as a bheith ina sheirbhís póilíní atá neamharmtha mar ghnás freisin.
9. Ar an taobh diúltach de, sainithníodh san iniúchadh cultúir na gnéithe is laige de chultúr an Gharda Síochána, lenar áiríodh an trédhearcacht, an chumarsáid agus “labhairt amach agus éagóracha a thuairisciú”. I measc na laigí suntasacha eile a sainithníodh bhí an cheannaireacht agus an bhainistíocht, an nuálaíocht, agus an oscailteacht d’athruithe. Tugadh faoi deara san iniúchadh go bhfuil an tuairim ann nach fíorthuilleamhlathas é an Garda Síochána agus go bhfuil fabhraíocht agus finíochas ag cur as dó. Cé gur tuairim choitianta é sin i measc seirbhísí póilíní, is rud é ar gá aghaidh a thabhairt air. Bhraith a lán Gardaí go bhfuil easpa iontaobhí ag an lucht bainistíochta sinsearaí iontu, rud atá le feiceáil sa chosc ar úsáid a bhaint as an ríomhphost agus as na meáin shóisialta.

- 10.** Tháinig gach ceann de na saincheisteanna sin chun cinn inár suirbhé agus le linn ár gcruinnithe leis na póilíní iad féin agus le breathnóirí seachtracha ar na póilíní. Fuaireamar amach arís agus arís eile gur bhraith Gardaí túslíne go bhfuil siad féin suite ag bun eagraíochta a chuireann barraíocht béime ar an ordlathas agus an maorlathas agus nach n-éisteann leo. Dúirt Garda amháin linn gur bhraith sé gur cheart éide scoile seachas éide póilíní a bheith air toisc gur chaith an eagraíocht leis mar leanbh. Féachadh ar an gceanncheathrú mar rud atá cianda agus neamhfhreagrúil, mar rud nach bhfuil a fhios aige cad atá ag tarlú agus mar rud a eisíonn teoracha ach nach dtugann tacaíocht láidir. Bunaithe ar na fionnachtana ón iniúchadh agus ónár suirbhé féin, ní ionann an eagraíocht ar aon chor agus an tseirbhís ghairmiúil ba mhaith linn, agus ba mhaith le formhór na nGardaí ar labhraíomar leo, a bheith ann.
- 11.** Thugamar faoi deara freisin go mbraitheann a lán póilíní go bhfuil siad scoite amach óna gceannairí sinsearacha agus ón bpobal i gcoitinne araon. Aisteach go leor, maidir le Gardaí a bhféachann orthu go príomha mar sheirbhís póilíneachta pobail, braitheann siad ag an am céanna go bhfuil siad scoite amach ón bpobal. Ceann de na cúiseanna leis sin is ea an iomad scéalta diúltacha faoin bpóilíneacht atá faoi thrácht ag na meáin le blianta beaga anuas, ar scéalta iad ar dá mbun a bunaíodh binsí agus fiosrúcháin (agus an Coimisiún seo, go méid áirithe). Rinneadh an scéal sin níos measa fós mar thoradh ar an mbrú ar acmhainní túslíne agus ar theip na bpóilíní na nithe a bhfuil an pobal ag súil leo uathu a sholáthar. Méadaíodh cosantacht na bpóilíní agus íslíodh a meanma mar thoradh ar na tosca sin freisin.
- 12.** Tá a lán moltaí déanta againn a thabharfaidh aghaidh ar na fadhbanna sin agus a chruthóidh cultúr póilíní níos sláintiúla. Áirítear leo sin bealaí chun an eagraíocht póilíní a spreagadh níos lú béime a chur ar an ordlathas, an nuálaíocht agus an tionscnaíocht áitiúil a chur chun cinn agus rannpháirtíocht a neartú le pobail áitiúla. Tá tionchar mór ag barrthroime na heagraíochta ar an gcultúr, toisc go gcothaíonn sí roinnt idir na daoine ag an mbarr agus daoine eile. Mar gheall ar ardhóimheas na mbainisteoirí sinsearacha sa Gharda Síochána, is údar iontais é go ndúradh linn a lán uaireanta le linn dúinn cuairt a thabhairt ar stáisiúin gurb annamh a fheictear oifigigh shinsearacha. Ba cheart don Choimisinéir barrthroime na heagraíochta a laghdú, mar a mholamar i gCaibidil a Seacht Déag, agus clár cuimsitheach forbartha ceannaireachta a thionscnamh chun cumarsáid níos fearr a bhunú le Gardaí túslíne agus chun tacaíocht níos fearr a thabhairt dóibh. Rinne lucht ceannaireachta sinsearaí na heagraíochta bearta ina leith sin cheana féin, mar shampla an cleachtadh ar ghlac 220 bainisteoir shinsearacha páirt ann le déanaí. Ba é aidhm an chleachtaidh sin a iniúchadh conas a d'fhéadfadh an lucht bainistíochta sinsearaí feabhsuithe a bhaint amach san eagraíocht i bhfianaise na ndúshlán atá roimh an nGarda Síochána agus i bhfianaise na saincheisteanna a sainaithníodh san iniúchadh cultúir. Tá an cleachtadh sin ina shampla den chineál comhrá inmheánaigh a bheidh ag teastáil má tá an eagraíocht chun athruithe a chur ar aghaidh agus chun acmhainneacht a fostaithe a bhaint amach. Déanaimid tuilleadh plé ar an ábhar sin i gCaibidil Fiche is a Trí.
- 13.** Beidh sé riachtanach cumarsáid inmheánach agus cumarsáid sheachtrach araon a fheabhsú má táthar chun an Garda Síochána a bhunathrú chun feabhais, agus ní mór do na daoine ag an mbarr an obair sin a stiúradh. Le linn dúinn cuairt a thabhairt ar stáisiúin, dúirt pearsana den Gharda Síochána linn roinnt uaireanta gur rómhínic a eisítear cumarsáidí inmheánacha i bhfoirm treoirchiorclán casta ar chóras inlín na heagraíochta (agus go dtagraítear i roinnt díobh do chiorcláin roimhe). Ní bealach éifeachtach é sin chun cumarsáid a dhéanamh, go háirithe in eagraíocht a bhfuil ualach róthrom páipéarachais uirthi cheana féin. Ba cheart cumarsáidí inmheánacha tábhachtacha a fhorlíonadh trí chruinnithe faisnéise díreacha eagraithe atá faoi stiúir ag pearsana sinsearacha a réachtáil ionas gur féidir na croítheachtaireachtaí a thuiscint agus ceisteanna a chur ina leith.

- 14.** Cabhróidh straitéis earcaíochta lena gcothaítear tuilleadh éagsúlachta, faoi mar a moladh i gCaibidil a Naoi Déag, le cultúr eagraíochta na seirbhíse póilíní a athrú. Bainfear an t-athrú sin amach freisin trí líon méadaitheach pearsan nach bhfuil faoi mhionn a chuimsiú i bhfórsa saothair aonair in éineacht lena gcomhghleacaithe faoi mhionn.
- 15.** Dá mbeadh cultúr oscailte nach bhfuil chomh hordlathach céanna ann, ba cheart go mbraithfeadh gach comhalta den eagraíocht – idir chomhaltaí faoi mhionn agus chomhaltaí nach bhfuil faoi mhionn – go bhfuil de chumhacht agus de mhisneach acu labhairt amach nuair a bhíonn ábhair inní nó smaointe acu.

AN PHÓILÍNEACHT MAR GHAIRM

- 16.** Creidimid go láidir gur cheart breathnú ar an bpóilíneacht mar ghairm. Tá níos mó i gceist léi ná post. Ina theannta sin, ba cheart cultúr gairmiúlachta a bheith i réim sa tseirbhís póilíní. Ba chúis áthais dúinn gur chuir a lán Gardaí agus comhlachas foirne an tuairim sin in iúl dúinn agus nárbh é an lucht bainistíochta amháin a bhí den tuairim sin, mar a tharlaíonn uaireanta i measc eagraíochtaí póilíní.

AN PHÓILÍNEACHT MAR GHAIRM

PRÍOMH-SHAINTRÉITHE

- › Tiomantas do sheirbhís pobail ar ardchaighdeán a sholáthar,
- › Comhlíonadh caighdeán ó thaobh eitice, chearta an duine agus soláthar seirbhíse de,
- › Cuntasacht d'oifigigh uachtaracha ar bhonn inmheánach agus do chustaiméirí ar bhonn seachtrach,
- › Inniúlacht sa phóilíneacht agus corp eolais ar an bpóilíneacht, rud a fhorbraítear agus a thugtar cothrom le dáta go leanúnach,
- › Saineolas cuí i ngach post laistigh den tseirbhís, idir phoist faoi mhionn agus phoist nach bhfuil faoi mhionn,
- › Meas ar gach comhalta de thairbhe na ról ar leith a chomhlíonann siad,
- › Tiomantas d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach,
- › Bród as an tseirbhís,
- › Cumhachtaítear gach pearsa, idir phearsana faoi mhionn agus phearsana nach bhfuil faoi mhionn, smaointe a chur in iúl chun seirbhísí a fheabhsú.

- 17.** Tá céimeanna ag earcaigh chuig an nGarda Síochána cheana féin nó gnóthaíonn siad cáilíocht choibhéiseach ón mbonnchúrsa. Má chomhlíontar ár moltaí go mbeadh ról méadaithe ag institiúidí ardoideachais sa phróiseas oiliúna, is amhlaidh go méadófar gairmiúlacht sa tseirbhís. Bainfear an toradh céanna amach má thugtar scileanna comhaltaí cothrom le dáta, nó má thugtar scileanna nua dóibh, tríd an bhfoghlaim inseirbhíse agus trí bhéim nua a chur ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach.
- 18.** Teastaíonn ó gach gairm caighdeán ó thaobh iompraíocht eiticiúil ghairmiúil de agus ó thaobh soláthar seirbhíse de araon. Ba cheart do chustaiméirí – an pobal, íospartaigh, gearánaigh, comhghleacaithe seirbhíse poiblí – bheith ar an eolas faoi na nithe a bhfuil siad i dteideal a bheith ag súil leo ó na póilíní. Tá an Cód Eitice ina chéim ríthábhachtach chun tosaigh agus ba cheart do dhaoine ar gach leibhéal den eagraíocht glacadh leis. Mholamar go ndéanfadh an Coimisiún nua um Fhormhaoirseacht ar an bPóilíneacht agus ar Shábháilteacht an Phobail caighdeán ghairmiúla phóilíneachta a thagarmharcáil.

D'áitíomar freisin gur cheart don Gharda Síochána feabhas a chur ar a chumarsáid sheachtrach le pobail, le híospartaigh, le gearánaigh agus le daoine eile. Go háirithe, mholamar go n-oibreodh na póilíní le Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas chun an dualgas earnála poiblí a chur ar aghaidh i ngach gné den phóilíneacht. Ina theannta sin, ní hé amháin go rachaidh an trédhearcacht chun tairbhe do sheirbhís ghairmiúil, ach cabhróidh sí le hiontaoibh a chothú as an tseirbhís sin freisin. **Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar stádas reatha an Gharda Síochána faoin reachtaíocht Saorála Faisnéise chun a chinneadh cé acu ba cheart nó nár cheart rochtain a leathnú ar an bhfaisnéis atá i seilbh na heagraíochta.**

19. Ní mór an nuálaíocht agus an tionscnaíocht a chur chun cinn i ngach gairm. Ní mór cleachtais nua a fhorbairt chun freagairt do dhúshlán nua nó chun freagairt ar bhealach níos fearr do dhúshlán a bhí ann cheana. Ní mór na cleachtais sin a bheith fianaisebhunaithe. Cé go bhfuil ról le himirt ag an iomas, baineann ríthábhacht le sonraí a thairbhíocht go cruinn agus a anailísiú go dian agus le meastóireacht chúil a dhéanamh ar na torthaí ó thionscnaimh nua.
20. Tá **bainistíocht feidhmíochta** ríthábhachtach i ngach eagraíocht ghairmiúil agus tá tionchar láidir aici ar an gcultúr inmheánach. Ba as drochbhainistíocht inmheánach a tháinig roinnt de na fadhbanna dea-phoiblíthe sa Gharda Síochána agus i rannóga póilíní eile ar fud an domhain san am atá thart. Níor cheart bainistíocht feidhmíochta a dhéanamh i bhfoirm agallamh measúnaithe a dhéantar uair nó dhó sa bhliain. Is gá gur próiseas leanúnach í ina ndéantar maoirseacht agus plé, ina ndéantar faireachán ar spriocanna agus ina dtugtar treoir. Beidh sé riachtanach cur chuige den sórt sin i leith bainistíocht feidhmíochta a fhorbairt ionas gur féidir an cur chuige athchóirithe i leith araíonachta agus gearán a mholaimid i gCaibidil a Ceathair Déag a shaothrú. Is ríthábhachtach atá an moladh a rinneamar i gCaibidil a Seacht Déag gur cheart tuilleadh sáirsintí agus cigirí a imlonnú chuig na ceantair. Is ríthábhachtach freisin go ndéantar maoirseacht ghníomhach ar gach leibhéal.
21. Rud a chuimsíonn gach ceann de na gnéithe atá i gceist leis an ngairmiúlacht is ea **cultúr feabhais leanúnaigh agus nuálaíochta leanúnaí**. Ba cheart an cultúr sin a chothú mar leit móitíf sa tseirbhís póilíní agus i measc a pearsan aonair uile, idir iad sin faoi mhionn agus iad sin nach bhfuil faoi mhionn. Aon seirbhís póilíní don todhchaí, ní mór di bheith oiriúnaitheach, smaointe nua a fhorbairt, foghlaim ó eagraíochtaí eile, a dícheall a dhéanamh i ngach cás agus dul ar lorg bealaí níos fearr i gcónaí chun freastal ar an bpobal agus chun dúshlán atá ag teacht chun cinn a réamh-mheas.

CAIBIDIL FICHE IS A TRÍ

MEAS A THABHAIRT DO BHAILL FOIRNE AN GHARDA SÍOCHÁNA

1. Téann an bealach a chaitheann an eagraíocht lena baill foirne féin i bhfeidhm ar gach cultúr eagraíochta. Is gá don Gharda Síochána feabhas suntasach a chur ar a fheidhmíocht ina leith sin. Tá a lán gnéithe den obair póilíní spésiúil, dúshlánach ar bhealach dearfach agus fiúntach. Mar sin féin, meastar, tríd is tríd, gurb ísle an mheanma anois ná riamh. Cé go bhfuil pearsana faoi mhionn agus pearsana nach bhfuil faoi mhionn araon an-tiomanta don mhisean uasal atá ag an nGarda Síochána chun freastal ar an bpobal agus gur mór acu an chomrádaíocht atá acu lena gcomhghleacaithe, is amhlaidh go gcuireann a lán gnéithe den timpeallacht oibre laghmhisneach orthu.
2. Tá cuid mhór cúiseanna ann leis sin. Labhraíomar cheana féin faoin scoiteacht a bhraitheann póilíní túslíne a bheith ann idir iad féin agus an cheanncheathrú agus oifigh shinsearacha, agus aird ar leith á tabhairt acu ar an droch-chumarsáid inmheánach agus ar an easpa tacaíochta a thugtar dóibh. Labhraíomar freisin faoin easpa oiliúna a thugtar do na póilíní a luaithe a earcaítear iad. Rinneamar moltaí chun aghaidh a thabhairt ar na nithe sin.
3. **Geall le gach comhalta den tseirbhís póilíní a ndeachamar i gcomhairle leo, dúirt siad linn nach bhfuil an t-uainchlár oiriúnach don fheidhm agus go bhfuil sé dochrach d'fholláine comhaltaí den tseirbhís. Ba cheart an fhadhb sin a bheith réitithe tamall fada ó shin.** Mar sin, ba cheart í a réiteach láithreach. I measc na gcúiseanna eile leis an meanma íseal tá na fadhbanna seanbhunaithe le héidí; an teicneolaíocht faisnéise atá as dáta nó an easpa teicneolaíochta faisnéise atá ar fáil; na próisis neamhéifeachtúla oibre; na bacainní ar chomhaltaí túslíne a chumasú a dtionscnamh féin a úsáid; agus an cultúr atá i réim nach dtugann muinín do dhaoine “labhairt amach” go fóill.
4. Réimse eile ar cosúil go ndearna an Garda Síochána faillí ann is ea an fholláine. Tá dea-fhostóirí, seirbhísí póilíní ina measc, i ngach áit ag tabhairt aird mhéadaitheach ar an bhfolláine le blianta fada anuas. Cé go bhfuil oifig leasa ag an nGarda Síochána, níl clár réamhghníomhach folláine i bhfeidhm aige faoi láthair. Tuigimid go bhfuil ceann á fhorbairt, áfach. **Molaimid go gcuirfí cistiú tiomnaithe ar fáil ionas gur féidir clár folláine a réachtáil agus cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh i leith fholláine gach pearsan de chuid an Gharda Síochána, idir phearsana faoi mhionn agus phearsana nach bhfuil faoi mhionn.** Ní hé amháin go dtacódh sé le baill foirne déileáil leis an strus a eascraíonn go díreach as a gcuid oibre, ba cheart don chlár cúnamh a thabhairt do bhaill foirne a bhfuil fadhbanna pearsanta acu freisin.
5. Tá an phóilíneacht an-strusmar mar phost. Bíonn an post trámach uaireanta, mar shampla nuair a fhreastalaíonn póilín ar dhrochthaisme ar bhóithre nó ar láthair choire nó nuair a oibríonn sé ar chás a bhaineann le mí-úsáid leanaí. Éilíonn seirbhísí póilíní áirithe go ndéantar comhairleoireacht éigeantach i gcásanna den sórt sin agus molaimid go ndéanfadh an Garda Síochána breithniú ar a leithéid de rud a thabhairt isteach. Ina theannta sin, ba cheart don tseirbhís leasa sách acmhainní a bheith aici chun a chinntiú go mbíonn mioncheistiú tráthúil ar fáil ar bhonn córasach dóibh sin a iarrann é.

“Is breá liom a bheith i mo Gharda. Sin é. Shábháil mé beathaí agus rinne mé difríocht a lán uaireanta. Ghortaigh mé daoine, gortaíodh mé féin, d'éirigh liom agus theip orm – sa phost seo, bhí eispéireas agam nach samhlóinn riamh agus d'fhoghlaim mé níos mó fúmsa féin ná mar a cheapfainn riamh.”

Comhalta ar seirbhís den Gharda Síochána

6. Tá raon leathan modhanna ar fáil don lucht bainistíochta chun inspreagadh agus meanma a fheabhsú. Tá achoimre déanta orthu sin sa chreat ar an gcéad leathanach eile. Bhaineamar úsáid as an gcreat sin chun measúnú a dhéanamh ar shonraí ón gcomhairliúchán agus ón suirbhé a rinneamar le baill foirne an Gharda Síochána. Bhí ár bhfionnachtana ag teacht, tríd is tríd, leo sin ón iniúchadh cultúir a rinneadh le déanaí, rud a léiríonn go soiléir a thábhachtaí atá na tosca sin maidir le meanma. Léirítear sna sonraí go bhfuiltear den tuairim gur theip ar lucht ceannaireachta agus bainistíochta an Gharda Síochána go dtí seo leas a bhaint as na huirlisí atá ar fáil dóibh chun daoine a inspreagadh agus meanma a ardú. Ba cheart na fadhbanna leis an uainchlár agus le héidí a bheith réitithe blianta ó shin. Níor cheart an oiliúint in inniúlachtaí riachtanacha, amhail imscrúdú na coireachta, a chur ar fionraí riamh. Is mó i bhfad an líon deiseanna atá ann le haghaidh forbairt ghairmiúil agus forbairt phearsanta sa phóilíneacht ná i bhformhór na ngairmeacha eile. Mar sin féin, níl aon iontaoibh ann sa chur chuige a ghlactar i leith dul chun cinn gairme agus tá dearcadh forleathan ann nach n-éisteann an lucht ceannaireachta lena fhostaithe agus nach bhfuil meas aige orthu. Fianaise air sin is ea na sleachta ar an leathanach seo a chuir comhaltaí den Gharda Síochána in iúl dúinn le linn ár bpróisis chomhairliúcháin.
7. Cé go mbainfear tairbhe mhór as clár cuimsitheach folláine, beidh rannpháirtíocht ón lucht ceannaireachta agus bainistíochta ag teastáil go fóill. Is gá dóibh luachanna na heagraíochta a ghlacadh chucu féin, spreagadh a thabhairt do gach fostaí le dea-shampla agus fuinneamh a chur sa lucht túslíne. **Ba cheart dul i ngleic mar ábhar práinne le fadhbanna seanbhunaithe a théann i bhfeidhm ar dhálaí oibre ar an túslíne, mar shampla uainchláir agus éidí.**
8. Saincheist eile is ea an cothromas ó thaobh liúntas de. San athbhreithniú ar liúntais a mholaimid i gCaibidil Fiche is a Cúig, ba cheart aird a thabhairt ar ár moladh go measfaí gur cuid d'fhórsa saothair aonair iad gach pearsa faoi mhionn agus gach pearsa nach bhfuil faoi mhionn. Mar sin, bheifí ag súil leis go mbeadh an liúntas taistil, mar shampla, mar an gcéanna dóibh araon, cé nach mar sin atá faoi láthair.
9. Luamar níos luaithe gur gá smaointe i leith an fheabhais a spreagadh agus a chomhroinnt ar mhaithe le cultúr nuálach oiriúnaitheach a fhorbairt. Baineann saincheist na meanman le hábhar anseo freisin. Ina lán cuairteanna a thug an Coimisiún ar an láthair, chuir Gardaí frustrachas in iúl gurb amhlaidh, maidir le smaointe ó na gnáthchomhaltaí, gur minic a chuirtear faoi chois iad, a thugtar neamhaird orthu nó a chuirtear go láidir ina gcoinne, fiú. **Ní mór don Gharda Síochána “sábháilteacht shíceolaíoch” a chothú – ar timpeallacht í ina mbraitheann daoine ar gach leibhéal den eagraíocht gur féidir leo smaointe a chomhroinnt faoi aon dúshláin, aon deiseanna agus aon fadhbanna atá ann agus faoi shaincheisteanna de gach cineál, gan aon bhaol go n-imreofaí díoltas orthu nó go n-imeallófaí iad dá bharr sin.** Ní mór do na daoine ag barr na heagraíochta an cultúr nua sin a thionscnamh agus ní mór é a leabú ar gach leibhéal.

Cad é an rud is tábhachtaí duit i do phost?

“Is iad an luach saothair agus an chinnteacht phoist na rudaí is tábhachtaí dom anois. Ba iad na rudaí is tábhachtaí dom roimhe seo ná an obair foirne, an bród, agus an creideamh gurbh fhórsa saothair cumasach, éifeachtach agus feidhmiúil sinn.”

“Ba ghnách liom an-taitneamh a bhaint as cúnamh a thabhairt do dhaoine. Anois, táim faoi strus agus is ar mhaithe leis an airgead amháin atáim anseo.”

Comhaltaí ar seirbhís den Gharda Síochána

LUAMHÁIN CHUN INSPREAGADH AGUS MEANMA A FHEABHSÚ



MISEAN

- Tá cuspóir inspioráideach uasal agus ról bríoch ag an eagraíocht sa tsochaí.



CEANNAIREACHT AGUS BAINISTÍOCHT

- Tá próisis bhainistíochta chúí i bhfeidhm.
- Tá muintín ann as inniúlacht an lucht bainistíochta.
- Tá iontaoibh ann as an lucht bainistíochta.



OBAIR

- Tá éagsúlacht ag baint leis an obair.
- Baintear leas as cumas na bhfostaithe.
- Tá freagracht dhéabhlóidithe ann.
- Tá próisis stuama i bhfeidhm.
- Tugtar deis d'fhostaithe machnamh a dhéanamh agus athghrúpáil.



TEICNEOLAÍOCHT, CRÍOCH AGUS AM

- Tá an timpeallacht nua-aimseartha agus tá sí oiriúnach don fhórsa saothair (lena n-áirítear TFC, leagan amach na hoifige, sealanna oibre, uainchláir agus éidí).



TUAIMÍ FOSTAITHE

- Tá sábháilteacht shíceolaíoch ann chun labhairt amach, rud a spreagtar trí nochtadh oscailte, trí shuirbhéanna ar fhostaithe agus trí rannpháirtíocht le fostaithe.



LUACH SAOTHAIR AGUS AITHEANTAS

- Tugtar luach saothair agus aitheantas d'fhostaithe i leith a gcuid oibre.
- Tugtar luach saothair ábhartha dóibh trí phá agus pinsean, tugtar luach saothair siombalach dóibh trí iad a roghnú chun ionadaíocht a dhéanamh don eagraíocht, agus tugtar aitheantas dóibh trína gcuid oibre a aithint agus buíochas a ghabháil leo as an obair sin.



GNÉ SHÓISIALTA DHEARFACH

- Tá fostaithe in ann dea-chothromaíocht oibre is saoil a choimeád.
- Cruthaítear ceangail shóisialta.
- Cothaítear comrádaíocht san áit oibre.



FOLLÁINE

- Leagtar ríthábhacht ar thacaíocht a thabhairt d'fholláine fostaithe.
- Tugtar aird ar shláinte agus sábháilteacht, ar shláinte mheabhrach agus fhisiciúil, ar strus, ar dhálaí oibre agus ar fhadhbanna airgid.



FORBAIRT, FÁS AGUS DUL CHUN CINN

- Tá córais chúí bhainistíochta feidhmíochta i bhfeidhm.
- Tá córas dea-dheartha ardú céime i bhfeidhm.
- Tugtar rochtain ar an oiliúint agus ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach.
- Tá deiseanna dul chun cinn gairme ar fáil.



NÓSANNA IMEACHTA GEARÁIN AGUS ARAÍONACHTA

- Tá próisis shoiléire chothroma ghearáin agus araíonachta i bhfeidhm.
- Déileáiltear le tearcfheidhmíocht.



CUIRTEAR LUACHANNA AGUS EITIC I bhFEIDHM SA CHLEACHTAS

- Níl aon bhearnaí ann idir na luachanna agus an éitic a chuirtear chun cinn agus iad sin a chuirtear i bhfeidhm.
- Déantar beart de réir briathair i gcónaí.
- Tá córais ar chomhréim le luachanna.



CÁIL

- Tá ard-mheas ar an eagraíocht.
- Tá bród ar fhostaithe as a bheith ag obair don eagraíocht.
- Clúdaítear obair na heagraíochta ar bhealach fabhrach sna meáin.

Tá cuid mhór samhlaigh agus creataí difriúla i bhfeidhm le haghaidh inspreamhadh, meanma agus táirgiúlacht an fhórsa saothair a fheabhsú. Níl sna nithe thuas ach roinnt de na príomhluamháin ar gnéithe coitianta iad de na samhlaigh éagsúla a shaothraítear chun ardleibhéil folláine foirne a bhaint amach laistigh d'eagraíocht.

CUID A 7

TODHCHAÍ FHADTÉARMACH NA PÓILÍNEACHTA IN ÉIRINN

CAIBIDIL FICHE IS A CEATHAIR EAGRAÍOCHT PÓILÍNÍ OIRIÚNAITHEACH DON TODHCHAÍ

1. Mar Choimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn, dhíríomar ar fud na tuarascála seo ar na bunathruithe chun feabhais lena gcumasófar don Gharda Síochána a bheith ina eagraíocht oiriúnaitheach atá in ann freagairt d'athruithe, nó athruithe a réamh-mheas, sa dóigh a mbeidh sé riachtanach an phóilíneacht a sholáthar sna blianta atá amach romhainn. Agus iad curtha chun feidhme, is é an toradh a bheidh ar ár moltaí go mbeidh cumhachtaí mar fhíor-phríomhfheidhmeannach ag an gCoimisinéir agus go mbeidh sé in ann athruithe a stiúradh agus a bhainistiú. Beifear in ann foireann ceannaireachta atá láidir agus cáilithe go cuí a bhunú, rud a bheidh comhdhéanta de phearsana faoi mhionn agus pearsana nach bhfuil faoi mhionn a roghnófar mar gheall ar an saineolas atá acu agus de dhaoine a earcófar ó áiteanna lasmuigh den eagraíocht. Cothófar cultúr gairmiúlachta agus feabhais leanúnaigh, rud a thosóidh san oiliúint earcach agus a leanfaidh ar aghaidh ar fud ghairm na ndaoine uile sa Gharda Síochána, idir chomhaltaí faoi mhionn agus chomhaltaí nach bhfuil faoi mhionn, a mbeidh gach duine díobh ina lánchomhalta de sheirbhís aonair. Déanfar mórathrú sa dóigh a ndéanann na póilíní faisnéis a bhainistiú, a chomhroinnt agus a anailísiú agus bunófar sonraí mar shócmhainn straitéiseach don phóilíneacht. Cruthófar seirbhís póilíní a n-éiríonn go maith léi cearta an duine a chosaint agus a sheasamh do gach duine sa Stát, ar seirbhís í a oibríonn i ndlúth-chomhpháirt le seirbhísí poiblí eile, le heagraíochtaí pobail agus leis an earnáil phríobháideach agus a choinníonn iad ar an eolas agus a chuireann ar a gcumas obair níos fearr lena chéile. Ar deireadh, toradh eile a bheidh ar chur chun feidhme ár moltaí is ea go n-aithneofar go soiléir ar fud an rialtais, ar gach leibhéal, agus sna comhlachtaí formhaoirseachta póilíneachta gur freagracht chomhchoiteann í an phóilíneacht in Éirinn.
2. A bhuí leis an méid sin ar fad, beidh dea-chumas ag an tseirbhís póilíní í féin a oiriúnú do na hathruithe a thiocfaidh ar an saol in Éirinn thar na blianta atá le teacht. Cé nach féidir cuid mhór de na hathruithe sin a thuar, is féidir a bheith ag súil cheana féin le roinnt mórathruithe a rachaidh i bhfeidhm ar an bpóilíneacht thar an gcéad ghlúin eile. Mar shampla, tá sé tuartha go méadóidh daonra na tíre ó 4.8 milliún duine faoi láthair go thart ar 6 mhilliún duine sa bhliain 2040 – rud is cothrom le méadú 25% ar an daonra laistigh de bheagán os cionn 20 bliain. Mar a tugadh faoi deara níos luaithe sa tuarascáil seo, mhéadaigh an daonra faoi 31% san 20 bliain seo a chuaigh thart.
3. Tiocfaidh athrú ar chomhdhéanamh an daonra freisin. Tá sé réamh-mheasta ag an bPríomh-Oifig Staidrimh gur mó daoine scothaosta ná daoine óga sa tír ón mbliain 2036 amach. Beidh geall le haon cheathrú den daonra os cionn 65 bliana d'aois sna 2040í,

suas ó 16% faoi láthair. Beidh breis agus a thrí oiread daoine os cionn 80 bliain d’aois, agus 475,000 duine díobh sa tír. Tá méideanna teaghlaigh ag dul i laghad le blianta anuas agus tá seans ann go leanfaidh siad ag dul i laghad. Tá teaghlaigh níos scaipthe anois agus tá seans ann, de bharr athruithe stíl mhaireachtála agus athruithe geilleagracha, go leanfaidh an treocht sin freisin. Cé gur ghnách do dhaoine in Éirinn cónaí i dtithe seachas in árasáin san am atá thart, tá an scéal sin ag athrú anois mar thoradh ar an déimeagrafaic athraitheach agus mar thoradh ar ghéarchéim na tithíochta agus na heaspa dídine nach bhfuil aon chosúlacht ann go dtiocfaidh maolú uirthi. Mura n-athraíonn sé sin, is dóigh go gcónóidh sciar suntasach de dhaoine leo féin. D’fhéadfadh go mbeadh siad níos soghonta dá bharr sin freisin.

4. Tá déimeagrafaic na hÉireann ag athrú cheana féin de bharr patrúin inimirce. Ní ionann príomhthíortha tionscnaimh na n-inimirceach sa lá atá inniu ann agus iad sin san am atá thart. De réir Dhaonáireamh 2016, tagann an grúpa is mó cónaitheoirí a rugadh thar lear ón bPolainn anois (atá díreach roimh an Ríocht Aontaithe, a bhí ar an bpríomhthír thionscnaimh le blianta fada roimhe seo). Ina dhiaidh sin, is ón Liotuáin, ón Rómáin, ón Laitvia agus ón mBrasaíl a thagann na pobail is mó imirceach. Tá an grúpa tíortha sin an-difriúil leis an ngrúpa tíortha ónar tháinig formhór na n-inimirceach san am atá thart. Mar shampla, cé go raibh na Stáit Aontaithe sa dara háit ar an liosta sa bhliain 2002 agus sa cheathrú háit sa bhliain 2006, níl an tír i measc na 10 bpríomhthír thionscnaimh anois.
5. Tugadh faoi deara i dtuarascáil Dhaonáireamh 2016 gurb iad na daoine ó na cúig thír atá liostaithe thuas, i dteannta daoine ón tSín (ar tháinig méadú 17% ar a líon idir Daonáireamh 2011 agus Daonáireamh 2016) agus daoine ón Afganastáin (ar tháinig méadú 212% ar a líon idir an dá Dhaonáireamh), na grúpaí ag a bhfuil an céatadán is airde ball nach bhfuil Béarla maith acu nó nach bhfuil aon Bhéarla acu. Cruthaíonn sé sin dúshlán dóibh agus iad ag iarraidh imeascadh go maith isteach i sochaí na hÉireann agus cruthaíonn sé dúshlán do na póilíní agus iad ag iarraidh obair lena bpobail. Tá seans ann nach bhfuil claonadh ag imircigh áirithe iontaoibh a chur sna póilíní agus go mbeidh siad níos soghonta dá dteacht i dtír go dtí go mbeidh siad in ann déanamh amhlaidh.
6. Sa Chreat Náisiúnta Pleanála dar teideal “Éire 2040 – Ár bPlean”, a d’fhoilsigh an Rialtas i mí Feabhra 2018, leagtar amach straitéis uailmhianach le haghaidh forbairt ar fud na tíre ionas gur féidir freastal ar an méadú mór a meastar go dtiocfaidh sé ar an daonra thar an gcéad 20 bliain eile. Beartaítear sa Plean gurb amhlaidh, cé go leanfaidh Baile Átha Cliath ag fás, gur i limistéir uirbeacha eile ba cheart sciar suntasach den fhás daonra, de na poist nua, den fhorbairt chónaithe, de na scoileanna agus de na seirbhísí leighis a sholáthar. Beartaítear go dtiocfaidh fás 50% ar Chorcaigh, ar Luimneach, ar Ghailimh agus ar Phort Láirge faoin mbliain 2040, ar ráta é atá dhá uair níos tapa ná a ráta fáis sna 25 bliana seo a chuaigh thart.
7. A leithéid de bhunathrú uailmhianach chun feabhais ar an tír, maidir leis an líon daoine agus forbairtí agus maidir le dáileadh na ndaoine agus na bhforbairtí sin araon, beidh impleachtaí aige don phóilíneacht. Gan amhras, tiocfaidh cur isteach agus easáitiú sealadach as fás uirbeach den scála a bheartaítear agus beidh sé riachtanach na nithe sin a bhainistiú. Tiocfaidh patrúin nua tráchta chun cinn. Beidh sé riachtanach aird a thabhairt ar an tslándáil nuair a bhíonn spásanna poiblí agus áiteanna cruinnithe á bpleanáil. Is féidir le dea-phleanáil uirbeach cabhrú le laghdú a dhéanamh ar an gcoireacht, ar an iompraíocht fhrithshóisialta agus ar bhagairtí ar shábháilteacht an phobail agus ar an ord poiblí. Beidh tionchar ag plean Éire 2040 ar limistéir thuaithe freisin agus beidh impleachtaí ann don phóilíneacht sna limistéir sin dá bharr. **Molaimid go dtabharfaí ról, le héifeacht láithreach, do na póilíní agus do ghníomhaireachtaí ábhartha shábháilteacht an phobail sa phróiseas idir-rialtasach atá ar bun chun an Creat Náisiúnta Pleanála a chur ar aghaidh.**⁸⁰

80 Rialtas na hÉireann: Éire 2040 - An Tionscadal: An Creat Náisiúnta Pleanála (Iúil 2018).

9. Leagamar béim níos luaithe sa tuarascáil seo ar a thábhachtaí atá comhpháirtíochtaí idir na póilíní agus gníomhaireachtaí poiblí eile maidir le cosaint a thabhairt do dhaoine soghonta. Beidh na comhpháirtíochtaí sin níos tábhachtaí fós de réir mar a athraíonn an tír. Mar aon leis an bhfás tapa ar aosú an daonra agus leis na pobail inimirceach nua atá luaite thuas, is gá dúinn a aithint go rachaidh an t-athrú geilleagrach chun aimhleasa tionscal, pobal agus daoine aonair áirithe a mbeidh deacracht acu iad féin a chur in oiriúint don athrú. D'fhéadfadh an t-athrú aeráide a bheith ina chúis le cur isteach freisin, go háirithe i bpobail talmhaíochta. Beidh straitéisí comhordaithe idirghníomhaireachta ag teastáil chun déileáil leis na saincheisteanna beartais a thiocfaidh as forbairtí geilleagracha agus comhshaoil.
10. Agus é seo á scríobh, níl sé cinnte go fóill cén caidreamh a bheidh ag an Ríocht Aontaithe amach anseo leis an Aontas Eorpach agus, dá réir sin, le hÉirinn. D'fhéadfadh an "Breaitimeacht" dúshláin mhóra a chruthú don phóilíneacht in Éirinn, mar gheall ar an teorainn le Tuaisceart Éireann thar aon rud eile. Táthar ag súil nach ndéanfaidh sé aon difear do réimse ríthábhachtach an chomhair shlándála laistigh den Eoraip agus lasmuigh di araon. Beidh ar an nGarda Síochána bheith ullamh d'aon impleachtaí agus dúshláin a d'fhéadfadh teacht chun cinn don phóilíneacht.
11. B'amaideach dúinn tuairimíocht a dhéanamh faoi na forbairtí teicneolaíochta a thiocfaidh chun cinn thar an gcéad fhiche bliain eile. Tá seans maith ann go mbeidh feithiclí uathrialaitheacha ar na bóithre le linn na tréimhse sin, mar shampla. Tá póilíní i ndlínsí eile ag baint úsáid éifeachtach as ladraínn cheana féin agus beidh siad sin níos coitianta fós. Baintear úsáid astu, mar shampla, chun freagairt go tapa do ghlaonna éigeandála, chun grianghraif a ghlacadh de láithreacha coire nó tráchta sular féidir leis na póilíní iad a bhaint amach i bpearsa agus chun feasacht ar an staid a thabhairt le linn teagmhais ghabhála giall. Beidh ceisteanna praiticiúla agus ceisteanna eiticiúla araon le freagairt ag na póilíní maidir leis an intleacht shaorga. Amhail i gcás gairmeacha eile, is amhlaidh amach anseo gur le meaisíní a dhéanfar roinnt feidhmeanna a dhéanann pearsana de chuid na seirbhíse póilíní faoi láthair. Beidh sé riachtanach dul i mbun díospóireacht náisiúnta agus idirnáisiúnta ar na saincheisteanna príobháideachta a thiocfaidh as na forbairtí sin, ar díospóireacht í nach mbainfidh leis an bpóilíneacht amháin.
12. Ní daoine fáistine sinne. Is eol dúinn go maith, dá mbeadh an obair seo á déanamh againn 20 bliain ó shin, nó 15 bliana ó shin, fiú, nach mbeimis ag súil ar chor ar bith leis na meáin shóisialta, ar rud é a bhfuil tionchar ollmhór aige ar an bpóilíneacht agus geall le gach rud eile anois. Is é an rud atá tábhachtach go gcoinneoidh an Garda Síochána suas le forbairtí teicneolaíochta agus leis na bagairtí agus na deiseanna a ghabhann leo ó thaobh na póilíneachta de.
13. **Molaimid go mbeadh aonad tiomnaithe ann laistigh den Gharda Síochána a bhfuil de chúram air dúshláin amach anseo a shainnithint.** D'fhéadfadh baint a bheith aige sin leis an acmhainn anailísíochta sonraí a pléadh níos luaithe. Nílimid ag iarraidh struchtúr an aonaid sin a leagan síos. Is é an aidhm atá leis, áfach, go mbeidh grúpa beag ann a mbeidh de chúram air smaoineamh faoi na riachtanais phóilíneachta a d'fhéadfadh bheith ann amach anseo, bíodh sé sin sa ghearrthéarma nó sa mheántéarma, agus faoin dóigh ar cheart daoine a ullmhú, a fheistiú agus a oiliúint chun freastal ar na riachtanais sin. D'fhéadfadh aonad den sórt sin obair go dlúth le hinstiúidí ardoideachais, le meithleacha machnaimh agus le comhlachtaí idirnáisiúnta, lena n-áirítear seirbhísí nó eagraíochtaí póilíní idirnáisiúnta, chun freagairtí phóilíneachta níos fearr a fhorbairt agus chun dúshláin nua a réamh-mheas. Is seirbhís póilíní mhór é an Garda Síochána i gcomparáid leo sin i ndlínsí eile dlí choitinn, áit a bhfuil sé mar ghnás acu rannóga póilíní réigiúnacha nó cathrach a reáchtáil in áit gníomhaireacht náisiúnta aonair. Is féidir leis an nGarda Síochána, agus ba cheart dó, bheith ar thús cadhnaíochta na smaointeoireachta sa phóilíneacht.

CUID A 8

LUACH AR AIRGEAD

CAIBIDIL FICHE IS A CÚIG LUACH AR AIRGEAD AGUS BARAINNEACHTAÍ SA PHÓILÍNEACTH

1. Ba é an cúram a bhí orainn a mholadh cén dóigh ar cheart an phóilíneacht in Éirinn a eagrú ionas gur féidir í a sholáthar ar bhealach níos éifeachtaí. Is é an toradh a bheidh ar phóilíneacht éifeachtach, mar aon leis an bhfeabhas ar chomhar idirghníomhaireachta, ná go mbainfear amach torthaí níos fearr don tsochaí agus luach níos fearr ar airgead don Stát.

SOILÉIRE MHÉADAITHE MAIDIR LE COSTAS NA PÓILÍNEACHTA

2. Is dúshlánach an rud é teacht ar réamh-mheastacháin iontaofa ar chostas eacnamaíoch na coireachta. Ídionn an choireacht acmhainní eacnamaíocha na sochaí ar a lán bealaí – lena n-áirítear díobhálacha d'íospartaigh, seirbhísí tacaíochta d'íospartaigh, damáiste do mhaoin, costais árachais, imscrúduithe póilíní, próisis ionchúisimh agus chúirte, seirbhísí promhaidh, príosúnacht, tráma idirghlúine a chuireann as do theaghlaigh, caillteanas ioncaim, ísliú comharsanachtaí, agus a lán costas díreach agus indíreach eile. In anailís tosaigh a rinne Seirbhís Eacnamaíochta agus Meastóireachta Rialtas na hÉireann sa bhliain 2017⁸¹, measadh gurb é €7.6bn an costas iomlán (bliantúil) a bhaineann leis an gcoireacht in Éirinn. Cuireadh 33% (thart ar €2.5bn) den chostas measta iomlán sin i leith an chórais cheartais choiriúil ina iomláine. Bhí buiséad an Gharda Síochána (thart ar €1.65bn) ar áireamh san fhigiúr sin, agus é á thabhairt mar chostas táscach ar an bpóilíneacht.
3. Ceann de na téamaí lárnacha sa tuarascáil seo is ea an gá atá ann le sonraí níos fearr. Ní mór an phóilíneacht a bheith teoraithe ag faisnéis. San am i láthair, tá easpa dea-shonraí ann faoi chostais na gníomhaíochta póilíní agus faoi thorthaí na gníomhaíochta sin maidir leis an líon coireanna a bhraitear, a réitítear nó a choisctear. Ina theannta sin, mar a tugadh faoi deara i gCaibidil a Dó Dhéag, dúirt an Grúpa Éifeachtachta agus Athnuachana don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais go bhfuil próiseas buiséadach mionsonraithe in easnamh ar an nGarda Síochána faoi láthair agus mhol sé cur chuige nua ina gcuirfí i bhfeidhm buiséid bhliantúla a bheadh nasctha go díreach le tosaíochtaí póilíneachta.⁸² Thacaíomar leis an moladh sin agus tá muinín againn, i gcomhar le cur chun feidhme ár moltaí go gcuirfí

81 David Crowe, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais: *Costas na coireachta a thomhas* (Comhdháil Sheirbhís Eacnamaíochta agus Meastóireachta Rialtas na hÉireann (IGEES)) (Meitheamh 2017).

82 An Grúpa Éifeachtachta agus Athnuachana don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais: *An Chéad Tuarascáil* (Meitheamh 2018).

feabhas ar rialachas inmheánach an Gharda Síochána – ina mbeadh sé de chumhacht ag an gCoimisinéir na hacmhainní póilíní uile a bhainistiú, ina mbeadh bord láidir ar bun, ina mbeadh struchtúr eagraíochta cuíchóirithe i bhfeidhm agus ina mbeadh cuntasacht ar gach leibhéal – agus a bhúil le próiseas buiséadach láidir a bheith ann, go gcumasófar don Rialtas léargas níos soiléire a ghnóthú ar an méid beacht a chaitheann sé ar an bpóilíneacht.

4. Rud ba láithrí fós, tá bearta ann is féidir a dhéanamh chun trédhearcacht mhéadaithe a bhaint amach agus, dá réir sin, chun pleanáil níos fearr a chumasú. Is ar thuarastal agus liúntais fostaithe a chaitear an chuid is mó ar fad den bhuiséad atá ag aon seirbhís póilíní. San am i láthair, tá meascán de gheall le caoga liúntas ar leith sa Gharda Síochána, a úsáidtear chun an bunphá a fhorlíonadh. Is próiseas neamhéifeachtúil am-íditheach é sin do chomhaltaí agus dá maoirseoirí agus caitear níos lú ama ar fhíor-obair póilíní dá bharr.⁸³ Déanaimid talamh slán de go bhfuil mórchostais riaracháin i gceist leis freisin. Ní thuigimid cén fáth a bhfuil an oiread sin liúntas ann nuair a éiríonn le dlínsí eile a gcuid oibre a chur i gcrích gan ach sciar den líon sin. **Ba cheart athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar liúntais sa Gharda Síochána chun an córas liúntas a chuíchóiriú agus chun an dóigh a riarar liúntais a shimplíú.**
5. San Athbhreithniú ar Chaiteachas Ragoibre sa Gharda Síochána⁸⁴ a foilsíodh le déanaí, tugtar faoi deara go bhfuil sé níos deacra an leibhéal gníomhaíochta agus caiteachais ragoibre a athbhreithniú ar bhealach trédhearcach anois mar thoradh ar fhaisnéisiú paráide a bheith catagóirithe mar chaiteachas ragoibre (€19.1m) de bhun an chomhaontaithe pá ar tháinig an Garda Síochána air sa bhliain 2016. Moltar san athbhreithniú sin go bhféachfaí ar na roghanna atá ann chun costais den sórt sin a athchatagóiriú. **Mar gheall ar an díriú atá á leagan ar an gcostas ragoibre sa Gharda Síochána, creidimid go mbeadh athchatagóiriú cuí ina chéim dhearfach i dtreo trédhearcacht phoiblí a mhéadú agus, dá réir sin, creidimid gur cheart an t-athchatagóiriú sin a chur chun feidhme.**

PRÓISIS CHINTEOIREACHTA A CHUÍCHÓIRIÚ

6. Tá próisis chuíchóirithe le haghaidh cinnteoireachta agus ceaduithe soláthair ag teastáil go práinneach laistigh den Gharda Síochána agus ar fud ranna agus oifigí ábhartha rialtais. Tá roinnt leibhéal leantach um measúnú agus um cheadú i gceist leis an bpróiseas reatha le haghaidh caiteachas ar bhaill foirne agus ar thionscadail thábhachtacha a cheadú, rud a bhfuil ról ag an Údarás Póilíneachta, ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ann. Cé gur dóigh gur ceapadh an próiseas sin ar mhaithe le barainneachtaí agus luach ar airgead a chinntiú, tá an próiseas chomh casta agus chomh ham-íditheach sin anois go bhfuil sé ag baint an bhoinn ón athchóiriú a sholáthar go héifeachtúil, seachas a bheith ag tacú leis an athchóiriú. Cuireann an próiseas cosc ar an nGarda Síochána fíorfhreagracht a ghlacadh as a phleanáil agus a bhainistiócht féin ionas gur féidir leis an eagraíocht póilíneacht éifeachtach a sholáthar agus bheith cuntasach go cuí as déanamh amhlaidh. Ní féidir leis an eagraíocht bheith cuntasach gan freagracht a ghlacadh ar dtús. Thugamar faoi deara cheana féin gur luadh i dtuarascáil ón Údarás Póilíneachta le déanaí gur gá don Gharda Síochána freagracht mhéadaithe a ghlacadh as na pleananna tábhachtacha atá i bhfeidhm aige.⁸⁵ **Molaimid go dtabharfaí próisis chuíchóirithe le haghaidh cinnteoireachta agus ceaduithe soláthair isteach mar ábhar práinne laistigh den Gharda Síochána agus ar fud ranna agus oifigí ábhartha rialtais.**

83 Le linn a phróisis chomhairliúcháin, bhuaill an Coimisiún Le Ceannfoirt ar mheas go gcaitheann siad, i gcásanna áirithe, trí lá oibre iomlána in aghaidh na míosa ag cur a n-ainm de lámh leis an bpáipéarachas atá riachtanach chun liúntais a íoc.

84 An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe: *Athbhreithniú Caiteachais 2018, Caiteachas Ragoibre sa Gharda Síochána, Éifeachtúlacht agus Rialú* (2018)

85 Mar shampla, tugtar faoi deara sa mheasúnú lárbhlíana ón Údarás Póilíneachta ar Fheidhmíocht Póilíneachta, a foilsíodh i mí Iúil 2018: “Agus é ag obair leis an nGarda Síochána, chonacthas don Údarás, ó am go chéile, go mbreathnaítear ar an bPlean Póilíneachta mar shraith oibleagáidí a cuireadh ar an nGarda Síochána, seachas mar rud ar leis an eagraíocht féin é.”

COIGILTÍ AGUS BARAINNEACHTAÍ A BHAINT AMACH

7. Rachaidh na moltaí sa tuarascáil seo i bhfeidhm ar an luach ar airgead agus ar an gcost-éifeachtúlacht ar dhá phríomhbhealach. Ar an gcéad dul síos, cruthófar eagraíocht a reáchtáiltear ar bhealach níos fearr, a bhfuil próisis fhóna bhainistíochta i bhfeidhm aici atá bunaithe ar fhaisnéis chruinn thráthúil agus a ghlacann freagracht shoiléir as an athchóiriú a sholáthar. Is eagraíocht é sin a bhainisteoidh acmhainní atá ann cheana ar bhealach níos fearr agus a laghdóidh diomailt. Ar an dara dul síos, is amhlaidh, a bhúil le cur chun feidhme na n-athchóirithe straitéiseacha, go gcuirfead feabhas ar sholáthar fadtéarmach na póilíneachta in Éirinn agus go mbainfead tairbhí substainteacha amach as aon infheistíocht bhreise a dhéanfar.
8. Is iad seo a leanas samplaí de na moltaí sonracha ar cheart go dtiocfadh coigiltí agus luach ar airgead astu:

Acmhainní atá ann cheana a bhainistiú ar bhealach níos fearr

- › Próiseas buiséadach ilbhliantúil atá nasctha le tosaíochtaí póilíneachta a chur i bhfeidhm.
- › Próiseas níos láidre pleanála fórsa saothair a chur i bhfeidhm bunaithe ar shamhail oibriúcháin agus ar anailís éilimh, rud ina bhfaighfead amach cá mhéad pearsa faoi mhionn agus pearsa nach bhfuil faoi mhionn a theastaíonn i ndáiríre agus cén áit ar cheart iad a imlonnú. Ní bheadh aon iontas orainn, de bharr an chleachtaidh sin, dá mbeadh an líon foriomlán a theastaíonn difriúil leis an sprioc reatha go mbeadh 21,000 duine fostaithe sa tseirbhís póilíní sa bhliain 2021. Ba cheart an líon póilíní, lena n-áirítear an líon daoine ag gach céim, a chur faoi réir athbhreithnithe rialta pleanála fórsa saothair agus níor cheart an líon póilíní i ngach céim a leagan síos sa reachtaíocht mar a tharlaíonn faoi láthair.⁸⁶ Ba cheart seirbhís póilíní a bhfuil an mhéid cheart inti – bunaithe ar na riachtanais atá ag gach ceantar – agus a bhfuil an meascán ceart scileanna aici a bheith againn sa tír seo agus ba cheart acmhainní póilíní a imscaradh cibé áit a bhfuil gá leo. Ba cheart go gcuirfeadh an próiseas sin deireadh leis an róspleáchas ar ragobair chostasach.
- › Struchtúr nua níos déabhlóidithe a chur i bhfeidhm, rud a bhfuil faisnéis agus rialuithe airgeadais níos fearr aige agus a bhfuil saineolas airgeadais gairmiúil aige ar leibhéal rannáin.
- › Próisis bhainistíochta agus oibriúcháin a dhearadh chun neamhbharainneachtaí a laghdú.
- › Dualgais áirithe a chomhlíonann na póilíní faoi láthair a athshannadh chuig gníomhaireachtaí níos oiriúnaí. Laghdóidh sé sin an costas d’eagraíocht an Gharda Síochána agus cabhróidh sé le léargas foriomlán níos soiléire a thabhairt don Rialtas ar chostas na póilíneachta.
- › Socruithe pá agus liúntais níos trédhearcaí a chur i bhfeidhm.

Feabhsuithe san fhadtéarma

- › Is gá teicneolaíocht dhigiteach an Gharda Síochána a bhunathrú chun feabhais go práinneach ionas gur féidir na moltaí sa tuarascáil seo a chur chun feidhme agus an phóilíneacht in Éirinn a nua-aoisiú. Má dhéantar infheistíocht eolasach i réitigh dhearadh próiseas agus i réitigh theicneolaíochta, bainfead barainneachtaí suntasacha amach trí mhaorlathas am-íditheach a laghdú agus trí bhaill foirne a ath-imlonnú. Má chomhlíontar ár moltaí go dtabharfaí isteach córas nua-aimseartha seachadta ríomhchuidithe agus córais chomhtháite faisnéise digití, beifear in ann acmhainní a imscaradh ar bhealach éifeachtúil i bhfíor-am.

- › Caitheamh leis an bpóilíneacht mar ghairm, agus an meascán riachtanach de scileanna gairmiúla agus de shaineolas a chinntiú ar gach leibhéal den eagraíocht.
 - › Beidh an creat formhaoirseachta nua a bheartaítear níos comhleanúnaí, níos láidre, níos iomlánaíche agus níos luachmhaire ná na struchtúir reatha agus tacófar le gairmiúlacht sa Gharda Síochána dá bharr. Beidh an creat ina acmhainn do cheapadh beartais ar leibhéal Rialtais freisin. Cé go mbeidh sé riachtanach measúnú beacht a dhéanamh ar na hacmhainní a bheidh ag teastáil, is féidir na hacmhainní atá ar fáil do chomhlachtaí atá ann cheana a úsáid mar phointe tagartha tosaigh.
 - › Má chomhlíontar ár moladh go ndéanfaí athchóiriú ar an gcur chuige a ghlactar i leith an oideachais earcach chuig an nGarda Síochána, cruthófar coigilt airgeadais shuntasach agus maolófar an brú ar acmhainn an choláiste oiliúna ar an Teampall Mór.
 - › An dochar a chosc, trí fheabhas a chur ar an gcomhordú idir na póilíní agus seirbhísí sóisialta, ionas gur féidir an chabhair a theastaíonn ó dhaoine atá i mbaol a thabhairt dóibh a luaithe is féidir. Dá bharr sin, ba cheart, tríd is tríd, go mbeifí in ann acmhainní poiblí a imscaradh ar bhealach níos éifeachtúla níos éifeachtaí.
9. Is é a thiocfaidh as ár moltaí, má chuirtear chun feidhme iad, ná eagraíocht póilíní níos éifeachtúla a ndéantar dea-bhainistíocht uirthi. Mar thoradh air sin, beidh an Garda Síochána breá-ábaltá freagairt do na dúshlán chasta phóilíneachta a thiocfaidh chun cinn amach anseo.

CUID A 9

ATHRUITHE A CHUR CHUN FEIDHME

CAIBIDIL FICHE IS A SÉ ATHRUITHE A CHUR CHUN FEIDHME

1. Le linn ár bpróisis chomhairliúcháin don tuarascáil seo, thángthamar ar a lán póilíní agus daoine den phobal a raibh amhras orthu an gcuirí moltaí na tuarascála chun feidhme ar chor ar bith. Bhí sé sin intuigthe, i bhfianaise an lear tuarascálacha faoi na póilíní agus na gcéadta moladh nach ndearnadh aon ghníomhaíocht ina leith le blianta beaga anuas. Mar atá soiléir sa tuarascáil seo, is é ceann de na cúiseanna leis an bhfadhb ná go bhfágann an dóigh ar fhorbair an córas ina iomláine go dtí seo go gcuireann sé bac anois ar shoiléire ó thaobh cuntasachta de. Cúis eile is ea an lagacmhainn atá ag an eagraíocht póilíní í féin ó thaobh bainistíocht athruithe de.
2. Má táthar chun bunathrú chun feabhais a bhaint amach, ní mór dul i ngleic leis na fadhbanna sin. Ar an gcéad dul síos, is gá go mbeidh sé soiléir ar an leibhéal is airde den rialtas nach bhfuil aon rogha ann ach an phóilíneacht in Éirinn a bhunathrú chun feabhais agus gur príomhthosaíocht don rialtas é sin. Beidh ceannaireacht ón mbarr ag teastáil chun cultúr freagrachta comhchoitinne as an bpóilíneacht agus as sábháilteacht an phobail a chruthú ar fud an rialtais agus chun an comhar ilghníomhaireachta a mholamar anseo a chothú. Maidir leis an gComhchoiste um Dhlí agus Ceart agus Comhionannas, rud ar mholamar go leathnódh sé a shainchúram chun go n-áireofaí leis ár gcoincheap níos leithne den phóilíneacht agus de shábháilteacht an phobail, beidh ról tábhachtach aige i bhformhaoirseacht a dhéanamh ar an gcur chun feidhme. Tá súil againn go nglacfar cur chuige comhtháite i leith na póilíneachta, na slándála agus shábháilteacht an phobail mar thosaíocht agus nach ndéanfaidh an pholaitíocht páirtí aon dochar don chur chuige sin. Ba cheart do pholaitoírí áitiúla agus do cheannairí pobail áitiúil tacú le freagracht chomhchoiteann pobail a chothú as an bpóilíneacht agus as sábháilteacht an phobail freisin.
3. **Ba cheart Grúpa Cur Chun Feidhme um Athchóiriú na Póilíneachta a bhunú chun a chinntiú go soláthrófar an clár athchóirithe atá leagtha amach sa tuarascáil seo.** Beidh an soláthar rathúil ag brath ar fhreagracht chomhchoiteann a bheith á glacadh ag na príomhranna rialtais, agus ag an nGarda Síochána é féin, as torthaí an chlár. Dá bhrí sin, ba cheart croíchomhaltas an Ghrúpa Cur Chun Feidhme a bheith comhdhéanta d'oifigigh shinsearacha ó na heagraíochtaí a bhfuil an ról is mó acu sa chlár bunathraithe chun feabhais a bhrú chun cinn - an Garda Síochána, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, Roinn an Taoisigh agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ba cheart ról a thabhairt d'ionadaithe sinsearacha ó chomhlachtaí ábhartha eile in obair an Ghrúpa Cur Chun Feidhme de réir mar is gá.

4. Cé gur cheart do na croíchomhaltaí den Ghrúpa Cur Chun Feidhme bheith i gceannas ar chomhlíonadh na moltaí a bhaineann lena n-eagraíocht féin, ba cheart dóibh freagracht chomhchoiteann a bheith orthu as an gclár athchóirithe ina iomláine a bhrú chun cinn. Beidh sé tábhachtach freisin go mbeidh an Grúpa Cur Chun Feidhme in ann dearcadh straitéiseach a ghlacadh i leith infheistíocht éifeachtach cistí poiblí. Ní éireoidh leis an nGrúpa Cur Chun Feidhme má leagann sé díriú cúng ar rialú caiteachais, in éagmais measúnuithe straitéiseacha soiléire a dhéanamh ar na tairbhí a d'fhéadfadh bheith ann agus ar an toradh ar infheistíocht agus in éagmais freagracht chomhchoiteann a ghlacadh as torthaí. **Ba cheart don Ghrúpa Cur Chun Feidhme Cathaoirleach neamhspleách a bheith aige**, ar duine aonair é a bhfuil dea-cháil agus meas air i saol poiblí na hÉireann. Níor ghá go mbeadh an Cathaoirleach ina iarphóilín, ach ba cheart dea-thaithí a bheith aige ar chláir chasta athruithe a stiúradh agus ar thionscadail chasta a dteastaíonn ionchur ó chomhlachtaí difriúla uathu a sholáthar. Cé nár ghá gur phost lánaimseartha é an post mar Chathaoirleach, bheadh sé riachtanach méid substainteach ama a chur ar fáil dó. Ós rud é go mbaineann moltaí na tuarascála seo le roinnt ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais, ba cheart don Ghrúpa Cur Chun Feidhme tuairisc a thabhairt don Rialtas trí Roinn an Taoisigh.
5. **Ba cheart Oifig Cláir Chur Chun Feidhme a bhfuil saineolas cuí aici a bhunú chun tacú leis an nGrúpa Cur Chun Feidhme a chuid oibre a chur i gcrích.** Bheadh an Oifig sin faoi cheannas ag stiúirthóir lánaimseartha a bhfuil taithí ábhartha ceannaireachta agus bainistíochta athruithe aige, agus chuimseodh sí baill foirne a bhfuil saineolas gairmiúil acu ar bhainistíocht tionscadal.
6. Chun a chinntiú nach gcuirfidh moilleanna sa phróiseas ceadaithe soláthair, go háirithe moilleanna a bhaineann le tionscadail chumasúcháin thábhachtacha, bac ar luas riachtanach an athchóirithe, **ba cheart foghrúpa beag um chur chun feidhme soláthair a bhunú**, rud a chuimseodh ionadaithe sinsearaigh a bhfuil saineolas soláthair acu ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ón nGarda Síochána agus ón Oifig um Sholáthar Rialtais.
7. Beidh ceannaireacht láidir ag teastáil ar gach leibhéal ceannais laistigh den Gharda Síochána. Is ag an gCoimisinéir a bheidh an ról is tábhachtaí agus, in éineacht leis an bhfoireann ceannaireachta sinsearaí, beidh air freagracht a ghlacadh as an gclár athruithe. Is gá go mbeidh siad go léir infheicthe ag gach comhalta den tseirbhís póilíní, agus treoir á tabhairt acu dóibh tríd an bpróiseas bunathraithe chun feabhais. Beidh ríthábhacht ag baint le cumarsáid inmheánach éifeachtach sa Gharda Síochána agus ba cheart cumarsáid dhá bhealach a chothú laistigh de – is é sin le rá, éisteacht leis na tuairimí agus na smaointe atá ag gach ball foirne agus eolas, treoir agus inspreagadh a thabhairt dóibh. **Bunaithe ar an bhfonn soiléir chun athruithe a mheasann an Coimisiún a bheith ann laistigh den eagraíocht, ba cheart páirt a thabhairt do chomhlachais foirne freisin agus ba cheart dóibh ról cuiditheach a imirt sa chlár athchóirithe a chur chun cinn.** Beidh tábhacht ag baint le **cumarsáid sheachtrach éifeachtach** – is é sin le rá, cumarsáid leis an gCoimisiún um Fhormhaoirseacht ar an bPóilíneacht agus ar Shábháilteacht an Phobail, le ranna rialtais láir, le gníomhaireachtaí agus polaiteoirí, le ceannairí pobail áitiúil agus comhpháirtithe agus, ar ndóigh, leis an bpreas.
8. Beidh acmhainn theicniúil nua agus scileanna teicniúla nua ag teastáil ón nGarda Síochána chun tacú leis na hathruithe atá leagtha amach sa tuarascáil seo, go háirithe sa chéim thosaigh den chur chun feidhme, ar céim ríthábhachtach i ngach clár athruithe í. Ní bheadh sé réalaíoch a bheith ag súil leis go dtiocfadh an acmhainn sin ó áiteanna laistigh den eagraíocht. Go deimhin, níl na scileanna a theastaíonn le fáil ar bhonn inmheánach faoi láthair. **Dá bhrí sin, beidh saineolas seachtrach ag teastáil chun tacú leis an gclár a chur chun feidhme go rathúil. Maidir leis an gcistiú a bheidh ag teastáil chun teacht ar an acmhainn sin, ba cheart breathnú air mar infheistíocht tosaigh i luach ar airgead a bhaint amach.** Ba cheart an próiseas a úsáid chun scileanna a aistriú ar mhaithe le hacmhainn bainistíochta straitéiseach inmheánach a fhorbairt freisin.

9. Beidh an Bord nua ar an nGarda Síochána, mar atá molta againn, ina shócmhainn luachmhar don eagraíocht le linn na tréimhse bunathraithe chun feabhais atá romhainn agus san fhadtéarma araon. Bheadh sé thar a bheith deacair cúram chomh mór seo a chur i gcrích gan an t-ionchur saineolaíoch is féidir le bord a thabhairt.
10. Tar éis dúinn bualadh lena lán comhaltaí den Gharda Síochána agus tuairimí a fháil óna lán comhaltaí eile, tá muinín againn go bhfuil a bhformhór i bhfách leis an gcineál athruithe a mholamar. Tá sé intuigthe go hiomlán, áfach, nach mbeidh gach pearsa ag iarraidh dul tríd an gcineál bunathraithe chun feabhais a bheartaímid. **Molaimid, dá bhrí sin, gur cheart rogha scarúna spriocdhírthe aonuaire a bheith ar fáil don lucht bainistíochta lena húsáid.** Dhéanfaidh an Rialtas na téarmaí agus coinníollacha a ghabhann le rogha den sórt sin a idirbheartú agus a cheadú ar an ngnáthbhealach.
11. Beidh freagracht ar an gCoimisiún nua um Fhormhaoirseacht ar an bPóilíneacht agus ar Shábháilteacht an Phobail as formhaoirseacht agus faireachán a dhéanamh ar a éifeachtaí atá an obair ilghníomhaireachta ar an bpóilíneacht agus ar ról an Gharda Síochána é féin. Imreoidh sé ról ríthábhachtach amach anseo ina chinntiú go ndéanfar fíor-bhunathrú chun feabhais ar an bpóilíneacht.
12. Ar deireadh, ba cheart feidhm sábháilteachta pobail an rialtais a bheith cuntasach agus trédhearcach do mhuintir na hÉireann. Ba cheart cuntasacht agus trédhearcacht a sholáthar maidir leis an mbunathrú chun feabhais a bheartaímid anois freisin. **Molaimid go ndéanfaidh an Grúpa Cur Chun Feidhme um Athchóiriú na Póilíneachta tuarascálacha ar dhul chun cinn a fhoilsiú ar líne maidir le cur chun feidhme na moltaí sa tuarascáil seo agus maidir le hathruithe ábhartha eile.**

NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

13. Soláthrófar póilíneacht éifeachtach, nua-aimseartha agus ghairmiúil in Éirinn a bhuí leis an gclár athchóirithe atá leagtha amach sa tuarascáil seo. Shainaithníomar an bhliain 2022 mar spriocdháta le haghaidh sholáthar an chláir mar gheall ar a thábhachtaí atá sí ón taobh siombalach de, mar gur sa bhliain sin a cheiliúrfar an Comóradh Céad Bliain ó bunaíodh seirbhís póilíní do Stát na hÉireann. Tógfaidh sé roinnt ama, áfach, go dtí go dtiocfaidh rath ar mholtaí áirithe (lena n-áirítear iad sin a dteastaíonn athrú reachtach uathu). Tá roinnt moltaí eile ríthábhachtach maidir leis an bhfuinneamh luath a chur san obair atá riachtanach chun rath a thaispeáint faoin mbliain 2022. **Go háirithe, creidimid gur cheart na bearta seo a leanas a dhéanamh mar ábhar práinne:**

Bearta atá le déanamh ag an Rialtas

- › An Cathaoirleach Neamhspleách ar an nGrúpa Cur Chun Feidhme um Athchóiriú na Póilíneachta agus na croíchomhaltaí den Ghrúpa a cheapadh agus Oifig Cláir Chur Chun Feidhme a bhunú.
- › Ullmhú a dhéanamh ar an reachtaíocht chumasúcháin a theastaíonn le haghaidh an tuarascáil ón gCoimisiún a chur chun feidhme, lena n-áirítear an creat formhaoirseachta nua agus an Bord ar an nGarda Síochána.
- › Buiséad costáilte don bhliain 2019 a fhorbairt i gcomhar leis an nGarda Síochána, bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil faoi láthair agus ar aon dul le moltaí an Ghrúpa Éifeachtachta agus Athnuachana.
- › Ionad Anailíse Bagairtí Straitéiseacha a bhunú faoi Roinn an Taoisigh.

Bearta atá le déanamh ag an Oireachtas

- › Breithniú a bheith á dhéanamh ag an gComhchoiste Oireachtais um Dhlí agus Ceart agus Comhionannas ar chlár cruinnithe ráithiúla a sheoladh leis an nGarda Síochána, rud atá le tosú láithreach.

Bearta atá le déanamh ag an nGarda Síochána

- › Bearta a dhéanamh chun tacú le gach ball foirne san eagraíocht, lena n-áirítear dlús a chur le clár réamhghníomhach folláine.
- › Bearta a dhéanamh chun tacú le hobair Gardaí túslíne agus chun taca a chur faoi bhainistíocht na heagraíochta, go háirithe dlús a chur le luas tionscadal teicneolaíochta atá práinneach, iad sin a bhaineann le hacmhainn mhóibíleach san áireamh.
- › Próiseas a sheoladh le haghaidh saineolas seachtrach a sholáthar chun tacú le hathruithe.
- › Acmhainn slándála agus faisnéise an Gharda Síochána a neartú.

14. Eisíodh cuid mhór tuarascálacha roimh an tuarascáil seo, lena n-áiríodh cinn ó Chigireacht an Gharda Síochána agus ó chomhlachtaí eile. Mar a thugamar faoi deara roimhe seo, ba dheacair d’aon eagraíocht gníomhú de bhun an lear moltaí atá amuigh anois. Nílimid den tuairim ar aon bhealach gur cheart na moltaí sa tuarascáil seo a leagan anuas ar gach ar tharla roimhe seo. Is é atá i gceist leis an bhfís atá leagtha amach againn go mbeidh an Garda Síochána ina eagraíocht dhifriúil, a mbeidh struchtúr difriúil uirthi agus a mbeidh próisis dhifriúla bhainistíochta agus teicneolaíocht níos fearr i bhfeidhm aici. Ní chomhlíonfaidh an Garda Síochána na cúraimí uile a chomhlíonann sé faoi láthair. Cé go bhféadfadh go mbeadh a lán moltaí ó thuarascálacha roimhe seo ábhartha go fóill, is amhlaidh, maidir le moltaí eile, nach mbeidh siad ábhartha a thuilleadh nó go mbeidh sé riachtanach iad a athmheasúnú nó a mhodhnú. Mar a thugamar faoi deara i gCaibidil a hAon, ba cheart an tuarascáil seo a úsáid mar mheán trína mbreathnófaí ar na moltaí uile atá amuigh ó thuarascálacha roimhe. Tá an tuarascáil seo ina creat nua le haghaidh na póilíneachta, na slándála agus shábháilteacht an phobail in Éirinn, ina nglactar dearcadh nua i leith na conaire i dtreo athchóirithe don Gharda Síochána. Ba cheart breathnú uirthi mar straitéis uileghabhálach le haghaidh athruithe.

IARSCRÍBHINNÍ



IARSCRÍBHINN I – AN COIMISIÚN UM THODHCHAÍ NA PÓILÍNEACHTA IN ÉIRINN

TÉARMAÍ TAGARTHA⁸⁷

Is é an Garda Síochána an tseirbhís póilíní náisiúnta a bhfuil freagracht uirthi as sábháilteacht an phobail, as slándáil an stáit agus as an inimirce. Imríonn sé ról rithábachtach i sochaí na hÉireann agus tá tacaíocht fhorleathan faighte aige le fada an lá ón bpobal a ndéanann sé póilíneacht air. Mar sin féin, tá an Garda Síochána ina ábhar do mhórchonspóid phoiblí le deich mbliana anuas agus leanann sé le conspóid a tharraingt air féin. Beag beann ar an raon leathan beart a rinneadh chun dul i ngleic leis na cúiseanna leis na conspóidí sin, lena áiríodh creat formhaoirseachta nua a bhunú agus clár athchóirithe a chur chun feidhme go leanúnach laistigh den Gharda Síochána, tá ábhair imní ann go fóill faoi chuntasacht an Gharda Síochána, faoina acmhainn ceannaireachta agus bainistíochta agus faoina chultúr agus faoina éiteas. D'fhéadfadh na hábhair imní sin an bonn a bhaint ó mhuintir an phobail as an bpóilíneacht agus as dlisteanacht an Gharda Síochána. Ina theannta sin, cosúil le gach seirbhís póilíní, tá dúshlán inmheánacha agus sheachtracha le sárú aige. Is dúshlán iad sin atá ag teacht as an timpeallacht athraitheach ina n-oibríonn gach seirbhís póilíní san 21ú haois. Áirítear leis na dúshlán sin na hionchais mhéadaithe atá ann ó thaobh trédhearcachta, cuntasachta agus gairmiúlachta de, cineál athraitheach na coireachta, cineál athraitheach na sochaí, agus an gá atá ann le dul i mbun rannpháirtíocht réamhghníomhach leanúnach le pobail áitiúla mar ghnás.

Tá muintir na hÉireann i dteideal seirbhís póilíní atá gairmiúil agus éifeachtach a fháil, ar seirbhís í ar féidir leo iontaobh agus muintir a bheith acu nach é amháin go ngníomhóidh sí de réir an dlí, ach go ngníomhóidh sí de réir na gcaighdeán eiticiúil is cuí do sheirbhís póilíní nua-aimseartha freisin; ar seirbhís í a bhfuil cumas ag a lucht ceannaireachta agus bainistíochta seirbhís atá gairmiúil agus éifeachtach a sholáthar, chun dúshlán atá ag teacht chun cinn a shárú agus chun formhaoirseacht a dhéanamh ar na tionscnaimh athchóirithe atá ar siúl agus chun tairbhí na dtionscnaimh sin a bhaint amach; agus ar seirbhís í atá faoi réir formhaoirseacht sheachtrach láidir. Chun a chinntiú go leanann an tseirbhís póilíní in Éirinn leis na hionchais sin a chomhlíonadh agus go bhfaigheann sí tacaíocht ó mhuintir na hÉireann, tá sé cuí go gceapfaí Coimisiún chun athbhreithniú bunúsach a dhéanamh ar ról, struchtúir, ceannaireacht, bainistíocht, éiteas agus cultúr na póilíneachta agus ar shocruithe reatha formhaoirseachta agus comhairliúcháin. Ní mór na feidhmeanna uile a chuireann an Garda Síochána i gcrích (lena n-áirítear sábháilteacht an phobail, slándáil an stáit agus an inimirce) agus an raon iomlán comhlachtaí a bhfuil ról acu i bhformhaoirseacht a dhéanamh ar a gcuid gníomhaíochtaí agus i gcuntasacht a ghlacadh astu – lena n-áirítear an tÚdarás Póilíneachta, Cigireacht an Gharda Síochána, Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, na Comhchoistí Póilíneachta, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus an Rialtas – a chuimsiú in aon athbhreithniú bunúsach den sórt sin, ag féachaint don ghá atá ann le cuntasacht dhaonlathach agus pholaitiúil.

⁸⁷ Arna bhfoilsíú ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, 16 Bealtaine 2017.

Leanfaidh na comhlachtaí reachtúla ábhartha lena bhfeidhmeanna formhaoirseachta, lena bhfeidhmeanna cuntasachta agus lena bhfeidhmeanna gaolmhara a chomhlíonadh le linn thionacht an Choimisiúin agus soláthróidh siad ionchur ríthábhachtach dá chuid oibre. Tá clár leanúnach athchóirithe ar bun faoi láthair bunaithe ar thuarascálacha ó Chigireacht an Gharda Síochána, a bhfuil dul chun cinn á dhéanamh orthu trí chur chun feidhme Chlár Choimisinéir an Gharda Síochána um Nua-aoisiú agus um Athnuachan 2016-2021, rud a bhfuil an tÚdarás Póilíneachta ag déanamh formhaoirseacht air. Níor cheart go gcuirfeadh obair an Choimisiúin bac ar na forbairtí tábhachtacha sin agus féadfaidh an Coimisiún, de réir mar is cuí leis, forbairtí den sórt sin a phlé ina thuarascáil.

Agus an méid sin á chur san áireamh, fiosróidh an Coimisiún an phóilíneacht in Éirinn agus, bunaithe ar a chuid fionnachtana, leagfaidh sé moltaí faoi bhráid an Rialtais maidir le todhchaí na póilíneachta.

Ba cheart dó plé leis na nithe seo a leanas sna moltaí sin:

- › Na struchtúir agus na socruithe bainistíochta a theastaíonn le haghaidh an phóilíneacht a sholáthar ar an mbealach is éifeachtaí (lena n-áirítear na feidhmeanna uile a gcomhlíonann an Garda Síochána iad faoi láthair – sábháilteacht an phobail, slándáil an stáit agus an inimirce), chun a chinntiú
 - go mbunófar na struchtúir is cuí le haghaidh gach gné den phóilíneacht a sholáthar (bíodh siad sin ina struchtúr aonadach nó ina struchtúr eile),
 - go mbeidh acmhainn chúí ceannaireachta agus bainistíochta ann chun póilíneacht atá éifeachtach agus cuntasach a sholáthar,
 - go mbeidh córais imleora bhainistíochta agus mhaoirseachta i bhfeidhm, agus
 - go mbeidh córais faisnéise ar fáil atá cuí do na riachtanais atá ag seirbhís póilíní nua-aimseartha.
- › An comhdhéanamh cuí, an earcaíocht chúí agus an oiliúint chúí pearsanra, chun a chinntiú
 - go mbainfear an comhdhéanamh seirbhísí póilíní is fearr amach idir oifigigh faoi mhionn, pearsana nach bhfuil faoi mhionn agus cúltaca an Gharda Síochána,
 - go mbeidh an pearsanra ag teacht le héagsúlacht shochoaí na hÉireann,
 - go n-úsáidfear na modhanna earcaíochta is cuí agus baill foirne á gceapadh, agus
 - go soláthrófar forbairt ghairmiúil leanúnach chúí do gach pearsa chun na dúshláin sa phóilíneacht nua-aimseartha a shárú.
- › Cultúr agus éiteas na póilíneachta, chun a chinntiú
 - go mbeidh cultúr na póilíneachta ar chomhréim le héiteas atá leagtha amach go soiléir, ar éiteas é ina gcothaítear na luachanna agus na hiompraíochtaí a bhfuiltear ag súil leo ó sheirbhís póilíní nua-aimseartha, lena n-áirítear i ndáil leis na cearta atá ag daoine a ndearna an choireacht difear dóibh,
 - go gcothófar éiteas agus cultúr ina dtugtar meas don chuntasacht, ina nglactar le hathruithe, ina dtéitear i mbun rannpháirtíocht réamhghníomhach leanúnach mar ghnás leis na pobail éagsúla a bhfreastalaítear orthu agus ina bhfuiltear freagrúil do na riachtanais sin, agus
 - go ndéanfar na heilimintí luachmhara den chultúr póilíní a aithint agus a choimeád ar bun.

- › Na struchtúir chuí le haghaidh rialachais, formhaoirseachta agus cuntasachta, chun a chinntiú
 - go n-oibreoidh an tseirbhís póilíní de réir creat soiléir rialachais agus cuntasachta don dlí agus don phobal, rud a dtacaíonn struchtúir chomhleanúnacha leis,
 - go mbeidh an tseirbhís póilíní faoi réir an dlí agus cuntasach don dlí agus nach ngníomhóidh sí ach de réir an dlí,
 - go mbeidh cumhachtaí agus nósanna imeachta póilíní, cosúil leis an dlí, leagtha síos go soiléir agus ar fáil go poiblí,
 - go dtabharfar aghaidh ar bhealach éifeachtach cothrom ar sháruithe araíonachta,
 - go mbeidh bealaí oscailte, inrochtana agus neamhspleácha ann chun imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin in aghaidh na bpóilíní agus chun breith chothrom a thabhairt orthu,
 - go mbeidh socruithe i bhfeidhm le haghaidh cuntasachta agus le haghaidh úsáid éifeachtach, éifeachtúil agus bharrainneach a bhaint as acmhainní le linn gach feidhm póilíneachta a chur i gcrích agus le linn cuspóirí póilíneachta a chomhlíonadh,
 - go mbeidh bealaí éifeachtacha ann chun a chinntiú go ndéanfar grinnscrúdú gairmiúil neamhspleách ar sheirbhísí póilíní ar mhaithe le caighdeán ghairmiúla chuí a choimeád ar bun.
- › An creat reachtach le haghaidh na póilíneachta, chun a chinntiú go mbeidh sé imleor chun na dúshláin sa phóilíneacht nua-aimseartha a sháru.

Le linn dó a chuid oibre a chur i gcrích, ba cheart don Choimisiún aird a thabhairt ar na nithe seo a leanas:

- › saincheisteanna atá ann cheana agus saincheisteanna atá ag teacht chun cinn a sainaitníodh mar dhúshláin mhóra do shamhail póilíneachta na hÉireann, e.g. cineál athraitheach na coireachta, na sochaí (lena n-áirítear an éagsúlacht mhéadaitheach) agus na n-ionchas poiblí agus a ábhartha atá siad do struchtúir, samhlacha soláthar seirbhíse, muinín an phobail, bearta feidhmíochta, etc.,
- › tagarmharcanna idirnáisiúnta a bhaineann leis an bpóilíneacht is éifeachtaí a sholáthar,
- › na dea-chleachtais agus na hathruithe sna samhlacha póilíneachta de chuid tíortha eile a bhfuil mar aidhm leo tuilleadh éifeachtachta agus éifeachtúlachta a bhaint amach agus muinín an phobail a chothú as an bpóilíneacht, agus a ábhartha agus a infheidhmithe atá smaointe den sórt sin in Éirinn,
- › tuarascálacha roimhe seo maidir leis an bpóilíneacht in Éirinn,
- › aon dúshláin shonracha atá ann roimh athchóiriú comhsheasmhach struchtúrtha agus cultúrtha a dhéanamh ar an bpóilíneacht.

Ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle go fairsing, lena n-áirítear leis an bpobal, leis an tsochaí shibhialta agus le haon chomhlachtaí nó daoine aonair eile a mheasann sé a bheith cuí.

Tabharfaidh an Coimisiún tuairisc i mí Mheán Fómhair 2018. Roimh an tuarascáil deiridh uaidh, féadfaidh an Coimisiún tograí láithreacha agus moltaí rollacha a chur i láthair lena gcur chun feidhme, a mhéid a mheasann sé go bhfuil na nithe sin riachtanach sa ghearrthearma.

Sa tuarascáil/sna tuarascálacha uaidh, ba cheart don Choimisiún plé a dhéanamh ar chur chun feidhme a mholtaí agus ar na sásraí a theastaíonn chun formhaoirseacht a dhéanamh ar a gcur chun feidhme.

IARSCRÍBHINN II - RANNPHÁIRTÍOCHT AGUS COMHAIRLIÚCHÁN

Agus muid ag tabhairt faoinár gcuid oibre, bhaineamar leas as raon leathan foinsí eolais, taighde agus faisnéise. Áiríodh leo sin:

- › An saineolas agus an taithí atá ag na comhaltaí den Choimisiún iad féin;
- › Próiseas comhairliúcháin a bhí cuimsitheach agus a raibh bonn leathan faoi;
- › Taighde ina scrúdaítear cleachtais phóilíneachta agus treochtaí póilíneachta i ndlínsí eile;
- › Tuarascálacha roimhe seo ar an bpóilíneacht in Éirinn;
- › Tuarascálacha ábhartha eile ina scrúdaítear treochtaí déimeagrafacha, eacnamaíocha, teicneolaíochta agus sóisialta atá ag teacht chun cinn in Éirinn agus in áiteanna eile.

Mar chuid de sin, cuireadh ceangal sonrath orainn lenár dTearmaí Tagartha na nithe seo a leanas a dhéanamh:

Ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle go fairsing, lena n-áirítear leis an bpobal, leis an tsochaí shibhialta agus le haon chomhlachtaí nó daoine aonair eile a mheasann sé a bheith cuí.

Ba i gcúig shnáithe a tugadh faoinár gclár comhairliúcháin:

1. Aighneachtaí scríofa ón bpobal, ó chomhlachtaí póilíneachta, ó ghrúpaí pobail, ó ionadaithe poiblí agus ó eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht don tsochaí shibhialta;
2. Sraith cruinnithe poiblí réigiúnacha, anuas ar chruinnithe Halla Baile i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath;
3. Cuirteanna ar stáisiúin Ghardaí;
4. Suirbhé ar phearsana atá ar seirbhís den Gharda Síochána, agus cruinniú leantach fócasghrúpa le pearsana bainear den Gharda Síochána, i dteannta na léargas pearsanta ó chomhaltaí atá ar seirbhís agus iarchomhaltaí den Gharda Síochána;
5. Cruinnithe le geallsealbhóirí agus le saineolaithe ar an ábhar.

Bhaineamar úsáid as modhanna éagsúla comhairliúcháin chun a chinntiú go bhfaighimis an raon is leithne dearchtaí is féidir. Chuir an cur chuige sin ar ár gcumas neamhréireachtaí a chíoradh agus cosúlachtaí a aimsiú ar fud raon leathan dearchtaí difriúla. Chuir sé ar ár gcumas freisin ár bhfionnachtana a thástáil ar fud grúpaí difriúla sochaí sibhialta. Is é an toradh a bhí ar an meascán sin modhanna comhairliúcháin gur cabhraíodh linn léargas pearsanta a ghnóthú ar na príomhshaincheisteanna atá ábhartha do thodhchaí na póilíneachta in Éirinn. Táimid buíoch de gach duine a ghlac páirt ann agus a bhí i dteagmháil linn.

1. AIGHNEACHTAÍ

I mí Mheán Fómhair 2017, rinneamar iarraidh phoiblí ar aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara, ó eagraíochtaí, ó ghrúpaí pobail agus ó dhaoine aonair chun bonn eolais a chur faoinár gcuid oibre. San iomlán, fuaireamar 322 aighneacht scríofa. Fuaireamar iad trí ríomhphost, trí chasadh an phoist agus trínár suíomh Gréasáin. Ba lasmuigh dár dtearmaí tagartha a bhí roinnt aighneachtaí. Mar sin féin, i gcás go raibh gnéithe a bhí ábhartha dár gcuid oibre ar áireamh sna haighneachtaí sin, measadh iad a bheith mar chuid dár mbreithniúcháin.

Foinsí aighneachtaí

Daoine Aonair	148
Eagraíochtaí	85
Comhaltaí ar Seirbhís/ar Scor den Gharda Síochána agus a gcéilí	38
Ionadaithe Poiblí	23
Daoine Léinn	9
Páirtithe Polaitíochta	6
Comhchoistí Póilíneachta/Fóraim Phóilíneachta Áitiúla	5
Comhlachtaí Póilíneachta	4
Líonraí Rannpháirtíochta Pobail	2
Eile	2
IOMLÁN	322

Maidir leis na saincheisteanna a cuireadh in iúl dúinn, pléadh i líon mór aighneachtaí, go háirithe iad sin ón bpobal agus ó ghrúpaí sochaí sibhialta, an gá atá ann le láithreacht infheicthe póilíní túslíne agus le teagmháil bhreistithe le pobail áitiúla. Pléadh freisin na dúshláin a bhaineann le timpeallachtaí a bhíonn ag athrú a phóilíní. Chomh maith leis sin, fuaireamar aighneachtaí ó eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do ghrúpaí soghonta agus d'íospartaigh na coireachta. Pléadh iontu conas a d'fhéadfaí leas a bhaint as comhar feabhsaithe athchóirithe idirghníomhaireachta chun cabhrú le daoine a bhfuil riachtanais chasta phóilíneachta acu a mbealach a dhéanamh tríd an gcóras ceartais choiriúil.

Fuarthas geall le daichead aighneacht ó chomhaltaí ar seirbhís den Gharda Síochána nó óna mbaill teaghlaigh. Tugadh léargas saibhir iontu don Choimisiún ar eispéiris earcaíochta agus oiliúna na ndaoine sin a oibríonn sa tseirbhís póilíní agus ar na hionchais ghairme atá acu. Bhí deis againn freisin éisteacht le tuairimí phearsana an Gharda Síochána le linn ár gcuairteanna ar stáisiúin, le linn ár suirbhé ar phearsana an Gharda Síochána, agus le linn ár bhfócasghrúpa a bhí comhdhéanta de mhná a oibríonn sa Gharda Síochána.

Rinne roinnt comhlachtaí póilíneachta, páirtithe polaitíochta agus eagraíochtaí neamhrialtasacha aighneachtaí a sheoladh inar moladh athchóirithe ar rialachas, formhaoirseacht agus cuntasacht an Gharda Síochána, rud a bhí ina phríomhghné dár dtéarmaí tagartha. Bhí áthas orainn freisin aighneachtaí a fháil inar leagadh béim ar shamplaí de dhea-chleachtais reatha nach mór meas a bheith orthu agus feabhas a chur orthu.

2. CRUINNITHE POIBLÍ

I mí na Nollag agus i mí Eanáir, réachtálar naoi gcruinniú phoiblí neamhfhoirmiúla in áiteanna ar fud na hÉireann. Ba thráthnónta “bualadh isteach” iad a thug deis dúinn labhairt go díreach le daoine ina bpobail féin faoina dtuairimí faoin bpóilíneacht in Éirinn. Chuir sé áthas orainn labhairt le grúpaí áitiúla pobal ar aire, le comhaltaí de chomhchoistí póilíneachta agus le daoine aonair a raibh fonn orthu a dtuairimí faoin bpóilíneacht a chur in iúl dúinn. Thapaigh a lán daoine a d'fhreastail ar na cruinnithe sin an deis aighneacht scríofa a dhéanamh tar éis dóibh labhairt linn.

Chomh maith leis sin, réachtálar dhá chruinniú fhoirmiúla Halla Baile, ceann amháin i gColáiste na hOllscoile Corcaigh agus ceann amháin in ionad Ché an Adhmaid, Baile Átha Cliath. I measc daoine eile, bhí eagraíochtaí pobail, eagraíochtaí sochaí sibhialta, geallsealbhóirí áitiúla agus ionadaithe tofa i láthair ag na cruinnithe sin. Thug na cruinnithe halla baile sin deis dúinn éisteacht le moltaí praiticiúla inlámhsithe athchóirithe ó dhaoine éagsúla agus cloisteáil go pearsanta faoi thionscnaimh áitiúla agus faoi dhea-chleachtais phóilíneachta.

3. CUAIRTEANNA AR STÁISIÚIN GHARDAÍ

Iidir mí Lúnasa agus mí Eanáir, thugamar cuairt ar 19 stáisiún Gardaí thar 16 chontae. Ba é a bhí i gceist leis na cuairteanna sin ná cruinnithe le lucht bainistíochta sinsearaí an stáisiúin agus cruinnithe ar leith le comhaltaí túslíne faoi mhionn agus nach bhfuil faoi mhionn den Gharda Síochána. Thug na cruinnithe sin deis do phearsana an Gharda Síochána labhairt linn faoi shaincheisteanna áitiúla, lena n-áirítear uainchláir, oiliúint, trealamh, rannpháirtíocht le gníomhaireachtaí eile stáit, a n-eispéireas laethúil sa póilíneacht in Éirinn, na mór-shaincheisteanna a bhaineann le hathchóiriú na póilíneachta agus a bhfís don todhchaí.

4. SUIRBHÉ AR PHEARSANA AN GHARDA SÍOCHÁNA

Chomhlánaigh 1,665 phearsa san iomlán den Gharda Síochána ceistneoir gairid ar líne. Cuireadh ceisteanna ann faoin gcleachtas póilíneachta agus faoina ngairmeacha. Cuirtear roinnt freagraí ar cheisteanna aiste ar áireamh i dtéacs na tuarascála seo. Ba chúis áthais dúinn gur chuir líon ard pearsan den Gharda Síochána, a chuimsigh gach céim agus grád, a gcuid tuairimí in iúl. Thug an suirbhé sin deis dúinn tuairimí a fháil ó chomhaltaí ar seirbhís faoi shaincheisteanna póilíneachta a cuireadh in iúl le linn ár gcruinnithe poiblí, lena n-áirítear rannpháirtíocht an phobail agus comhar idirghníomhaireachta, agus faoi shaincheisteanna a pléadh le linn ár gcuariteanna ar stáisiúin, lena n-áirítear an rochtain ar theicneolaíocht, riachtanais oiliúna agus dearcthaí foriomlána i leith obair laistigh den Gharda Síochána.

Chun eispéiris na bpearsan baineann den Gharda Síochána a fhiosrú tuilleadh maidir lena ngairmeacha, lena n-oiliúint agus forbairt, agus lena n-ionchais sa todhchaí, reáchtálar díospoireachtaí beaga leathstruchtúrtha fócasghrúpa le mná a oibríonn sa Gharda Síochána. Postáladh ar Thairseach an Gharda Síochána glao le haghaidh léirithe spéise i bpáirt a ghlacadh i ndíospoireachtaí fócasghrúpa. Thug 160 pearsa freagra air. Grúpáladh isteach iad ina dtrí chatagóir ansin (Sibhialtach; aicme Garda; agus Sáirsint agus os a chionn). Rinneadh rannpháirtithe a roghnú go randamach ó gach catagóir ansin. Ghlac 64 phearsa san iomlán den Gharda Síochána páirt sna fócasghrúpaí a bhí ar siúl i mí Lúnasa 2018. Ar an lá, roinneadh rannpháirtithe isteach sna catagóirí thuasluaite agus reáchtáladh fócasghrúpaí ar leith le haghaidh gach catagóire, agus iad á n-éascú ag comhalta den Choimisiún. Mhair na díospóireachtaí uair amháin agus díródh iontu ar eispéiris in obair laistigh den Gharda Síochána mar bhean agus ar mholtaí le haghaidh feabhsuithe ar eispéiris oibre.

5. RANNPHÁIRTÍOCHT LE GEALLSEALBHÓIRÍ AGUS LE PÁIRTITHE LEASMHARA

Le linn ár mbreithniúchán, bhíomar i dteagmháil le líon ard geallsealbhóirí, saineolaithe agus saineolaithe ar an ábhar ó Éirinn agus ó áiteanna eile.

Áirítear leis na heagraíochtaí agus na daoine aonair a raibh an Coimisiún i dteagmháil leo:

An Garda Síochána (lena n-áirítear pearsana ó gach céim agus grád, ó shainaonaid agus ó sheirbhísí)

David Anderson QC – Athbhreithnitheoir Neamhspleách ar an Reachtáíocht um Sceimhlitheoireacht, 2011 – 2017, an Ríocht Aontaithe

Cumann Ard-Cheannfoirt an Gharda Síochána

Cumann Sháirsintí agus Chigirí an Gharda Síochána

Cumann Cheannfoirt an Gharda Síochána

Comhlachas na Seirbhíseach Uachtarach Stáit agus Poiblí

An Dr Ruth Barrington – Cathaoirleach, an grúpa idirghníomhaireachta le haghaidh Éire Níos Sábháilte Níos Cothroime

Rt Hon Lord Blair of Boughton QMP – Coimisinéir Metropolitan Police, 2005 go 2008

Rebecca Boatright Uas. – Príomhoifigeach DLí, Roinn Póilíní Seattle

Lord Carlile of Berriew CBE QC – Athbhreithnitheoir Neamhspleách ar an Reachtaíocht um Sceimhlitheoireacht, 2001 – 2011, an Ríocht Aontaithe
 Centre for Effective Services

An tOllamh Mary Rogan – Cathaoirleach ar an nGrúpa Formhaoirseachta ar Chur Chun Feidhme an Athbhreithnithe ar Bheartas Coiriúil

An tOll. Maura Conway – An Scoil Dlí agus Rialtais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
 An Biúró um Shócmhainní Coiriúla
 An Coiste Straitéiseach Ceartais Choiriúil
 Clár Rochtana Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
 Óglaigh na hÉireann
 Roinn an Taoisigh

An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil – an Lárionad Náisiúnta Cibearshlánda
 An Roinn Cosanta
 An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
 An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
 An Roinn Ceartais, Tuaisceart Éireann
 An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
 Ionadaithe d’Fhóraitim Phóilíneachta Áitiúla Bhaile Átha Cliath 8
 Institiúid Edward M Kennedy d’Idirghabháil Coinbhleachta, Ollscoil Mhá Nuad
 An Grúpa Éifeachtachta agus Athnuachana don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
 Europol, Ionad Cibearchoireachta na hEorpa
 Fórsa
 Cigireacht an Gharda Síochána
 Cumann Ionadaíochta an Gharda Síochána
 Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána
 Rt Hon Dominic Grieve QC MP – Cathaoirleach, an Coiste Formhaoirseachta Parlaiminte, an Ríocht Aontaithe
 An Foras Riaracháin
 Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann
 Seirbhís Ceartas Óige na hÉireann
 Comhchoiste Póilíneachta (Cora Droma Rúisc)
 Alyson Kilpatrick – Abhcóide, Iar-Chomhairleoir Chearta an Duine don Bhord Póilíneachta, Tuaisceart Éireann

J. Lewin – Ceannasaí, an Biúró um Sheirbhísí Teicniúla, Roinn Póilíní Chicago
 Roinn Póilíní Nua-Eabhrac – Nuálaíocht Dhigiteach
 Denis O’Connor – Iar-Phríomhchigire Constáblachta, Londain
 An Coiste Oireachtais um Dhlí agus Ceart agus Comhionannas
 Fóram na bPríomhoifigeach, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
 Coiste Straitéiseach Athghiniúna Luimnigh agus Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
 Grúpaí Pobail Chathair Luimnigh

Sinéad McSweeney – Iar-Cheann Cumarsáide sa Gharda Síochána agus i Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann. MD Ireland agus Leas-Uachtarán, Beartas Poiblí agus Cumarsáid, EMEA, ag Twitter faoi láthair

Metropolitan Police Service, Londain, an Ríocht Aontaithe
 Comhaltaí de Dháil Éireann agus de Sheanad Éireann agus a mbaill foirne
 MI5, The Security Service, an Ríocht Aontaithe
 An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais
 An Dr Peter Neumann – Coláiste an Rí, Londain, an Ríocht Aontaithe
 Póilíní na Nua-Shéalainne
 Fóram Póilíneachta Pobail na Lárchathrach Thoir Thuaidh
 Coláiste Oiliúna Póilíní Thuaisceart Éireann
 Bord Póilíneachta Thuaisceart Éireann
 Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh
 An tOmbudsman don Phóilíníú le haghaidh Thuaisceart Éireann
 Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann
 An tÚdarás Póilíneachta
 PwC Ireland
 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
 Róisín Shortall TD – Cathaoirleach, an Coiste Uile-Pháirtí Oireachtais um Chúram Sláinte sa Todhchaí (Cur Chun Feidhme Sláintecare)
 Scoil an Dlí, Ollscoil Luimnigh (an tOllamh Shane Kilcommíns agus an Dr Eimear Spain)
 Transparency Ireland
 Ionad Cibearshlándála agus Fiosraithe Cibearchoireachta an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

D'fhreastail comhaltaí den Choimisiún ar na himeachtaí seo a leanas nó ghlac siad páirt iontu:

Scoil Samhraidh Mhic a' Ghoill, Dún na nGall (Iúil 2017)
 An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta (Meán Fómhair 2017)
 Comhdháil Chumann Idirnáisiúnta Chinn na bPóilíní i bhFilideilfia, SAM (Deireadh Fómhair 2017)
 Comhdháil Sheirbhís Anailíse an Gharda Síochána, Port Laoise (Nollaig 2017)
 "Rights-Based Policing: how do we get there?", Imeacht de chuid na Comhairle um Chearta an Duine (Eanáir 2018)
 Cruinniú Comhchoiste Póilíneachta, Cora Droma Rúisc (Eanáir 2018)
 "Data and Intelligence in Security Risk Management", Acadamh Ríoga na hÉireann (Feabhra 2018)
 "The Future of Policing", Imeacht de chuid Behind the Headlines, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (Feabhra 2018)
 Seimineár le KOD Lyons ar thodhchaí na póilíneachta in Éirinn (Feabhra 2018)
 Oibríocht Skipjack de chuid an Gharda Síochána, Aerfort na Sionainne (Márta 2018)
 Comhdháil Peace and Beyond, Béal Feirste (Aibreán 2018)
 "Leadership in turbulent times", Cruinniú Mullaigh um Shábháilteacht an Phobail, Harvard, Bostún, SAM (Aibreán 2018)
 Cruinniú Líonra na gComhordaitheoirí ar Thascfhórsaí Áitiúla Drugaí agus Alcóil (Bealtaine 2018)
 Accelerate 2018 "Connecting people, technology and training in public safety", Phoenix, Arizona, SAM (Meitheamh 2018)
 -An Cruinniú Bliantúil do Phríomhfheidhmeannaigh Údarás Áitiúil agus do Chathaoirigh Chomhchoistí Póilíneachta (Iúil 2018)
 "Lifecycle of a Hate Crime: Country Report for Ireland" leis an Dr Emily Logan, arna sheoladh ag an nGrúpa Taighde um Fhuath agus Naimhdeas agus ag an gComhairle um Chearta an Duine (Iúil 2018).

NÓTAÍ

www.policereform.ie



An Coimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn
Commission on the Future of Policing in Ireland